



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2019
agus Ráiteas Bliantúil
Feidhmíochta 2019-2020



Clár na nÁbhar

Réamhrá ón nGobharnóir, Gabriel Makhlouf.....	2
Forléargas ar an mBanc Ceannais.....	4
Rialachas.....	10
Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2019.....	20
Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2019 - 2020.....	102
Gluais.....	159
Cuid 3: Oibríochtaí Airgeadais.....	168

“

Leas an phobail i gcoitinne – tá an aidhm sin ina gné lárnach d’obair an Bhainc Ceannais.

”



Réamhrá ón nGobharnóir

Breathnaíonn an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta seo, don chuid is mó, ar ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais in 2019.

Shamhlófá gur tamall fada ó shin an bhliain sin anois. Nuair a chuaigh mé i mbun poist mar Ghobharnóir i mí Mheán Fómhair, bhí ár n-aird dírithe ar na hullmhúcháin do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (rud a tharla ag deireadh mhí Eanáir i mbliana). Anois, táimid ag dul i ngleic leis na dúshláin ó ghéarchéim eacnamaíoch a eascraíonn as éigeandáil sláinte poiblí domhanda.

Tá na gníomhaíochtaí a rinneamar sa chéad leath den bhliain seo chun freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim - lena n-áirítear na cinn sin a rinneamar i gcomhar lenár bpáirtithe san Eoraip - bunaithe ar chomhiarrachtaí go leor daoine éagsúla sa Bhanc Ceannais le linn 2019. Mar a rinneamar sna deich mbliana roimhe seo, bhíomar ag díriú anuraidh ar shócmhainneacht agus ar chobhsaíocht na hearnála baincéireachta agus an chórais airgeadais níos leithne a neartú, ar mhaoirseacht rialála a fheabhsú, ar chórais níos éifeachtaí téarnaimh agus réitigh a thabhairt isteach, agus ar chosaintí do thomhaltóirí a mhéadú. Léiriú ar mhóiriarrachtaí fhoireann an Bhainc Ceannais agus ár gcomhghleacaithe san Eoraip is ea stóinseacht tosaigh an chórais airgeadais in aghaidh thurraing COVID-19, d’ainneoin mór-chur isteach ar mhargaí.

Ach ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth. Ár misean is ea cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint agus a chinntiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus le leas an gheilleagair níos leithne. Le roinnt seachtainí anuas, dhíríomar ár n-aird ar an gcóras airgeadais chun a chinntiú go mbeadh sé ábalta tacú le teaghlaigh agus le gnólachtaí le linn na géarchéime agus go mbeadh sé ullamh chun tacú leis an téarnamh amach anseo. Is mian linn go gcuirfear srian, a mhéid is féidir é, leis an turraing eacnamaíoch agus leis na héifeachtaí a bhíonn ag an turraing sin ar shlíthe beatha daoine.

Ar ndóigh, tá dúshlán shuntasacha eile fós ar marthain agus tiocfaidh dúshlán nua chun cinn. Cé nach mbaineann an ghéarchéim reatha le cliseadh an chórais airgeadais ann féin, leanfaimid de bheith síorairdeallach ar rioscaí agus sinn i láthair turrainge - nach eol cén chéim dheiridh a bheidh uirthi - mar chuid dár bhfreagairt fhoriomlán. Cibé acu atáimid ag dul i ngleic le dúshlán COVID-19, le luas an athraithe theicneolaíoch, le tionchar an athraithe aeráide nó le hiarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE, gníomhóidh an Banc Ceannais ar mhaithe le leas an phobail i gcónaí. Mar a deirtear i reachtaíocht bunaidh an Bhainc Ceannais, “[is] é leas an phobail i gcoitinne is príomh-chuspóir buan” don Bhanc Ceannais.

Tá an aidhm sin - **leas an phobail i gcoitinne** - ina gné lárnach d’obair an Bhainc Ceannais. Tugann sí spreagadh dár bhfoireann a saineolas, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas a léiriú ina gcuid oibre gach lá. Sílim gurb é sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach freisin go mbeadh nasc idir an Banc Ceannais agus an pobal ó cheann ceann na hÉireann, chun go mbeimid ábalta éisteacht le daoine agus foghlaim faoi na saincheisteanna atá ag bagairt ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí agus chun go mbeimid ábalta a mhíniú dóibh faoin méid a dhéanaimid féin agus cén fáth a ndéanaimid amhlaidh.

Ar ndóigh, sáraíonn an rannpháirtíocht teorainneacha. Is tír fhuinniúil í Éire atá nasctha go hidirnáisiúnta agus a mbíonn díriú seachtrach aici. Ní mór don Bhanc Ceannais a bheith ina mhacasamhail di: institiúid mhúineach, fhuinniúil, uailmhianach a mbíonn díriú seachtrach aici agus a bhíonn réidh chun tionchar a imirt ar bheartas ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda. Tá an córas airgeadais idirnasctha go hidirnáisiúnta agus tá sé riachtanach go leanfaidh an mhaoirseacht ar an gcóras sin de bheith idirnasctha freisin.

Tá an rannpháirtíocht ríthábhachtach chun ár bhfís a bhaint amach, is é sin go mbeadh muinín ag an bpobal asainn, go mbeadh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeadh ionad oibre sásúil ag ár bhfoireann.

Baineann an tuarascáil seo leis an obair fhairsing, ilchineálach a chuir foireann an Bhainc Ceannais i gcrích in 2019. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo uile as a dtiomantas agus as a gcuid oibre anuraidh agus as an bhfreagairt atá tugtha acu go dtí seo i mblíana ar na dúshlán a eascraíonn as an bpaindéim.

Gabriel Makhlouf

An Gobharnóir

30 Aibreán 2020

Forléargas ar an mBanc Ceannais

Ár misean:

Freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trína áirithiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair níos leithne.

Ár dTéamaí Straitéiseacha:

Athléimneacht a Neartú

Go mbeidh cumas níos fearr ag an gcóras airgeadais turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh.

Brexit

Go maolófar rioscaí a bhaineann le Brexit don gheilleagar, don chóras airgeadais, don timpeallacht rialála agus do chosaint tomhaltóirí.

Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

Go gcosnófar leas tomhaltóirí agus go bhfeabhsófar muinín agus iontaoibh sa chóras airgeadais trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.

Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Go dtacóidh ár gcultúr, ár n-acmhainní agus ár gcumas le comhlíonadh ár sainordaithe ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil fad a chloífidh siad leis na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca.

Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt

Go mbeidh rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus go n-éistfidimid leo chun ár gcuid oibre a fhoirmiú agus chun muinín sa Bhanc Ceannais agus tuiscint ar an mBanc Ceannais a fheabhsú.

Go n-imreoimid tionchar go straitéiseach ar chinntí tábhachtacha agus ar bheartais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

Ag cur lenár sainorduithe reachtúla:



Cobhsaíocht Pragsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht pragsanna a choimeád ar bun.



Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus a chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.



Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais fhoriomláin.



Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta.



Réiteach

Institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus comhair chreidmheasa áirithe atá i mbéal cliseadh a réiteach ar mhodh ordúil.



Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

Anailís agus trácht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais eacnamaíoch náisiúnta.

Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile a thugtar don Bhanc Ceannais le dlí a chomhall:

Oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí agus an Chiste Cúitimh Árachais san áireamh.

Athbhreithniú ar 2019

Beartas Airgeadaíochta:



Príomhrátaí úis an BCE “níos ísle ar feadh tréimhse níos faide”.

Cuireadh tús athuair leis an gclár ceannaigh do shócmhainní.

Cobhsaíocht Airgeadais:



Na Bearta Morgáiste gan athrú.

Tháinig ráta 1% in éifeacht ar an gCúlchiste Friththimriallach (CCyB) i mí Iúil.

Brexit:



Ag obair chun rioscaí don gheilleagar, don chóras airgeadais agus do thomhaltóirí a mhaolú.

Athrú Aeráide:



Ag obair chun a chinntiú go bhfuil an córas airgeadais athléimneach ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid.

Taighde Eacnamaíoch:



15 Páipéar Theicniúla Taighde, 14 Litir Eacnamaíoch, agus 17 Nóta ar Chobhsaíocht Airgeadais foilsithe.

Maoirseacht:



Maoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe atá dírithe ar thorthaí agus a bhfuil cumhachtaí láidre forfheidhmiúcháin mar thaca léi.

In 2019, díriodh ar athléimneacht gnóthaí, ar chultúr, ar údaruithe nua, ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar réiteach leanúnach lasachtaí Neamhthuillmheacha.

An Príomh-Chlár Creidmheasa:



Faoi dheireadh 2019, bhí 1.7m tuarascáil chreidmheasa curtha ar fáil d'iasachtóirí agus bhí 9,848 tuarascáil chreidmheasa curtha ar fáil d'iasachtaithe

Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin:



Ag deireadh mhí na Nollag, bhí c. 40,500 custaiméir i gceist agus €700m íoctha mar shásamh agus mar chúiteamh.

Earráidí & Cúiteamh do Thomhaltóirí



I gcomhréir leis an gCód um Chosaint do Thomhaltóirí, thug gnólachtaí €74m ar ais do thomhaltóirí mar gheall ar earráidí ar fud earnálacha iomadúla, go háirithe an earnáil baincéireachta.

Forfheidhmiú:



Ocht ngníomh forfheidhmiúcháin tugtha chun críche faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin, a raibh fíneálacha de bhreis ar €30m mar thoradh orthu.

Nochtadh Cosanta Faisnéise:



200 nochtadh cosanta faighte.

I measc na ngníomhartha a rinneadh de bhun faisnéise a fuarthas mar nochtadh cosanta: obair mhaoirseachta bhreise ar nós cigireachtaí ar an láthair; iallach a chur ar ghnólachtaí fadhbanna a réiteach; aird mhaoirseachta níos mó a dhíriú ar ghnólachtaí; agus gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh.

Boinn Inbhailithe:



Bonn Profa Airgid €100 do chomóradh 100 bliain ar an gcéad suí de Dháil Éireann.

Bonn Profa Airgid €15 mar chomóradh ar 100 bliain d'Eitlíocht Thrasatlantach.

Bonn Profa Airgid €15 do chomóradh 70 bliain ó rugadh Phil Lynott.

Daoine:



Ag deireadh mhí na Nollag, bhí 1,950 duine fostaithe ag an mBanc Ceannais, daoine ar ár gClár do Chéimithe san áireamh.

Cuairteoirí:



Cuireadh fáilte roimh 22,500 cuairteoir chuig an bhfoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh - Aonach Gairmeacha don phobal áitiúil, Lá Oscailte agus Oíche Chultúir san áireamh.

Cuireadh fáilte roimh 18,000 cuairteoir chuig ár dtaispeántas ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

An Pobal:



Ghlac an Banc Ceannais páirt i dtionscnaimh éagsúla pobail, ina measc:

Tionscnamh Luathfhoghlama Choláiste Náisiúnta na hÉireann.

Clár oideachais bunscoileanna Mhórghníomh Sóisir na hÉireann (JAI).

Career LEAP, clár ullmhachta oibre d'aosaigh óga áitiúla nach bhfuil ag gabháil d'fhostaíocht nó do chúrsa oideachais ná oiliúna.

Seoladh "An Bhearna a Shárú", ina dtairiscítear áit lánmhaoinithe ar chúrsa Leibhéal 5 in Rathmines College mar aon le hintéirneacht íoctha.

Úsáid Fuinnimh & an Comhshaol:



Le laghdú fuinnimh 55%, sáraíodh sprioc an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) do 2020 chun fuinneamh a laghdú de 33%.

Coimisiún an Bhainc Ceannais*



Gabriel Makhoul
Gobharnóir
an Bhainc Ceannais
(Cathaoirleach)**



Patricia Byron
Athcheaptha
i mí Eanáir 2019 go
ceann 5 bliana



Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht
Ceannais



John FitzGerald
Athcheaptha
i mí DF 2015 go ceann
5 bliana



Niamh Moloney
Ceaptha
i mí MF 2018 go ceann
5 bliana



Derek Moran
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais



Ed Sibley
Leas-Ghobharnóir
Rialáil Stuamachta



John Trethowan
Ceaptha
i mí MF 2018 go ceann
5 bliana



Neil Whoriskey
Rúnaí
an Bhainc Ceannais

*Comhdhéanamh Choimisiún an Bhainc Ceannais amhail ar an 31 Márta 2020.

Bhí Des Geraghty ina chomhalta den Choimisiún go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Bhí Alan Ahearne ina chomhalta den Choimisiún go dtí an 8 Márta 2020. Ceapadh Alan Ahearne chuig an gCoiste Riosca chun fónamh mar Chathaoirleach an Choiste Riosca ón 8 Márta 2020.


**Bhí Philip Lane ina Ghobharnóir agus ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún go dtí an 31 Bealtaine 2019. Bhí Sharon Donnery ina Ghobharnóir gníomhach go dtí gur ceapadh Gabriel Makhoul mar Ghobharnóir ar an 1 Meán Fómhair 2019.

Cairt Eagrúcháin

Coimisiún an Bhainc Ceannais

Gabriel Makhlouf (Cathaoirleach), Patricia Byron, Sharon Donnelly*, John FitzGerald, Niamh Moloney, Derek Moran*, Ed Sibley*, John Trethowan, Neil Whoriskey (Rúnaí)

An Gobharnóir Gabriel Makhlouf



* Ex-officio
 * Tuairiscíonn an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuariscíonn sé don Stiúrthóir ar Straitéis & Rialachas ach amháin i ndáil le nithe riaracháin nó buiséadacha.
 x Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Beartas agus Riosca le hobair an dá Phléar ach is cuid de phléar an Iompair Airgeadais i chun críche riaracháin.

Rialachas

Sa roinn seo, leagtar amach na próisis atá infheidhme maidir le rialachas an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2019.

Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

An 1 Feabhra 1943, bunaíodh an Banc Ceannais mar bhanc ceannais na hÉireann faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht).

Ina cháil mar chomhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), cuireann an Banc Ceannais cúraimí CEBC, dá bhforáiltear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le reacht an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus CEBC (reacht CEBC), i gcrích. De bhreis air sin, cuireann sé cúraimí áirithe neamh-CEBC i bhfeidhm de réir mar atá sainordaithe leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear freagracht i ndáil le rialáil earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann.

Éiríonn cuid mhór d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais as an dlí Eorpach. Tá ról Eorpach an Bhainc Ceannais le brath go formhór ina chuid feidhmeanna bainc ceannais ar feidhmeanna iad atá sainithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Mar thoradh air sin, déantar dlíthe an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme le cuid mhór gnéithe de reachtaíocht na hÉireann i réimse na seirbhísí airgeadais agus tá sé de chúram ag an mBanc Ceannais a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht ábhartha á comhlíonadh. Nuair a bunaíodh an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), aistríodh roinnt freagrachtaí maoirseachta agus cumhachtaí cinnteoireachta chuig an BCE.

Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear leis an Acht gurb é an Coimisiún an Bhainc Ceannais a bhainisteoidh agus a rialóidh gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (cé is moite d'fheidhmeanna a bhfuil freagracht ar an nGobharnóir i ndáil leo, lena n-áirítear feidhmeanna CEBC agus feidhmeanna réitigh). Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún:

- Gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais, a bhfuil freagracht air i ndáil leo, a bhainistiú agus a rialú.
- A chinntiú go ndéantar feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú.
- A chinntiú go ndéantar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla atá tugtha don Bhanc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Tá a chuid Téarmaí Tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus is sna téarmaí tagartha sin a leagtar amach an bealach is fearr chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.

Cóimheá Inscne

Tá ceathrar comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais ceaptha i gcáil *ex-officio*. Is bean í duine amháin den cheathrar comhaltaí *ex-officio*. Maidir leis an gcúigear comhaltaí eile den Bhord, is mná iad beirt acu, is é sin 40% díobh. San iomlán, is ionann ionadaíocht na mban ar an gCoimisiún agus 33.33%. Maidir leis na ceapacháin is déanaí a rinne an tAire Airgeadais, rinneadh iad i gcomhréir le Treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit 2014 agus, tar éis aird a thabhairt ar na spriocanna 40% i leith cóimheá inscne, rinneadh iad ar bhonn cóimheas 50:50 i dtaca le mná agus fir de. Tá sé curtha in iúl ag an Aire go leanfar den chur chuige sin nuair a bheidh aon cheapacháin a ndéanamh chuig an gCoimisiún amach anseo.

Struchtúr Eagrúcháin

Déantar struchtúr eagrúcháin an Bhainc Ceannais a chinneadh go formhór ar bhonn fhorálacha Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). Leis an Acht sin, bunaítear an Banc Ceannais mar eagraíocht, leagtar amach a chuid feidhmeanna agus déantar socrú maidir leis na struchtúir ar laistigh díobh a chuireann an Banc Ceannais na feidhmeanna sin i gcrích. Éiríonn egofeidhmeanna an Bhainc Ceannais as foinsí éagsúla dlí, lena n-áirítear Conarthaí AE, Achtanna an Bhainc Ceannais agus reachtaíocht eile a bhaineann le seirbhísí airgeadais. Cé gur féidir roinnt de na feidhmeanna sin a shannadh chuig oifigigh shonracha, tá sé de chúram ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, sa chéad ásc, an chuid is mó d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais (cé is moite d'fheidhmeanna CEBC agus d'fheidhmeanna réitigh) a chomhlíonadh. Tá sé sin faoi réir tarmligeán reachtúil agus sannadh freagrachta, áfach.

Sa Chairt Eagrúcháin, taispeántar an tslí ina bhfuil an Banc Ceannais struchtúraithe ar mhaithe lena chuspóirí a bhaint amach

Tá an Banc Ceannais eagraithe ina stiúrthóireachtaí éagsúla agus tá freagracht ar gach stiúrthóireacht ar leith i ndáil le roinnt rannán gnó.

An Creat Rialachais

Tá creat rialachais ag an mBanc Ceannais, ar creat é atá sainithe go soiléir agus leagtha amach i ndoiciméad an Chreata Rialachais a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais. Sa Chreat Rialachais sin, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí an Aontais Eorpaigh (lena n-áirítear an ceanglas maidir leis an mBanc Ceannais

a bheith neamhspleách), an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus socruithe rialachais inmheánacha eile sa Bhanc Ceannais.

Freagrachtaí na nArdcheannairí sa Bhanc Ceannais

I ndoiciméad an Bhainc Ceannais maidir le Freagrachtaí na nArdcheannairí (FAC), tugtar forléargas ar fhreagrachtaí na ndaoine sin a shealbhaíonn poist ardcheannaireachta sa Bhanc Ceannais, mar aon le forléargas a thabhairt ar na socruithe rialachais iomchuí atá ann chun tacú le cinnteoireacht. Is iad na hardcheannairí atá sainaitheanta an Gobharnóir, na Leas-Ghobharnóirí, an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí agus na Stiúrthóirí. Ina theannta sin, tá Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa agus Rúnaí an Bhainc Ceannais san áireamh sa FAC mar thoradh ar a bhfreagrachtaí reachtúla. De bhreis air sin, áirítear poist an Ard-Abhcóide, an Cheannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach agus an Cheannasaí ar Riosca Eagraíochtúil ós rud é go mbíonn sealbhóirí na bpost sin cuntasach go díreach don Choimisiún agus/nó don Ghobharnóir. Tá faisnéis faoi FAC ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais freisin.

Struchtúir Rialachais Inmheánaigh


Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún i ndáil le bainistiú agus rialú an Bhainc Ceannais, tá roinnt coistí traseagrúcháin ann a bhfuil freagracht orthu i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus i ndáil le comhairle a thabhairt maidir le mór-shaincheisteanna.

Cuimsíonn struchtúr choistí traseagrúcháin an Bhainc Ceannais coistí oibríochtúla agus coistí atá bainteach le sainordú na heagraíochta, agus tá Téarmaí Tagartha comhaontaithe ag gach ceann acu, ar téarmaí tagartha iad a athbhreithnítear ar bhonn bliantúil. Trí pháirt a ghlacadh i gcoistí traseagrúcháin, rannchuidíonn ardbhainistíocht an Bhainc Ceannais, i measc nithe eile, le forbairt agus le forfheidhmiú straitéis, fonn riosca agus cultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais.

Is é Coiste an Ghobharnóra (a bhfuil an Gobharnóir ina chathaoirleach air) an príomhchomhlacht feidhmiúcháin cinnteoireachta. Is é ról an Choiste comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Ghobharnóir maidir le freagrachtaí an róil a chomhlíonadh, lena n-áirítear na feidhmeanna sin arna dtarlú chuig an nGobharnóir ag an gCoimisiún. Chun críocha an Choiste sin, sainithnítear an Gobharnóir mar phríomhchinnteoir.

Faigheann Coiste an Ghobharnóra tacaíocht i leith an róil sin ó choistí ardleibhéil eile, rud a léiríonn, go páirteach, na struchtúir atá ann ar leibhéal an Choimisiúin agus ar leibhéal fhochoistí an Choimisiúin. Tá liosta coistí traseagrúcháin leagtha amach i bhFíor 1.

Fíor 1: Rialachas Inmheánach an Bhainc Ceannais



Coistí Eagraíochtúla

- Cuimsíonn an **Coiste Ardcheannaireachta** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) an mheitheal ardcheannaireachta, lena n-áirítear na Stiúrthóirí go léir agus comhaltáí Choiste an Ghobharnóra) agus tá sé freagrach as úinéireacht a ghlacadh ar Phlean Straitéiseach 2019-2021 (an Plean Straitéiseach) agus as cur i bhfeidhm rathúil an phlean sin a threorú go comhpháirteach, agus chomh maith leis sin, as fíis an Bhainc Ceannais a chur i gcrích trí cheannaireacht aontaithe atá bunaithe ar luachanna.
- Tugann an **Coiste Oibríochtaí** (a bhfuil an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí ina chathaoirleach air) comhairle maidir le príomhphróisis oibríochtúla, lena n-áirítear beartais iomchuí, d'fhonn a chinntiú go mbainistoidh an Banc Ceannais a chuid feidhmeanna oibríochtúla ar mhodh éifeachtúil, éifeachtach agus go ndéanfaidh sé formhaoirseacht ar an bpunann clár agus tionscadal atá ag teastáil chun an Plean Straitéiseach a chur i bhfeidhm.

- Déanann an Coiste um Bainistíocht Riosca (a bhfuil an Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais ina cathaoirleach air) formhaoirseacht ar dhearadh, ar chothabháil agus ar fhorbairt leanúnach creataí éifeachtacha i ndáil le príomh-neamhchosaintí inmheánacha an Bhainc Ceannais a bhainistiú. Príomhchuspóir is ea a chinntiú go mbainistítear rioscaí i gcomhréir le fonn riosca formheasta an Choimisiúin agus i gcomhréir le lamháltais ghaolmhara. Déanann an Coiste athbhreithniú ar ábhair iomchuí riosca sula gcuirtear faoi bhráid Choiste Riosca an Choimisiúin iad.
- Déanann an **Coiste Buiséid agus Airgeadais** (a bhfuil an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí ina chathaoirleach air) buiséad bliantúil an Bhainc Ceannais a cheapadh agus déanann sé faireachán air, agus déanann sé formhaoirseacht ar cheadú ítimí clúdach infheistíochta agus tugann sé comhairle ina leith (laistigh de theorainneacha tarmligthe), agus breithníonn sé nithe a bhaineann le maoiniúchán tobhach tionscail i dtaca le cúrsaí próisis de. Déanann an Coiste athbhreithniú ar ábhair iomchuí airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid Choiste Buiséid agus Luacha Saothair an Choimisiúin iad.

Coistí atá bainteach le sainordú na heagraíochta

- Tugann an **Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann le sainordú an Bhainc Ceannais i ndáil le cobhsaíocht airgeadais. Déanann an Coiste faireachán agus measúnacht ar fhorbairtí eacnamaíochta agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tarraingíonn sé aird ar réimsí ionchasacha imní atá ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus baineann sé tátail as an anailís. Sainaitníonn an Coiste gníomhartha ionchasacha chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú.
- Tugann an **Coiste um Bearta Macrastuamachta** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) comhairle ar na hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta agus déanann sé moltaí faoi na rialacha sin a chothabháil nó a leasú de réir mar is cuí. Is é an Banc Ceannais an eagraíocht atá ainmnithe mar údarás macrastuamachta náisiúnta in Éirinn. Tá achoimre ar chruinnithe an Choiste ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais freisin.
- Cinntíonn an **Coiste Formhaoirseachta Rialála Airgeadais** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) go ndéantar comhordú éifeachtach ar obair rialála agus ar thionscnaimh bheartais ghaolmhara ar fud an Bhainc Ceannais.
- Tugann an **Coiste Maoirseachta** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann le bainistíocht rioscaí maoirseachta agus maidir le forbairt agus

feabhsú na maoirseachta riosca-bhunaithe agus an rannpháirteachais maoirseachta.

- Tugann an **Coiste Beartais** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) comhairle ar shaincheisteanna agus ar thionscnaimh a bhaineann le beartas rialála sula nglactar iad de réir na dtarmilgean iomchuí.
- Tugann an **Coiste Réitigh** (a bhfuil an Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, ina Cathaoirleach air) comhairle don Ghobharnóir ar shaincheisteanna a bhfuil baint lárnach acu le comhlíonadh ról an Bhainc Ceannais maidir le cur chun feidhme Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Bainc) 2015, agus maidir leis na gnólachtaí rialáilte a aicmítear mar ghnólachtaí 'Catagóir 1' nó gnólachtaí faoin Treoir maidir le Margáil in Ionstraim Airgeadais (MiFID) agus gnólachtaí Árachais agus Athárachais a aicmítear mar ghnólachtaí 'Catagóir 2A' i gCreat an Bhainc Ceannais maidir le hÚdarú agus Cúlghairm.^{1, 2, 3}
- Déantar an **Coiste Údarúcháin** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) a thionól de réir mar is gá chun breithniú a dhéanamh ar údarú eintiteas rialáilte áirithe de réir mar is gá.
- Trí **Choiste an Chreata Rialála Airgeadais** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais), déantar lárú ar an bhformhaoirseacht ar an gcóras Oiriúnachta agus Ionracais (O&I). Déanann an Coiste rialú ar éifeachtacht an chórais O&I agus ar thionchar an chórais sin ar thionscal na seirbhísí airgeadais. Breithníonn an Coiste straitéis agus beartas O&I an Bhainc Ceannais (an beartas rialála, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear athruithe rialála nó reachtaíochta a chur i bhfeidhm) agus éascaíonn sé comhordú, comhoibriú agus comhsheasmhacht i ndáil le hoibriú an chórais O&I.

¹ Cuimsíonn gnólachtaí rialáilte na heintitis agus na daone aonair go léir a bhíonn á rialáil ag an mBanc Ceannais.

² Is é atá i ngnólachtaí Chatagóir 1 institiúidí creidmheasa, taisclanna lárnacha urrús, gnóthais árachais agus athárachais ar dóigh ina leith go dtabharfar rátáil PRISM mheánach nó ard nó rátáil PRISM os a chionn sin dóibh, tithe imréitigh lárnacha, brainsí de chuid institiúidí creidmheasa atá bunaithe lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, agus gnólachtaí MiFID a measann an Stiúrthóir um Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní & Bhaincéireacht Infheistíochta ina leith gur gnólachtaí chatagóir 1 iad.

³ I gcomhthéacs an Choiste Réitigh, is é atá i ngnólachtaí Chatagóir 2A gnóthais árachais agus athárachais, ar dóigh ina leith go dtabharfar rátáil PRISM mheánach/íseal nó íseal dóibh agus gnólachtaí MiFID a measann an Stiúrthóir um Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní ina leith gur gnólachtaí chatagóir 2A iad.

Cuntasacht

An Plean Straitéiseach

De réir alt 32B d'Acht 1942, tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais plean straitéiseach a ullmhú agus a fhoilsiú gach trí bliana. Tar éis don Aire an Plean Straitéiseach a fháil, ní mór dó nó di é a leagan faoi bhráid an Oireachtais. A luaithe is féidir tar éis dó a fháil amach gur leagadh an Plean Straitéiseach faoi bhráid an Oireachtais, ní mór don Bhanc Ceannais an plean sin a fhoilsiú agus gach beart réasúnach a dhéanamh chun é a chur i bhfeidhm.

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

De réir alt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil maidir lena oibríochtaí i rith na bliana agus cuireann sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh agus a dheimhniú agus tuairiscíonn sé nó sí air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil agus an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Leagtar cóipeanna den dá dhoiciméad sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC.

I gcomhréir le halt 32L den Acht, tá sé de cheangal ar an mBanc Ceannais Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta (APS) a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. De réir an Achta, ní mór an APS a bheith roinnte ina thrí chuid:

- Plean Feidhmíochta Rialála ina leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ag Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa mar aon le haon chúrsaí ábhartha eile.
- Tuarascáil ó aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc faoin reachtaíocht i rith na bliana.

Laistigh d'aon mhí amháin tar éis don Aire an APS a fháil, ní mór dó nó di an Ráiteas sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna ag an mBanc Ceannais. Ach ní fhéadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

Láithriú os comhair Coistí Oireachtais

Féadfar oibleagáid a chur ar an nGobharnóir, ar Leas-Ghobharnóir nó ar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa freastal os comhair Comhchoiste den Oireachtas ar a bhfuil freagracht i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais agus cibé faisnéis a iarfaidh an Coiste sin a thabhairt dó, ach sin faoi réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Reacht CEBC agus faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais i leith sicréideacht agus rúndacht ghairmiúil.

Ina theannta sin, féadfar a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar Leas-Ghobharnóir freastal os comhair Coiste den Oireachtas chun faisnéis a thabhairt don Choiste sin maidir le APS an Bhainc Ceannais. I gcásanna den sórt sin, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir os comhair an Choiste agus soláthróidh sé nó sí cibé faisnéis ar féidir leis nó léi í a sholáthar a chur ar fáil don Choiste, ach sin faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais i leith sicréideacht agus rúndacht ghairmiúil.

Tábla 1: Láithriú os comhair Coistí Oireachtais in 2019

Dáta	Coiste Oireachtais	Lucht Freastail
27/02/2019	An Coiste Formhaoirseachta Rialála Airgeadais chun plé a dhéanamh leis an mBanc Ceannais faoi Brexit agus faoi rioscaí fíoscacha	Mark Cassidy, Stiúrthóir Eacamaíochta agus Staitisticí; John Flynn, Ceann Rannán Anailísithe Gheilleagar na hÉireann
26/03/2019	Coiste Airgeadais an Oireachtais Teagmháil tráthrialta leis an mBanc Ceannais	Philip Lane, Gobharnóir; Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáin Stuamachta; Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais
02/04/2019	Coiste Airgeadais an Oireachtais An Bille um Chosc ar Dhíol gan Toiliú 2019	Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta; Gráinne McEvoy, Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí; Vasileios Madouros, Stiúrthóir Cobhsaíochta Airgeadais
18/04/2019	Coiste Airgeadais an Oireachtais Creat le haghaidh cuntasaiochta san earnáil baincéireachta amach anseo	Gerry Cross, Stiúrthóir ar Rialáil Airgeadais – Beartas & Riosca; Seána Cunningham, Stiúrthóir Forfheidhmiúcháin; Mary-Elizabeth McMunn, Stiúrthóir Institiúidí Creidmheasa

19/06/2019	Roghchoiste Speisialta an tSeanaid um an Ríocht Aontaithe do Tharraingt Siar as an Aontas Eorpach	Mark Cassidy, Stiúrthóir ar Eacamaíocht agus Staidreamh; Gina Fitzgerald, Ceannasaí an Rannáin um Rioscaí Airgeadais agus Rialachas
24/10/2019	Coiste Airgeadais an Oireachtais Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin	Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais; Gráinne McEvoy, Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí; Seána Cunningham, Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú agus ar an gComhrac i gcoinne Sciúradh Airgid
12/11/2019	Coiste Airgeadais an Oireachtais Déphraghsáil	Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais; Gráinne McEvoy, Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí; Domhnall Cullinan, Stiúrthóir um Maoirseacht ar Árachas
05/12/2019	Coiste Airgeadais an Oireachtais Rannpháirtíocht rialta leis an mBanc Ceannais	Gabriel Makhlof, Gobharnóir; Sharon Donnery, Leas-Ghobharnóir, Baicéireacht Cheannais; Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais.

Fiosrúcháin Reachtúla

De réir mar is gá, iarrtar ar an mBanc Ceannais, ar a chuid oifigeach agus ar a chuid fostaithe fianaise a thabhairt d'fhiosrúcháin a bhunaítear faoi Reacht. Le linn dó déileáil le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais na hoibleagáidí rúndachta a fhorchuirtear faoi alt 33AK d'Acht 1942 a chomhlíonadh.

Athbhreithnithe Piaráí

Ní mór don Bhanc Ceannais socrú a dhéanamh, gach ceithre bliana ar a laghad, go ndéanfar athbhreithniú ar a chuid feidhmeanna reachtúla ag Banc Ceannais Náisiúnta (BCN) eile nó ag duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir mar dhuine nó mar chomhlacht iomchuí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire.

Go praiticiúil, déantar athbhreithnithe piaraí ar bhonn tráthrialta de réir na reachtaíochta. Déantar mionsonraí faoi na hathbhreithnithe sin a thuairisciú gach bliain san APS.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith a shainordú agus a mhisean a chomhlíonadh ar mhodh atá freagrach go sóisialta agus inbhuanaithe. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tá oibleagáid an Bhainc Ceannais chun a dhualgas earnála poiblí a chomhlíonadh ina cuid ríthábhachtach dá

thiomantas i gcoitinne. Le linn Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais a ullmhú, rinneadh measúnacht ar shaincheisteanna i leith chearta an duine agus cúrsaí comhionannais de réir mar a bhain na nithe sin le feidhmeanna an Bhainc Ceannais.

Sa Phlean Straitéiseach, sonraítear go gcinnteoidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- Go ndéanfar an Straitéis maidir le Daoine a chur chun feidhme ar mhodh ina ndéanfar comhionannas agus cearta an duine, i gcomhthéacs na mball foirne, a chur chun cinn agus ina dtacófar leis an gcéanna.
- Go mbeidh rannpháirtíocht ann leis an bpobal trí bhíthin straitéisí cumarsáide agus for-rochtana mar chuid den tiomantas i leith freagracht chorparáideach agus freagracht shóisialta.
- Go gcuirfear seirbhís ghairmiúil, éifeachtúil, cúirtéiseach ar fáil do na daoine sin den phobal a fhaigheann seirbhísí ón mBanc Ceannais, mar atá leagtha amach sa Chairt Chustaiméirí.
- Go rachfar i gcomhairle leis an bpobal maidir le forbairtí beartais an Bhainc Ceannais agus go mbreithneoidh an Banc Ceannais na hoibleagáidí faoi Acht 2014, i gcás inar iomchuí, le linn dó beartais den sórt sin a fhorbairt.⁴

In 2019, rinneadh measúnacht bhreise ar gach réimse den Bhanc Ceannais agus sainathnódh saincheisteanna a bhain le bainistiú conraitheoirí/soláthraithe tríú páirtí agus saincheisteanna a bhain leis an slabhra soláthair agus, chomh maith leis sin, sainathnódh saincheisteanna i dtaobh conas a chinntíonn an Banc Ceannais go bhfuil rochtain ag daoine den phobal ar a chuid foirgneamh, mar shaincheisteanna atá bainteach le comhlíonadh a dhualgais earnála poiblí.

Ba é tátal na measúnachta sin go raibh beartais agus cleachtais iomchuí i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais, tríd is tríd, i ngach ceann ar leith de na réimsí a sainathnódh. Sainathnódh go raibh gá le breis sonraí uile-eagraíochta maidir le héifeachtacht na slí ina mbíonn an Banc Ceannais ag plé go díreach le daoine den phobal. Ina theannta sin, sainathnódh an t-athbhreithniú ar Chairt Chustaiméirí an Bhainc Ceannais mar réimse ina bhfuil ga le tuilleadh oibre.

⁴An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.


Cuid 1:
**Tuarascáil
Bhliantúil 2019**

Clár na nÁbhar

Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2019	22
2019: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais	22
2019: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann	23
Caibidil 1: Plean Straitéiseach 2019-2021: Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm	27
Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Príomhfhorbairtí sa bhliain 2019	34
Cobhsaíocht Praghsanna.....	34
Cobhsaíocht Airgeadais.....	39
Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí.....	52
Maoirseacht agus Forfheidhmiú	53
Beartas Rialála agus Creat Maoirseachta	54
Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra	55
Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch.....	64
Réiteach agus Bainistíocht Ghéarchéime.....	70
Punann Infheistíochta a Bhainistiú	75
Daoine agus Eolas.....	80
Faisnéis agus Acmhainní.....	83
Cumarsáid, Rannpháirteachas agus Trédhearcacht.....	92
Iniúcháireacht Inmheánach.....	100

Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2019

2019: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais





215
MILLIÚN
NÓTA BAINC &
77
MILLIÚN
BONN EISITHE
IN 2019




133
OIBRÍOCHT
MARGAIDH
OSCAILTE
€2,050.4
MILLIÚN
IONCAM BARRACHAIS
ÍOCHTA LEIS AN
STÁTCHISTE IN 2019

€116.4
BILLIÚN
SÓCMHAINNÍ
IOMLÁNA IN 2019




Laghdaigh an t-ioncam barrachais arna íoc leis an Státhchiste go dtí €2,050.4m (€2,384.8m in 2018)



Mhéadaigh sócmhainní iomlána go dtí €116.4bn (€97.8bn in 2018)

2019: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann


Gníomhaíocht Réadach i nGeilleagar na hÉireann



Foinse: CSO, Banc Ceannais na hÉireann.

Nóta: Seasann m do mheastachán

Rátaí Athraithe Bliantúla Dheireadh na Bliana ar Iasachtú




€ Iasachtaí eisithe chuig earnáil príobháideach na hÉireann ó oifigí institiúidí creidmheasa laistigh den Stát.

Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar na bun-idirbhearta, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do dhíluachálacha, d'urrúsú agus d'aistrithe chuig GNBS, etc.


Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe Náisiúnta



Foinse: CSO

Innéacs: Eanáir 2005=100


Fiachas Rialtais Ghinearálta agus Bun-larmhéid Rialtais Ghinearálta (mar % den OIN*)



Foinse: An Roinn Airgeadais, CSO, Banc Ceannais na hÉireann


Nóta: Seasann m do mheastachán

Ráta Dífhostaíochta



Foinse: CSO

Fiachas na hEarnála Príobháidí & OIN*




Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta: Is ionann sonraí 2019 agus an meán do na chéad trí ráithe de 2019.

* Úsáidtear OTI go minic mar athróg ionadach do chumas teaghlach agus gnóthaf fiachas a aisloc, ach féadfaidh nach léireoidh OTI na hÉireann é seo go beacht mar gheall ar shaobhadh a eascraíonn as FINanna. Cé go ndéanann OIN* coigeartú do shaobhadh a eascraíonn as FINanna i dtéarmaí ioncaim (ainmneoir), saobhtar fiachas na hearnála príobháidí (uimhreoír) in Éirinn mar gheall ar FINanna, rud nach ndéantar coigeartú ina leith thuas.

Glanluach Teaghlach



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta: Is ionann sonraí 2019 agus an meán do na chéad trí ráithe de 2019.

Caibidil 1:
**Plean Straitéiseach
2019-2021:
Athbhreithniú ar
Chur i bhFeidhm**

Caibidil 1:

Plean Straitéiseach 2019-2021: Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Sa bhliain 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a Phlean Straitéiseach agus bhí an plean sin bunaithe ar chúig thosaíocht théamacha. Tá na tosaíochtaí sin bainteach go dlúth le Misean agus le Fís na heagraíochta agus rannchuidíonn siad le soláthar chuspóirí an Bhainc Ceannais i gcoitinne. I rith na bliana 2019, rinneadh dul chun cinn maith maidir le gach ceann ar leith de na cúig théama straitéiseacha agus tá tuilleadh sonraí faoin méid seo leagtha amach thíos. Tá athbhreithniú lár téarma ar an bPlean Straitéiseach beartaithe níos déanaí in 2020 chun a chinntiú gur Plean barrmhaith é go háirithe i bhfianaise phaindéim COVID-19.

Athléimneacht a Neartú

Rinneadh dul chun cinn leantach i dtaca le hathléimneacht an chórais airgeadais a neartú sa bhliain 2019. Féachann an téama straitéiseach seo lena chinntiú “go mbeidh cumas níos fearr ag an gcóras airgeadais turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh” agus cuimsíonn sé raon gníomhaíochtaí de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear beartas macrastuamachta, maoirseacht, inríteacht agus bainistíocht ghéarchéime.

Chuir an Banc Ceannais a chuid athbhreithnithe tráthrialta ar na bearta macrastuamachta morgáiste i gcrích mar aon leis na beartais macrastuamachta atá curtha i bhfeidhm aige cheana féin maidir le caipiteal banc. Is é is aidhm do na bearta sin, i dteannta a chéile, athléimneacht iasachtaithe agus iasachtóirí araon a neartú chun a chinntiú go mbeidh siad ábalta turraingí dochracha ionchasacha a sheasamh ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, lorg an Banc Ceannais an chumhacht chun an Cúlchiste Riosca Shistéamaigh a shocrú agus d'aontaigh an tAire Airgeadais an chumhacht sin a dheonú. Nuair a bheidh an méid sin curtha i gcrích, beidh bailchríoch curtha ar an tsraith straitéisí macrastuamachta le haghaidh caipiteal bainc in Éirinn.

Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais de bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le neartú a bheith á dhéanamh ag gnólachtaí rialáilte ar a n-athléimneacht i gcoinne rioscaí reatha agus rioscaí atrá ag teacht chun cinn. Táthar ag cinntiú ar bhonn leanúnach go bhfuil acmhainní dóthanacha airgeadais (caipiteal agus leachtacht) ag na bainc. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le déileáil leis na saincheisteanna oidhreachta a leanann de dhúshláin a chruthú do ghnólachtaí agus leanadh d'iasachtaí

neamhthuillmheacha bhainc mhiondíola na hÉireann a laghdú. Díríodh aird mhaoirseachta ar athléimneacht oibríochtúil, lena n-áirítear athléimneacht i leith cibear-bhagairtí ionchasacha.

Rinneadh athléimneacht in earnáil bainc éireachta na hÉireann a neartú freisin trí dhul chun cinn fóna leantach a dhéanamh i ndáil le hinréiteacht. Sa bhliain 2019, d'eisigh bainc mhiondíola na hÉireann ionstraimí breise fiachais ionsúcháin cailteanais agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn i leith deireadh a chur le bacainní sainaitheanta eile ar réiteach. Rinneadh cumas an Bhainc Ceannais i dtaca le hullmhacht i leith géarghéim airgeadais a thástáil ar bhealach praiticiúil mar chuid d'obair phleanála teagmhasaí an Bhainc Ceannais i ndáil le Brexit.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais a Athbhreithniú nua ar Chobhsaíocht Airgeadais sa bhliain 2019. San athbhreithniú sin, leagtar amach breithmheas an Bhainc Ceannais maidir leis na príomhrioscaí don chobhsaíocht airgeadais, maidir le hathléimneacht codanna éagsúla den chóras airgeadais agus maidir leis na gníomhartha beartais a rinneadh chun cobhsaíocht airgeadais a choimirciú. Is é is aidhm d'fhormáid leasaithe an Athbhreithnithe ar Chobhsaíocht Airgeadais trédhearcacht agus cuntasacht a neartú ó thaobh bheartais cobhsaíochta airgeadais an Bhainc Ceannais.

Brexit

I rith na bliana 2019, chuir an Banc Ceannais obair ar aghaidh lena chinntiú go mbeadh tuiscint ar na rioscaí a bhí ag bagairt ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais, ar an gcreat rialála agus ar chosaint tomhaltóirí mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus go maolófaí na rioscaí sin (a mhéid ab fhéidir). I bhfianaise na hoibre suntasaí atá déanta i ndáil le Brexit in 2019 (agus sna blianta roimhe sin), bhí an Banc Ceannais i riocht maith chun forbairtí a bhain le Brexit a thuiscint agus a mheas agus chun freagairt éifeachtach a thabhairt ina leith.

Measadh go raibh na rioscaí aille a d'aithin an Banc Ceannais soláimhsithe tráth na ndátaí ionchasacha éagsúla i leith Brexit sa bhliain 2019 (Márta, Aibreán agus Deireadh Fómhair). I bhfianaise na n-uirlisí éagsúla dlí agus beartais a forbraíodh, áiríodh sa mhéid sin, *inter alia*, forbairt córais intíre shealadaigh "rith chun srutha" d'árachóirí agus do bhróicéirí chun maolú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh suaitheadh ann maidir le leanúnachas conarthaí árachais arna soláthar ón Ríocht Aontaithe do dhaoine in Éirinn de réir mar a foilsíodh mar chuid do Bhille Omnibus Brexit de chuid an Rialtais.

Bhí gníomh glactha ag formhór na ngnólachtaí údaraithe Éireannacha, i gcomhréir leis na hionchais, chun ullmhú do Brexit agus bhí pleananna teagmhasacha iomchuí curtha i ngníomh acu. Ina theannta sin, bhí an Banc

Ceannais sásta go raibh córas airgeadais na hÉireann sách athléimneach, tríd is tríd, in 2019 chun Brexit crua a sheasamh. Ach níor réitíodh gach riosca go hiomlán agus chuir an Banc Ceannais in iúl do ghnólachtaí gur cheart leas a bhaint as an am breise a bheadh ar fáil mar thoradh ar an idirthréimhse chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus chun ullmhúchán a dhéanamh do na cásanna inchreidte go léir.

Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh an Banc Ceannais roinnt tuarascálacha inar leagadh amach anailís ar rioscaí Brexit (Feasacháin Ráithiúla, Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais, Litreacha Eacnamaíochta, tuarascálacha ó Thascfhórsa Brexit). Ina theannta sin, chuir an Banc Ceannais tús le roinnt tionscnamh chun a chinntiú go mbeadh a chuid uirlisí rialála agus cur chuige maoirseachta oiriúnach dá gcuspóir i gcomhthéacs iar-Brexit.

I rith na bliana 2019, lean an Banc Ceannais ar aghaidh lena ról mar gheatóir trína chinntiú nach n-údarófaí ach na gnólachtaí sin a chomhlíon na caighdeáin a rabhthas ag súil leo. Le linn 2019, níor údaraíodh gnólachtaí áirithe toisc nár chomhlíon siad na caighdeáin infheidhme maidir le húdarúchán nó toisc gur tarraingíodh a n-iarratas siar. I bhfianaise an ghá le tús áite a thabhairt d'údaruithe, agus i bhfianaise na rioscaí gearrthéarmacha bhaineann le Brexit, b'éigean tosaíochtaí nua a leagan amach d'obair mhaoirseachta agus d'obair beartais eile in 2019.

Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

I rith na bliana 2019, lean an Banc Ceannais de bheith ag obair ar gach gné de chosaint tomhaltóirí a neartú agus é mar aidhm aige sin leasanna tomhaltóirí a chosaint agus muinín agus iontaobh as an gcóras airgeadais a fheabhsú trí bhíthin rialáil éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.

Rinneadh an tuarascáil chríochnaitheach faoin Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin a fhoilsiú i mí Iúil 2019. Sa tuarascáil sin, lena gcuirtear bailchríoch ar an gcéim mhaoirseachta den Imscrúdú, leagtar amach an obair dhocht i leith dúshlán agus deimhniúcháin atá déanta lena chinntiú go sainnithneodh iasachtóirí na daoine sin a ndearna mainneachtainí a bhain le morgáistí rianúcháin difear dóibh.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais a chuid ionchais i ndáil leis an tslí ina ndéileálann gnólachtaí rialáilte le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí acu trí bhíthin díol/urrúsú iasachtaí morgáiste agus i ndáil le costais áirithe a ghearradh ar iasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu; agus sonraíodh ceanglais maidir leis an gcineál faisnéise is gá a thabhairt do thomhaltóirí i dtaca le socrú malartach athcheannaigh.

Lean an Banc Ceannais de dhúshlán a thabhairt do na cúig phríomhbhanc chun pleananna inchreidte a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar

thorthaí Athbhreithniú an Bhainc Ceannais ar Iompar agus ar Chultúr 2018. Is clár ilbhliantúil é sin a thugann boird agus lucht ceannaireachta feidhmiúcháin chun cuntais i ndáil le cultúir atá dírithe ar thomhaltóirí a leabú ina gcuid gnólachtaí.

Rinneadh an Creat um Chosaint Tomhaltóirí a neartú tuilleadh trí rialacha nua a bhain le hóc coimisiúin le hidirghabhálaithe a chur san áireamh ann agus tiocfaidh na rialacha sin i bhfeidhm an 31 Márta 2020. Le rialacha nua trédhearcachta don earnáil árachais a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2019, cinntítear go gcuirfear faisnéis fheabhsaithe ar fáil do thomhaltóirí nuair a bheidh polasaithe árachais neamhshaoil á n-athnuachan acu. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hathbhreithniú ar na rialacha reatha um chosaint tomhaltóirí atá i bhfeidhm i dtaca le hiasachtóirí ceadúnaithe airgid, agus tá sé i gceist rialacha leasaithe don earnáil sin a fhoilsiú go luath sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí 2012 chun a chinntiú go raibh cosaintí ann do thomhaltóirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Mar chuid den tionscadal sin, déanfar an Cód a thrasú ina Rialacháin de chuid an Bhainc Ceannais.

Tá cur chuige alta riosca-bhunaithe á bhunú ag an mBanc Ceannais i leith maoirseacht a dhéanamh ar iompar i margaí urrús mórdhíola. In 2019, rinneadh an t-athbhreithniú sonraí-bhunaithe ba mhó riamh ar earnáil chistí na hÉireann. Lean an Banc Ceannais d'athbhreithniú a dhéanamh ar a leabhar rialacha d'fhonn feabhas a chur ar réimse an riosca i ndáil le hiompar mórdhíola agus d'fhonn feabhas a chur ar an gcreat maoirseachta le haghaidh iompar mórdhíola. D'éirigh an obair sin as athlonnú gnólachtaí móra infheistíochta mórdhíola in Éirinn mar thoradh ar Brexit.

Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt

Chun go mbeidh sé in ann a shainordú a chur i bhfeidhm go héifeachtach, aithnítear sa Phlean Straitéiseach gur gá don Bhanc Ceannais rannpháirtíocht a bheith aige leis an bpobal agus lena pháirtithe leasmhara, agus éisteacht leo, chun eolas a bhailiú lena úsáid ina chuid oibre agus chun iontaoibh san eagraíocht a chothú agus tuiscint uirthi a mhéadú. Sa bhliain 2019, forbraíodh straitéis nua trí bliana maidir le cúrsaí cumarsáide chun cabhrú le cur i bhfeidhm na straitéise agus chun rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara seachtracha, agus lenár mbaill foirne féin, a neartú.

San iomlán, rinneadh dul chun cinn maith ó thaobh an straitéis nua a bhaint amach agus tá sé beartaithe ag an mBanc Ceannais cur leis an dul chun cinn sin. Beidh feabhsú na rannpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara agus

le baill foirne an Bhainc Ceannais ina ábhar tosaíochta i gcónaí thar thréimhse na straitéise reatha.

Mar chuid de chlár For-rochtana leanúnach an Bhainc Ceannais, chuaigh an ardbhainistíocht i mbun cuairteanna réigiúnacha chun rannpháirtíocht a bheith acu le grúpaí gnó áitiúil, le scoileanna agus le coláistí i gCill Airne, i nDún na nGall, i nDún Dealgan, i bPort Láirge agus i gCorcaigh. Ghlac an Banc Ceannais páirt i gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019 agus thug sé urraíocht i leith Ghradam tionscnaimh an Bhainc Ceannais mar chuid dá chomhpháirtíocht nua le comórtas Eacnamaí Óg na Bliana. Chuir an Banc Ceannais fáilte roimh dhaoine den phobal chuig a fhoirgneamh ar Ché an Phoirt Thuaidh le haghaidh Oíche Chultúir agus Teach Oscailte.

Seoladh sraith físeán sé chuid in 2019 a ceapadh chun sainordú an Bhainc Ceannais a mhíniú ar bhealach soiléir, eolasach, spéisiúil. Leanadh d'fheabhas a chur ar an ábhar ar centralbank.ie agus leagadh béim ar leith ar ábhar don phobal agus do ghnóthaí i ndáil le Brexit.

Bhí rannpháirtíocht shuntasach leanúnach ann le páirtithe leasmhara intíre lena n-áirítear an tOireachtas, ranna Rialta agus na meáin. Ina theannta sin, d'óstáil an Banc Ceannais roinnt cruinnithe comhcheime i rith na bliana le hionadaithe de chuid na sochaí sibhialta chun éisteacht lena dtuairimí. Sa tréimhse atá díreach romhainn, déanfar athbhreithniú ar an rannpháirtíocht sin chun ár dteagmháil leis an tsochaí shibhialta a fheabhsú tuilleadh.

De bhreis air sin, lean an Banc Ceannais de thionchar a imirt ar na príomhréimsí cinnteoireachta agus beartais san Eoraip. Lean an Banc Ceannais d'fheabhas a chur ar a straitéis i leith rannpháirtíocht éifeachtach sa BCE (lena n-áirítear SAM), sa Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEanna), gan trácht ar eagraíochtaí eile. Mar chuid den rannchuidiú le cosaint tomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh, d'óstáil an Banc Ceannais Lá Cosanta Tomhaltóirí ÚME sa bhliain 2019.

Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Faoin téama straitéiseach seo, féachann an Banc Ceannais lena chinntiú go dtacóidh a chultúr, a acmhainní agus a chumas le comhlíonadh éifeachtach, éifeachtúil a shainordaithe agus, ag an am céanna, leis na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca a choimeád ar bun. I rith na bliana 2019, rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an téama seo agus, tríd is tríd, tá an dul chun cinn ag teacht leis na hionchais don chéad bhliain den phlean.

B'ionann cur i bhfeidhm an ardáin máistirshonraí i mí Mheán Fómhair agus gné bhunúsach den chlár foriomlán ilbhliantúil i leith sonraí (Unity). Nuair a chuirtear soláthar córais nua bainistíochta doiciméad (Compass) san áireamh, tá dul chun cinn suntasach déanta i dtéarmaí feabhas a chur ar

chumas an Bhainc Ceannais i réimsí na cáilíochta, an rialachais agus na hanailísíochta sonraí. Beidh gá le tuilleadh infheistíochta agus clár soláthar sna blianta atá díreach romhainn le go mbeifear in ann freastal go hiomlán ar fhairsinge agus ar líon na sonraí a phróiseálann an Banc Ceannais anois.

Tá céim an chomhdhlúthúcháin bainte amach ag an mBanc Ceannais i dtaca leis an méid acmhainní (1950 fostaí ag deireadh mhí na Nollag 2019). Sa bhliain 2019, rinneadh córas feabhsaithe bainistíochta agus forbartha feidhmíochta, mar aon le sraith chuimsitheach clár Foghlama agus Forbartha, a chur i bhfeidhm. Agus é á aithint go bhfuil róil fhíorthábhachtacha ag ceannairí san eagraíocht, seoladh clár nua dar teideal Forbairt Ceannaireachta Bainc - *One Bank Leadership* - ag deireadh na bliana 2018 agus d'fhreastail an chuid is mó de na ceannairí sinsearacha (os cionn 150 duine) ar an gcroíchlár sa bhliain 2019. I gcomhréir leis an mbéim a leagaimid ar éagsúlacht agus ar uilechuimsitheacht, forbraíodh roinnt clár sonracha spriocdhírthe a gcuirfeadh raon leathan daoine spéis iontu. Leanann an Banc Ceannais de pháirt a ghlacadh i suirbhé 'Great Places to Work' agus chuathas i mbun raon tionscnamh feabhsúcháin sa bhliain 2019.

Cuireadh céim na tógála den fhoirgneamh *Dublin Landings* i gcrích agus cuirfeadh tús le céim an fheistithe sa bhliain 2020, mar aon le comhtháthú an fhoirgnimh nua seo le foirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh, d'fhonn campas aontaithe cóiríochta a chur ar fáil don Bhanc Ceannais sa todhchaí.

Tátaí

Cuireadh mórghníomhartha tábhachtacha i gcrích sa bhliain 2019 d'fhonn na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Ag tráth iomchuí in 2020, déanfaidh an Banc Ceannais athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach chun a chinntiú gur plean barrmhaith é, go háirithe i bhfianaise phaindéim COVID-19.

Caibidil 2:
**Príomhghníomhaíochtaí
agus Príomhfhorbairtí
in 2019**

Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Príomhfhorbairtí in 2019

Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Tugann Conradh Maastricht an cuspóir sin do gach BCN de chuid an Eurochórais. Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), ar comhalta di an Gobharnóir, freagrach as beartas airgeadaíochta a shocrú (lena n-áirítear rátaí úis a shocrú agus leachtacht a sholáthar) sa limistéar euro d'fhonn a cuspóir maidir le boilsciú a bhaint amach.⁵ Cuireann an Banc Ceannais tacaíocht agus anailís ar fáil don Ghobharnóir ina cháil mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe agus cuireann an Banc Ceannais cinntí beartais airgeadaíochta na Comhairle Rialaithe chun feidhme.

Cinntí Beartais Airgeadaíochta

Is é príomhchuspóir an bheartais airgeadaíochta sa limistéar euro cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. D'fhonn cobhsaíocht praghsanna a shaothrú, féachann an BCE leis an athrú bliantúil san Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí a choinneáil gar do 2% ach faoina bhun thar an meántéarma.

In 2019, bhí fás eacnamaíoch lag sa limistéar euro, rud a léiríonn trádáil dhomhanda mhaolaithe agus éiginnteachtaí ardaithe polaitiúla agus eacnamaíocha. In 2019, mhaolaigh an ráta boilscithe ó na leibhéil a taifeadh in 2017 (1.5%) agus 2018 (1.8%) go dtí meánráta 1.2%. I bhfianaise timpeallacht lagaithe eacnamaíoch agus dhul chun cinn mall an bhoilscithe i dtreo cóineasú lena aidhm, rinneadh an beartas airgeadaíochta a athchalabhrú roinnt uaireanta le linn 2019.

In 2019, ba uirlis thábhachtach beartais airgeadaíochta don Chomhairle Rialaithe é an réamhthreoir lenar soláthraíodh cumarsáid faoina raibh beartaithe maidir le beartas airgeadaíochta sa todhchaí bunaithe ar an measúnacht ar na hionchais i leith cobhsaíocht praghsanna. I mí an Mhárta, d'fhadaigh an Chomhairle Rialaithe an tréimhse ar lena linn, dar léi, a d'fhanfadh rátaí úis ag na leibhéil reatha, is é sin le rá, ó "shamhradh 2019 ar

⁵Cuimsíonn an limistéar euro na Ballstáit sin de chuid an AE a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Baineann an téarma Eurochóras leis an BCE agus le BCNanna na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Tagraíonn an téarma CEBC (An Córas Eorpach Banc Ceannais) don BCE agus do BCNanna Bhallstáit an AE.

a laghad” go dtí “deireadh na bliana 2019 ar a laghad”. Rinneadh an réamhthreoir maidir le rátaí úis a choigeartú arís i mí Iúil go “deireadh an chéad leath de 2020 ar a laghad” sular chuir an Chomhairle Rialaithe deireadh an ngné dháta-bhunaithe i Meán Fómhair agus sular chuir sí réamhthreoir stát-teagmhasach ina ionad (féach Bosca 1).

D’fhonn tarchur rianúil réidh beartais airgeadaíochta agus dálaí fabhracha iasachtóireachta bainc a chothabháil, thug an Chomhairle Rialaithe fógra i mí an Mhárta go raibh sraith nua Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírthe Fadtéarmacha (OASF-III) á seoladh. Is é atá sna OASFanna (sraitheanna I, II agus III) oibríochtaí Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d’institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí a mhaireann roinnt blianta. I mí an Mheithimh, d’fhógair an Chomhairle Rialaithe módúlachtaí OASF-III, lena n-áirítear na paraiméadair phraghsála a bhí nasctha le príomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus glaniasachtóireacht cháilithe na mbanc.⁶

Mar thoradh ar éagumas leanúnach an bhoilscithe réadaithe agus an bhoilscithe réamh-mheasta araon a aidhm a bhaint amach, tharraing an Chomhairle Rialaithe aird i mí Iúil ar an ngá le seasamh in-chomhfhoirmeach maidir le beartas airgeadaíochta ar feadh tréimhse fhada agus ar a tiomantas do shiméadracht i dtaca lena haidhm maidir le boilsciú.

I mí Mheán Fómhair, mar thoradh ar mhoilliú níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis i dtaca le fás eacnamaíoch agus ar ionchas maolaithe maidir le boilsciú, d’fhógair an Chomhairle Rialaithe sraith beart beartais airgeadaíochta a raibh cúig ghné ag gabháil leo chun a chinntiú go leanfadh an boilsciú den chóineasú i dtreo a aidhme meántearmaí (féach Bosca 1).

Le linn na bliana, ghlac an Banc Ceannais páirt ghníomhach i ndíospóireachtaí a bhain le beartas airgeadaíochta agus le cur i bhfeidhm an bheartais sin, agus d’imir sé tionchar ar na díospóireachtaí sin, trína bhallraíocht ar choistí de chuid an Eurochórais. Mar shampla, tá ionadaíocht ag an mBanc Ceannais ar an gCoiste um Beartas Airgeadaíochta (CBA) a dhéanann meastóireacht ar shaincheisteanna straitéiseacha agus ar shaincheisteanna fadtéarmacha eile a bhaineann le beartas airgeadaíochta an limistéir euro d’fhonn taighde agus comhairle beartais a thabhairt don Chomhairle Rialaithe. Tá ionadaíocht ag an mBanc Ceannais freisin ar Choiste an BCE um Oibríochtaí Margaidh (COM) a dhíríonn ar chur i bhfeidhm bheartas airgeadaíochta an limistéir euro, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Chláir Ceannaigh do Shócmhainní (APP), agus a rannchuidíonn le tuairisciú, le hanailísiú, le measúnú agus le léirmhíniú a dhéanamh ar

⁶ Chun tuilleadh mionsonraí faoi OASF-III a fháil, féach suíomh gréasáin an BCE.

fhorbairtí margaidh airgeadais laistigh agus lasmuigh den AE. Tá ról ag an COM i ndáil le bainistiú chúlchistí eachtracha an BCE freisin.

Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta an Eurochórais

Sa bhliain 2019, cuireadh roinnt oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais i gcrích. Cuireadh an APP i bhfeidhm go rianúil agus cuireadh tús athuair le glancheannacháin sócmhainní i mí na Samhna. Tharla an chéad dá oibríocht faoi OASF-III i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag. Le linn na bliana, seoladh oibríochtaí rialta chun leachtacht in euro a sholáthar, i bhfoirm Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POAanna) seachtainiúla agus Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) trímhíosúla, mar aon leis na hoibríochtaí seachtainiúla chun leachtacht a sholáthar i ndollair na Stát Aontaithe. Don Eurochóras ina iomláine, tháinig laghdú ar an meánúsáid laethúil a baineadh as an tSaoráid Taisce tar éis don BCE córas dhá leibhéal a thabhairt isteach maidir le luach saothair cúlchistí farasbairr. Tugtar mionsonraí faoi na hoibríochtaí sin ar leibhéal an Eurochórais i dTuarascáil Bhliantúil 2019 de chuid an BCE.

Bosca 1: Beartas Airgeadaíochta - Atosú an APP agus an Timpeallacht 'Íseal go ceann Tréimhse Níos Faide'

Sa Bhosca seo, tugtar forléargas ar phacáiste beartais airgeadaíochta Chomhairle Rialaithe an BCE, ar pacáiste é a bhfuil cúig phríomhghné ann agus a fógraíodh an 12 Meán Fómhair 2019.

Ar an gcéad dul síos, laghdaigh an Chomhairle Rialaithe an ráta úis ar a Saoráid Taisce faoi 10 mbunphointe go dtí -0.50%. D'fhan na rátaí úis ar na POAanna agus ar an tSaoráid Iasachta Imeallaí (MLF) ag 0.00% agus 0.25% faoi seach.

Ar an dara dul síos, leasaíodh an réamhthreoir maidir le rátaí úis chun an ghné stát-teagmhasach a athneartú i gcás ina raibh an Chomhairle Rialaithe ag súil "go bhfanfadh príomhrátaí úis an BCE ag na rátaí reatha nó ag rátaí níos ísle ná sin go dtí gur léir go raibh an t-ionchas maidir le boilsciú tar éis cóineasú go tréan i dtreo leibhéal a bheadh sách gar do 2%, ach faoina bhun, i gcomhréir leis an réamh-mheastachán, agus go mbeadh an cóineasú sin á léiriú go comhsheasmhach i ndinimicí bunúsacha an bhoilscithe".

Ar an tríú dul síos, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe go gcuirfí tús athuair leis an APP. I mí na Samhna, cuireadh tús le glancheannacháin sócmhainní €20bn in aghaidh na míosa. Ceaptar go leanfar ar aghaidh leis na ceannacháin sin ar feadh cibé fad ama is gá chun éifeacht in-chomhfhoirmeach rátaí úis a athneartú agus tiocfaidh deireadh le glancheannacháin tamaillín sula n-ardóidh an Chomhairle Rialaithe na

príomhrátaí úis. Le hatosú na nglancheannachán faoin APP, comhlánaítear an réamh-threoir maidir le rátaí úis. Ina theannta sin, cuireann sé brú anuas ar rátaí úis fadtéarmacha trí na préimheanna riosca a chomhbhrú.

Dhaingnigh an Chomhairle Rialaithe go ndéanfadh sí na príomhíocaíochtaí ó urrúis a thagann in aibíocht agus a ceannaíodh faoin APP a athinfeistiú go ceann tréimhse fhada ama, níos faide anonn ná teorainn ama an mhéadaithe ar an ráta úis agus, in aon chás, ar feadh cibé fad ama is gá chun dálaí leachtachta fabhracha agus socruithe in-chomhfhoirmeacha dóthanacha airgeadaíochta a choimeád ar bun.

Ar an gceathrú dul síos, leasaíodh módúlachtaí OASF-III a fógraíodh i mí an Mheithimh le go mbeidís níos oiriúnaí i dtaca le praghsáil agus teacht in aibíocht de.

Ar an gcúigiú dul síos, fógraíodh córas dhá shraith i ndáil le cúlchistí banc a chúiteamh i gcás ina mbeadh cuid dá sealúchais, i dtaca le cúlchistí farasbairr de, díolmhaithe ón ráta diúltach úis ar an tsaoráid taisce.

Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta na hÉireann

Maidir leis na ceithre chlár APP, ní cheannaíonn an Banc Ceannais ach bannaí le haghaidh Chlár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) agus le haghaidh Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP3). Is ar phriacal an Bhainc Ceannais féin a shealbhaítear sealúchais PSPP ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais agus tháinig méadú ar na sealúchais sin go dtí €27.7bn ag deireadh na bliana 2019 aníos ó €25.5bn ag deireadh na bliana 2018. Maidir le sealúchais bannaí faoi chumhdach faoin CBPP3, ar sealúchais chomhroinnte riosca leis an Eurochóras iad, d'fhan siad gan athrú, tríd is tríd, ag luach €4.0bn ag deireadh na bliana 2019 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Sa bhliain 2019, sheol an Banc Ceannais 117 oibríocht soláthair leachtachta thar ceann an Eurochórais. Oibríochtaí euro a bhí i gceist le 66 cinn díobh agus oibríochtaí dhollar SAM a bhí i gceist le 51 cheann díobh. De bhreis air sin, cuireadh 16 cinn d'oibríochtaí luath-aisíoca a bhain le OASF, i gcrích. Ag deireadh na bliana 2019, bhí 23 chontrapháirtí beartais airgeadaíochta ag an mBanc Ceannais, is é sin laghdú ó 25 chontrapháirtí sa bhliain 2018. Suim tuairim is €2.0bn a bhí i gceist le hiasachtaíocht iomlán beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe Éireannacha amhail ar an 31 Nollaig 2019 i gcomparáid le €3.0bn amhail ar an 31 Nollaig 2018.

Is annamh a glacadh páirt sna POAanna seachtainiúla agus bhí an rannpháirtíocht teoranta do líon beag contrapháirtithe de chuid an Bhainc Ceannais agus, ag an am céanna, ní raibh aon rannpháirtíocht ann sna OASFanna trí-mhíosúla i gcás chontrapháirtithe an Bhainc Ceannais. Tá na

leibhéil leantacha rannpháirtíochta ísle in oibríochtaí creidmheasa ar fud na bliana ag tarlú i gcomhthéacs dálaí ina bhfuil leachtacht farasbairr dhóthanach ann.

Tar éis an córas dhá shraith i leith chúiteamh chúlchistí farasbairr na mbanc a thabhairt isteach ó thús na tréimhse cothabhála cúlchiste dar thús an 30 Deireadh Fómhair 2019, ghníomhaigh na bainc chun barrfheabhsú a dhéanamh ar úsáid a gcuid liúntas díolúine (i.e. na cistí sa tsraith dhíolmhaithe a chúitítear de réir ráta 0%). Mar thoradh air sin, tharla méadú ar an méid comhiomlán a bhí á shealbhú ar chuntais chúlchiste sa Bhanc Ceannais agus tharla laghdú comhfhreagrach ar an méid a bhí á shealbhú ar an tSaoráid Taisce.

Rinne an Banc Ceannais na hoibríochtaí beartais airgeadaíochta go léir a sheoladh agus a réiteach ar mhodh tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach i rith na bliana i gcomhréir le creat oibríochtúil an Eurochórais. Thairis sin, rinne an Banc Ceannais faireachán ar chomhlíonadh na gceanglas cúlchiste íosta ag institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta BCE.

Comhthaobhacht d'Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

Ag deireadh na bliana 2019, bhí comhaontú an Bhainc Ceannais maidir le comhthiomsú sínithe ag 19 gcontrapháirtí cháilithe sa chaoi go raibh comhthaobhacht €7.2bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais. San iomlán, b'ionann agus €8.1bn meánluach na comhthaobhachta a tíolacadh don Bhanc ag deireadh gach míosa sa bhliain 2019. Maidir leis an treocht anuas a bhí ann sna blianta 2016, 2017 agus 2018 i dtaca le sealúchais chomhthaobhachta, lean an treocht sin ar aghaidh sa bhliain 2019, sa mhéid gur tháinig laghdú €1.78bn sa mhí ar an meán ar na meánsealúchais mhíosúla i gcomparáid leis an mbliain 2018. Tá sé sin i gcomhréir leis an laghdú leanúnach ar iasachtaíocht beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe.

Sa bhliain 2019, leanadh den obair ar fhorbairt thionscadal Chóras Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais (ECMS). Tá sé mar aidhm ag ECMS comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta a dhéanamh i réimse bainistíochta comhthaobhachta CEBC ar réimse ilroinnte é faoi láthair. Glacfaidh sé ionad chóras inmheánach an Bhainc Ceannais le haghaidh bainistíochta chomhthaobhachta agus tá sé beartaithe é a chur i ngníomh ag deireadh na bliana 2022.

Cobhsaíocht Airgeadais

Tá sainordú ag an mBanc Ceannais sa reachtaíocht intíre agus sa reachtaíocht Eorpach araon chun rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud an limistéir euro. Le linn a shainordú a chur i gcrích, déanann an Banc Ceannais anailís ar chobhsaíocht airgeadais, ar anailís í a rannchuidíonn le rioscaí san earnáil airgeadais a chosc agus a mhaolú. Déantar an anailís sin ar leibhéal uile-chórais (leibhéal macrastuamachta); ar leibhéal institiúidí ar leithligh (leibhéal micreastuamachta); agus, ina theannta sin, scrúdaítear na naisc idir na comhchodanna éagsúla den chóras airgeadais agus den fhíorgheilleagar. Rannchuidíonn an Banc Ceannais le formhaoirseacht macrastuamachta san AE trí rannpháirtíocht sa Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS).

Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais

Ina cháil mar an t-údarás ainmnithe macrastuamachta d'Éirinn, tá leas bainte ag an mBanc Ceannais as sraith beart macrastuamachta, ar bearta iad atá dírithe ar rioscaí uile-chórais a chosc agus a mhaolú. Déantar na bearta sin a athbhreithniú ar bhonn tráthrialta i gcomhréir le creat bheartas macrastuamachta an Bhainc Ceannais. Clúdaíonn na hionstraimí sin bearta caipiteal-bhunaithe agus bearta iasachtaí-bhunaithe (féach Bosca 2).

Tá tacaíocht le fáil ó dhá choiste i leith cinnteoireacht cobhsaíochta airgeadais sa Bhanc Ceannais. Coiste an Bhainc Ceannais um Bearta Macrastuamachta (MMC) agus an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC). Faoi seach, tháinig na coistí sin le chéile naoi n-uaire agus 13 huaire i rith na bliana. Ar an leibhéal náisiúnta, déantar saincheisteanna cobhsaíochta airgeadais a phlé sa Ghrúpa um Chobhsaíocht Airgeadais (FSG). Is é atá sa GCA fóram d'oifigigh shinsearacha ón Roinn Airgeadais, ó Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) agus ón mBanc Ceannais. Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an FSG ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais.

I rith na bliana 2019, ghlac an Banc Ceannais páirt ghníomhach sna coistí ábhartha Eorpacha maidir le cobhsaíocht airgeadais. I measc na gcoistí sin, áirítear Coiste CEBC um Chobhsaíocht Airgeadais (CEBC-CCA), BERS agus na fostruchtúir a bhaineann le hanailís mhacrastuamachta, beartas agus tástáil struis. Sa bhliain 2019, lean CEBC-CCA dá athbhreithniú tráthrialta ar phríomhrioscaí agus ar bhearta beartais macrastuamachta tríd an Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais.

Taighde agus Foilseacháin maidir le Cobhsaíocht Airgeadais⁷

D'fhoilsigh an Banc Ceannais an chéad FSR i mí Iúil agus an dara ceann i mí na Nollag. Ghlac an FSR ionad an Athbhreithnithe Macrastuamachta a bhí ann roimhe seo. San FSR, déantar measúnú ar na príomhrioscaí atá os comhair an chórais airgeadais agus ar athléimneacht an chórais airgeadais in aghaidh na rioscaí sin. Tá an Banc Ceannais tiomanta don trédhearcacht maidir lena chuid cinntí i ndáil le cobhsaíocht airgeadais. San fhoilseachán seo, is féidir míniú a thabhairt ar ghníomhartha beartais arna nglacadh ag an mBanc Ceannais, faoi réir a shainordaithe, chun cobhsaíocht airgeadais a choimirciú.

Thairis sin, foilsíodh tuarascáil margaidh na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBN) agus an tuarascáil faoi Mhargadh Creidmheasa Teaghlaigh i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair faoi seach. Is é is aidhm do na tuarascálacha sin na forbairtí margaidh creidmheasa is déanaí san earnáil FBM agus san earnáil teaghlaigh a chur in iúl. I mí an Mhárta, foilsíodh Paca Rioscaí Systéamacha, is é sin, uirlis léirshamhlúcháin le haghaidh táscairí a ndéantar faireachán orthu go tráthrialta chun críoche cobhsaíocht airgeadais.

Leanadh leis an gcumarsáid ón mBanc Ceannais maidir le hábhair a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais, agus le trédhearcacht an Bhainc Ceannais i ndáil leis na hábhair sin, le linn 2019, trí bhíthin 'Nótaí ar Chobhsaíocht Airgeadais' a fhoilsiú.

Bosca 2: An Creat Macrastuamachta

Áiríonn Creat Macrastuamachta an Bhainc Ceannais roinnt ionstraimí atá á n-úsáid faoi láthair chun sainordú an Bhainc Ceannais a shaothrú i réimse na cobhsaíochta airgeadais. Ceann de na hionstraimí sin is ea é an Cúlchiste Fritimthriallach (CCyB). Tá ráta CCyB 1% i bhfeidhm ó mhí Iúil 2019. Is é is cuspóir do CCyB athléimneacht i gcóras baincéireachta na hÉireann a neartú a mhéid a bhaineann le rioscaí sistéamacha timthriallacha. Léiríonn an calabrú reatha cothromaíocht idir carnadh leanúnach riosca sistéamaigh thimthriallaigh in Éirinn agus na rioscaí diúltacha d'ionchas eacnamaíoch na hÉireann.

Déanann an Banc Ceannas athbhreithniú bliantúil ar chalabrú na mbeart morgáiste. Cuireann na bearta teorainn le cóimheas ard iasachta le luach (LTV) agus cóimheas ard iasachta le hioncam (LTI) ó thaobh iasachtú sa mhargadh. Mar thoradh ar athbhreithniú na bliana 2019, cinneadh go raibh na bearta ag leanúint dá gcuspóirí a bhaint amach, is é sin,

⁷ Tá foilseacháin uile an Bhainc Ceannais ar fáil ar www.centralbank.ie. Seo a leanas roinnt samplaí: Athbhreithnithe ar Chobhsaíocht Airgeadais; Faisnéis Ráithiúil; Tuarascálacha ar Mhargadh Creidmheasa Teaghlaigh; agus Litreacha Eacnamaíocha.

athléimneacht na mbanc agus na n-iasachtaithe a neartú agus an dóchúlacht go mbeadh bíseanna praghsanna creidmheasa-tithe ann agus tionchar bíseanna den sórt sin a laghdú. Chinn an Banc Ceannais nach ndéanfaí aon athrú in 2020 ar theorainneacha LTV agus LTI nó ar na liúntais ghaolmhara.

Is é atá i gcúlchiste na nInstitiúidí Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (O-SII) ionstraim chaipiteal-bhunaithe agus tá sé mar aidhm aici an tionchar go nglacfaidh na bainc a bhfuil tábhacht shistéamach leo straitéisí díchobhsaíochta agus, i bhfianaise na tábhachta sistéamaí atá acu, caighdeán níos airde ó thaobh cúrsaí caipitil de a chur i bhfeidhm maidir leo. Is é atá i mbainc a bhfuil tábhacht shistéamach leo bainc mhóra nó bainc a mbíonn leibhéal ard idirghníomhaíochta acu leis an bhfíorgheilleagar. Mar chuid d'athbhreithniú O-SII na bliana 2019, shainaithin an Banc Ceannais sé cinn de O-SIIanna in Éirinn. Tá na maoláin ó 0.5% go 1.5% á gcur i bhfeidhm maidir leis na O-SIIanna a sainaithníodh. Beidh na maoláin sin á gcéimniú isteach thar an tréimhse go dtí mí Iúil 2021.

Le cómhalartú beart macrastuamachta, feabhsaítear éifeachtacht agus comhsheasmhacht an bheartais macrastuamachta san Aontas Eorpach. Sa bhliain 2019, chinn an Banc Ceannais go ndéanfaí beart macrastuamachta de chuid na Fraince a chómhalartú. Le beart na Fraince, déantar teorainneacha i leith neamhchosaintí móra de chuid institiúidí creidmheasa na Fraince a bhfuil tábhacht shistéamach leo ar chorparáidí neamhairgeadais (NFCanna) a bhfuil fiacha móra acu agus a bhfuil a n-oifig chláráithe acu sa Fhrainc, a theannadh do 5% den chaipiteal cáilithe.

I dtéarmaí bearta macrastuamachta amach anseo, d'aontaigh an tAire Airgeadais in 2019, tar éis iarraidh a fháil ón mBanc Ceannais, go ndéanfaí an cúlchiste riosca shistéamaigh (SyRB) a thrasú i ndlí na hÉireann agus an Banc Ceannais a ainmniú mar chomhlacht a mbeadh cumhacht aige an cúlchiste sin a chur i bhfeidhm amach anseo. Leis an rogha chun an SyRB a thabhairt isteach, cuirfear bailchríoch ar an tsraith straitéisí macrastuamachta i leith caipiteal bainc agus cumasóidh sí don Bhanc Ceannais an tsraith fhoriomlán straitéisí a chalabhrú go cuí i leith na rioscaí atá ag bagairt ar Éirinn.

Bosca 3: Athrú Aeráide agus Cobhsaíocht Airgeadais

Tá tionchar tromchúiseach á imirt cheana féin ag an athrú aeráide ar an bpláinéad, ar shochaithe agus ar gheilleagair, agus ceaptar go leanfaidh sé

den tionchar sin a imirt.⁸ Ina theannta sin, beidh ar theaghlaigh agus ar ghnóthaí coigeartuithe suntasacha a dhéanamh chun go bhféadfar aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an t-athrú aeráide a bheith ina fhoinse riosca airgeadais.⁹

Tríd is tríd, tá dhá aicme rioscaí airgeadais ann a bhaineann leis an athrú aeráide: rioscaí fisiciúla agus rioscaí idirthréimhseacha.

Ar na rioscaí fisiciúla, áirítear teagmhais eisceachtúla amhail tréimhsí brothail, sciorthaí talún, tuilte nó stoirmeacha, mar aon le hathruithe struchtúracha fadtéarmacha ar an gcomhshaol, amhail leibhéal na farraige ag ardú, tuilleadh athraitheachta san aimsir nó athruithe ar an méid báistí a bhíonn ann. Is í an earnáil árachais an nasc is mó leis an earnáil airgeadais ó tharla go gclúdaíonn sí na caillteanais a iompraíonn teaghlaigh agus gnóthaí nuair a thagann rioscaí fisiciúla chun cinn. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh bainc neamhchosanta ar rioscaí fisiciúla, mar shampla, trí neamhchosaintí morgáiste i gceantair atá faoi lé riosca tuilte. Ó thaobh institiúidí airgeadais de, bíonn sé dúshlánach uaireanta na rioscaí fisiciúla sin a measúnú agus a bhainistiú i bhfianaise na n-athruithe struchtúracha atá ag teacht chun cinn mar gheall ar athrú aeráide.

Baineann rioscaí idirthréimhseacha leis an tionchar a bhíonn ag an gcoigeartú i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Is dócha go mbeidh impleachtaí ag an gcoigeartú sin do phraghsanna sócmhainní, mar shampla, luacháil cuideachtaí in earnálacha dlúthcharbóin nó i dteaghlaigh dhlúthcharbóin ina bhfuil leibhéal ísle éifeachtúlachta fuinnimh. Tá tábhacht ag an gconair athraithe chuig geilleagar ísealcharbóin ó thaobh cúrsaí cobhsaíochta airgeadais de. D'fhéadfadh athrú moillithe tobann a bheith ina chúis le hathruithe suntasacha tobanna ar luach roinnt sócmhainní agus bheadh impleachtaí dochracha aige sin do chláir chomhardaithe institiúidí airgeadais mar aon le caillteanais d'infheisteoirí.

Cé go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann den iliomad foinsí athraithe struchtúraigh atá ag bagairt ar an gcóras airgeadais, tá rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide neamhghnách ar chúiseanna éagsúla.¹⁰

- Ar an gcéad dul síos, is éifeachtaí de chineál leathan iad éifeachtaí an athraithe aeráide. Déanann siad difear do na gníomhairí uile sa

⁸ Féach, mar shampla, tuarascáil an Phainéil Idir-rialtasaigh ar Athrú Aeráide (2018) dar teideal 'Athrú aeráide 2014: Achoimre ar an tuarascáil shintéiseach don lucht déanta cinntí'.

⁹ Féach, mar shampla, Sharon Donnery (2019) 'Risks and Opportunities from Climate Change' agus Philip R Lane (2019) 'Climate Change and the Irish Financial System'.

¹⁰ Network for Greening the Financial System (2019) "A Call for Action: Climate Change as a Source of Financial Risk".

gheilleagar, ar fud na n-earnálacha go léir agus ar fud gach réimse tíreolaíochta.

- Ar an dara dul síos, tá leibhéal ard cinnteachta ann go dtiocfaidh cumasc éigin de rioscaí fisiciúla agus de rioscaí idirthréimhseacha chun bheith ina réaltacht tráth éigin amach anseo. Ach, ag an am céanna, tá leibhéal ard éiginnteachta ann maidir le tráth, cineál agus scála cruinn na rioscaí lena mbaineann.
- Ar an tríú dul síos, is dócha gur faide an tréimhse ar lena linn is gá do chuideachtaí airgeadais pleanáil a dhéanamh maidir le bainistiú na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide ná an gnáth-thimthriall pleanála a bhíonn acu.

Tá sé mar chuid de shainordú an Bhainc Ceannais deimhin a dhéanamh de go bhfuil an córas airgeadais athléimneach i leith athrú aeráide. Beidh saincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide á leabú níos mó ná riamh ag an mBanc Ceannais ina chuid measúnachtaí ar chobhsaíocht airgeadais agus ina mhaoirseacht ar chobhsaíocht airgeadais. Sa bhliain 2019, tháinig an Banc Ceannais chun bheith ina bhall de Líonra Glasaithe an Chórais Airgeadais, ar grúpa banc ceannais agus maoirseoirí é a mhalartaíonn taithí agus a chomhroinneann dea-chleachtais, d'fhonn rannchuidiú le forbairt a dhéanamh ar bhainistiú an athraithe aeráide san earnáil airgeadais. Ina theannta sin, shainithin BCE/SAM riosca a bhaineann le hathrú aeráide mar phríomhspreagthóir riosca agus chuir siad tús le hobair chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin trí Ghrúpa Teagmhála um Riosca Aeráide a bhunú, ar grúpa é a bhfuil ionadaíocht ag an mBanc Ceannais air.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Banc Ceannais i gcomhar leis an Roinn Airgeadais ar na tograí a chuir an Coimisiún Eorpach chun cinn mar chuid dá *Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú*. I measc na dtograí sin, áiríodh leasú an Rialacháin maidir le Tagarmharcáil agus dhá rialachán nua. I gceann acu, moladh go ndéanfaí nochtadh i dtaca le hinbhuanaitheacht sna hearnálacha infheistíochta agus árachais agus, sa cheann eile, moladh go mbunófaí creat chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú - an Tacsanomaíocht. Ina theannta sin, rannchuidigh an Banc Ceannais le hobair na nÚdarás Maoirseachta Eorpach chun comhairle a thabhairt i leith rioscaí agus gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chomhtháthú isteach i reachtaíocht ábhartha a bhaineann le cúrsaí árachais, le gnólachtaí infheistíochta agus bainistíocht cistí agus chun brúnna gearrthéarmacha ionchasacha ar chorparáidí a thuairisciú, ar brúnna iad a éiríonn as an earnáil airgeadais.

Maoiniú Margadh-Bhunaithe

Is féidir maoiniú margadh-bhunaithe a shainmhíniú mar “cothromas nó fiachas a fháil trí mhargaí airgeadais seachas tríd an gcóras baincéireachta”.

Tugtar idirghabháil airgeadais neamhbhainc ar mhaoiniú margadh-bhunaithe freisin agus cuireann sé rogha fhónta eile ar fáil in ionadh maoiniúchán bainc ach - dála na gcineálacha uile idirghabhála airgeadais - d'fhéadfadh go gcruthódh sé leochaileachtaí airgeadais nach mór faireachán a dhéanamh orthu agus, más gá, aghaidh a thabhairt orthu.

Tugtar mionsonraí i mBosca 4 faoi na príomhnaisc idir earnáil neamhbhainc na hÉireann agus an geilleagar agus córas aigeadais intíre. San FSR is déanaí ón mBanc Ceannais a foilsíodh i mí na Nollag 2019, tugtar forléargas ar rioscaí ionchasacha intíre a eascraíonn as an earnáil.

Tá sainchónaí thar lear ar thromlach shócmhainní earnáil an mhaoinithe mhargadh-bhunaithe de chuid na hÉireann. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Banc Ceannais an gá le hanailís a dhéanamh, agus tuiscint a fháil, ar na gníomhaíochtaí san earnáil seo le go mbeifear in ann rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais dhomhanda. Dá bharr sin, ghlac sé páirt i raon tionscnamh lena ngabhann béim idirnáisiúnta. Orthu sin, áirítear rannchuidiú le tionscainm de chuid an Aontais Eorpaigh agus le tionscnaimh dhomhanda atá dírithe ar neartú athléimneacht an mhaoinithe mhargadh-bhunaithe tríd BERS, tríd an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus tríd an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA).

Ina cháil mar bhall de Ghrúpa Saineolaithe Faireacháin Neamhbhainc (GSFN) an BCA, rannchuidigh an Banc Ceannais le tuarascáil bhliantúil BCA i leith faireachán domhanda ar idirghabháil airgeadais neamhbhainc a foilsíodh i mí Eanáir 2020. Sa tuarascáil sin, déantar measúnacht ar na treochothaí agus ar na rioscaí domhanda a bhaineann le hidirghabháil airgeadais neamhbhainc. Dá réir sin, rinne an BCA foshraith eintiteas a aicmiú ar bhonn feidhmeanna (nó gníomhaíochtaí) eacnamaíocha lena ngabhann rioscaí cobhsaíochta airgeadais den chineál céanna a bhíonn ag bainc (i.e. idirghabháil chreidmheasa lena ngabhann claochlú aibíochta/leachtachta, gearáil nó aistriú riosca creidmheasa neamhfhoirfe). Ar bhonn an chur chuige sin, léiríonn an tuarascáil go raibh earnáil neamhbhainc na hÉireann ar an séú ceann ba mhó ar domhan agus measadh gurbh fhiú \$2.5bn í.

Bosca 4: An Nasc idir Maoiniú Margadh-Bhunaithe agus an Geilleagar Intíre

Tá sainchónaí thar lear ar thromlach shócmhainní earnáil an mhaoinithe mhargadh-bhunaithe de chuid na hÉireann ach tá trí phríomhshásra ann lena nasctar an earnáil sin agus an geilleagar intíre ar bhealach suntasach..

Ar an gcéad dul síos, tá cistí infheistíochta ar cheann de na hinfheisteoirí is gníomhaí sa mhargadh intíre eastáit réadaigh tráchtála agus sealbhaíonn siad maoin Éireannach arbh ionann a luach agus tuairim is €18bn, is é sin le rá, tuairim is aon tríú den stoc measta eastáit réadaigh tráchtála in-infheistithe in Éirinn. Déantar dlíteanais na gcistí sin a mhaoiniú go formhór le caipiteal idirnáisiúnta. Chun tacú lena gcuid infheistíochtaí i maoin, faigheann na cistí sin iasachtaí ó mheascán d'fhoinsí, mar atá, bainc intíre agus bainc idirnáisiúnta, iasachtaí scairshealbhóirí agus institiúidí airgeadais eile. De ghnáth, déanann na cistí seo infheistíocht sna hearnálacha oifige, tionscail agus lóistíochta agus, le déanaí, sa deighleog cíosa phríobháidigh den mhargadh réadmhaoiné cónaithe.

Ar an dara dul síos, urrasaíonn eintitis Éireannacha morgáistí chun críocha maoiniúcháin agus leachtachta. Ag deireadh na bliana 2018, bhí thart ar €35bn de luach €118bn na morgáistí cónaitheacha Éireannacha gan íoc ar seilbh ag ESCanna (eintitis shainchuspóireacha) a raibh sainchónaí orthu in Éirinn. Tá tromlach na morgáistí sin nasctha le hurrúsú coinnithe, is é sin le rá, soláthraíonn bainc Éireannacha iasachtaí d'eintitis urraithe shainchuspóireacha agus sealbhaíonn siad na hurrúsí fiachais arna n-eisiúint ag na heintitis sin. Go traidisiúnta, úsáideann bainc iad chun críocha comhthaobhachta, mar shampla, chun rochtain a fháil ar leachtacht bainc ceannais. Is féidir urrúsú a úsáid freisin mar fhoinse maoiniúcháin. Mar shampla, is féidir le hiasachtóirí morgáiste neamhbhainc nach bhfuil rochtain acu ar bhonn taiscí úsáid a bhaint as margaí úrrúsúcháin chun rochtain a fháil ar mhaoiniú nach raibh ar fáil murach sin.

Ar an tríú dul síos, ttacaíonn ESCanna le laghdú de réir a chéile ar iasachtaí neamhthuillmheacha (INPLanna) ar chláir chomhardaithe na mbanc, rud a d'éascaigh réiteach iar-ghéarchéime an chórais baincéireachta. Le blianta beaga anuas, tá úsáid fhorleathan bainte as urrúsú ag bainc san Eoraip, agus in Éirinn, chun a neamhchosaint ar NPLanna a laghdú agus, chomh maith leis sin, tá NPLanna díolta acu le meáin neamh-urrúsúcháin. Le díol na neamhchosaintí sin, tá feabhas tagtha ar cháilíocht fhoriomlán chreidmheasa ar chláir chomhardaithe

bhainc na hÉireann sa chaoi gur féidir leis na bainc línte nua creidmheasa a sholáthar do chustaiméirí.

Cé go ndeachaigh sé sin chun tairbhe don chóras baincéireachta, ní mór a chur san áireamh go bhfuil iasachtaí a aistrítear chuig neamhbhainc faoi réir na rialála céanna le hiasachtaí banc, ó thaobh na cosanta tomhaltóirí de.

Tríd is tríd, tá naisc thábhachtacha mhéadaitheacha ann idir earnáil an mhaoinithe mhargadh-bhunaithe a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn agus an fíorgheilleagar intíre. Tá na naisc sin trí bhíthin infheistíochtaí díreacha i sócmhainní réadmhaoine agus trína cheadú d'institiúidí airgeadais eile iasachtaí a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnóthaí intíre.

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is é atá sa Phríomh-Chlár Creidmheasa (CCR) bunachar sonraí éigeantach náisiúnta maidir le faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa. Is é an Banc Ceannais a chothabhálann agus a oibríonn é faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013.

Rannchuidíonn an CCR le cobhsaíocht an chórais airgeadais, cothaíonn sé athléimneacht agus cosnaíonn sé tomhaltóirí trí chinntí eolasacha creidmheasa a éascú. Soláthraíonn an CCR sonraí tábhachtacha mionsonraithe creidmheasa, rud a thacaíonn le cobhsaíocht airgeadais, le maoirseacht, agus le gníomhaíochtaí staidrimh agus gníomhaíochtaí eile. Ina theannta sin, soláthraíonn sé faisnéis iontaofa chreidmheasa d'iasachtóirí le haghaidh measúnachtaí acmhainneachta creidmheasa. Is féidir le tomhaltóirí a dtuairisc chreidmheasa a iarraidh aon tráth, saor in aisce, agus cabhróidh sé sin le tuiscint na dtomhaltóirí a fheabhsú agus cothóidh sé cinntí eolasacha creidmheasa.

Tá sé de cheangal ar iasachtóirí faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa a chur ar fáil maidir le comhaontuithe creidmheasa agus maidir le hiarratais chreidmheasa i gcás inar suim €500 nó níos mó atá i gceist. Tá sé de cheangal ar iasachtóirí freisin rochtain a fháil ar thuairisc chreidmheasa iarratasóra nuair a bhaineann an t-iarratas creidmheasa le suim €2,000 nó níos mó. Ina theannta sin, is féidir leo, más mian leo déanamh amhlaidh, rochtain a fháil ar thuairisc chreidmheasa iarratasóra i gcás inar lú ná €2,000 an t-iarratas creidmheasa i gcás ina mbeidh riaráistí ar chomhaontú creidmheasa atá ann cheana féin nó i gcás inar sáraíodh an teorainn a ghabhann le cárta creidmheasa nó le rótharraingt. Ón 1 Iúil 2019 i leith, gearrtar táille ar iasachtóirí i ndáil le gach tuairisc chreidmheasa a bhfaightear rochtain uirthi. Ar an gcaoi seo, is féidir leis an mBanc Ceannais na costais a bhaineann le bunú, cothabháil agus oibriú an CCR a chúiteamh.

Rinneadh an CCR a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe mar a leanas:

An Cineál Iasachta	An dáta tosaithe
Cártaí creidmheasa, Iasachtaí Pearsanta, Rótharraingtí, Morgáistí	30 Meitheamh 2017
Iasachtaí gnó	30 Márta 2018
Iasachtaí Iasachtóirí Airgid	30 Márta 2018
Iasachtaí Údarás Áitiúil	30 Márta 2018
Fruilcheannach agus maoiniú sócmhainní den tsamhail chéanna (lena n-áirítear CCPanna)	30 Meitheamh 2019

Ag deireadh na bliana 2019, bhí faisnéis á cur chuig an CCR ag 533 iasachtóir agus tá faisnéis i leith 5.5m taifead le fáil sa CCR.

I rith na bliana 2019, cuireadh 1.7m tuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtóirí agus cuireadh 9,848 dtuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtaithe.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, lena n-áirítear faisnéis faoi thuairisc chreidmheasa a fháil, féach www.centralcreditregister.ie.

An Scéim Ráthaíochta Taiscí

Bíonn an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) á riaradh ag an mBanc Ceannais agus á mhaoiniú ag na hinstiúidí creidmheasa a chumhdaítear faoin scéim. Faoin SRT, tugtar cosaint do thaisceoirí cáilithe suas go €100,000 i gcás ina gclisfidh instiúid chreidmheasa.

Tar éis Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) a thabhairt isteach, bunaíodh socruithe nua maoiniúcháin lena gceanglaítear ar an SRT spriocleibhéal maoiniúcháin arb ionann é agus 0.8% de thaiscí faoi chumhdach a bhaint amach faoin mbliain 2024 agus, mar thoradh air sin, bunaíodh Ciste Ranníocach SRT sa bhliain 2016. I gcomhréir le treoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), baintear úsáid as modheolaíocht riosca-bhunaithe chun ranníocaíochtaí na n-instiúidí ar leith a ríomh, agus iad bunaithe ar an leibhéal riosca agus ar leibhéal na dtaiscí faoi chumhdach. Rinneadh an ceathrú bliain de ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste, arbh ionann iad san iomlán agus €111m, a thobhach ag deireadh na bliana 2019.

I rith na bliana 2019, rinne an SRT tástálacha struis ar a córais agus ar a próisis i gcomhréir le treoirlínte an ÚBE maidir le tástálacha struis ar scéimeanna ráthaíochta taiscí faoi Threoir 2014/49/AE. Is é a bhí i gceist leis na tástálacha ionsamhlúcháin inn ar inn sin raon leathan cásanna iomchuí chun a chinntiú go mbeadh an SRT in ann cúiteamh a thabhairt do thaisceoirí i gcás inar ghá an scéim a úsáid.

Tá suíomh gréasáin tiomnaithe ar a dtugtar faisnéis faoin SRT do thomhaltóirí ar fáil ag www.depositguarantee.ie.

An Ciste Cúitimh Árachais

Tar éis an tAcht Árachais (Leasú) 2018 a achtú i mí Iúil 2018, tugadh freagracht don Banc Ceannais i ndáil le riaradh an Chiste Cúitimh Árachais (an Ciste) a bhí á riaradh roimhe sin ag Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Déantar an Ciste a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí ó chuideachtaí árachais i leith ollphréimheanna árachais neamhshaoil.

I gcás ina dtarlódh leachtú cuideachta árachais neamhshaoil, agus i gcás ina dtabharfaidh an Ard-Chúirt ceadú ina leith, déanfaidh an Banc Ceannais, ina cháil mar riarthóir an Chiste, an méid iomchuí a íoc leis an leachtaitheoir i gcás cuideachta árachais in Éirinn nó leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) i leith cuideachta árachais i mBallstát eile lena dháileadh ar na héilitheoirí.

Tá teorainn 65% ar íocaíochtaí nó €825k d'éilimh fhíoraithe, ach amháin i gcás éilimh árachais gluaisteáin tríú páirtí ar ina leith a íocann an Ciste méid iomlán an éilimh agus faigheann sé an t-iarmhéid os cionn 65%/€825k ar ais ó Bhiúró Árachóirí Gluaisteán na hÉireann.

De bhun Orduithe ón Ard-Chúirt arna n-eisiúint leis an GÉS, rinneadh íocaíocht €15.3m leis an GÉS ón gCiste le linn 2019 i leith *Setanta Insurance Company Limited* (faoi leachtú) agus rinneadh íocaíocht €4.8m i leith *Enterprise Insurance Company Plc* (faoi leachtú).

Bosca 5: Cur chuige an Bhainc Ceannais maidir le Brexit

Tá Brexit ar cheann de na dúshláin is suntasaí atá le sárú ag Éirinn agus gabhann rioscaí leis don gheilleagar, don chóras airgeadais, don timpeallacht rialála agus do chosaint tomhaltóirí. Tá sé mar phríomhthosaíocht i gcónaí ag an mBanc Ceannais dul i ngleic le tionchar láithreach agus le tionchar fadtéarmach Brexit agus tá ullmhúcháin á ndéanamh ina leith sin ón tréimhse roimh reifreann na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2016.

Tá cur chuige trédhearcach glactha ag an mBanc Ceannais i leith na hoibre sin, á aithint go bhfuil an obair sin tábhachtach agus go bhfuil spéis ag daoine inti. Foilsíonn an Banc Ceannais obair Thascfhórsa Brexit, foilsíonn sé freagraí ar cheisteanna coitianta, tá cruinnithe comhchéime seolta aige le páirtithe leasmhara agus tá líon mór tuarascalacha agus óraidí foilsithe aige ar an ábhar.

Ó thaobh Brexit de, bhain obair an Bhainc Ceannais leis na ceithre príomhréimse seo a leanas:

1. Measúnacht a dhéanamh ar na rioscaí do gheilleagar na hÉireann, do chobhsaíocht airgeadais, do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí

Féachann an Banc Ceannais lena chinntiú go ndéanfar rioscaí do chobhsaíocht airgeadais agus do chosaint tomhaltóirí a mhaolú go feadh an méid is mó agus is féidir, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na rioscaí 'aille' a ghabhann le Brexit gan chomhaontú.¹¹

Le linn 2019, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a chuid taighde agus réamhaisnéisí i ndail le tionchar ionchasach Brexit ar gheilleagar na hÉireann.¹²

Sa bhliain 2019, dhírigh Coiste Stiúrtha Brexit de chuid an Bhainc Ceannais ar na rioscaí gearrthéarmacha arna n-eascairt as Brexit gan chomhaontú don chobhsaíocht airgeadais agus do chosaint tomhaltóirí a mhaolú (a mhéid ab fhéidir). Agus é ag obair i gcomhar le húdaráis eile ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta, tá gníomhartha glactha ag an mBanc Ceannais lena chinntiú go maolaítear na rioscaí is ábhartha agus is tábhachtaí do sholáthar seirbhísí airgeadais trasteorann, ar rioscaí iad a eascraíonn as imeacht mí-ordúil na Ríochta Aontaithe as Margadh Aonair an AE. Tá an fhéidearthacht ann i gcónaí, áfach, go mbeidh suaitheadh ann i réimsí áirithe. Tá Brexit ina chúis cheana féin le hathruithe suntasacha ar thimpeallacht na seirbhísí airgeadais in Éirinn agus leanfaidh sé de bheith ina chúis le hathruithe den sórt sin (e.g. cailleadh nós imeachta an phas chuig an Ríocht Aontaithe agus uaithi, athlonnú gnólachtaí agus tionchar córas socraíochta). Mar thoradh ar an tréimhse theoranta a bheidh ann chun an caidreamh trádála idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe amach anseo a chaibidlíú, d'fhéadfadh rioscaí 'aille' eile a bheith ann i rith na hidirthréimhse.

2. Na rioscaí sin a mhaolú trí ghnólachtaí rialáilte a spreagadh chun bheith ullamh i leith imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

Ón tréimhse roimh an reifreann, tá an Banc Ceannais ag plé le gnólachtaí rialáilte d'fhonn na hullmhúcháin a spreagadh. Is é a bhí i gceist leis sin a chinntiú gur thuig gnólachtaí Éireannacha an tionchar a bheadh ag imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar a gcuid gnóthaí agus ar a gcustaiméirí, agus a chinntiú go raibh pleanáil á déanamh acu ina leith sin, agus leanadh den rannpháirtíocht leis na gnólachtaí sin a raibh pleananna maidir le haistriú go hÉirinn á gcur i bhfeidhm acu nó gnólachtaí a raibh athruithe á ndéanamh acu ar a samhlacha gnó in Éirinn.

¹¹ Féach FSR 2019 Bosca 1 Brexit Contingency: Mitigation of 'Cliff Edge' Risks.

¹² <https://centralbank.ie/publication/financial-stability-review>;
<https://centralbank.ie/publication/quarterly-bulletins>; agus
<https://centralbank.ie/publication/economic-letters>

Tá gníomh glactha ag tromlach na ngnólachtaí údaraithe Éireannacha chun ullmhúcháin a dhéanamh. Ach níl gach riosca réitithe go hiomlán agus tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais do ghnólachtaí gur ceart an t-am breise a bheidh ar fáil suas go dtí an 31 Eanáir 2020 a úsáid chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus chun ullmhúchán a dhéanamh do na cásanna inchreidte go léir.

3. Ag obair leis an Roinn Airgeadais agus le húdaráis Eorpacha chun beartas agus athruithe dlíthiúla a chur chun feidhme d'fhonn rioscaí sistéamacha a mhaolú

Le linn na bliana 2019, chuir an Banc Ceannais comhairle agus anailís ar fáil don lucht déanta beartais intíre níos leithne. Thacaigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais maidir le dréachtú reachtaíochta chun córas sealadach “rith chun srutha” a chruthú d'fhonn leanúnachas gnó a chinntiú do chustaiméirí árachais i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann.

Ina theannta sin, bhí rannpháirtíocht ag an mBanc Ceannais leis an Roinn Airgeadais, le Banc Shasana agus leis an BCE maidir le réitigh ionchasacha i leith leanúnachas rochtana ar bhonneagair mhargaidh airgeadais d'úrrúis chorparáideacha Éireannacha tar éis Brexit.

D'oibrigh an Banc Ceannais go dlúth le húdaráis Eorpacha agus le húdaráis de chuid na Ríochta Aontaithe chun féachaint lena chinntiú go raibh na gnólachtaí sin a raibh seirbhísí á soláthar acu do thomhaltóirí Éireannacha in ann leanúint de bheith ag déanamh amhlaidh i gcás ina mbeadh Brexit gan comhaontú trádála ann. Ar an leibhéal Eorpach, d'fhéach an Banc Ceannais le cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn sna Ballstáit éagsúla i gcomhthéacs cinnteoireachta, pleanáil theagmhasach agus cumarsáide a bhaineann le Brexit.

4. Ár ról mar gheatóir a chomhlíonadh go héifeachtach, go héifeachtúil, go trédhearcach agus go pragmatach

Mar thoradh ar Brexit, tá athrú ag teacht ar chineál, ar scála agus ar chastacht chóras airgeadais na hÉireann. Mar thoradh ar údaruithe nua agus ar leathnú oibríochtaí láithreacha, tá méadú ag teacht ar mhéid go leor eárnálacha. Tá ról an Bhainc Ceannais mar gheatóir tábhachtach i ndáil le rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus i ndáil le sláine an mhargaidh agus custaiméirí a chosaint in Éirinn agus ar fud na hEorpa.

I dtaca leis sin, lean an Banc Ceannais de bheith ag gníomhú mar gheatóir trí dhianmheasúnacht a dhéanamh ar iarratais ó na gnólachtaí go léir a bhí ag iarraidh seirbhísí airgeadais a sholáthar in Éirinn, á chinntiú go gcomhlíonann aon ghnó nua a údaráitear mar thoradh ar Brexit na caighdeáin arda a mbítear ag súil leo san AE i gcás aon ghnólachta údaraithe den sórt sin.

Le linn na bliana 2019, lean na meithleacha údarúcháin d'íarratais a mheas i gcomhréir leis na hamscálaí reachtúla agus i gcomhréir leis na hamscálaí caighdeánacha seirbhíse agus oibríodh próiseas soiléir, simplí, éascaitheach d'íarratasóirí a raibh údarúchán á lorg acu.

Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí

Déanann an Banc Ceannais rialáil ar iompar airgeadais lena chinntiú go gcosnaítear leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí agus go n-oibríonn na margaí ar mhodh cóir rianúil trédhearcach. I gCaibidil 1 den Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, atá leagtha amach i gCuid 2 den doiciméad seo, soláthraítear mionsonraí faoi nithe ar dhírigh an Banc Ceannais orthu sa bhliain 2019 i ndáil lena chuid freagrachtaí maidir le cúrsaí iompair agus cosaint tomhaltóirí.

Faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, tá grúpa bunaithe ag an mBanc Ceannais chun comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus maidir le feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais agus tugtar an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí ar an ngrúpa sin. Tá tuilleadh mionsonraí faoin ngrúpa sin leagtha amach sa roinn dar teideal 'Cosaint Tomhaltóirí' de Chuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2019, Caibidil 1.

Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Tá cur chuige treallúsach, riosca-bhunaithe, daingean ag an mBanc Ceannais maidir le maoirseacht, agus tá cumhachtaí dochta forfheidhmiúcháin ann mar bhuntaca don chur chuige sin i gcomhréir le dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta. Áiríonn sé sin maoirseacht ó lá go lá agus anailís ardchaighdeáin a dhírítear go háirithe ar na príomhrioscaí chun a chinntiú go bhfuil gnólachtaí agus margaí rialáilte fóna ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus go bhfuil siad á mbainistiú go sábháilte. I gCaibidil 1 den Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, atá leagtha amach i gCuid 2 den doiciméad seo, soláthraítear mionsonraí faoi nithe ar dhírigh an Banc Ceannais orthu sa bhliain 2019 i ndáil lena chuid freagrachtaí maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú.

Beartas Rialála agus Creat Maoirseachta

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh creat rialála éifeachtach, ardchaighdeán ann chun a chinntiú go n-oibríonn gnólachtaí rialáilte réir caighdeán arda. Le creat den sórt sin, leagtar síos an bonn chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail a bhaineann le fóntacht eagraíochtúil agus airgeadais, le cosaint tomhaltóirí agus le margaí a fheidhmíonn go héifeachtach. I gCaibidil 1 den Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, atá leagtha amach i gCuid 2 den doiciméad seo, soláthraítear mionsonraí faoi nithe ar dhírigh an Banc Ceannais orthu sa bhliain 2019 i ndáil lena chuid freagrachtaí maidir le beartas rialála a fhorbairt.

Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

I gcomhpháirt leis an BCE agus leis na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta eile, tá an Banc Ceannais freagrach as a áirithiú go bhfuil córais íocaíochta, socraíochta agus imréitigh sábháilte, athléimneach agus éifeachtúil agus nach mbeidh rochtain ar na córais sin teoranta. Ina theannta sin, áirithíonn an Banc Ceannais go ndéantar nótaí bainc agus boinn agus seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar don phobal, rud atá ina phríomhghné de chórais íocaíochta.

Beartas agus Formhaoirseacht maidir leis na Córais Íocaíochta agus Socraíochta Urrús

Tá oibleagáid reachtúil ar an mBanc Ceannais a chinntiú go bhfuil bonneagar náisiúnta íocaíochtaí agus socraíochtaí ag Éirinn, ar bonneagar sábháilte, éifeachtúil é.

Is iad seo a leanas na córais/scéimeanna íocaíochta atá in úsáid in Éirinn faoi láthair:

- Córas Ollsocráíochta Fíorama (RTGS) TARGET2 le haghaidh íocaíochtaí ardluacha atá ainmnithe in euro, ar córas é atá faoi úinéireacht agus á oibriú ag an Eurochóras.
- EURO1 (íocaíochtaí ardluacha) agus STEP2 arb é an córas Uile-Eorpach Uathoibríthe Tí Imréitigh (PE-ACH) é le haghaidh íocaíochtaí miondíola leictreonacha agus tá an dá chóras sin faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag oibreoir príobháideach dá ngairtear *EBA Clearing*.
- *Visa* agus *Mastercard* ar scéimeanna idirnáisiúnta cárta íocaíochta iad a thairgeann a gcuid seirbhísí sa stát.
- Cuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann Teoranta le haghaidh ionstraimí íocaíochta páipéar-bhunaithe (amhail seiceanna).

Tá Éire éagsúil le tromlach na mballstát san Aontas Eorpach sa mhéid go mbíonn sí ag brath beagnach go hiomlán ar bhonneagair neamhdhúchasacha chun imréiteach agus socraíocht a dhéanamh maidir le híocaíochtaí intíre agus trasteorann. Tairbhíonn Éire den iontaofacht agus den athléimneacht atá ann mar thoradh ar ardchaighdeán na gcórais íocaíochta sin de bharr a gcuid tábhachta sistéamaí e.g. socruithe sofaisticiúla maidir le teagmhais ghnó.

Príomhchumasóir don Bhanc Ceannais, i dtéarmaí a oibleagáide reachtúil maidir leis na córais sin, is ea an fhorbairt atá déanta ar chaidreamh comhoibríoch le páirtithe leasmhara amhail an BCE, BCNanna eile de chuid an Eurochórais, an Roinn Airgeadais agus Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann (BPMI - an comhlacht ionadaitheach don tionscal íocaíochtaí in Éirinn). De bhreis air sin, tar éis Fóram Íocaíochtaí Miondíola

na hÉireann (FÍMÉ) a bhunú sa bhliain 2018, d'óstáil an Banc Ceannais trí chruinniú de chuid an Fhórait sin sa bhliain 2019. Tá mionsonraí faoi FÍMÉ, lena n-áirítear a chuid rannpháirtithe, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Ceann de na nithe ab iomráití agus ba réamhbhreathnaithí i réimse na n-íocaíochtaí sa bhliain 2019 ab ea seoladh straitéis íocaíochtaí miondíola an Eurochórais. Is é is aidhm do straitéis an Eurochórais tionscnaimh uile-Eorpacha margaidh a chothú le haghaidh íocaíochtaí miondíola san ionad ina dtarlaíonn an ceannach nó an idirghníomhaíocht (i.e. an pointe idirghníomhaíochta). Tá sé curtha in iúl ag an Eurochóras go dtacóidh sé le tionscnaimh margaidh a chomhlíonann cúig phríomhchuspóir:

1. Rochtain agus eispéireas custaiméara uile-Eorpach
2. Áisiúlacht agus cost-éifeachtacht
3. Sábháilteacht agus slándáil
4. Féiniúlacht Eorpach agus rialachas
5. Glacadh domhanda

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an mBanc Ceannais ar na forbairtí sin, agus é ag leanúint den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha, agus tacaíonn sé le cibé tionscnamh a chinnteoidh íocaíochtaí tapa éifeachtúla miondíola agus a bhainfidh na cuspóirí sin amach. Tá an tionscal íocaíochtaí miondíola ag leanúint de bheith ag forbairt go tapa, agus é á spreagadh ag claochlú digiteach agus ag athrú rialála (e.g. an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2)), rud a chuireann le hathrú leantach ar iompar tomhaltóirí.

Maidir le córais socraíochta urrús a fhreastalaíonn ar mhargadh na hÉireann, cuireann *Euroclear UK agus Ireland (EUI)* an bonneagar Clárúcháin Gan Deimhniú i leith Aistriú Leictreonach Scaireanna (CREST) ar fáil faoi láthair, ar bonneagar é a úsáidtear chun trádálacha i gcothromais Éireannacha agus i gCistí áirithe a Thrádáiltear ar Mhalartán (CTManna) a shocrú, agus socraíonn *Euroclear Bank* trádálacha i mbannaí Rialtas na hÉireann agus tromlach na CTManna Éireannacha.¹³ Déantar na CTManna eile a shocrú i dTaisclanna Lárnacha Urrús i dtíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Chomhlíon an Banc Ceannais a chuid oibleagáidí faoin Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (RTLU) (Rialachán AE) Uimh. 909/2014) i gcomhar le húdaráis inniúla intíre na dTaisclanna Lárnacha Urrús (TLU) sin a sholáthraíonn seirbhísí in Éirinn. I mí na Nollag 2019, fuair *Euroclear Bank* a cheadúnas RTLÚ óna rialtóir margaidh féin.

¹³Is é atá in CREST córas foghabhálach de chuid TARGET2 agus bíonn sé á oibriú ag Euroclear UK and Ireland (EUI) a sholáthraíonn an bonneagar a úsáidtear chun cothromais Éireannacha agus roinnt CTManna a shocrú.

I Ráithe 2 den bhliain 2019, d'fhógair Euroclear a thogra go dtiocfadh Euroclear Banc chun bheith ina 'Eisitheoir TLU' d'urrúis na hÉireann le héifeacht ó Mhárta 2021 mar fhreagairt ar na rioscaí a bhain le Brexit. Leanann an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na pleanála i leith gníomhaíochtaí a aistriú ó EUI chuig Euroclear Bank.

Córas Íocaíochtaí TARGET2

Is é atá in TARGET2 córas íocaíochta idirbhainc lena ndéantar próiseáil fíor-ama ar aistrithe trasteorann ar fud an AE. Sa bhliain 2019, phróiseáil córas TARGET2 os cionn 197m idirbheart inar cuimsíodh beagnach 87.7m Ollsocráíocht Fíorama (RTGS) agus 109.6m idirbheart ar Shainchuntais Airgid Thirim (DCAanna) - bhain na hidirbhearta is déanaí atá luaite le hUrrúis TARGET2 (T2S) agus le hÍocaíochtaí Láithreacha TARGET (TIPs).¹⁴

Tháinig méadú beag ar luach iomlán na n-idearbheart RTGS i gcomparáid leis an mbliain 2018, is é sin, méadú 0.02% go dtí €441tn agus b'ionann an meánluach laethúil agus €1.73tn. Tháinig méadú 21% ar luach na n-íocaíochtaí a bhain le T2S ó €173tn sa bhliain 2018 go dtí €209tn sa bhliain 2019.

Maidir leis an gcomhchuid Éireannach de TARGET2, ar a dtugtar TARGET2-Ireland, phróiseáil sé 882,777 idirbheart; b'ionann é sin agus méadú 2.2% nach mór i gcomparáid leis an mbliain 2018. Tháinig laghdú 0.01% ar luach na n-idirbheart a próiseáladh tríd an gcomhchuid Éireannach go dtí luach iomlán €2.991tn. Mar aon le deireadh na bliana 2018, bhí 15 rannpháirtí dhíreacha ag TARGET2-Ireland sa mhodúl íocaíochtaí ag deireadh na bliana 2019 ach ní raibh an liosta statach ós rud é gur tháinig rannpháirtithe nua isteach, agus d'fhág rannpháirtithe eile, i rith na bliana.

Faoi láthair, níl aon rannpháirtithe ag Éirinn in TS2 nó in TIPs ach tá ceangal ag an mBanc Ceannais leis an dá ardán agus tá sé réidh chun an dá sheirbhís sin a chur ar fáil do rannpháirtithe má iarrtar amhlaidh.

Ní dhéanann TARGET2-Ireland an nasc le TARGET2 a chur ar fáil a thuilleadh do CREST. Aistríodh é seo chuig TARGET2-ECB agus is é TARGET2-ECB a sholáthraíonn an nasc anois.

¹⁴ Is é atá in T2S (TARGET2-Securities) inneall socraithe urrús Eorpach a thairgeann socraíocht lárnaithe seachadadh-versus-íocaíocht (DvP) in airgead bainc ceannais ar fud na margáí urrús Eorpacha go léir.

Bosca 6: Fís 2020

Is é atá i dtionscadail Fhís 2020 tionscnamh straitéiseach i réimsí na n-íocaíochtaí, na socraíochta urrús agus na húsáide sócmhainní lena n-úsáid mar chomhthaobhacht in oibríochtaí beartais airgeadaíochta. Cheadaigh Comhairle Rialaithe an BCE iad sa bhliain 2017 agus féachann siad le comhtháthú agus comhchuibhiú a mhéadú. Cuimsíonn tionscadail Fhís 2020 an méid seo a leanas:

- Is ionann TIPS agus réiteach íocaíochtaí láithreacha uile-Eorpach chun a chumasú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí airgead a aistriú eatarthu féin i bhfíor-am 24/7/365. Tháinig an tionscnamh seo i bhfeidhm i mí na Samhna 2018.
- Is é atá in *T2-T2S Consolidation* tionscadal chun na hardáin ar leithligh le haghaidh chóras TARGET2/RTGS an Eurochórais a fheabhsú agus a chomhdhlúthú le córas socraíochta T2S d'fhonn feidhmiúlacht a mhéadú agus athléimneacht agus cibearshlándáil a neartú agus, ag an am céanna, costais a laghdú do rannpháirtithe. Tá sé le cur i bhfeidhm i Ráithe 4, 2021.
- Tá sé mar aidhm ag an CBCE (Córas Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais) 19 gcóras áitiúla bainistíochta comhthaobhachta de chuid na BCNanna a ionadú nó a lárnú, rud a chuirfidh coigiltis agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe oibriúcháin ar fáil agus a rannchuideoidh le hAontas na Margaí Eorpacha Caipitil (AMA) trí shimpliú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le comhthaobhacht a chur ar fáil don Eurochóras ar bhonn intíre agus ar bhonn trasteorann araon. Tá sé le cur i bhfeidhm i Ráithe 4, 2022.

Mar thoradh ar na tionscadail sin, tá sraith tionscadal éigeantach ann do BCNanna uile an Eurochórais agus do na rannpháirtithe sna margaí áitiúla. Tá tús curtha le punann tionscadal sa Bhanc Ceannais agus leanfar den obair ina leith sin go dtí go gcríochnófar í sa bhliain 2022. Ina theannta sin, tá rannpháirtithe i margadh na hÉireann tar éis tús a chur le tionscadail inmheánacha freisin lena chinntiú go gcoinneoidh siad rochtain ar sheirbhísí agus ar íocaíochtaí TARGET. Soláthraíonn an Banc Ceannais tacaíocht agus treoir do na rannpháirtithe margaidh sin trí roinnt grúpaí tionscadail do rannpháirtithe sa mhargadh chun a chinntiú go mbeidh siad ábalta tascanna tionscadail éigeantacha BCE a chur i gcrích agus an tionscadal a chur i bhfeidhm de réir an sceidil.

Seirbhísí Baincéireachta

Cuireann an Banc Ceannais raon seirbhísí baincéireachta ar fáil don Rialtas agus do chustaiméirí eile. Áiríonn sé sin cothabháil a dhéanamh ar Chuntas an Státchiste agus ar chuntais eile a thagann faoi shainchúram an Aire Airgeadais, amhail na Coimisinéirí Ioncaim agus GBCN (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta). Tá freagracht air freisin i ndáil le cothabháil cuntas thar ceann institiúidí eile amhail an Coimisiún Eorpach agus Banc Forbartha na hÁise. Ina theannta sin, is é an Banc Ceannais a riarann na hidirbhearta go léir idir Éire agus an Ciste Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais.

Clár na mBannaí

Ina ról mar Chláraitheoir, déanann an Banc Ceannais íocaíochtaí díbhinne agus fuascailte le sealbhóirí cuntais ar bhannaí agus ar bhíllí cisteáin arna n-eisiúint ag GBCN.

Ag deireadh na bliana 2019, b'ionann agus €131bn luach ainmniúil na mbannaí sa Chlár, is é sin laghdú €2bn i gcomparáid leis an luach a bhí amuigh ag deireadh na bliana 2018 (€133bn). Sa bhliain 2019, tháinig dhá bhanna in aibíocht agus, mar thoradh air sin, rinneadh íocaíochtaí fuascailte €15bn. Maidir le deich mbanna amúchta Éireannacha a fuasclaíodh go páirteach sa bhliain 2019, rinneadh íocaíochtaí fuascailte páirteacha €18.5m ina leith. I rith na bliana, d'eisigh GBCN cúig bhanna nua arbh ionann a luach ainmniúil agus €10bn.

Is in *Euroclear Bank* atá lonnaithe sa Bheilg a shocraítear idirbhearta i leith Bhannaí Rialtas na hÉireann.

Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

Nótaí Bainc

Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais 215m nóta bainc (luach €6,636m) ar fáil don mhargadh agus b'ionann sin agus laghdú 11% i gcomparáid leis an 242m nóta bainc (luach €7,439m) a eisíodh sa bhliain 2018. Tugann an Banc Ceannais dá aire go bhfuil laghdú leanúnach ar an líon nótaí bainc a thaisctear. Léiríonn na laghduithe sin leibhéal níos airde athchúrsaíochta nótaí bainc sa mhargadh, rud a laghdaíonn éilimh ar an mBanc Ceannais chun nótaí bainc a eisiúint.

Tábla 2: Líon na Nótaí Bainc

Líon na Nótaí Bainc (m) a eisíodh			Luach €m	
Ainmníocht	2019	2018	2019	2018
€5	40	45	198	225
€10	30	37	296	372
€20	39	40	785	807
€50	106	119	5,313	5,971
€100*	0	0	39	45
€200*	0	0	3	2
€500*	0	0	1	17
Iomlán	215	242	6,636	7,439

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

*Líon iarbhír na nótaí bainc a eisíodh:

2019	2018
€100: 385,100	€100: 450,000
€200: 13,100	€200: 10,000
**€500: 2,000	€500: 33,000

** Éiríodh as an nóta bainc €500 a eisiúint amhail ón 26 Eanáir 2019

Sraith Nótaí Bainc Europa

Ar an 28 Bealtaine 2019, rinneadh an dá nóta bainc deiridh de Shraith Europa, is é sin, nótaí bainc €100 agus €200, a chur i gcúrsaíocht go rathúil. Bhí an tsraith sin á tabhairt isteach de réir a chéile ó bhí an bhliain 2013 ann agus, leis na nótaí €100 agus €200 thuasluaite cuirtear bailchríoch uirthi.

Nótaí Bainc Euro a Phriontáil in Éirinn

I mí Aibreáin 2019, scoir an Banc Ceannais de nótaí bainc a phriontáil. Maidir leis an gcinneadh sin chun scor de nótaí bainc a phriontáil in Éirinn, ní bheidh aon tionchar aige ar sholáthar airgid thirim don timthriall náisiúnta airgid thirim. Tá tromlach na nótaí bainc in Éirinn á dtáirgeadh in áiteanna eile anois, agus tá an togra maidir le nótaí bainc a fhoinsiú ó thrú páirtí sa limistéar euro i gcomhréir leis an gcur chuige atá glactha ag cuid mhór BNCanna eile.

Boinn

Ag gníomhú dó mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, chuir an Banc Ceannais 77m bonn (luach €33m) i gcúrsaíocht sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 3% ar líon na mbonn i gcomparáid leis an 76m bonn (luach €27m) a eisíodh sa bhliain 2018.

Le linn na bliana 2019, lean an Banc Ceannais de bheith ag obair leis an tionscal (amhail bainc mhiondíola agus cuideachtaí 'Airgead Tirim faoi Bhealach') chun tuilleadh éifeachtúlachtaí a spreagadh ó thaobh stoc bonn sa mhargadh a bhainistiú.

Sa bhliain 2019, rinne an Banc Ceannais dhá mhalartú bonn le Ballstáit eile chun a chinntiú go raibh úsáid éifeachtach á baint as stoic farasbairr 1c agus 2c in áiteanna eile san Eurochóras.

Tábla 3: Eisiúintí Bonn

Líon na mBonn (m)			Luach €m	
Ainmníocht	2019	2018	2019	2018
1c	0	0	0	0
2c	0	0	0	0
5c	31	35	2	2
10c	14	11	1	1
20c	13	12	3	2
50c	5	6	3	3
€1	3	4	3	4
€2	11	8	22	15
Iomlán	77	76	33	27

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Boinn Inbhailithe

Déanann an Banc Ceannais imeachtaí suntasacha a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chomórath trí raon táirgí moneolaíochta a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Sa bhliain 2019, d'eisigh an Banc Ceannais cúig cinn de bhoinn uathúla inbhailithe agus d'fhoirne bonn a bhain le ceol, cultúr agus stair na hÉireann.

I bhFeabhra 2019, eisíodh bonn profa óir €100 chun comórath a dhéanamh ar chothrom céad bliain an chéad chruinnithe de chuid Dháil Éireann. Seoladh an bonn sin i dTeach an Ard-Mhéara áit ar tionóladh an chéad chruinniú sin. Ina dhiaidh sin, eisíodh foireann phrofa 2019 ina raibh an bonn comórtha profa €2. Díoladh gach ceann de na foirne sin go gairid tar éis iad a eisiúint. I mí an Mheithimh, rinneadh bonn profa airgid €15 lenar comórath cothrom 100 bliain na heitlíochta trasatlantá a sheoladh sa Chlochán i gContae na Gaillimhe le linn na féile a bhí ann chun comórath a dhéanamh ar an gcéad eitilt thrasatlantach a rinne John Alcock agus Arthur Browne.



Bonn profa óir €100 á bhronnadh ag an iarghobharnóir Lane ar Cheann Comhairle na Dála, Seán Ó Fearghaíl, i dTeach an Ardmhéara ar an 16 Eanáir 2019.

I mí na Samhna, rinneadh an dara bonn €15 sa tsraith bonn comórtha ar cheoltóirí Éireannacha a sheoladh chun ceiliúradh a dhéanamh ar bheatha agus ar cheol Phil Lynott. Sheol an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín agus an Leas-Ghobharnóir Sharon Donnery an bonn sin in iarscoil Phil Lynott, is é sin, Coláiste Chaoimhín, Cromghlinn. Bhí cairde, daoine muinteartha, agus ionadaithe pobail áitiúil, gan trácht ar mhic léinn agus baill foirne na scoile, i láthair ag an ócáid.



An Leas-Ghobharnóir Donnery leis an Uachtarán Higgins ag seoladh bhonn Phil Lynott in St. Kevin's College, Cromghlinn, ar an 26 Samhain 2019.

Timthriall Airgid Thirim na hÉireann

Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara timthrialla airgid thirim d'fhonn éifeachtúlacht, éifeachtacht agus athléimneacht a chur chun cinn sa timthriall airgid thirim. Tá freagracht ar an mBanc Ceannais as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na

reachtaíochta Eorpaí lena rialaítear athchúrsaíocht airgid thirim. Le 18 mí anuas, tharla roinnt forbairtí i réimse an timthrialla airgid thirim, lena n-áirítear leibhéal méadaithe eisfhoinsithe i dtaca le próiseáil airgid thirim ag bainc mhiondíola agus dúnadh ionad airgid thirim rud a laghdaigh an líon iomlán ionad airgid thirim sa timthriall airgid thirim. Leanann an Banc Ceannais de bheith ag obair i gcomhar leis an nGrúpa Náisiúnta Teagmhais i leith an Timthrialla Airgid Thirim d'fhonn faireachán agus feabhsú a dhéanamh ar athléimneacht an timthrialla airgid thirim.

Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

Déanann an Banc Ceannais anailís eacnamaíoch, taighde, bailiú sonraí agus anailís staidrimh a chur i gcrích atá ceaptha eolas a chur ar fáil i leith beartas eacnamaíoch cheapadh ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an limistéir euro. Déantar aschuir a scaipeadh trí bhíthin foilseacháin éagsúla, trí bhíthin seimineár agus trí bhíthin na rannpháirtíochta leanúnaí le ranna Rialtais, leis an saol acadúil agus le tráchtairí.

Anailís agus Tráchttaireacht Eacnamaíoch

Tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais maidir le ceapadh beartais eacnamaíoch náisiúnta trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a chur ar fáil trí bhíthin tráchttaireachtaí tráthrialta, réamhaisnéisí, taighde agus staidreamh airgeadais ardchaighdeáin. Cuireadh an t-ábhar lena mbaineann in iúl trí bhíthin foilseachán amhail an Fhaisnéis Ráithiúil, páipéir thaighde agus litreacha eacnamaíocha, irisleabhair intíre agus idirnáisiúnta eile, i ráitis agus in óráidí a thug an Gobharnóir agus daoine eile de chuid na hardbhainistíochta agus i rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus i seimineáir. Tá cur síos mionsonraithe ar aschur taighde an Bhainc le fáil i bhFeasachán Taighde 2019 an Bhainc Ceannais.

I rith na bliana 2019, cuireadh sé bheart réamhaisnéisithe macrastuamachta i gcrích: rinneadh dhá cheann díobh sin i gcomhthéacs Bheart Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFaisnéis Ráithiúil an Bhainc Ceannais. De bhreis air sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraim eile réamhaisnéise agus beartais e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus an tAontas Eorpach, agus chuaigh sé i gcomhairle le misin leathbhliantúla chuartaíochta Páirtithe Seachtracha le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Leanadh den obair ar fhorbairt sraithe múnlaí nua-aoiseacha maicreacnamaíocha de gheilleagar na hÉireann, ar múnlaí iad atá oiriúnach le haghaidh anailís bheartais. Rinneadh croímhúnla DSGE a fheabhsú agus baineadh úsáid as ar mhaithe le hanailís a dhéanamh i dtaobh an leibhéil chúil caipitil bainc i ngeilleagar beag oscailte.¹⁵ Rinneadh múnla eacnaiméadrach struchtúrach gheilleagar na hÉireann, is é sin, an Croímhúnla Struchtúrach (COSMO) a fheabhsú go mór agus tá nasc déanta idir é agus Múnla Eacnaiméadrach Domhanda na hInstitiúide Náisiúnta (NiGEM) atá forbartha ag an *National Institute for Economic and Social Research* sa Ríocht Aontaithe. Trí leas a bhaint as an gcur chuige sin, déantar na torthaí ó chásanna idirnáisiúnta a ghintear in NiGEM a úsáid mar ionchur in COSMO chun a chinntiú go ndéantar éifeachtaí domhanda agus idirnáisiúnta a ionchorprú ar mhodh comhsheasmhach. Áiríodh sa mhéid

¹⁵ *Dynamic Stochastic General Equilibrium*

sin, taighde ar thionchar amhantar fíoscach (cáin chorparáide), anailís ar rioscaí a éiríonn as róbhorradh, agus measúnacht samhail-bhunaithe ar rioscaí do chúrsaí airgeadais phoiblí. De bhreis air sin, leanadh den tsamhail a úsáid i roinnt staidéar a foilsíodh sa bhliain 2019, ar staidéir iad inar measadh tionchar ionchasach imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

I dtéarmaí anailís mhaicreacnamaíoch, díriodh an obair ar anailís nua mar fhoinse eolais le haghaidh beartais agus ar fheabhsú na cumarsáide maidir leis na macraí-rioscaí príomhúla, amhail róbhorradh agus rioscaí seachtracha a bhaineann leis an timpeallacht chánach agus trádála. Maidir leis na rioscaí a bhaineann le róbhorradh, tá obair déanta ar anailísíú ar fhás na fostaíochta agus ar an scóip atá sa mhargadh saothair in Éirinn. I bhFeasachán Taighde 2019, tugtar mionsonraí faoin taighde a rinneadh amhail Litreacha Eacnamaíocha agus Páipéir Theicniúla Thaighde. Pléadh raon leathan ábhar lena n-áirítear beartas airgeadaíochta agus an t-ionchas maidir le talmhaíocht na hÉireann agus sreabhadh domhanda caipitil agus athrú daonra agus éileamh ar thithíocht.

D'óstáil an Banc Ceannais cruinniú comhcheime chun an chumarsáid agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fheabhsú ar mhaithe le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ar dhúshláin eacnamaíocha i leith ábhair áirithe a bhaineann le cúram beartais an Bhainc Ceannais. Le linn an chruinnithe comhcheime le hionadaithe na sochaí sibhialta, pléadh saincheisteanna maidir le hionchas eacnamaíoch na hÉireann, maidir leis an margadh tithíochta agus maidir le cosaint tomhaltóirí.

Bosca 7: Macrafhorbairtí sa bhliain 2019

Tháinig fás tréan ar gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2019 d'ainneoin éiginnteacht mhéadaitheach faoin ionchas eacnamaíoch agus d'ainneoin constaicí seachtracha méadaitheacha. Mar thoradh ar bhuacacht na gníomhaíochta eacnamaíche intíre agus ar fheidhmíocht thréan na honnmhairíochta, tacaíodh le fás sa gheilleagar le bliain anuas. Thug tuilleadh gnóchan maidir le cúrsaí fostaíochta agus ioncain mhéadaitheacha tacaíocht leanúnach do ghníomhaíocht an gheilleagair intíre sa bhliain 2019. Lean an tomhaltas de bheith láidir d'ainneoin lagú mór ar mhuintir tomhaltóra, rud a d'éirigh, is dócha, as éiginnteacht mhéadaithe i leith Brexit i rith na bliana. Ach bhí tionchar na héiginnteachta méadaithe níos follasaí i gcomhchodanna ar leith den gheilleagar. Sa bhliain 2019, tharla moilliú ar bhunfhás infheistíochta, lena n-eisiatar roinnt gníomhaíochtaí de chuid FINanna a bhfuil éifeachtaí intíre teoranta acu - is é sin le rá, infheistíocht in aerárthaí agus i sócmhainní doláimhsithe. Bhí an brú bunúsach boilscitheach maolaithe i

gcónaí anuraidh agus bhí an boillsciú príomha agus an boillsciú bunúsach ICPT faoi bhun 1% i gcónaí. Le linn na bliana 2019, leanadh de théama an bhoilscithe dhiúltaigh ar earraí arna fhritháireamh trí bhoillsciú dearfach seirbhísí, sa mhéid gur tháinig laghdú 0.8% ar an gcéad cheann atá luaite agus méadú 2.4% ar an dara ceann atá luaite. Mar thoradh ar fhás tréan na honnmhairíochta anuraidh, bréagnaíodh timpeallacht an-lag i dtaca le héileamh seachtrach ach lean sé de bheith comhchruinnithe i líon beag earnálacha agus bhí sé inchurtha i leith líon beag gnólachtaí ilnáisiúnta. Ba é a spreag an fás ar onnmhairiú earraí neart eisceachtúil earraí cógaisíochta agus ceimiceán agus taifeadadh fás measartha in earnálacha eile, ar fás é a bhí níos cosúla le fás a bheadh ann faoi dhálaí laga éilimh sheachtraigh. Ba léir patrún den tsamhail chéanna a bheith ann i dtaca le honnmhairiú seirbhísí agus bhí an fás tréan foriomlán inchurtha i leith seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gnó.

Sonraí agus Staidreamh Airgeadais

Tá sonraí staidrimh ina gcomhchuid thábhachtach den mheasúnacht a dhéanann an Banc Ceannais ar an ngeilleagar agus ar chobhsaíocht airgeadais agus éascaíonn siad an faireachán a dhéantar ar fhorbairtí maoiniúcháin agus creidmheasa san earnáil airgeadais agus ar fud an gheilleagair intíre i gcoitinne. Bailíonn, tiomsaíonn agus scaipeann an Banc Ceannais raon leathan staidrimh chun tacú leis an CEBC agus le húsáideoirí seachtracha, amhail rannpháirtithe margaidh, institiúidí poiblí, na meáin agus an pobal i gcoitinne. I measc na dtionscnamh a bhí ann sa bhliain 2019, áirítear seoladh shraith 'Behind the Data' (BtD) trína ndéantar scrúdú níos géire ar shraith shonrach sonraí agus trína soláthraítear léargais nua.

Tá foilseachán riaráistí morgáiste ann lena gcuimsítear bainc agus eagraíochtaí neamhbhainc a shealbhaíonn iasachtaí morgáiste agus soláthraíonn an foilseachán sin faisnéis mhionsonraithe i dtaobh leibhéal agus chineál na réiteach athstruchtúraithe atá curtha i bhfeidhm agus i dtaobh an bhfuil siad sin ag cloí leis na téarmaí a comhaontaíodh ina leith sin. Tar éis athbhreithniú a chur i gcrích, rinneadh teimpléad nua tuairiscithe a thabhairt isteach i mí Dheireadh Fómhair 2019 le haghaidh banc agus eagraíochtaí neamhbhainc agus chuir sé sin tuilleadh mionsonraí ar fáil maidir le nithe éagsúla, mar shampla, riaráistí de réir líon na laethanta 'thar téarma', imeachtaí dlíthiúla, athstruchtúru agus cailleadh úinéireachta.

Bailítear agus foilsítear sonraí a bhaineann le cuid mhór den earnáil airgeadais neamhbhainc, lena n-áirítear corparáidí árachais, cistí infheistíochta agus meáin airgeadais, agus déantar na sonraí sin a fhoroinnt de réir eintitis urrúsúcháin agus eintitis neamhurrúsúcháin. Lean an Banc Ceannais d'fheabhas a chur ar shonraí a bhaineann le hearnáil na nEintiteas

Sainchuspóra (ESC) in Éirinn, rud a chuir léargais ar fáil faoi struchtúr na n-eintiteas sin, agus ghlac sé ról ceannasach ar bhonn idirnáisiúnta d'fhonn trédhearcacht a fheabhsú tuilleadh agus d'fhonn faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na hearnála a scaipeadh.

Déantar staidreamh faoi rátaí úis i ndáil le hiasachtaí agus taiscí miondíola, idir iasachtaí nua agus iasachtaí gan íoc, a fhoilsiú agus iad miondealaithe de réir rátaí seasta agus rátaí athraitheacha agus de réir na tréimhse a socraíodh i leith na rátaí úis. Déantar faisnéis mhionsonraithe faoi choigiltis agus faoi iasachtaí teaghlaigh a chur ar fáil sa tsraith rialta d'eisiúintí staidrimh.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais an chéad tuarascáil bhliantúil dar teideal Private Motor Insurance Report of the National Claims Information Database (NCID). Bunaíodh an NCID mar thoradh ar mholadh ó Ghrúpa Oibre an Rialtais ar Chostas Árachais (GOCÁ). B'ionann foilsiú na tuarascála sin agus comhlíonadh gealltanais a bhí tugtha ag an mBanc Ceannais chun an trédhearcacht agus an thuiscint ar shaincheisteanna a bhaineann leis an margadh árachais in Éirinn a fheabhsú.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais tacar sonraí nua maidir le staidreamh i leith seirbhísí íocaíochta agus léiríonn sé sin na hidirbhearta íocaíochta a chuir soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá lonnaithe in Éirinn ar fáil d'eagraíochtaí neamhbhainc. Cuimsíonn na sonraí bliantúla faisnéis faoi shuíomh contrapháirtí na n-idirbheart, faoi na hionstraimí íocaíochta a úsáideadh agus faoi na teirminéil (ATManna, teirminéil phointe díola) a soláthraíodh.

Leathnú an Chreata Staidrimh

Lean an Banc Ceannais den chreat staidrimh a leathnú i rith na bliana 2019 i gcomhréir le forbairtí laistigh den Eurochóras agus den CEBC. Tá leathnú tagtha le blianta beaga anuas ar réimse staidrimh an CEBC chun raon níos leithne earnálacha a chlúdach agus tacaíonn sé le feidhmeanna maoirseachta an BCE agus le cúraimí BERS mar aon le ceanglais thraidisiúnta beartais airgeadaíochta.

Tá forbairt foinsí nua sonraí mionsonraithe lárnach don leathnú sin. Lean an Banc Ceannais de bheith ag obair go forleathan le bainc tuairiscithe i rith na bliana 2019 chun feabhas a chur ar cháilíocht thacar sonraí AnaCredit, ar príomhchuid d'fhorbairt sonraí mionsonraithe an Bhainc Ceannais é.

Leanadh den obair ar thionscadal Chlár Bunachar Sonraí na nInstitiúidí agus na gCleadhnaithe (RIAD), ar clár mionsonraithe é don limistéar euro ar fad agus ar clár é ina n-áirítear na corparáidí agus na heintitis dhlíthiúla go léir ar contrapháirtithe iad i leith iasachtaí bainc. Ina theannta sin, comhtháthaíodh bunachar sonraí RIAD leis an mBunachar Sonraí Lárnaithe Urrús.

Ghlac daoine de chuid fhoireann an Bhainc Ceannais páirt i ngrúpaí an CEBC a raibh forbairt á déanamh acu ar an modheolaíocht agus ar na próisis le haghaidh an ráta ghearrthéarmaigh nua euro (€STR). Chuir an BCE tús le foilsiú €STR ar an 2 Deireadh Fómhair 2019, rud a léirigh an ghníomhaíocht ar an 1 Deireadh Fómhair 2019. Moltar go ndéanfaidh rannpháirtithe margaidh an €STR a ghlacadh de réir a chéile mar ghnáthráta tagartha.

I rith na bliana 2019, leanadh den ullmhúchán le haghaidh bailiú sonraí nua maidir le hearnáil na gcistí pinsin. I bhfianaise struchtúr uathúil earnáil na gcistí pinsin in Éirinn, ba thionscadal dúshlánach é sin don Bhanc Ceannais agus don tionscal. Tuairiscíodh na chéad sonraí don Bhanc Ceannais i Ráithe 4 den bhliain 2019 agus thug siad sin léargais mhionsonraithe ar earnáil na bpinsean.

Bhí ról gníomhach ag an mBanc Ceannais i ndáil le forbairt leantach Creata Chomhtháite Tuairiscithe (IREF) d'institiúidí creidmheasa. Tá sé mar aidhm aige sin creat tuairiscithe aonair a fhorbairt d'institiúidí creidmheasa, ar creat é a fhreastalóidh ar riachtanais uile an CEBC ó thaobh sonraí de. Nuair a bheidh an IREF i bhfeidhm, déanfar sruthlíniú agus simpliú tuairisciú ar fud an limistéir euro, laghdófar an t-ualach tuairiscithe ar an tionscal agus cuirfear feabhas ar chomhsheasmhacht d'úsáideoirí.

Beartas an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus Saincheisteanna maidir le Rannphárteachas agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta Gaolmhara

Sealbhaíonn an Gobharnóir post mar Ghobharnóir Malartach d'Éirinn ar Bhord Gobharnóirí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Mar chuid den ról sin, d'fhreastail an Gobharnóir Makhlouf ar Chruinnithe Bliantúla CAI/Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda a tionóladh in Washington i mí Dheireadh Fómhair agus d'fhreastail an t-iarghobharnóir Lane ar na cruinnithe Earraigh i mí Aibreáin 2019.

Leanadh den chaidreamh le hinstiúidí idirnáisiúnta amhail an CAI agus an Banc Domhanda agus, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, chabhraigh an Banc Ceannais le ceapadh sheasamh náisiúnta na hÉireann i ndáil le beartas CAI agus i ndáil le saincheisteanna maidir le rannphárteachas. I mí na Bealtaine, tugadh cuairt staidéir ar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Afraic (UNECA) agus thug toscaireacht ó ocht dtír Afracacha, faoi cheannas UNECA, cuairt ar Éirinn i mí na Samhna le haghaidh comhráite a bhain le forbairtí FinTech in Éirinn. Chomhlíon an Banc Ceannais a chuid oibleagáidí Faireacháin agus Faireachais Iar-Chláir (PPS) i leith chomhpháirtithe maoiniúcháin AE, rud a d'áirigh dhá mhisean athbhreithnithe PPS.

Lean an Banc Ceannais de bheith ag rannchuidiú le hobair Choiste an BCE um Chaidreamh Idirnáisiúnta. Is fóram ardleibhéal é sin ina malartaítear

tuairimí maidir le nithe comhleasa i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta. D'óstáil an Banc Ceannais cruinniú bliantúil Thascfhórsa BCE ar Chomhar Banc Ceannais sa bhliain 2019 agus, i rith na bliana, ghlac sé páirt i dtionscadal arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach i ndáil le comhoibriú le sé cinn de thíortha is iarrthóirí agus is iarrthóirí ionchasacha.

Réiteach agus Bainistíocht Ghéarchéime

Is é an Banc Ceannais Údarás Réitigh Náisiúnta (NRA) na hÉireann agus tá freagracht air i ndáil le hinstiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta áirithe agus comhair chreidmheasa atá i mbéal cliseadh a réiteach ar mhodh ordúil. Oibríonn sé in éineacht leis an mBord Réitigh Aonair (BRA) i gcomhréir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRA) i leith na n-institiúidí creidmheasa a thagann faoi chúram an BRA. Á aithint nach n-oibríonn an Banc Ceannais córas ‘neamhchliseadh’ agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé go gclísfeadh gnólachtaí rialáilte, féachann an Banc Ceannais lena chinntiú go dtarlaíonn a leithéid ar mhodh ordúil. Mar chuid dá shainordú chun cobhsaíocht airgeadais a choimirciú, tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais freisin maidir le hullmhacht le haghaidh géarchéim airgeadais agus maidir le bainistíocht géarchéime airgeadais, agus é ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus leis an GBCN.

Tá feidhmeanna an Bhainc Ceannais, ina cháil mar NRA, scartha go struchtúrach ó réimsí maoirseachta agus réimsí feidhmiúla eile an Bhainc Ceannais. Cinntíonn an scaradh struchtúrach sin neamhspleáchas oibríochtúil agus cinntíonn sé go seachnaítear coimhlintí leasa.

Le linn a fhreagracht a chomhlíonadh i ndáil le creat réitigh an Aontais Eorpaigh a leabú ar bhonn intíre, d’fhoilsigh an Banc Ceannais an chéad eagrán dá fhoilseachán “Cur Chuige maidir le Réiteach Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta” i mí Aibreáin 2019. San fhoilseachán sin, leagtar amach an creat réitigh, lena n-áirítear an córas SRA ina n-oibríonn an Banc Ceannais agus an cur chuige atá ag an mBanc Ceannais maidir le pleanáil réitigh agus maidir leis an gceanglas Íosta le haghaidh cistí dílse agus dliteanais cháilithe (MREL) a shocrú, agus leagtar amach ann conas a d’fhéadfadh an Banc Ceannais a chumhachtaí réitigh agus leachtaithe a fheidhmiú i gcás ina dtarlódh cliseadh. Ar an 30 Bealtaine 2019, sheol an Banc Ceannais an tríú cruinniú eolais maidir le cúrsaí réitigh do pháirtithe leasmhara. Ar an dóigh sin, bhíothas ag féachaint le feabhas a chur ar an tuiscint ar shaincheistanna áirithe maidir le réiteach agus taispeánadh tiomantas an Bhainc Ceannais i leith na trédhearcachta.

Sásra Réitigh Aonair

Tríd an SRA atá ann ón 1 Eanáir 2016 i leith, bunaíodh comhlacht lárnach cinnteoireachta do Limistéar an Aontais Baincéireachta, is é sin, an BRA, chomh maith le socrú maoiniúcháin réitigh, is é sin, an Ciste Réitigh Aonair (CRA), chun bainistíocht a dhéanamh ar réiteach banc nó grúpaí banc atá i mbéal cliseadh. Oibríonn an BRA in éineacht le NRAanna chun an méid sin a bhaint amach. Sa bhliain 2019, rinne an BRA tuilleadh forbartha ar a chuid beartas, lena n-áirítear beartais maidir le luacháil agus tuairisciú. Ina theannta sin, sheol sé a chéad chomhairliúchán ar “Ionchais do Bhainc”. Sa doiciméad sin, leagtar amach na hacmhainní ar mian leis an BRA go léireoidh

na bainc chun a thaispeáint go bhfuil siad inréitithe. Léiríonn sé deachleachtas, agus leagann sé taragmharcanna síos, i ndáil le hinréiteacht a mheas.

Bhí ról ag an mBanc Ceannais i múnú chreat réitigh an AE a bhí ag teacht chun cinn le linn na bliana 2019, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcoistí agus i meithlí de chuid an BRA agus an ÚBE. Chuir an Banc Ceannais tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais freisin i ndáil le trasuíomh reachtaíochta nua sa dlí náisiúnta, ar reachtaíocht í lena leasaíodh gnéithe áirithe den BRRD (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc) rud a bhí le críochnú faoin 28 Nollaig 2020 agus, chomh maith leis sin, i ndáil le caibidlíochtaí leanúnacha maidir le feabhsú acmhainneacht airgeadais an CRA.

Ar an 2 Nollaig 2019, sheol an Banc Ceannais seimineár idirnáisiúnta maidir le hullmhacht réitigh. Mheall an seimineár sin údaráis réitigh as áiteanna ar fud an domhain chun dúshláin thábhachtacha phraiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm gníomhartha réitigh a phlé agus a chomhroinnt.

Pleanáil Réitigh

Déantar pleananna réitigh na mbanc agus na ngnólachtaí infheistíochta lena mbaineann a nuashonrú ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go mbíonn siad cothrom le dáta i gcónaí agus go leanann an straitéis réitigh atá roghnaithe de bheith oiriúnach don ghnólacht rialáilte. Mar chuid den phróiseas pleanála réitigh, ceanglaítear ar údaráis réitigh measúnú inréiteachta a dhéanamh chun a mheasúnú cibé acu an bhfuil aon constaicí ar fheidhmiú na straitéise roghnaithe réitigh. I gcás ina sainithnítear constaicí, ceanglaítear ar ghnólachtaí rialáilte aghaidh a thabhairt ar na constaicí sin nó deireadh a chur leo. Déantar MREL a leagan síos freisin le linn pleanáil réitigh a dhéanamh.


Bosca 8: Dul Chun Cinn maidir le hInréiteacht

Táthar tar éis athléimneacht a neartú in earnáil bhaincéireachta na hÉireann agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le feabhas a chur ar inréiteacht.

Sa bhliain 2019, tá struchtúir rialachais réitigh sna bainc intíre feabhsaithe agus curtha ar bhonn foirmiúil, tá dul chun cinn déanta i leith leanúnachas oibríochtúil agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le heisiúint fiachais atá cáilithe le haghaidh MREL.

Mar thoradh ar an méid sin ar fad thuas, tá méadú tagtha ar indéantacht agus ar inchreidteacht i dtaca le cur i bhfeidhm rathúil uirlisí réitigh i leith na mbanc intíre i gcás ina dtarlódh cliseadh. Dá ainneoin sin, tá roinnt bacainní ar inréiteacht ann fós. Leanfar de thionscadail chlár oibre sna bainc sa bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna amhail acmhainneacht luachála, leanúnachas na rochtana ar bhonneagair mhargaidh airgeadais agus leachtacht le linn réitigh.

Cairt 1: Dul chun cinn na mBanc Miondíola i dtreo spriocanna MREL



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann.

Inréiteacht Institiúidí Airgeadais na hÉireann

Tá dul chun cinn mór déanta go dtí seo ar fheabhsú athléimneacht gnólachtaí rialáilte i leith cliseadh. Trína chinntiú gur féidir uirlisí agus cumhachtaí réitigh an Bhainc Ceannais a úsáid go héifeachtach freisin, tugtar sólas breise maidir le hinréiteacht. Chuige sin, tharla athrú sa bhliain 2019 maidir le cur i bhfeidhm beartais sa Bhanc Ceannais sa mhéid gur leagadh béim athuair ar oibríochtú na n-uirlisí réitigh do bhainc agus go ndeachas i ggleic le constaicí ionchasacha ar úsáid na n-uirlisí sin.

Tugadh an uirlis réitigh “tarrtháil inmheánach” isteach mar phríomhghné de chreat an Aontais Eorpaigh ach, go dtí seo, níl tástáil déanta uirthi. Bhí sé de cheangal ar bhainc mhiondíola intíre forbairt a dhéanamh ar “leabhair bheartaíochta” na tarrthála inmheánaí a fhorbairt sa bhliain 2019, ina mionsonraítear na bearta a bheadh le cur i gcrích acu chun cinneadh a chur i bhfeidhm maidir le tarrtháil inmheánach ionchasach. Déanfar tuilleadh forbartha ar leabhair bheartaíochta na tarrthála inmheánaí ag gnólachtaí rialáilte i gcomhthráth le hobair an Bhainc Ceannais ar fhorbairt agus ar fheabhsú pleananna céime atá ann cheana féin do chur i bhfeidhm gach uirlise réitigh ar leith.

I gcomhréir le príomhchuspóirí an Bhainc Ceannais don bhliain, chuathas i mbun ionsamhlúchán inmheánach trialach a bhí bunaithe ar theagmhas ina gclisfeadh gnólacht rialáilte. Ba é ab aidhm don ionsamhlúchán tástáil a dhéanamh ar phróisis inmheánacha sa Bhanc Ceannais. Tá sé beartaithe tuilleadh ionsamhlúcháin a dhéanamh sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais de bheith ag díriú ar inréiteacht gnólachtaí árachais. Mar chuid den obair sa réimse seo, áiríodh rannpháirtíocht leantach ar leibhéal an AE maidir leis an ngá le creat comhchuibhithe téarnaimh agus réitigh don earnáil. In éagmais creat den sórt sin, tá bearna ann san ailtireacht rialála agus is bearna í a chuireann srian ar chumas ghnólachtaí árachais an AE agus ar a n-údaráis faoi seach ullmhúchán a dhéanamh i gcomhair cliseadh ordúil gnólachtaí agus bainistíocht a dhéanamh ina leith sin. Is ionann creataí feabhsaithe náisiúnta rialála agus reachtaíochta agus modh na rioscaí sa réimse seo a mhaolú go dtí go ndéanfar creat cuimsitheach don AE a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Cistí Réitigh

Ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, ceanglaíodh ar bhainc atá ceadúnaithe in Éirinn ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an CRA atá á bhainistiú ag BRA. Maidir le gnólachtaí infheistíochta atá ceadúnaithe in Éirinn agus brainsí Éireannacha de chuid banc atá údaraithe i ndlínsí neamh-LEE (brainsí tríú tír) agus a thagann faoi réim an BRRD, tá sé de cheangal orthu ranníocaíochtaí a dhéanamh le Ciste Réitigh na mBanc agus na nGnólachtaí Infheistíochta (Ciste BIFR), ar ciste réitigh intíre é a bunaíodh i gcomhréir leis an BRRD. Maidir le tréimhse ranníocaíochta 2019, rinne an Banc Ceannais suim €6.3m de rannaíochtaí tobhaigh a ríomh agus a bhailiú i leith na ngnólachtaí rialáilte go léir a thagann faoi réim Chiste an BIFR. Faoi mhí na Nllag 2019, bhí suim €16.7m i gCiste an BIFR.

Cuireadh Ciste Réitigh na bhForas Creidmheasa (CIRF) ar bun ar dtús chun foinse maoiniúcháin a sholáthar d’fhonn éagobhsaíocht airgeadais in institiúid chreidmheasa údaraithe a réiteach, nó gar-bhagairt

thromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais in institiúid den sórt sin, a réiteach. Ach, ón tráth a aistríodh na bainc chuig an CRA, ní chlúdaíonn an CIRF ach réiteach comhar creidmheasa anois.

Tar éis comhairliúcháin a dhéanamh le páirtithe leasmhara tionscail sa bhliain 2019, leag an tAire Airgeadais spriocleibhéal €65m síos don CIRF. Áiríonn an spriocleibhéal sin maolán 8% a bunaíodh chun maolú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh gá le ranníocaíochtaí *ex-post* de bharr éilimh measartha beag ar an CIRF. Tá sé beartaithe an spriocleibhéal a shroicheadh faoin mbliain 2025 agus go ndéanfar méid tobhaigh de thuairim is €5m sa bhliain a bhailiú ó earnáil na gcomhar creidmheasa. Ag deireadh mhí na Nollag 2019, bhí €45m sa CIRF.

Maidir le tréimhse ranníocaíochta na bliana 2019, ríomh an BRA go raibh tobhaigh €114.1m iníoctha ag na bainc Éireannacha. D'eisigh an Banc Ceannais fógraí tobhaigh, bhailigh sé na ranníocaíochtaí tobhaigh thar ceann an BRA agus d'aistrigh sé na tobhaigh chuig an CRA. Bhí suim €32.8bn sroichte ag an CRA faoi mhí na Nollag 2019.

Ullmhacht agus Bainistíocht i leith Géarchéim Airgeadais

I rith na bliana 2019, lean an Banc Ceannais d'fhorbairt a dhéanamh ar a ullmhacht agus ar a chumas bainistíochta i leith géarchéim airgeadais agus díriodh ar roinnt príomhréimsí. Ar thosaíochtaí na bliana 2019, áiríodh tuilleadh forbartha ar shocruithe bainistíochta géarchéime an Bhainc Ceannais chun moltaí a d'éirigh as cleachtaí roimhe sin a chur san áireamh agus dul i mbun cleachtaí nua inar déileáladh le cásanna géarchéime éagsúla.

Ina theannta sin, ghlac an Banc Ceannais páirt in obair idirghníomhaireachta i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus an GBCN ar ullmhacht agus ar bhainistíocht i leith géarchéime agus rinneadh an obair sin faoi scáth an Ghrúpa Cobhsaíochta Airgeadais. Mar chuid den obair maidir le hullmhacht i leith géarchéime i gcás Brexit, baineadh úsáid, i rith na bliana, as socruithe inmheánacha an Bhainc Ceannais agus an Ghrúpa idirghníomhaireachta Cobhsaíochta Airgeadais maidir le bainistíocht géarchéime.

Punann Infheistíochta a Bhainistiú

Déantar punann infheistíochta an Bhainc Ceannais a bhainistiú i gcomhréir le paraiméadair atá ceadaithe ag an gCoimisiún, agus déantar na paraiméadair sin a athbhreithniú go tráthrialta. Tá bainistíú na sócmhainní infheistíochta ina gné thábhachtach de chumas an Bhainc Ceannais a neamhspleáchas airgeadais a chothabháil. Cuimsíonn an phunann urrúis a shealbhaítear ar bhonn Marcáil ón Margadh (MÓM) agus ar bhonn Coinnithe go dtí Aibíocht (CGA) araon. Tá an tuilleamh agus na torthaí bunaithe ar an ioncam iomlán arna ghiniúint ag na sócmhainní agus tá na luachanna thíos bunaithe ar mhargadhluach na sócmhainní ag deireadh na bliana.

Ag deireadh na bliana 2019, chuimsigh an phunann infheistíochta sócmhainní arbh ionann a luach agus €19.4bn, lena n-áirítear leithroinnt choibhéis €1.8bn chuig punanna in ainmníochtaí airgeadra coigríche (dollar na Stát Aontaithe, dollar na hAstráile, dollar Shingepór agus renminbi na Síne) ar mhaithe le héagsúlú.¹⁶ Trí shócmhainní éagsúlaithe den chineál sin a shealbhú, tacaítear le fáltais ar infheistíochtaí agus laghdaítear luaineacht san fhadtárma, d'ainneoin go bhfuil seans éigin ann go dtarlóidh luaineacht sa ghearrthárma ó thaobh fáltais de. I bhfianaise na timpeallachta dúshlánaí infheistíochta atá ann, go háirithe i margadh ioncaim sheasta an limistéir euro, leanfaidh an Banc Ceannais de scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun a shócmhainní infheistíochta a éagsúlú tuilleadh laistigh de chreat bainistíochta stuama riosca.

Ina theannta sin, tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais (ANFA). Ach ní raibh na hoibleagáidí sin bainteach le haon athruithe sa bhliain 2019. ANFA is ea comhaontú idir BCNanna an limistéir euro agus an BCE lena leagtar síos rialacha agus teorainneacha maidir le sealúcháis sócmhainní airgeadais a bhaineann le tascanna náisiúnta na BCNanna. Ag deireadh na bliana 2019, b'ionann agus €0.6bn glansócmhainní airgeadais (GSAanna) an Bhainc Ceannais faoi ANFA. Tá comhchodanna staid GSA an Bhainc Ceannais leagtha amach i dTábla 4 thíos. De bhreis air sin, déanann an BCE meán-sonraí bliantúla GSA i ndáil le gach BCN ar leith a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin i rith na chéad ráithe de gach bliain.¹⁷

¹⁶ Ar bhonn luacháil an mhodha sreabhaidh airgid ar shócmhainní CGA (€19.7bn ar bhonn luacháil amúchta). Ní áiríonn an figiúr seo sealúcháis óir ná leithroinnt cothromais.

¹⁷ Le haghaidh tuilleadh sonraí i dtaca le Comhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais, féach suíomh gréasáin an Bhainc ar www.centralbank.ie/mpolbo/assetman/Pages/introduction.aspx

B'ionann an tuilleamh iomlán ó phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais (gan ór ná leithroinntí cothromais a áireamh) sa bhliain 2019 agus €267.8m i gcomparáid le €261.8m sa bhliain 2018.

Tábla 4:

Clár Comhardaithe Bhanc Ceannais na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2019

Gach figiúr in EUR'000

Sócmhainní			Dlíteanais		
Mír	Cur Síos	Méid	Mír	Cur Síos	Méid
A1	Ór agus infhaighteachtaí óir	262,114	L1	Nótaí bainc i gcúrsaíocht	20,082,747
A2	Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	4,898,882	L1.1	Nótaí bainc euro	20,082,747
A3	Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro	77,014	L1.2	Nótaí bainc in airgeadraí náisiúnta an limistéir euro	0
A4	Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	4,159,896	L2	Dlíteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	36,672,142
A5	Íasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	2,032,720	L2.1	Taiscí Cúlchiste Íosta	26,992,916
A5.1	Príomhoibríochtaí athmhaoinithe	0	L2.2	Taiscí thar oíche	9,679,226
A5.2	Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha	2,032,720	L2.3	Taiscí ar théarma seasta	0
A5.3	Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais	0	L2.4	Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais	0
A5.4	Oibríochtaí struchtúracha droim ar ais	0	L2.5	Taiscí a bhaineann le glaonna corrlaigh	0
A5.5	Saoráid íasachta Imeachtaí	0	L3	Dlíteanais eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	955,997
A5.6	Creidmheasanna a bhaineann le glaonna corrlaigh	0	L4	Deimhnithe fiachais eisithe	0
A6	Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	2,348,406	L5	Dlíteanais in euro do chónaitheoirí eile sa limistéar euro	21,970,801
A7	Urrúis de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro	64,542,578	L6	Dlíteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	1,892,530
A7.1	Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta	37,590,497	L7	Dlíteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro	0
A7.1.1	Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach	0	L8	Dlíteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	0
A7.1.2	Clár na Margaí Urrús	767,126	L9	Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	956,791
A7.1.3	Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2	0	L10	Dlíteanais laistigh den Eurochóras (glan)	18,868,571
A7.1.4	Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach	0	L10.1	Dlíteanais atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	0
A7.1.5	Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3	4,016,411	L10.2	Dlíteanais a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais an BCE	0
A7.1.6	Clár Ceannaigh ABS	0	L10.3	Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)	0
A7.1.7	Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Úrrúis Rialtais	27,656,882	L10.4	Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras	18,868,571
A7.1.8	Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Úrrúis Fornáisiúnta	5,150,078	L11	Míreanna atá á socrú	0
A7.1.9	Ionstraim chúntach 9	0	L12	Dlíteanais eile	2,953,806
A7.2	Urrúis eile de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro	26,952,081	L13	Soláthairtí	907,840
A8	Fiachas rialtais ghinearálta in euro	0	L14	Cuntais athluachála	6,078,784
A9	Éilimh laistigh den Eurochóras	36,315,234	L15	Caipiteal agus cúlchistí	5,036,299
A9.1	Leas rannpháirteachais sa BCE	213,449			
A9.2	Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	681,157			
A9.3	Éilimh a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais an BCE	0			
A9.4	Éilimh a bhaineann le TARGET agus cuntais chomhfhreagracha (glan)	35,365,028			
A9.5	Éilimh eile laistigh den Eurochóras	55,600			
A10	Míreanna atá á socrú	0			
A11	Sócmhainní eile	1,739,464			
A999	Sócmhainní lomlána	116,376,308	L999	Dlíteanais lomlána	116,376,308

Nótaí:

1) Déantar Glansócmhainní Airgeadais (GSAanna) a ríomh mar A1+A2+A3+A4+A5.6+A6+A7.2+A8+A9.1+A9.2+A9.3+A10+A11-L1.2-L2.5-L3-L5-L6-L7-L8-L9-L10.1-L10.2-L11-L12-L13-L14-L15 arna gcoigeartú i leith oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar, ar oibríochtaí iad atá ainmnithe in

airgeadra coigríche (a bhí comhionann le nialas amháil ar an 31 Nollaig 2019). Aibhsítear na míreanna seo i liath sa tábla.

2) Freagraíonn na figiúirí go léir do na cinn sin a thuiriscítear sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.

3) Is ionann "Dlíteanas eile" agus suim "Dlíteanas Eile" (€2,343,634) & "Sochair Scoir" (€610,172) mar a thuiriscítear sa Chlár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.

Bosca 9: Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais

Le roinnt blianta anuas, gné thábhachtach de bhearta bheartas airgeadaíochta Chomhairle Rialaithe an BCE is ea na Cláir Cheannaigh do Shócmhainní (APP). Faoi na cláir sin, ceannaíonn an tEurochóras raon leathan urrús cáilithe. Le ceannach na n-urrús sin, féachtar le dálaí creidmheasa a éascú, borradh a chur faoi infheistíocht agus faoi fhostaíocht agus leachtacht a mhéadú agus, ar an dóigh sin, aghaidh a thabhairt de réir a chéile ar bhoilsciú a leanann de bheith íseal laistigh den limistéar euro. Tá ceithre chlár ceannaigh i gceist leis an APP (CBPP3, ABSPP, PSPP agus CSPP). Mhair na glancheannacháin faoi na cláir sin go dtí mí na Nollag 2018 agus, idir mí Eanáir 2019 agus mí Dheireadh Fómhair 2019, rinneadh na haisíocaíochtaí príomhshuime ó aibiú na bpunann sin a athinfheistiú.

Tá na cláir sin ina ngné riachtanach den chur chuige maidir le comhlíonadh shainordú an Bhainc Ceannais i ndáil le cobhsaíocht phraghsanna. Ach tá méadú tagtha dá mbarr ar na rioscaí airgeadais nach mór don Bhanc Ceannais aghaidh a thabhairt orthu. Chomh maith le neamhchosaint ar riosca creidmheasa, tá ceannach na mbannaí sin, mar a tugadh faoi deara sna blianta roimhe seo, ina chúis le neamhréireacht ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais i dtaca le ráta úis níos fadtéarmaí. Tarlaíonn sé sin toisc go leanfaidh an t-ioncam úis ó shócmhainní APP de bheith statach, tríd is tríd, ar leibhéal ísle nó ar leibhéal dhiúltacha fiú amháin, agus, má thagann méadú ar rátaí úis beartais, tiocfaidh méadú ar an gcostas a bhaineann le dlíteanas an Bhainc Ceannais. D'fhéadfadh cailteanas a bheith ann dá bharr sin don Bhanc Ceannais, go háirithe i gcás ina dtiocfadh méadú mear ar rátaí úis. Cé go bhfuil an chonair a bhfuil súil léi do rátaí úis éiginnte i gcónaí, déanann an Banc Ceannais measúnú stuama ar a chuid rioscaí faoi threoir raon leathan cásanna. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach "*Non-standard Monetary Policy Measures and the Balance Sheets of Eurosystem Central Banks*" le Donnery et al.¹⁸

I Meán Fómhair 2019, d'fhógair an BCE go gcuirfí tús athuair le glancheannacháin faoi chlár APP an BCE ar fud an Eurochórais le héifeacht ón 1 Samhain 2019 faoi réir €20bn in aghaidh na míosa agus go

¹⁸ Donnery, S., Doran, D., Gleeson, R. & Carroll, K. (2017). 'Non-standard Monetary Policy Measures and the Balance Sheets of Eurosystem Central Banks'. Faisnéis Ráithiúil 03, Banc Ceannais na hÉireann.

leanfaí de sin ar feadh cibé fad ba ghá chun tionchar in-chomhfhoirmeach a chuid rátaí beartais a neartú. Mar chuid de na bearta chun an cuspóir sin a bhaint amach, ceannóidh an Banc Ceannais urrúis de réir an chion a chinneadh i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ag deireadh na bliana 2019, b'ionann agus €2.6tn sealúchas urrúis an Eurochórais faoin APP. Faoin APP, ceannaíonn an Banc Ceannais urrúis faoin PSPP agus faoin CBPP3 agus, ag deireadh mhí na Nollag 2019, shealbhaigh an Banc Ceannais €32.8bn faoin PSPP agus €4.0bn faoin CBPP3.¹⁹ Mar thoradh ar na glanncheannacháin bhreise ón 1 Samhain 2019 ar aghaidh, méadófar an riosca a bheidh os comhair an Bhainc Ceannais, go háirithe an riosca a bhaineann le cailteanais amach anseo de bharr na neamhréireachta ráta úis. Chun é sin a mhaolú, chuir an Banc Ceannais soláthar €900m ar leataobh ina chuid cuntas don bhliain 2019, is ionann é sin agus méadú €150m i gcomparáid leis an méid do 2018. De thoradh fáltais leantach ísle ón APP, is dócha go méadófar tuilleadh na rioscaí a ghabhann le neamhréireacht ráta úis ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais, agus beidh gá le faireachán leantach agus soláthar ionchasach breise amach anseo.

Sócmhainní a Fuarthas mar chuid de Leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Banc

I rith na bliana 2019, tháinig laghdú go €8.5bn (luach ainmniúil) faoi dheireadh na bliana ar shealúchais sócmhainní an Bhainc Ceannais a fuarthas mar chuid de leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Banc (IBRC), dá ngairtear an Phunann Speisialta. Léirigh an laghdú sin ceannach €1.5bn de Nóta Ráta Chomhlúthaigh na hÉireann (NRC) 2049 agus €1.5bn de NRC na hÉireann 2051 (luachanna ainmniúla) ag an GBCN.

Cúlchistí BCE

Déanann gach BCN bainistíocht ar chion de chúlchistí malairte coigríche an BCE i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá cion Mhálta de chúlchistí dhollar SAM á bhainistiú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena chion féin, tar éis dó iarratas a fháil chuige sin ó Bhanc Ceannais Mhálta. Ag deireadh na bliana 2019, bhí na cúlchistí de chuid BCE a bhí á mbainistiú ag an mBanc Ceannais comhréireach le sealúchais scála caipitil an dá thír sa BCE.

¹⁹ Déantar rioscaí a bhaineann le punanna áirithe faoin APP a chomhroinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Áiríonn sé sin CSPP, CBPP3 agus ceannach bannaí fornáisiúnta faoin PSPP. Mar thoradh air sin, ní fhreagraíonn sealúchais bannaí an Bhainc Ceannais faoin CCS go hiomlán don riosca dá bhfuil sé nochtá.

Daoine agus Eolas

Is eagraíocht eolas-bhunaithe é an Banc Ceannais a fhéachann le daoine oilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil chun a shainordú a bhaint amach. Is é fíis an Bhainc Ceannais áit oibre shásúil, fhorásach a chruthú don fhoireann, agus leantar den fhís sin a fhorbairt trí chultúr den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, trínár dtiomantas don Éagsúlacht agus don Ionchuimsiú agus trí chur chuige ina leagtar béim ar luach na bhfostaithe, is é sin, ‘*Central Life - OneBank, ManyHorizons*’.

Acmhainneacht agus Cumas

Acmhainní a chur ar fáil in 2019

Ag deireadh na bliana 2019, bhí os cionn 1,950 duine ar fostú ag an mBanc Ceannais agus áiríonn an figiúr sin 55 chéimí a earcaíodh faoinár gClár Céimithe sa bhliain 2019. De réir phlean comhaontaithe an Bhainc Ceannais maidir leis an líon foirne, tá Coibhéis 2,085 Fostaí Lánaimseartha (CFL) ann chun an straitéis reatha suas go dtí an bhliain 2021 a chur i bhfeidhm agus tháinig méadú 24 ar Choibhéis na bhFostaithe Lánaimseartha sa bhliain 2019.

Cé go dtiocfaidh fás ar an mBanc Ceannais i réimsí sonracha i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach, agus go neartófar an sruth daoine cumasacha trí chlár amhail an Clár Céimithe, tá laghdú tagtha ar mhéid na hearcaíochta.

Cultúr Eagraíochtúil

Caighdeán Ceannaireachta agus *OneBank Leadership*

Seoladh an clár dar teideal Forbairt Ceannaireachta Bainc - *One Bank Leadership* ag deireadh na bliana 2018 agus d’fhreastail ceannairí sinsearacha (os cionn 150 duine) ar an gcroíchlár sin sa bhliain 2019. Mar chuid den chlár sin, tugtar aitheantas do thábhacht na ceannaireachta i dtaca le fíis agus straitéis an Bhainc Ceannais a bhaint amach.

Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Chun gur féidir leis an mBanc Ceannais a shainordú casta a chomhlíonadh, creideann an Banc Ceannais go bhfuil sé riachtanach fórsa saothair a bheith ann ina mbeidh daoine ó chúlraí éagsúla agus a mbeidh taithí agus dearcthaí éagsúla acu, ar daoine iad a chumasaítear trí bhíthin timpeallachta ina dtugtar lánmeas ar éagsúlacht den sórt sin.

Tá tosaíochtaí an Bhainc Ceannais maidir le hÉagsúlacht agus le hIonchuimsiú leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú 2018-2019. I measc bhuaicphointí iomráiteacha na bliana, áiríodh an obair a rinneadh chun feabhas a chur ar phróisis earcaíochta agus roghnúcháin d’fhonn deireadh a chur le constaicí

neamhbheartaithe, d'fhonn an fhéidearthacht go mbeadh claontach ann a laghdú agus d'fhonn daoine ardoilte a mhealladh isteach san eagraíocht.

Sa bhliain 2019, forbraíodh roinnt clár earcaíochta sonracha spriocdhírthe, lena n-áirítear earcaíocht i réimsí an mhíchumais agus an mhíbhuntáiste shóisialta/oideachais.

I mí Aibreáin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais an dara Tuarascáil dá chuid maidir leis an mBearn Phá ó thaobh Inscne de inar tarraingíodh aird ar bhearna 2.4% i bhfabhar fear, ar figiúr é sin a léiríonn laghdú 0.3% i gcomparáid leis an mbliain 2018. Tá leibhéal ionadaíochta ó thaobh inscne de measartha maith i gcónaí agus is mná iad 49% den fhórsa saothair agus is fir iad 51% den fhórsa saothair agus tá ionadaíocht na mban ar leibhéal ceannaireachta os cionn 40%.

Ar deireadh, lean na ceithre líonra atá faoi cheannas na bhfostaithe (*BankAbility, Rainbow, Parents & Carers and Women's Network*) de chomhráite a thosú agus de bheith ag tacú le dul chun cinn ar shaincheistanna a gcuireann daoine den fhoireann spéis mhór iontu.

Feabhsuithe ar an bPróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
Cuireadh próiseas athbheithnithe bainistíochta feidhmíochta i bhfeidhm in 2019. Is é is cuspóir don phróiseas sin “Ár ndaoine a spreagadh agus a fhorbairt agus aitheantas a thabhairt dóibh agus measúnú comhsheasmhach cothrom a dhéanamh ar fheidhmíocht d'fhonn straitéis an phróisis a chur i gcrích”. Mar bhuntaca dó sin, tá príomhaidhmeanna ann ina n-áirítear leagan amach cuspóirí a ailíniú leis an straitéis, comhráite a bheith ann maidir le feidhmíocht ardchaighdeán agus béim a leagan ar inniúlachtaí iompair.

Eispéireas san Ionad Oibre

Ionaid Iontacha Oibre (*Great Places to Work*)

I mí na Samhna 2018, seoladh suirbhé agus measúnacht ‘Ionaid Iontacha Oibre’ (GPTW) don bhliain 2018 agus ghlac 75% den líon foirne páirt ann. Cuireadh torthaí na measúnachta in iúl i mí Eanáir 2019. Bhí na torthaí mórán i gcomhréir le torthaí na bliana 2017 (scór foriomlán 56%). Bhí sé sin fós i gcomhréir le noirm na hearnála poiblí ach bhí sé faoi bhun chaighdeán creidiúnúcháin GPTW. Léirigh na torthaí go raibh dul chun cinn déanta ar leibhéal na ceannaireachta, rud a bhí ina príomhthosaíocht tar éis shuirbhé na bliana 2017.

Cuireadh an tríú suirbhé GPTW i gcrích i mí na Samhna 2019 agus b'ionann an ráta rannpháirtíochta agus 77%. Cuireadh na torthaí in iúl don fhoireann i mí Eanáir 2020 agus tá céim na pleanála gníomhaíochta ar siúl anois. Bhí na torthaí i gcomhréir le scóir na bliana 2018 (scór foriomlán 56% in 2018 agus 2019 araon).

Obair Chliste

Tá tús curtha ag an mBanc Ceannais le taighde i dtaobh cleachtais oibre cliste a thabhairt isteach agus i dtaobh conas leas a bhaint as bearta agus as beartais atá curtha i bhfeidhm cheana féin d'fhonn tacú le solúbthacht, le folláine agus le cóimheá shaoil/oibre le haghaidh na mball foirne.

Bosca 10: Eispéireas san Ionad Oibre - Obair ón mBaile

I mí Lúnasa 2018, rinne an Banc Ceannais a Bheartas maidir le hObair sa Bhaile a sheoladh go hoifigiúil. Tá os cionn 250 duine den fhoireann (beagnach 13% den líon foirne) ag baint leas as socrú struchtúrtha faoin mbeartas sin anois. Baineann 'Obair ón mBaile' le hathrú bealaí oibre agus le cumhachtú do bhaill foirne a bheith ag obair ar bhealaí níos cliste agus, ag an am céanna, níos mó roghanna a thabhairt do bhaill foirne i dtaobh conas a bheith ag obair agus cén áit ina ndéantar an obair, más féidir roghanna den sórt sin a chur ar fáil.

Cód Eitice

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith na caighdeáin is airde a áirithiú i dtaca le hiompar inmheánach de. Tá sé de cheangal ar gach ball foirne cloí leis na prionsabail agus leis na caighdeáin atá leagtha amach i gCód Eitice an Bhainc Ceannais. Rinneadh an Cód Eitice reatha a nuashonrú sa bhliain 2018 agus tá sé bunaithe ar theoiricínte a d'eisigh an BCE chuig gach BCN de chuid an Eurochórais. Eisíodh beartas nua maidir le Coimhlíntí Leasa Ball Foirne a Bhainistiú i rith na bliana 2019. Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, forbraíodh modúl éigeantach athbhreithnithe r-fhoghlama i rith na bliana 2019. Tríd an modúl sin, féachadh le feachtas a neartú i measc na foirne maidir lena gcuid oibleagáidí sonracha i dtaca le cúrsaí eitice agus iompair, amhail coimhlíntí leasa a sheachaint.

Cosaint Sonraí

I rith na bliana 2019, lean an Banc Ceannais dá chuid oibre maidir lena shamhail athbhreithnithe oibríochtúil um chosaint sonraí a leabú d'fhonn a chuid oibleagáidí maidir le cosaint sonraí a bhaint amach de réir a chéile, agus d'fhonn an comhlíonadh sin a chothabháil. Mar chuid thábhachtach den obair sin leanadh de bhéim a leagan ar fheachtas i measc na foirne ar fad. I rith na bliana 2019, d'fhreagair an Banc Ceannais iarrataí éagsúla ar rochtain agus rinne sé measúnú ar shárúithe sonraí a sainathnódh agus thuairiscigh sé sárúithe den sórt sin don Choimisiún Cosanta Sonraí de réir mar ba chúil. Cuireadh tús le hobair ar fhaireachán ar chomhlíonadh ar fud an Bhainc Ceannais agus rinneadh stádas na comhlíontachta maidir le cosaint sonraí a chur in iúl do na coistí ardbhainistíochta iomchuí.

Faisnéis agus Acmhainní

Is inniúlacht phríomha don Bhanc Ceannais é anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis le linn dó a shainordú a bhaint amach. Le linn dó a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh, ní mór don Bhanc Ceannais aghaidh a thabhairt ar raon rioscaí a choinnítear laistigh de lamhátais shainithe trí chreataí agus trí mhodheolaíochtaí bainistíochta riosca. Déantar bealaí feabhsaithe oibre, comhoibrithe agus éifeachtúlachta a éascú don fhoireann.

Straitéis Sonraí

Ceann de phríomhchuspóirí eagraíochtúla an Bhainc Ceannais is ea réiteach éifeachtach bainistíochta sonraí a bheith aige a fhreastalaíonn ar a chuid riachtanas reatha agus ar riachtanas sa todhchaí. Maidir leis an mbliain 2019, áiríodh i measc na spriocanna roinnt comhchodanna teicneolaíochta de bhreis ar phróisis rialachais sonraí. Faoin gClár Straitéise Sonraí, ar a dtugtar 'Aontacht' freisin, soláthraíodh réiteach nua Bainistíochta Máistirshonraí i mí Lúnasa, mar aon le cumas tuairiscithe straitéisigh agus anailísíochta straitéisí. Soláthraíonn an teicneolaíocht sin, agus an rialachas gaolmhar sonraí, ardán lárnach trína n-uasmhéadaítear sláine agus luach sonraí an Bhainc Ceannais.

De bhreis air sin, tá córas nua, ar a dtugtar COMPASS, curtha i bhfeidhm i gcúig rannán de chuid an Bhainc Ceannais d'fhonn bainistiú agus rialú éifeachtach doiciméad a chumasú, rud a fheidhmíonn mar bhuntaca do chuid mhór próiseas de chuid an Bhainc Ceannais.

Forbairtí maidir le Slándáil Faisnéise

Tá feabhsuithe ar shlándáil faisnéise san eagraíocht á ndéanamh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbíonn breithniú á dhéanamh ar na bagairtí athraitheacha agus go gcuirtear feabhsuithe i bhfeidhm nuair is gá sin. Comhlíonadh na spriocanna cibearshlándála don bhliain seo agus tá an treo straitéiseach leagtha amach don dá bhliain atá díreach romhainn.

Bosca 11: Tionscadail Shuntasacha TF (Teicneolaíocht Faisnéise) a cuireadh i gcrích in 2019

De bhreis ar an Straitéis Sonraí, rinneadh roinnt tionscadal suntasach TF a chur i gcrích go rathúil le linn 2019. Ina measc sin, áirítear an méid seo a leanas:

- PSD2 arb é an córas é a úsáidtear chun tacú le rialáil seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhíse.
- Staidreamh faoi Chistí Pinsin chun freastal ar rialachán an BCE i ndáil le ceanglais tuairiscithe staidrimh maidir le cistí pinsin.

- Nuashonruithe sainordaithe a dhéanamh go leor uaireanta ar thacsanomaíochtaí baincÉireachta agus árachais.

Riosca Oibríochtúil

Bíonn Creat Bainistíochta um Rioscaí Oibríochtúla (CBRO) á chothabháil ag an mBanc Ceannais chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhaineann leis an gcumas oibríochtúil a ghabhann le comhlíonadh a shainordaithe a mheas, a mhaolú agus a thuairisciú ar bhealach comhsheasmhach. Faoin gcreat sin, déantar freagrachtaí i ndáil le bainistíocht rioscaí a shannadh trí úsáid a bhaint as samhail na dtrí líne cosanta ina gcuimsítear an chéad líne ina bhfuil lucht bainistíochta na rannán agus stiúrthóirí, an Rannán um Riosca Eagraíochtúil agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach. Tríd an tsamhail sin, déantar próifíl rioscaí oibríochtúla an Bhainc Ceannais a mheas agus a thuairisciú i gcomparáid le tairseacha riosca atá ceadaithe ag an gCoimisiún agus déanann coistí feidhmiúcháin agus coistí ar leibhéal an Choimisiúin araon athbhreithniú ar an bpróifíl sin.

I rith na bliana, lean an Banc Ceannais d'fheabhas a chur ar bhearta rialaithe rioscaí oibríochtúla laistigh de rannáin trí bhíthin sceideal struchtúrtha deimhnithe cáilíochta lena ndéantar measúnú ar rioscaí oibríochtúla, ar rialuithe, ar theagmhais, ar chomhlíonadh agus ar leanúnachas gnó. Mar thoradh ar an obair sin, déantar an chéad líne de fhreagrachtaí cosanta a leabú tuilleadh, neartaítear cúrsaí rialachais i leith bainistíocht rioscaí oibríochtúla, agus déantar comhsheasmhacht, cáilíocht agus trédhearcacht na faisnéise maidir le rioscaí a fheabhsú tuilleadh.

Bainistiú Leanúnachais Gnó

Coimeádann an Banc Ceannais sain-Chreat Bainistíochta Leanúnachais Gnó (CBLG) ar bun lena bhféachtar le tionchair fhéideartha teagmhas suaiteach ar ghnáthoibríochtaí a shainithint, a bhainistiú agus a mhaolú. I rith na bliana 2019, agus go luath sa bhliain 2020, cuireadh an CBLG i bhfeidhm i gcomhthéacs bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais shuaiteacha éagsúla lena n-áirítear imeachtaí inmheánacha agus imeachtaí seachtracha a d'fhéadfadh cur isteach ar ghnáthoibríochtaí gnó a bhaineann le teicneolaíochtaí, próisis chriticiúla, soláthraithe tríú páirtí, áitribh agus príomhphearsana fhoireann an Bhainc Ceannais. Tar éis an creat sin a thionscnamh, rinneadh athbhreithnithe iar-ghnímh foirmiúla a ullmhú faoi rialú an Choiste Bainistíochta Riosca agus rinneadh moltaí maidir le feabhsú chumas an Bhainc Ceannais tuilleadh maidir le bainistíocht teagmhas leanúnachais a chur faoi bhráid na gcoistí rialachais cuí agus, mar thoradh air sin, tionscnaíodh pleananna feabhsúcháin. Go háirithe, mar fhreagairt ar an staid a bhaineann le paidéim COVID-19, bhain an Banc Ceannais úsáid as a chuid struchtúr bainistíochta teagmhais chun go bhféadfar éifeachtaí

an víris a shrianadh agus mhaolú agus, ar an dóigh sin, chun athléimneacht oibríochtaí a chothú agus a fheabhsú i gcomhréir le treoir ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tráth foilsithe na Tuarascála Bliantúla, tá staid COVID-19 ag forbairt i gcónaí, agus tá iarracht déanta ag an mBanc Ceannais a shamhail oibriúcháin a oiriúnú chun leanúnachas oibríochtaí criticiúla a éascú i gcomhthéacs na mbeart uile-Stáit atá á ndéanamh chun an galar a chur faoi chois.

Mar chuid de chothabháil CBLG i rith na bliana 2019, rinne meitheal dara líne Leanúnachais Gnó an Bhainc Ceannais deimhniú cáilíochta ar mheasúnachtaí tionchair gnó i roinnt rannán d'fhonn criticiúlacht agus athléimneacht a gcuid próiseas, cuspóirí téarnaimh agus socruithe teagmhais faoi seach a bhailíochtú, mar aon le hullmhacht a gcuid socruithe teagmhasacha i gcás ina dtarlódh cúinsí sainithe suaiteacha. Rinneadh na próisis sin a chomhthiomsú chun forléargas a thabhairt do na coistí riosca ar phróisis chriticiúla agus ar bhearta teagmhasacha ar fud an Bhainc Ceannais. Ar an leibhéal rannáin, soláthraíonn na measúnachtaí tionchair gnó an bonn ar dá réir a fhorbraítear pleananna leanúnachais rannáin. Déantar tástálacha leanúnachais agus téarnaimh ansin, rud a dhéantar ar bhonn rioscaí tosaíochta freisin, chun measúnacht a dhéanamh ar infheidhmitheacht agus ar éifeachtacht na bpleananna sin, lena n-áirítear tástálacha ar réimsí malartacha oibre agus ar chumas téarnaimh teicneolaíochta an Bhainc Ceannais chun leanúnachas oibríochtaí a áirithiú i gcásanna suaiteacha a fhágann nach bhfuil gnátháitribh an Bhainc Ceannais ar fáil.

Bainistíocht Tionscadal agus Clár

Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais 22 thionscadal i gcrích go rathúil faoina mhodheolaíocht chaighdeánach bainistíochta tionscadal agus faoina ghnáthshocruithe rialachais. Cé go raibh líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích i rith na bliana níos ísle ná an líon a bhí ann sa bhliain 2018, bhí scála agus castacht na dtionscadal níos mó ná mar ab amhlaidh sna blianta roimhe seo. Is treocht leanúnach é sin agus tá léiriú le fáil air sin i bpróifíl na dtionscadal atá á bhforbairt faoi láthair.

In 2019, tugadh aird shuntasach ar thionscadail inar cuireadh feabhas ar bhonneagar inmheánach an Bhainc Ceannais maidir le bainistíocht riosca agus inar feabhsaíodh a chuid rialuithe rialála. I measc na mórthionscadal a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019, áiríodh an méid seo a leanas: An Príomh-Chlár Creidmheasa, Anacredit, Tuairisciú Idirbheart faoin Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFIR), an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, *Swift Assurance* agus forbairt Iompair Mhórdhíola.

In 2019, tugadh struchtúir agus próisis nua isteach chun an cleachtas agus an rialachas i leith bainistíocht punann tionscadail sa Bhanc Ceannais a

nearthú. Rinneadh caighdeán Bainistíochta Tionscadail an Bhainc Ceannais a nuashonrú agus, tar éis don Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann iniúchadh a dhéanamh air, daingníodh go raibh an caighdeán sin comhlíontach i dtaca le dea-chleachtas ISO 21500 de. De bhreis air sin, tugadh isteach caighdeán nua Bainistíochta Athraithe chun tacú leis an ngné de thionscadail as a leanann athruithe do dhaoine agus rinneadh dul chun cinn maidir le pólótú creata nua um Bainistíocht Próiseas Gnó.

Na Creataí um Fhormheas Beartais don Chaiteachas agus Soláthar

I gCreat an Bhainc Ceannais um Fhormheas Beartais don Chaiteachas, leagtar amach an struchtúr rialachais ar laistigh de a dhéantar na húdaruithe formheasta do chaiteachas oibríochtúil agus infheistíochta (caipitiúil agus neamhchaipitiúil) na heagraíochta a cheapadh. Déantar faireachán ar chaiteachas (caipitiúil agus neamhchaipitiúil) oibríochtúil agus infheistíochta an Bhainc Ceannais agus tuairiscítear orthu don ardbhainistíocht ar bhonn míosúil agus ráithiúil i gcomhréir leis an gcreat sin.

Is iad príomhphrionsabail bheartas soláthair an Bhainc Ceannais an luach is fearr ar airgead a bhaint amach, fad a bheidh Treoracha uile an AE agus na dlíthe náisiúnta uile is infheidhme á gcomhlíonadh agus na rioscaí gaolmhara go léir á mbainistiú. Bainistíonn an Banc Ceannais próiseas soláthair ó cheann ceann. Tá faisnéis faoi bheartas soláthair an Bhainc Ceannais ar fáil ón suíomh gréasáin.

Seirbhísí Dlí

Tacaíonn acmhainní inmheánacha dlí leis an mBanc Ceannais i ndáil le bainistíocht fhoriomlán a dhéanamh ar rioscaí dlíthiúla, lena n-áirítear trí rannchuidiú go gníomhach le Coimisiún an Bhainc Ceannais agus le coistí cinnteoireachta.

Rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh leis an Roinn Airgeadais maidir le cúrsaí reachtaíochta agus d'imir sé tionchar ar reachtaíocht phríomha a bhain lena shainordú agus thug sé comhairle ina leith, lena n-áirítear Bille nua an Bhainc Ceannais maidir leis an gCreat Aonair Freagrachta agus an tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2019.

Lean an Banc Ceannais den chreat rialála a neartú trí bhíthin Rialacháin an Bhainc Ceannais in 2019 agus ullmhaíodh roinnt rialachán nua. Ina theannta sin, chuidigh an Banc Ceannais le trasuíomh agus cur i bhfeidhm roinnt treoracha agus rialachán de chuid an AE.

Thacaigh acmhainní dlí inmheánacha leis an mBanc Ceannais i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí dlíthiúla a bhíonn ann mar gheall ar thosaíochtaí tábhachtacha, amhail ullmhúchán a dhéanamh do tharraingt

siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, údarúchán, gníomhartha rialála agus cúrsaí oibríochtúla amhail áitribh nua a fháil.

D'imir acmhainní inmheánacha dlí tionchar ar rannpháirteachas straitéiseach an Bhainc Ceannais laistigh den CEBC agus SAM agus rannchuidigh siad go gníomhach le Coiste Dlí an CEBC a thugann comhairle don Chomhairle Rialaithe maidir le cúrsaí dlí.

Cinntí Rialála

I gcás nár reitíodh ábhar ar leith ar bhealach eile, mar shampla, ar mhodh socraíochta, is é atá sa chéim dheiridh i bpróisis forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais an t-ábhar a tharchur lena chinneadh ag cinnteoir neamhchlaonta. Ar an gcaoi sin, tá ról tábhachtach ag cinnteoirí ceaptha maidir le sainordú forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais a bhaint amach.

Oiriúnacht agus Ionracas

In 2019, ceapadh cinnteoirí i ndáil le sé chás faoin gcóras oiriúnachta agus ionracais. I gcás duine aonair amháin, eisíodh fógra toirmisc á thoirmeasc ar an duine aon fheidhmeanna, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha (FRRanna), a chomhlíonadh in aon ghnólachtaí rialáilte go ceann deich mbliana. I gcás duine aonair eile, eisíodh fógra toirmisc á thoirmeasc ar an duine aon fheidhmeanna, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha, a chomhlíonadh in aon ghnólachtaí rialáilte go ceann dhá bhliain.

Cásanna maidir le Cúlghairm Údarúcháin

Sa bhliain 2019, ceapadh cinnteoirí i leith trí chás inar beartaíodh údarúchán a chúlghairm. Mar thoradh ar na trí chás sin, rinneadh clárúchán na ngnólachtaí a bhí cláraithe mar idirghabhálaithe árachais faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais) 2005 a chur ar ceal. Ina theannta sin, i gcás ceann amháin de na cásanna sin, rinneadh údarúchán an ghnólachta a chúlghairm faoin Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995.

An Painéal um Chinntí Rialála

I mí na Samhna 2019, sheol an Banc Ceannais feachtas chun painéal nua cinnteoirí a earcú agus beidh freagracht ar na cinnteoirí sin i ndáil le cinntí neamhchlaonta a dhéanamh maidir leis na córais rialála seo a leanas:

- Fiosrúcháin faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin.
- Measúnachtaí ar mhargaí urrús faoi reachtaíocht na margaí urrús.
- Cinntí áirithe faoin gcóras Oiriúnachta agus Ionracais.

Fiosrúcháin

Fiosrúchán maidir leis an *Irish Nationwide Building Society*

Rinneadh an Fiosrúchán maidir le Irish Nationwide Building Society (INBS), ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2015, a roinnt ina cheithre mhodúl. In 2019,

seoladh éisteachtaí poiblí faoin dara modúl a bhain le hoibleagáidí tuairiscithe do bhord INBS agus faoin tríú modúl a bhain le líomhain maidir le heaspa beartais chun iasachtóireacht “comhroinnt brabúis” ag INBS a rialú. Seoladh roinnt éisteachtaí príobháideacha sa bhliain 2019 freisin i ndáil le heasláinte duine amháin den triúr a bhí i gceist le bainistiú INBS agus arb iad ábhar an Fhiosrúcháin iad. Chinn comhaltaí an Fhiosrúcháin gur cheart bac buan a chur ar an bhFiosrúchán i dtaca leis an Uasal Fingleton mar dhuine a bhí bainteach leis an bhFiosrúchán. Tá an Fiosrúchán maidir le INBS ag leanúint ar aghaidh i leith na beirte eile lena mbaineann, is iad sin, an tUasal Sran Purcell agus an tUasal Gary McCollum, agus tá ullmhúcháin á ndéanamh chun dul ar aghaidh chuig éisteacht faoin modúil deiridh sa bhliain 2020.

Quinn Insurance Limited

Sa bhliain 2019 freisin, leanadh ar aghaidh leis an bhFiosrúchán maidir le daoine áirithe a bhí bainteach le bainistiú *Quinn Insurance Limited* (QIL) (Faoi Riarachán). I ndiaidh an chinnidh chun éisteachtaí poiblí a sheoladh, sheol an Fiosrúchán éisteachtaí poiblí ón 28 Bealtaine 2019 go dtí an 6 Meitheamh 2019 chun fiosrú a dhéanamh maidir leis an líomhaint gur ghlac beirt a bhí bainteach le bainistiú QIL páirt i sárú forordaithe ag QIL ar Rialachán 10(3) de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) 1994 (I.R. 359/1994). I mí na Nollag 2019, rinne an Banc Ceannais comhaontú socraíochta faoina Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin leis an Uasal Liam McCaffrey, iarstiúrthóir de chuid QIL agus duine a bhí bainteach trath le bainistiú QIL. Leis sin, cuireadh deireadh le Fiosrúchán an Bhainc Ceannais maidir leis an Uasal McCaffrey faoi Chuid IIIC d’Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Bainistíocht Áitribh agus Saoráidí

Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais fáilte roimh c.22,500 cuairteoir ina áitreabh ag Cé an Phoirt Thuaidh agus d’éascaigh sé roinnt imeachtaí ardphróifíle. Ina measc sin, áiríodh Aonach Gairmréime don phobal áitiúil, imeachtaí don Teach Oscailte agus don Oíche Chultúir, óstáil roinnt mór-chomhdhálacha, lena n-áirítear Seimineár an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) maidir le Sonraí, agus Léacht Bhliantúil Whitaker.

Maidir le straitéis fhadtéarmach an Bhainc Ceannais maidir le cóiríocht i lár na cathrach, tá an straitéis sin bunaithe ar áitiú campais chomhtháite áitreabh ag Cé an Phoirt Thuaidh (NWQ). Leis an straitéis sin, samhlaítear (i) go mbeidh áitreabh láithreach NWQ á áitiú go hiomlán, (ii) go mbeidh an t-áitreabh ag Dublin Landings (in aice le háitreabh NWQ) á áitiú go páirteach, (iii) go léasófar an spás farasbairr in áitreabh Dublin Landings agus (iv) go ndíolfar an t-áitreabh atá á áitiú faoi láthair ag Duga Spencer.

I mí Eanáir 2019, rinne an Banc Ceannais conradh chun dhá mhaoín ag Dublin Landings (in aice le háitreabh láithreach NWQ) a cheannach ó *Oxley Docklands Quay Two Ltd (Oxley)* ar phraghas ceannaigh €188.65m móide Dleacht Stampa agus CBL (praghas €225.43m san iomlán). Is costais de bhreis ar an bpraghas ceannaigh iad na costais a bhaineann le hoibreacha feistithe agus deartha. Áiríonn an feistiú dearadh agus tógáil droichead coisithe a dhéanfaidh nasc fisiciúil idir na háitribh ag NWQ agus Dublin Landings. Ina theannta sin, áiríonn an feistiú saoráidí chun tacú le héisteachtaí a bhaineann leis na Nósanna Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin, ar éisteachtaí iad a bhíonn á seoladh faoi láthair in áitreabh atá léasaithe ag an mBanc Ceannais i bPlás Blackhall. Tá dearadh an fheistithe le cur i gcrích ag deireadh Ráithe 1 den bhliain 2020 agus ceaptar go gcuirfear an tógáil i gcrích ag deireadh Ráithe 2 den bhliain 2021 agus go gcuirfear tús leis an áitiú ina dhiaidh sin.

Is é atá sa chéim dheiridh den straitéis chóiríochta áitreabh an Bhainc Ceannais ag Duga Spencer a dhíol, ar áitreabh é a cheannaigh an Banc Ceannais mar infheistíocht straitéiseach sa bhliain 2015.

Mar thoradh ar an bhfás atá tagtha ar fhórsa saothair an Bhainc Ceannais le blianta beaga anuas tionscnaíodh sraith anailísí leanúnacha sa bhliain 2018 chun tuiscint a fháil ar éifeachtúlacht na húsáide a bhaintear as an 'eastát deisceanna'. Mar chuid den anailís sin cuireadh san áireamh infhaighteacht chomhsheasmhach níos mó ná c. 20% de dheascanna gach lá mar thoradh ar bhaill foirne a bheith as láthair de bharr cineálacha éagsúla asláithreachta (e.g. saoire bhliantúil, taisteal gnó, cigireachtaí ar an láthair, etc.) agus mar thoradh ar leas a bheith á bhaint as obair sholúbtha (obair pháirtaimseartha agus cianobair). Ar an ábhar sin, chuir an Banc Ceannais comhroinnt deascanna i bhfeidhm ina áitreabh ag NWQ ar bhonn 1:1.2 (i.e. 100 deasc in aghaidh gach 120 ball foirne) d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtachacht a bhaint amach i ndáil le húsáid deascanna, spáis oifige agus cistí poiblí. I dteannta leis na spásanna forleathna comhoibríocha, na spásanna neamhfhoirmiúla agus an teicneolaíocht shoghluaiste, cuireann cur chuige dearthóireachta an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear comhroinnt deascanna, spás oibre nua-aoiseach, forásach, éifeachtúil ar fáil don fhoireann.

Tríd an bhforbairt atá á déanamh ar áitreabh nua an Bhainc Ceannais ag Dublin Landings, déanfar an chóiríocht i lár na cathrach a chomhdhlúthú in aon champas amháin agus déanfar na prionsabail fhorásacha chéanna a úsáideadh ag NWQ ó thaobh dearthóireachta de a úsáid san áitreabh ag Dublin Landings.

Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

Oibríonn an Banc Ceannais de réir córais dheimhnithe bainistíochta Comhshaoil, Sábháilteachta agus Fuinnimh i ngach suíomh dá chuid agus

coinnítear na córais sin cothrom le dáta. De bhreis ar fheidhmíocht fuinnimh an Bhainc Ceannais a bhfuil mionsonraí ina leith le fáil i dTábla 5, déantar tomhas ar an bhfeidhmíocht sin i gcomhthéacs raon táscairí gaolmhara agus tá mionsonraí ina leith ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais sa Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta i leith cúrsaí Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta.

Tábla 5: Comparáid Úsáide Fuinnimh idir na blianta 2018 agus 2019

	An Lárionad Airgeadra		Láithreáin i Lár na Cathrach*		An tIomlán	
	2019 kWh	Athrú mar % d'fhigiúr iarbhair na bliana	2019 kWh	Athrú mar % d'fhigiúr iarbhair na bliana 2018	2019 kWh	Athrú mar % d'fhigiúr iarbhair na bliana 2018
Leictreachas	2,468,517	-19.3%	3,994,530	-4%	6,463,047	-10.5%
Gás	2,414,142	-1%	2,696,127	-27%	5,110,269	-17%
Ola	151,713	-55%	30,151	-26%	181,864	-52%
Fuinneamh Iomlán	5,034,372	14%	6,720,808**	15%	11,755,180	** -14.5%

*Ní áiríonn na figiúirí seo úsáid fuinnimh ar an óú hurlár de R1-Duga Spencer ós rud é go ndéantar an foirgneamh sin a bhainistiú ar leithligh ó áiteanna eile.

**Rinneadh laghdú iomlán 14.5% ar úsáid fuinnimh sna láithreáin uilig le chéile, á chur san áireamh gur scoireadh de ghníomhaíochtaí priontála sa Lárionad Airgeadra i rith na bliana i.e. ní thabharfadh an bhliain 2019 léiriú cruinn ar ghnáthbhliain oibríochta.

Bosca 12: Tionscnaimh Feidhmíochta maidir le Fuinneamh, Sábháilteacht agus Comhshaoil

Chuaigh an Banc Ceannais i mbun raon tionscnamh sa bhliain 2019 chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht ó thaobh cúrsaí fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil de lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Maidir leis an sprioc i leith laghdú úsáide fuinnimh faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2020, is é sin, laghdú 33%, sáraíodh an sprioc sin agus baineadh laghdú 55% amach.²⁰
- Fuarthas an deimhniúchán “Sármhaith” ón *Building Research Establishment Environmental Assessment Method-In-Use* i leith NWQ.

²⁰Laghdú 33% ar úsáid fuinnimh ó bhliain bhunlíne an Bhainc Ceannais, mar atá, an bhliain 2009.

- Feabhas a chur ar rátáil fuinnimh foirgnimh (RFF), ó A3 go A2, i ndáil le dearadh Dublin Landings.
- Baineadh laghdú 43% amach i ndáil le hastaíochtaí carbóin scóip a haon agus scóip a dó i gcomhthéacs a Ghealltanais Ísealcharbóin faoi Ghnó sa Phobal in Éirinn chun laghdú 50% a bhaint amach faoin mbliain 2030.
- Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta le haghaidh na láithreán go léir.

Cumarsáid, Rannpháirteachas agus Trédhearcacht

De réir mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, táimid tiomanta do chaidreamh a bheith againn leis an bpobal agus le páirithe leasmhara ar mhaithe le faisnéis a bhailiú dár gcuid oibre agus ar mhaithe le tuiscint ar an mBanc Ceannais, agus iontaobh ann, a chothú.

Caidreamh leis an bPobal

Le linn 2019, bhí an Gobharnóir agus daoine sinsearacha eile den fhoireann páirteach i roinnt cuairteanna réigiúnacha chun tuiscint ar an mBanc Ceannais a chothú agus chun éisteacht le raon tuairimí ó áiteanna ar fud na tíre.

- Labhair Sharon Donnery, Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, ag Scoil Samhraidh McGill i nDún na nGall agus labhair sí leis na meáin chumarsáide áitiúla freisin.
- Thug Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, cuairt ar Chill Airne áit ar ghlac sé páirt i sraith imeachtaí os comhair an phobail agus os comhair na meán cumarsáide agus labhair sé faoi nuálaíocht i réimse na seirbhísí airgeadais ag Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí.
- Bhuail Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, le mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT) agus ó scoileanna áitiúla i bPort Láirge.
- Thug an Gobharnóir Gabriel Makhlof cuairt ar Dhún Dealgan ar a chéad chuairt chianrochtana réigiúnach agus bhuail sé le mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus leis an gComhlachas Tráchtála áitiúil. Ina theannta sin, thug sé a chéad óraid os comhair mic léinn agus aíonna ó na meáin chumarsáide in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.
- D'óstáil an t-iarghobharnóir Philip Lane díospóireacht i ndún na nGall le hionadaithe gnó agus le daoine den phobal aitiúil agus ba é an t-iriseoir Richard Curran a bhí ina chathaoirleach ar an ócaid sin.

Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019

Le linn Chomórtas Náisiúnta Teabhdóireachta 2019 chuir an Banc Ceannais fáilte roimh 18,000+ cuairteoir ar a sheastán i bhFionnmh, Co.

Cheatharlach, agus ba é sin an líon ba mhó cuairteoirí riamh le linn na himeachta sin. Bhuail an Gobharnóir Makhlof, daoine sinsearacha den fhoireann agus baill dheonacha den fhoireann le daoine as áiteanna ar fud na tíre agus labhair siad faoi príomhghnéithe ár gcuid oibre agus, ag an am céanna, d'éist siad le tuairimí daoine faoi ról an Bhainc Ceannais. I gcomhar le comhghleacaithe ó BCE, bhí daoine d'fhoireann an Bhainc Ceannais páirteach i gcaidreamh leis an bpobal trí bhithin taispeántas taistil.



Comórtais Scoile

Thug an Banc Ceannais urraíocht ar Ghradam tionscnaimh an Bhainc Ceannais mar chuid dá chomhpháirtíocht nua le comórtas Eacnamaí Óg na Bliana. Iarradh ar mhic léinn scrúdú a dhéanamh ar shaincheistanna a raibh tábhacht acu don Bhanc Ceannais, lena n-áirítear Brexit, geilleagar na hÉireann agus beardas airgeadaíochta. Bhuaigh Meánscoil Iognáid Rís, sa Nás, an gradam mar thoradh ar thionscadal suntasach thar a bheith ábhartha dar teideal “The Feasibility of a Cashless Society”. Ina dhaidh sin, cuireadh fáilte leis an bhfoireann bhuaiteach le haghaidh taithí oibre sa Bhanc Ceannais ar feadh coicíse.

I mí Dheireadh Fómhair, seoladh comórtas eacnamaíochta dar teideal *Glúin an Euro -Duais na nDaltaí*, ar comórtas é a réachtálach i gcomhar leis an BCE agus le bainc cheannais náisiúnta eile sa limistéar euro. Is é is aidhm don chomórtas cabhrú le mic léinn meánscoile tuiscint a fháil ar bheartas airgeadaíochta agus ar an tslí ina mbaineann an beartas sin leis an ngeilleagar ina iomláine. Seolfar an babhta deiridh sa bhliain 2020 agus rachaidh an fhoireann bhuaiteach ar cuairt go Frankfurt chun bualadh le Christine Lagarde, Uachtarán an BCE.



Buaiteoirí Ghradam tionscnaimh an Bhainc Ceannais i gcomórtas Eacnamaí Óg na Bliana 2019 i dteannta leis an Stiúrthóir ar Eacnamaíocht & Staidreamh, Mark Cassidy.

Ár nDoirse a Oscailt don Phobal

Chuir an Banc Ceannais fáilte roimh dhaoine den phobal ina fhoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh le haghaidh Oíche Chultúir agus Teach Oscailte araon. Maidíodh an foirgneamh le híomhá den Bhantiarna Lavery a teilgeadh ar aghaidh an fhoirgnimh don Oíche Chultúir. Tugadh cuairteoirí ar thuras ar an bhfoirgneamh agus chonaic siad míreanna as bailiúchán ealaíne agus as cartlann staire an Bhain Ceannais.

An tAonad um Theagmháil leis an bPobal

Sa bhliain 2019, d'fhreagair an Banc Ceannais 12,968 teagmháil dhíreach ó dhaoine den phobal (méadú 19% i gcomparáid leis an mbliain 2018) agus tugadh aghaidh, sna freagraí sin, ar raon leathan ábhar i ndáil le seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, lena n-áirítear seoladh gnó, údarúcháin agus airgeadra.

Caidreamh le Páirtithe Leasmhara agus leis na Meáin Chumarsáide

In 2019, ghlac an Banc Ceannais páirt in ocht gcinn d'éisteachtaí Coiste Oireachtais, chabhraigh sé le roinnt míreanna reachtaíochta agus thug sé cúnamh agus tuairimí mar ghnáthchleachtas do Ranna Rialtais maidir le saincheisteanna éagsúla. Cuireadh freagraí ar fáil ar 303 ceist pharlaiminte i rith na bliana agus rinneadh 11 fhreagra ar chomhfhreagras agus ar iarrataí ó chomhaltaí agus ó choistí an Oireachtais maidir le tuairimí an Bhainc Ceannais a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Le linn 2019, lean an Banc Ceannais dá chaidreamh réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide intíre agus idirnáisiúnta d'fhonn tuiscint a chothú i dtaobh cad a dhéanann an Banc Ceannais agus chun tacú le tuairisciú maith eolasach faoi ábhair a bhaineann leis an mBanc Ceannais. Le linn na bliana 2019, leanadh de bhéim a leagan ar fheabhas a chur ar an ábhar ar

www.centralbank.ie maidir le Brexit, ar éascú agallamh leis na meáin chumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar fhoilsiú 162 phreaseisiúint.

Bosca 13: Lá Cosanta Tomhaltóirí 2019 na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEanna) a d'óstáil an Banc Ceannais

Is imeacht bliantúil é Lá Cosanta Tomhaltóirí na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEanna) arna eagrú ag Comhchoiste na ÚMEanna. Cuimsíonn na ÚMEanna an ÚBE, an ÚEÁPC agus ESMA.

Bailíonn an imeacht bliantúil tomhaltóirí, rialtóirí, rannpháirtithe margaidh agus acadóirí le chéile chun saincheisteanna a bhaineann le cosaint i reimse na seirbhísí airgeadais a phlé.

Le linn imeacht na bliana seo cuireadh fáilte roimh Emily O'Reilly, an tOmbudsman Eorpach, Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais agus Gabriel Bernardino, Cathaoirleach ÚEÁPC mar aoichainteoirí. Seoladh trí cinn de dhíospóireachtaí painéil maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Na ÚMEanna, a sainorduithe i leith oideachas airgeadais agus an méid a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar bhealach difriúil chun a sainordú i leith oideachas airgeadais a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr.
- Roghanna tomhaltóirí i dtaca le hinbhuanaitheacht a chomhtháthú i ndáileadh táirgí airgeadais.
- Athbhreithniú Leibhéal 2 ar Tháirgí Pacáistithe Infheistíochta Miondíola agus Árachais 2019 agus an obair dhúshlánach a ghabhann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Tarmligthe.

Ábhar Digiteach a Fheabhsú

Chuir an Banc Ceannais feabhas ar a ábhar digiteach sa bhliain 2019 i dteanga shimplí - i mBéarla agus i nGaeilge - rud atá mar bhuntaca le haghaidh cuid mhór tionscnamh.

Rinneadh sraith físeán nua ina bhfuil sé chuid a sheoladh i Meán Fómhair 2019. Bhí an-tóir ag an bpobal ar an tsraith sin - go dtí seo, breathnaíodh ar an ábhar sin níos mó ná 120,000 uair. Tá an tsraith ceaptha míniú a thabhairt ar shainordú an Bhainc Ceannais ar mhodh soilléir, tarraingteach, eolasach. Bhuaigh an tsraith an phríomhdhuais sa chatagóir "Best in Financial Services" de chuid Ghradaim na Meán Digiteach 2020 a bhfuil ardmheas orthu.

I rith na bliana 2019, lean an Banc Ceannais d'úsáid a bhaint as grafaic faisnéise agus as teanga shimplí chun feasacht agus tuiscint a fheabhsú ar ábhair thábhachtacha agus ar fhoilseacháin thábhachtacha, amhail na Bearta Morgáiste, an Tuarascáil Bhliantúil agus an Fhaisnéis Ráithiúil. Moladh sraith nua dar teideal 'Behind the Data' ina soláthraítear léargas ar shonraí staidrimh a chuireann an eagraíocht ar fáil agus baintear úsáid as físbhair tharraingteacha ar a dtugtar "Stats at a Glance" chun sonraí atá curtha ar fáil ag an mBanc Ceannais a scaipeadh ar bhealach níos fearr ar Twitter. Sa tríú Scéim Teanga de chuid an Bhainc Ceannais atá i bhfeidhm ón 8 Aibreán 2019 i leith, neartaítear tiomantas an Bhainc Ceannais don Ghaeilge agus leagtar amach na cuspóirí agus na hoibleagáidí atá ann le linn ré na scéime.

Leanann an Banc Ceannais den líon leantóirí atá aige ar Twitter (níos mó ná 11,000 leantóir sa bhliain 2019) agus ar LinkedIn (sroicheadh 42,000 leantóir i mí na Nollag 2019) a mhéadú.



Freagracht Shóisialta Chorporáideach

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith feidhmiú mar eagraíocht atá freagrach agus inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí sóisialta de. Cabhróidh sé sin leis an mBanc Ceannais muinín an phobail a chothú, meas a fháil ónár gcuid piaráí agus ionad oibre sásúil a chur ar fáil dár bhfoireann.

Bosca 14: Feidhmiú mar Eagraíocht atá Freagrach ó thaobh Cúrsaí Sóisialta de d'fhonn Cur Chuige Leathan FSC a Chur i bhFeidhm

Léiríonn "Tuarascáil Bhliantúil FSC 2019" tiomantas an Bhainc Ceannais i leith feidhmiú mar eagraíocht atá freagrach agus inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí sóisialta de, i gcomhréir leis na cúig cholún straitéiseacha.

1. Comhshaol

Tá 'Gealltanas Isealcharbóin' Ghnó sa Phobal in Éirinn sínithe ag an mBanc Ceannais agus tá sé tiomanta i leith laghdú 50% a dhéanamh ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 1 agus 2 faoin mbliain 2030 agus tá sé mar aidhm aige, faoin mbliain 2050, go mbeidh sé ina eagraíocht ag a mbeidh glanleibhéal nialasach a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí carbóin. Bhain an Lárionad Airgeadra creidiúnú ISO 2050 amach i leith bainistíocht fuinnimh rud a chuidigh le húsáid fuinnimh a laghdú agus le dul i ngleic le hathrú aeráide.

2. An tIonad Oibre

Bronnadh na gradaim seo as leanas ar an mBanc Ceannais:

- *Willing Able Mentoring (WAM) Mentored Work Place Programme Recognition Award*, lena cuirtear chun cinn rochtain do chéimithe faoi mhíchumas.
- *IBEC Keep Well Mark*, agus "Large Company of the Year" ag Gradaim "Keep Well".

Ghlac an Banc Ceannais páirt in *Pride 2019* mar chuid den chéad ghrúpa uile-earnála poiblí riamh in Éirinn.

3. An tIonad Margaidh

Bhí an Banc Ceannais rannpháirteach i líon mór gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear cuairteanna réigiúnacha, Teach Oscailte, Oíche Chultúir agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tugadh freagra ar níos mó ná 12,000 teagmháil dhíreach ón bpobal agus foilsíodh os cionn 160 preaseisiúint.

4. Rialachas agus Cumarsáid

Tagann an Mheitheal ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach le chéile go tráthrialta (10 n-uaire in 2019) chun a chinntiú go mbíonn cur chuige straitéiseach ann i leith a chuid freagrachtaí.

5. Cúrsaí Pobail

Ghlac an Banc Ceannais páirt i dtionscnaimh éagsúla pobail, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Tionscnamh Luathfhoghlama Choláiste Náisiúnta na hÉireann lena dtugtar cabhair do phobail na nDugthailte trí chlár thacaíochta foghlama do thuismitheoirí agus do leanaí a chur ar fáil.
- Clár oideachais na scoileanna náisiúnta de chuid *Junior Achievement Ireland*.
- *Career LEAP*, ar clár obair-ullmhachta é d'aoisigh óga i gceantair áitiúla nach bhfuil páirteach sa réimse oideachais, fostaíochta nó oiliúna.

- I Scoil Náisiúnta Naomh Uinseann do chailíní, oibríodh in éineacht le *Temple Bar Gallery + Studios* ar thionscadal nuálach bithéagsúlachta ‘ealaíona san oideachas’.

Cur i bhFeidhm an Phlean Straitéisigh a Thomhas agus a Thuairisciú

Sa bhliain 2019, cuireadh an Creat maidir le Cur i bhFeidhm agus Faireachán i leith na Straitéise in ionad an Scórchárta Ualaithe mar mhodh chun cur i bhfeidhm na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a thomhas agus a thuairisciú. Faoin gCreat sin, rianaítear, tomhaistear agus tuairiscítear an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí straitéiseacha laistigh de théamaí straitéiseacha ar leith, ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí reachtúla agus ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí eagraíochtúla.

Ar bhonn ráithiúil, déantar tuarascálacha measúnachta maidir leis an dul chun cinn a ullmhú don Choiste Ardcheannaireachta agus do Choiste an Ghobharnóra. Tíolactar tuarascálacha measúnachta don Choimisiún ar bhonn leathbhliantúil lena bhformheas, lena n-áirítear measúnacht deireadh bliana ar thoradh foriomlán chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh. Tá an mheasúnacht deireadh bliana nasctha leis an bPróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PBFF).

Chomhaontaigh an Coimisiún, bunaithe ar a mheasúnacht fhoriomlán ar fheidhmíocht an Bhainc Ceannais i gcomparáid leis an bPlean Straitéiseach, gur cheart saoire tuillteanais a bhronnadh ar na comhaltaí foirne sin ar shásaigh a bhfeidhmíocht an caighdeán cuí.

B’ionann agus 2666.5 líon iomlán na laethanta saoire tuillteanais a bronnadh in 2020, ag éirí as feidhmíocht na bliana 2019, agus bhain costas foriomlán €916,507 (tuairim is 0.64% de chostas iomlán tuarastail an Bhainc) leis an tsaoire tuillteanais sin. B’ionann agus 2671 líon iomlán na laethanta saoire tuillteanais a bronnadh in 2019, ar chostas foriomlán €876,445 (tuairim is 0.61% de chostas iomlán tuarastail an Bhainc).

Déileáil le Gearáin

Is faoin nGnáthamh chun Déileáil le Gearáin a dhéileáil le gearáin ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí chuig an mBanc Ceannais. Is féidir gearáin a dhéanamh i ndáil le ball ar leithligh d’fhoireann an Bhainc Ceannais nó i ndáil leis an tslí ina seolann an Banc Ceannais a ghnó e.g. seirbhísí a fhaightear ón mBanc Ceannais. Maidir le gearáin i leith gnólachtaí rialáilte nó i leith nochtadh faisnéise faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, déileáiltear leo faoi nósanna imeachta ar leithligh.

Sa bhliain 2019, fuair an Banc Ceannais 21 ghearán ó dhaoine aonair agus bhain an chuid is mó díobh le saincheisteanna a ardaíodh maidir leis an CCR agus maidir le seirbhís an Bhainc Ceannais um boinn inbhailithe. Faoi

dheireadh na bliana, bhí 19 gcinn de na gearáin sin dúnta. Maidir le roinnt gearán a d'ardaigh daoine aonair, measadh nár tháinig siad faoi réim an Ghnáthaimh chun Déileáil le Gearáin. Dá bhrí sin, ba iad na réimsí iomchuí sa Bhanc Ceannais a bhainistigh na gearáin sin agus a thug freagra orthu.

Saoráil Faisnéise

Tá feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 leis an mBanc Ceannais. I gcomhréir le cuspóirí an Bhainc Ceannais maidir le trédhearcacht, foilsíonn an Banc Ceannais raon faisnéise airgeadais agus corparáidí go tráthrialta ar a shuíomh gréasáin, amhail miontuairiscí an Choimisiúin, cuntais na gcruinnithe ráithiúla den Choiste um Bearta Macrastuamachta (CBM), tuarascálacha Thascfhórsa Brexit, comhfhreagras idir an Gobharnóir agus comhaltaí den Oireachtas, etc.

Sa bhliain 2019, fuarthas 94 iarraidh saoráil faisnéise, de bhreis ar sé iarraidh a bhí tarraingthe ar aghaidh ó dheireadh na bliana 2018. Glacadh nó glacadh go páirteach le 37 iarraidh agus diúltaíodh do 37 iarraidh faoi fhorálacha éagsúla díolúine an Achta um Shaoráil Faisnéise. I gcás 21 iarraidh, rinneadh cuid acu a tharraingt siar nó dhéileáil rannán eile leis an gcuid eile lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise. Ag deireadh na bliana 2019, bhíodhas fós ag déileáil le cúig iarraidh.

Fuarthas iarrataí ó dhaoine aonair (46%), ó na meáin chumarsáide (35%) agus ó dhreamanna eile amhail comhaltaí den Oireachtas, gnólachtaí dlíthiúla/tráchtála agus grúpaí leasmhara. Rinneadh tuairim is 19% de na hiarrataí ar fad a aicmiú mar iarrataí pearsanta. Cé go mbaineann iarrataí le hábhair éagsúla de ghnáth, bhain cuid mhór iarrataí le taifid maidir le soláthraithe seirbhísí airgeadais ar leithligh, le saincheisteanna rialála agus le comhfhreagras idir an Banc Ceannais agus eagraíochtaí eile.

Tugtar an tuarascáil seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann.

Gabriel Makhlof

Gobharnóir

30 Aibreán 2020

Neil Whoriskey

Rúnaí

30 Aibreán 2020

Iniúcháireacht Inmheánach

Is é is cuspóir d'fheidhm an Rannáin um Iniúcháireacht Inmheánach gníomhú mar an “trí líne cosanta” neamhspleách laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Tá sé de fhreagracht ar lucht bainistíochta oibríochtúla an Bhainc Ceannais córas cuí an rialaithe inmheánaigh a bhunú. Ar an gcaoi sin, gníomhaíonn an lucht bainistíochta oibríochtúla i gcáil mar chéad líne cosanta. Is ionann an dara líne cosanta agus na feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca, rialú, comhlíonadh agus maoirseacht arna mbunú agus arna bhfeidhmiú ag an lucht bainistíochta. Cuireann IAD dearbhú oibiachtúil, neamhspleách ar fáil, mar aon le gníomhaíochtaí comhairliúcháin atá ceaptha feidhmíocht chúraimí agus ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a fheabhsú. Le linn déanamh amhlaidh, cuidíonn sé leis an mBanc Ceannais a chuid cuspóirí a bhaint amach trí dhianchur chuige córasach a chur i bhfeidhm maidir le héifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú.

I rith na bliana 2019, sheol IAD raon iniúchtaí ar fud an Bhainc Ceannais. Ar na hábhair a clúdaíodh, áiríodh iniúchtaí ar Bhainistíocht Slándála TF, ar Straitéis Soláthair, ar Chostais Sainchomhairleoireachta, ar an gCreat Maoirseachta agus Cigireachta i leith Cosaint Tomhaltóirí, ar Phleanáil Mhaoirseachta agus ar an gCóras Oiriúnachta agus Ionracais. De bhreis air sin, ghlac IAD páirt i roinnt iniúchtaí uile-CEBC lena n-áirítear Táirgeadh Nótaí Banc, Maoirseacht ar Institiúidí is lú Suntas, agus Bainistíocht Riosca Oibríochtúil.

Déanann IAD bearta leantacha de ghnáth maidir leis na saincheisteanna go léir a shainaithnítear chun a áirithiú go gcuirtear pleananna gníomhaíochta formheasta chun feidhme.

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí bailithe faisnéise, d'fhreastail IAD ar roinnt cruinnithe coiste de chuid an lucht feidhmiúcháin sinsearach agus ar chruinnithe le hionadaithe na rannán ar fad sa Bhanc Ceannais chun coinneáil suas le forbairtí agus rioscaí san eagraíocht. Ina theannta sin, seoladh cruinnithe go tráthrialta leis an nGobharnóir chun saincheisteanna a bhain le cúrsaí iniúchtóireachta a phlé.

Chuir IAD tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta ar bhonn tráthrialta, ar tuarascálacha iad inar tugadh mionsonraí faoi thorthaí iniúchtaí agus faoin dul chun cinn a bhí déanta ag an lucht bainistíochta chun dul i ngleic le saincheisteanna a bhí sainaitheanta roimhe sin. Chomh maith leis sin, déantar plean iniúcháireachta trí bliana a ullmhú ar bhonn leanúnach. D'fhormheas an Coiste Iniúcháireachta an plean sin.

Ina theannta sin, tuairiscíonn IAD do Choiste Iniúcháirí Inmheánacha (CII) an BCE faoi thoradh iniúchtaí an CEBC dá dtagraítear thuas agus faoi shaincheisteanna eile iniúcháireachta. Déantar tuarascálacha ó CII a chur

faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an BCE agus cuirtear faoi bhráid Coistí iomchuí de chuid an CEBC iad freisin.

Cuid 2:
Ráiteas Bliantúil
Feidhmíochta
2019 – 2020

Clár na nÁbhar

Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Airgeadais.....104

Caibidil 1: Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí Rialála in 2019105

Cé air a ndéanann an Banc Ceannais Rialáil.....106

Brexit – An Bhéim Rialála sa bhliain 2019.....109

Cosaint Tomhaltóirí.....111

Maoirseacht agus Forfheidhmiú.....118

Beartas Rialála agus Creat Maoirseachta.....138

Maoiniú agus Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais.....142

Caighdeán Seirbhíse i leith Próiseáil Iarratas agus

Bainistíocht

Teagmhála.....144

Iníúcháireacht

Inmheánach.....146

Caibidil 2: Tosaíochtaí Straitéiseacha don Bhliain 2020.....148

Caibidil 3: Athbhreithniú Piaráí Idirnáisiúnta.....156

Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2019 – 2020

Réamhrá


Chun córas airgeadais athléimneach a chothú tá sé riachtanach go mbeidh creat éifeachtach rialála airgeadais ann, a mbeidh creataí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin mar bhuntaca leis. Áiríonn príomhghnéithe na gcreataí sin reachtaíocht chuimsitheach in-fhorfheidhmithe, maoirseacht dhocht riosca-bhunaithe, bagairt inchreidte forfheidhmiúcháin agus cumhachtaí sásaimh i gcás ina mbeidh dochar déanta do thomhaltóirí. Is é is aidhm do na creataí sin córas airgeadais a chur ar fáil lena gcothófar iontaoibh, ina gcosnófar tomhaltóirí agus infheisteoirí, ina mbeidh taiscí sábháilte agus ina mbeidh cúlchistí árachais leordhóthanach chun déileáil lena ndliteanais.

Cuireann an Banc Ceannais a shainordú i leith na rialála airgeadais i bhfeidhm trí bhíthin rialáil stuamachta agus rialáil iompair airgeadais.

- Féachann rialáil stuamachta lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte fóna ó thaobh cúrsaí airgeadais de, go bhfuil samhlacha inbhuanaithe gnó acu agus go bhfuil bainistíocht éifeachtach riosca agus rialuithe éifeachtacha curtha i bhfeidhm acu.
- Féachann rialáil iompair airgeadais lena chinntiú go dtugtar cosaint do leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí agus go n-oibríonn na margáí ar mhodh cóir, rianúil trédhearcach.

Baintear na torthaí sin amach trí bhíthin maoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe, forfheidhmiúchán cuí agus forbairt creata éifeachtaigh rialála.


Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais dá chuid príomhthosaíochtaí maoirseachta, beartais agus forfheidhmiúcháin a chur ar aghaidh i raon leathan réimsí. Sa chuid deo den Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, tugtar mionsonraí faoin obair a rinneadh in 2019 maidir le rialáil airgeadais agus tuairiscítear na príomhthorthaí. Ba cheart iad sin a léamh in éineacht le Cuid 1: Caibidil 1, den Tuarascáil Bhliantúil ina ndéantar tuairisciú faoin dul chun cinn i gcomhthéacs na gcúig théama straitéiseacha. Cé go bhfuiltear ag díriú ar éifeachtaí eacnamaíocha COVID-19 agus ar na dúshláin rialála a chruthaíonn sé, agus é seo á scríobh, tugtar cuntas ar phríomhthosaíochtaí intíre agus idirnáisiúnta eile don bhliain 2020 sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta.

The background consists of three overlapping geometric shapes: a light teal triangle at the top right, a darker teal triangle at the bottom left, and a purple triangle at the bottom right. The text is centered in the darker teal area.

Caibidil 1: Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí Rialála sa bhliain 2019

Caibidil 1: Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí Rialála sa bhliain 2019

Cé air a ndéanann an Banc Ceannais Rialáil



* Á rialáil mar chuid den SMA.

* Bíonn an gnólacht seo á rialáil mar riarthóir tagarmharcanna freisin.

Scéimeanna Comhinfeistíochta



Idirghabhálaithe Miondíola



Gnólachtaí Infheistíochta & Soláthraithe Seirbhísí Ciste

● Soláthraithe Seirbhísí Ciste ● Gnólachtaí Infheistíochta



Gnólachtaí Bainistithe Fiachais



Íasachtóirí Airgid




Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais



Seachadóirí Airgid & Bureaux de Change




Institiúidí Iocaíochta



Bróicéirí Airgid



Gnólachtaí Rialáilte Iomlána (seachas Cisti) 2014-2019



Institiúidí Creidmheasa#




Comhair Chreidmheasa



Á rialáil mar chuid den SMA.

Árachas

● Cuideachtaí Árachais Saoil ● Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil ● Cuideachtaí Athárachais



Brexit – An Bhéim Rialála sa bhliain 2019

Chun cur síos mionsonraithe a fháil ar obair an Bhainc Ceannais maidir le Brexit sa bhliain 2019, féach Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Bosca 5. Cur chuige an Bhainc Ceannais maidir le Brexit.

I bhfianaise chineál gan fasach Brexit agus na n-impleachtaí forleathana a bhaineann leis, ar impleachtaí iad atá bainteach le gach gné de na gníomhaíochtaí rialála airgeadais sa bhliain 2019, soláthraíonn an chuid seo forléargas ar fhreagairt mhairseachta an Bhainc Ceannais. Sna codanna ina dhiaidh seo, leagtar béim ar chursaí ginearálta cosanta tomhaltóirí agus ar chúrsaí maoirseachta agud forfheidhmiúcháin (nach bhfuil baint acu le Brexit).

Chomh maith le déileail le méadú eisceachtúil ar ghníomhaíocht údarúcháin (lena n-áirítear samhlanua, casta gnó) a d'éirigh as imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, bhí an bhéim ó thaobh maoirseachta de dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go raibh na feabhsuithe riachtanacha á ndéanamh ag gnólachtaí chun a n-athléimneacht a mhéadú agus go raibh a gcuid pleananna teagmhasacha leordhóthanach chun fónamh do riachtanais an gheilleagair agus na dtomhaltóirí san fhadtárma. Agus gníomhaíochtaí tráthrialta maoirseachta á gcur san áireamh, is é a bhí i gceist leis sin anailís a dhéanamh ar shonraí Brexit chun ullmhacht gnólachtaí a chinneadh agus chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá samhla gnó.

Bhí dlúthbhaint ag an mBanc Ceannais le forbairt a dhéanamh ar chur chuige comhchoiteann Eorpach, ar leibhéal ÚMEanna agus SAM, maidir leis na saincheistanna rialála agus maoirseachta a bhí ag teacht chun cinn mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Chinntigh an Banc Ceannais freisin go raibh pleananna dochta teagmhasacha curtha i bhfeidhm ag gnólachtaí a oibríonn ar bhonn trasteorann d'fhonn leanúnachas seirbhíse a chinntiú do thomhaltóirí Éireannacha.

I rith na tréimhse roimh lá beartaithe Brexit ar an 31 Deireadh Fómhair 2019, agus i ndiaidh an fhadaithe a rinneadh dá éis sin, lean an Banc Ceannais de bhéim a leagan ar ullmhacht inmheánach agus, chomh maith leis sin, ar athléimneacht an chórais airgeadais ina iomláine agus ar athléimneacht gnólachtaí ar leithligh trí rannpháirtíocht leanúnach le gnólachtaí agus le húdaráis de chuid an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe.

Mar chuid den ullmhúchán chun maolú a dhéanamh na na rioscaí ionchasacha a bheadh ann i gcás Brexit gan chomhaontú in 2019, d'oibrigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais chun forbairt a dhéanamh ar

chóras sealadach intíre ‘rith chun srutha’ d’árachóirí agus do bhróicéirí. Leis an reachtaíocht sin, cumasaítear d’árachóirí de chuid na Ríochta Aontaithe déileáil le conarthaí árachais atá ann cheanna féin agus sin a dhéanamh go ceann tréimhse trí bliana tar éis an dáta athnuachana, rud a mhaolódh an riosca go dtarlódh suaitheadh leanúnachais ó thaobh conarthaí árachais de. Faoin gcóras sealadach ‘rith chun srutha’, ní bheidh cead ag árachóirí de chuid na Ríochta Aontaithe gnó nua a scríobh gan údarúchán a fháil. Foilsíodh an reachtaíocht riachtanach ar an 22 Feabhra 2019 mar chuid d’Oll-Bhille Brexit an Rialtais.

Ó thaobh cúrsaí cumarsáide de sa bhliain 2019, agus rannpháirtíocht mhaoirseachta le gnólachtaí i ndáil le saincheisteanna Brexit á cur san áireamh, sheol an Banc Ceannais fóram eile do pháirtithe leasmhara maidir le Brexit, tugadh roinnt óraidí sonracha inar leagadh amach an méid a raibh an Banc Ceannais ag súil leis ó ghnólachtaí i réimse na maoirseachta, foilsíodh Ceisteanna Coitianta do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí ar a shuíomh gréasáin, agus foilsíodh raon tuarascálacha inar leagadh amach béim obair agus anailís an Bhainc Ceannais maidir le Brexit. Ina theannta sin, leag an Banc Ceannais béim ar an ngá le cloí leis an treoir a bhí foilsithe ag na ÚMEanna mar fhaisnéis do chustaiméirí agus d’infheisteoirí maidir leis an tionchar a bheadh ag imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar a gcuid táirgí agus seirbhísí.

Cosaint Tomhaltóirí

Is gné bhunúsach de mhisean an Bhainc Ceannais é a chinntiú go gcosnaítear leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí. De bhreis ar an obair atá dírithe ar athléimneacht an chórais airgeadais, tá Cosaint Tomhaltóirí a Nearthú ar cheann de na cúig théama straitéiseacha atá ag an mBanc Ceannais don tréimhse 2019 - 2021.

Ní mór cultúr atá dírithe ar thomhaltóirí a leabú i ngnólachtaí chun a chinntiú go bhfuil gnólachtaí ag fónamh do leasanna agus do riachtanais tomhaltóirí. Tá sé tábhachtach go mbeidh muinín agus iontaoibh ag tomhaltóirí as gnólachtaí rialáilte agus go mbeidh na gnólachtaí sin ag obair chun leasa na dtomhaltóirí sin.

Tá cóid reachtúil iompair, cumhachtaí sásaimh agus gníomhartha forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais riachtanach i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí ach, chomh maith leis sin, tá gá leis an obair a dhéanann sé chun a chinntiú go mbíonn gnólachtaí á mbainistiú go cuí agus go mbíonn siad fónta ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus ní mór a bheith san airdeall ar éagobhsaíocht sa chóras ina iomláine. Dá bhrí sin, déantar cosaint tomhaltóirí a leabú i ngach réimse d'obair an Bhainc Ceannais.

Maoirseacht ar Iompar Miondíola

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais a chinntiú go ndéileálann gnólachtaí rialáilte lena gcustaiméirí ar bhealach cothrom, trédhearcach agus go gcomhlíonann siad a gcuid oibleagáidí.

Trí chur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh i leith na maoirseachta, díríonn an Banc Ceannais ar ghnólachtaí agus ar tháirgí i gcomhthéacs an leibhéil riosca atá ann do thomhaltóirí. Baintear úsáid as faisnéis a fhaightear ó thaighde ardchaighdeáin ar chúrsaí tomhaltóra agus ó mheasúnuithe riosca mar bhonn eolais don obair sin.

Trí úsáid éifeachtach, riosca-bhunaithe, chomhréireach a bhaint as cumhachtaí rialála agus trí acmhainní a úsáid ar bhealach solúbtha, féachann an Banc Ceannais leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cosc a chur ar rioscaí sainaitheanta ardtionchair teacht chun bheith ina réaltachtaí trí bhíthin maoirseacht réamhghníomhach.
- I gcás ina dtagann rioscaí chun bheith ina réaltachtaí, a cheangal ar ghnólachtaí tomhaltóirí a chur ar ais sa riocht ina mbeidís dá mba rud é nár tharla an dochar sa chéad ásc.
- Feabhas a chur ar mhúinín tomhaltóirí trí bhearta cuí a dhéanamh chun dul i ngleic le haon dochar atá déanta do thomhaltóirí.

Tá na príomhréimsí ar díriodh orthu sa bhliain 2019 i dtaca le maoirseacht ar iompar miondíola leagtha amach anseo thíos.


An Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin

Rinneadh an tuarascáil deiridh ar an Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin a fhoilsiú i mí Iúil 2019 agus b'ionann é sin agus deireadh na céime maoirseachta den imscrúdú.

Mar atá leagtha amach sa tuarascáil deiridh, chuir an Banc Ceannais in iúl go soiléir d'iasachtóirí gurb amhláidh, i gcás ina dtagann aon torthaí ar leithligh chun cinn mar thoradh ar phróisis an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean nó na gcúirteanna, ar torthaí iad a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chustaiméirí i gcoitinne, nach mór dóibh aghaidh a thabhairt ar an tionchar leathan sin agus an Banc Ceannais a chur ar an eolas dá réir sin. Imscrúdóidh an Banc Ceannais aon torthaí as a n-eascródh tionchar sistéamach nó tionchar de chineál níos leithne agus déanfaidh sé beart cuí in éineacht le hiasachtóirí de réir mar is gá.

Leanadh den obair ar roinnt imscrúduithe forfheidhmiúcháin, ag cur leis an obair a rinneadh i rith na céime maoirseachta. Ag deireadh mhí na Nollag 2019, bhí deireadh curtha le himscrúdú forfheidhmiúcháin amháin agus táthar ag leanúint ar aghaidh le himscrúduithe in aghaidh na gcúig iasachtóir eile.

Cairt 2: Luach na nÍocaíochtaí Sásaimh agus Cúitimh



An Earnáil Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil

Le linn 2019, d'fhorbair an Banc Ceannais creat nua údarúcháin agus thosaigh sé ar mheasúnú a dhéanamh ar iarratais i leith gnólachtaí seirbhísí creidmheasa nach raibh rialáil á déanamh orthu roimhe sin.

Maidir le gnólachtaí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu, agus maidir le daoine a bhfuil poist shinsearach acu sna gnólachtaí sin, ní mór dóibh a thaispeáint

go gcomhlíonann siad na caighdeáin agus na ceanglais riachtanacha maidir le húdarú. Ina theannta sin, ní mór dóibh sonraí mionsonraithe a sholáthar anois maidir le riaráistí morgáiste agus maidir le hathshealbhú agus tagann siad faoi réir maoirseacht riosca-bhunaithe agus fhianaise-bhunaithe níos déine.

Iompar agus Cultúr

Lean an Banc Ceannais dá thiomantas i leith spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí cultúir éifeachtacha a leabú in 2019 trí fhorbairt creata maoirseachta iompair agus cultúir a chur ar aghaidh. Is é is aidhm don chreat maoirseachta feabhas a chur ar oilteacht maoirseoirí maidir le hiompair i ngnólachtaí rialáilte a shainnithint, agus dúshlán a thabhairt ina leith, d'fhonn gnólachtaí a spreagadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcultúr agus d'fhonn torthaí a bhaint amach atá ar mhaithe le leasanna tomhaltóirí agus atá fónta ó thaobh cúrsaí stuamachta de.

Tá Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (É&I), lena gcuimsítear inscne, aois, eitneacht, gnéaschlaonadh, cúlra oideachais agus gairmiúlacht, gan trácht ar shaintréithe eile, riachtanach chun cultúr éifeachtach a fhorbairt. Le leibhéal níos airde éagsúlachta smaointeoireachta, cumasaítear dúshlán níos mó agus oscailteacht mhéadaithe i leith athruithe, spreagann sé cinnteoireacht níos éifeachtaí agus cuireann sé feabhas ar bhainistíocht rioscaí.

Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais d'fheabhas a chur ar a chur chuige maidir le maoirseacht ar iompar agus ar chultúr, lena n-áirítear É&I, ar na bealaí seo a leanas:

- An rialáil ar rioscaí iompair miondíola a neartú trína ionchais i leith gnólachtaí a leagan amach go soiléir agus trína cheangal ar ghnólachtaí creataí dochta maidir le rioscaí iompair a leabú.
- Measúnachtaí dochta, spriocdhírithé a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar tháirgí a d'fhéadfadh an dochar is mó a dhéanamh do thomhaltóirí.
- Measúnacht théamach a dhéanamh ar É&I san earnáil árachais, rud a chuimsigh 11 gnóthas árachais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna gníomhaíochta a thíolaic na cúig phríomhbhanc miondíola d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainnithníodh in athbhreithniú na bliana 2018 ar iompar agus ar chultúr na mbanc sin.
- Bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh gnólachtaí agus daoine aonair i gcás nár comhlíonadh na caighdeáin.

Leanann an Banc Ceannais de bheith ag díriú ar dheimhin a dhéanamh de go mbíonn gnólachtaí cuntasach i ndáil le hiompar agus cultúr éifeachtach a

leabú, lena n-áirítear feabhsuithe a spreagadh ar na leibhéil éagsúlachta i measc bainisteoirí sinsearachacha i ngnólachtaí rialáilte.

Earráidí agus Cúiteamh do Thomhaltóirí

Leis an gCód um Chosaint Thomhaltóirí 2012, ceanglaítear ar ghnólachtaí earráidí a réiteach, fógra a thabhairt do thomhaltóirí i leith earráidí agus aisíocaíochtaí prasa a shocrú, mar aon le cliseadh córas a cheartú agus rialuithe a chur i bhfeidhm chun atarlú na hearráide a chosc. Déanann an Banc Ceannais faireachán ar réiteach earráidí den sórt sin chun a chinntiú go réitíonn gnólachtaí iad laistigh d’amscálaí riachtanacha agus go gcaitheann siad go cóir chothrom le tomhaltóirí. Sa bhliain 2019, tugadh €74m ar ais do thomhaltóirí mar thoradh ar earráidí i líon mór earnálacha, go príomha san earnáil bhaincÉireachta.

Bosca 15: Faisnéis Shoiléir, Fhiúntach a Sholáthar do Thomhaltóirí Árachais Sláinte

Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú ar na doiciméid a bhí á soláthar do thomhaltóirí árachais sláinte agus cinneadh go bhféadfadh na hárachóirí sláinte go léir feabhsúcháin a dhéanamh i dtaobh conas a chuireann siad athruithe ar phleananna árachais sláinte in iúl tráth na hathnuachana.

Scríobh an Banc Ceannais chuig na soláthraithe árachais sláinte i mí na Samhna 2019 chun a chuid ionchas, mar aon leis na ceanglais a leagtar ar ghnólachtaí ó thaobh faisnéise de, a leagan amach de réir mar a shonraítear anseo thíos:

- Doiciméad aonair a thabhairt do thomhaltóirí ina ndéanfaí comparáid idir mionsonraí an chumhdaigh roimh an athnuachan agus tar éis na hathnuachana, agus ina mbeidh aon athruithe aibhsithe chun aird an tomhaltóra a tharraingt orthu.
- Fáil réidh le haon fhocláíocht dhébhríoch i litreacha clúdaigh chun go mbeidh aon athruithe ar an gcumhdach atá á soláthar faoi phlean árachais sláinte luaite go soiléir laistigh den chéad dá mhír den litir chlúdaigh.

Beartas Cosanta Thomhaltóirí a Fhorbairt

Trí rannpháirtíocht úsáideach ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal idirnáisiúnta, féachann an Banc Ceannais le tionchar a imirt ar bhearta éifeachtacha, comhréireacha, comhsheasmhacha cosanta tomhaltóirí, agus le bearta den sórt sin a mhúnlú, sa chaoi go mbeidh creat cuimsitheach rialála ann, rud a chinnteoidh go gcosnófar leasanna tomhaltóirí.

Neartaíodh an creat cosanta tomhaltóirí tuilleadh sa bhliain 2019 chun rialacha nua a áireamh maidir le hóc coimisiúin le hidirghabhálaithe agus maidir le tuilleadh trédhearcachta san earnáil árachais, de réir mar atá leagtha amach i mBosca 16 agus i mBosca 17.

Bosca 16: Ceanglais Nua d'Idirghabhálaithe Airgeadais i leith Íocaíochtaí Coimisiúin

Ní mór socrúithe coimisiúin a bheith ceaptha ar bhealach a spreagfaidh iompar freagrach gnó agus cóir chothrom i leith tomhaltóirí agus sheachnóidh comhlintí leasa.

Sa chomhthéacs sin, i Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Banc Ceannais pacáiste rialacha nua maidir le hóc coimisiúin le hidirghabhálaithe, rud a d'áirigh ceanglais nua trédhearcachta do thomhaltóirí agus toirmisc ar chineálacha áirithe socrúithe coimisiúin.

Faoi na rialacha nua, ní mór d'idirghabhálaithe mionsonraí faoi na coimisiúin go léir a fhaigheann siad ó tháirgeoirí táirgí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. De bhreis air sin, ní bheidh idirghabhálaithe in ann cur síos a dhéanamh orthu féin agus ar a ngníomhaíochtaí rialáilte mar 'neamhspleách' a thuilleadh i gcás ina nglacann siad le coimisiún, agus ina gcoimeádann siad coimisiúin, in imthosca ina soláthraítear comhairle.

Ní mór critéir áirithe a chomhlíonadh le go mbeidh coimisiún inghlactha agus i gcás coimisiún atá nasctha le spriocanna nach gcuireann leasanna tomhaltóra san áireamh, measfar gurb ionann é agus coimhlint leasa agus toirmeascfar é.

Déanfar aíocht saor in aisce, amhail turais ghailf agus freastal ar imeachtaí spóirt, a thoirmeasc freisin faoi na rialacha nua.

Foilsíodh na hathruithe sin ar an 25 Meán Fómhair 2019 agus tháinig na bearta nua i bhfeidhm ar an 31 Márta 2020.

Bosca 17: Leasuithe maidir le Trédhearcacht Árachais

An 1 Samhain 2019, tháinig feabhsuithe i bhfeidhm ar an earnáil árachais neamhshaoil. Ce gur bhain na feabhsuithe sin go príomha le hathnuachan árachais gluaisteáin, tá sé mar aidhm acu tuilleadh trédhearcachta a chur ar fáil do chustaiméirí agus a chumasú dóibh cinneadh níos eolasaí a dhéanamh nuair a bheidh a gcuid polasaithe árachais neamhshaoil á n-athnuachan acu.

Mar thoradh ar na bearta feabhsaithe:

- Ceanglaítear ar árachóirí an phréimh iomlán a sholáthar i ndáil le gach rogha árachais gluaisteáin atá ar fáil don chustaiméir (i.e. cuimsitheach, dóiteán agus gadaíocht tríú páirtí, tríú páirtí amháin, má thairgeann an t-árachóir árachas den sórt sin).
- An tréimhse fógra maidir le hathnuachan a fhadú ó 15 lá oibre go 20 lá oibre i gcás aicmí árachais neamhshaoil.
- A cheangal ar árachóirí méid na préimhe árachais arna íoc an bhliain roimhe sin a fhógairt i gcás athnuachan árachais gluaisteáin phríobháidigh.

Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí

Chun aghaidh a thabhairt ar an nuálaíocht, ar fhorbairtí margaidh agus ar rioscaí gaolmhara, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBanc Ceannais ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí 2012. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil an Cód á athbhreithniú anois, bainfidh an Banc Ceannais úsáid as na cumhachtaí déanta rialachán a tugadh dó sa bhliain 2013 chun an Cód a thiontú ina Rialacháin. Déanfar comhairliúchán foirmiúil faoi na dréachrialacháin a reáchtáil in am trátha chun deis a thabhairt do pháirtithe gaolmhara aon tuairimí a bheidh acu a thabhairt agus/nó aighneachtaí a dhéanamh.

Is tionscadal casta, ilbhliantúil é seo agus beidh gá le comhairliúchán forleathan agus breithniú beartais agus saincheisteanna reachtaíochta ina leith.

Is é is cuspóir don athbhreithniú rialacháin chosanta tomhaltóirí a sholáthar a bheidh docht agus cothrom le dáta agus lena gcothabhálfar agus lena bhfeabhsófar forálacha láidre an Chóid.

Gníomhaíocht Thábhachtach eile a bhaineann le Cosaint Tomhaltóirí

An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí

Is Painéal Comhairleach reachtúil é an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí (GCT) a bunaíodh faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 chun comhairle a thabhairt don Bhanc Ceannais maidir lena chuid feidhmeanna i ndáil le cosaint tomhaltóirí.

I rith na bliana 2019, seoladh trí chruinniú den GCT. I measc na n-ábhar a pléadh áirítear an méid seo a leanas:

- Maoirseacht ar árachas sláinte
- Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin
- Gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu
- An Cód um Chosaint Tomhaltóirí

- Saincheisteanna a bhaineann le Brexit
- An t-athbhreithniú ar rialacha iompair a bhaineann leis an earnáil iasachtaithe cheadúnaithe.

Cuirtear tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an CGT faoi bhráid Choimisiún an Bhainc Ceannais ar bhonn bliantúil agus is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi chruinnithe an GCT ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Léargas Tomhaltóirí

Déanann an Banc Ceannais díantaighde maidir le tomhaltóirí gach bliain chun a chinntiú go gcuirtear tuairimí an tomhaltóra i gcroílár a chuid oibre. Comhlánaíonn sé sin an measúnú riosca earnála ina n-úsáidtear anailís fhianaise-bhunaithe chun rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint.

Sa bhliain 2019, Bhí an taighde ar sheirbhísí baincéireachta agus airgeadais dírithe ar réimsí amhail eispéireas tomhaltóirí i dtaca leis an margadh morgáistí, córais a bhaineann le nochtadh i leith táirgí infheistíochta agus scrúdú ar shaincheisteanna rialála, margaidh agus tomhaltóra a bhfuil baint acu le pinsin in Éirinn.

Rannchuidigh an obair sin le ceapadh rialacha nua a bhaineann le hóc coimisiúin le hidirghabhálaithe agus rannchuidigh sí le hobair leanúnach i leith an creat um chosaint tomhaltóirí a neartú.

Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Tá rialáil airgeadais dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go bhfuil gnólachtaí rialáilte fóna ó thaobh cúrsaí airgeadais de, go bhfuil múnlaí inbhuanaithe gnó acu agus go bhfuil bainistíocht éifeachtach rioscaí agus rialuithe éifeachtacha rioscaí curtha i bhfeidhm acu. Baintear na torthaí sin amach trí bhíthin maoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe (lena n-áirítear geatóireacht éifeachtach), forfheidhmiúchán cuí agus forbairt beartais éifeachtaigh rialála agus creata éifeachtaigh maoirseachta.

Ina cháil mar BCN agus mar údarás inniúil na hÉireann, oibríonn an Banc Ceannais freisin laistigh den cheart Eorpach níos leithne, lena n-áirítear an CEBC agus an CEMA (An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais). Tá ról níos mó ná riamh ag an gcreat Eorpach níos leithne sin agus tá sé tábhachtach go n-imreoidh an Banc Ceannais tionchar éifeachtach ar an gclár oibre, agus go nglacfaidh sé páirt éifeachtach i múnlaí an chlár oibre sin, d'fhonn tacú le comhlíonadh a shainordaithe. Le linn 2019, lean an Banc Ceannais de bheith gníomhach i bhfórait AE (lena n-áirítear ÚBE, ÚEÁPC, ESMA agus BCE) d'fhonn rannchuidiú le forbairt beartais rialála agus cóineasú maoirseachta ar fud AE27 a chur chun cinn.

Sna codanna ina dhiaidh seo den tuarascáil, clúdaítear na nithe ar dhírigh an Banc Ceannais orthu in 2019 le linn dó maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil baincéireachta, earnáil na gcomhar creidmheasa, an earnáil árachais, agus an earnáil bainistíochta sócmhainní agus cistí, lena n-áirítear a ról mar gheatóir agus déantar a chuid gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus a chuid gníomhaíochtaí i gcoinne sciúradh airgid a leagan amach iontu.

Bosca 18: Ról mar Gheatóir

Lean an Banc Ceannais de chur chuige docht, riosca-bhunaithe, a raibh measúnachtaí oiriúnachta agus ionracais mar bhonn taca leis, a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí údarúcháin sa bhliain 2019 lena chinntiú nach gceadúnófaí ach na hiarratasóirí sin a thaispeáin go soiléir go raibh na ceanglais le haghaidh údarúcháin á gcomhlíonadh acu. Tá an ról seo fíorthábhachtach lena chinntiú go leanann an Banc Ceannais de chobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus de thomhaltóirí a chosaint.

Tá próiseas dian, docht measúnachta curtha i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais agus tá sainmheithleacha oibre aige chun measúnacht a dhéanamh ar thograí maidir le húdarúchán. Le linn 2019, lean na meithleacha sin de thograí maidir le húdarúchán a mheas i gcomhréir leis na hamscálaí reachtúla agus i gcomhréir leis na hamscálaí caighdeánacha

seirbhíse agus oibríodh próiseas soiléir, simplí, éascaitheach d'iarratasóirí a raibh údarúchán á lorg acu.²¹

I rith na bliana 2019, thug an Banc Ceannais údarú dóibh seo a leanas:

- 155 ghnólacht (lena n-áirítear institiúidí íocaíochta, institiúidí r-airgid, idirghabhálaithe miondíola, gnólachtaí creidmheasa miondíola, gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa agus iasachtóirí airgid ceadúnaithe).
- Institiúid chreidmheasa amháin, an chéad institiúid chreidmheasa a údaraíodh ó 2015 i leith.
- 71 údarúchán sa bhliain 2019 inar áiríodh 16 fhadú ar údarúchán (cistí infheistíochta MiFID agus soláthraithe seirbhísí ciste).
- Naoi gcomhlacht (ath)árachais.
- 773 chiste infheistíochta agus ceadú 1,029 ndoiciméad réamheolaire cothromais agus fiachais.
- Tá an mheasúnacht ar na húdarúcháin go léir, nach mór, a fuarthas i ndáil le Brexit curtha i gcrích ag an mBanc Ceannais. Ina theannta sin, tá aghaidh tugtha ar an tsaincheist maidir le leanúnachas conarthaí na Ríochta Aontaithe trí bhíthin Chóras na gCeadanna Sealadacha. I dtaca le leanúnachas conarthaí de, rith an tOireachtas an Córas Sealadach 'Rith chun Srutha' i Márta 2019 agus tá an córas sin réidh lena chur i bhfeidhm.²²

Baineann cuid shuntasach den obair údarúcháin le measúnacht oiriúnachta agus ionracais ar Fheidhmeanna Rialaithe Réamhcheadaitheacha (FRR). Mar chuid d'fheidhm an Bhainc Ceannais faoi alt 23 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, déanann sé measúnacht ar oiriúnacht agus ionracas daoine aonair atá ag iarraidh a bheith ag obair i bpoist shinsearacha i ngnólachtaí rialáilte. Rannchuidíonn an mheasúnacht réamhcheadaithe ar oiriúnacht agus ionracas le socruithe dochta rialachais, le gairmiúlacht mhéadaithe i gcás bord, agus le hiontaoibh an phobail sa tionscal.

Maoirseacht ar Bhaincéireacht

I mí na Samhna 2014, ghlac an BCE leis an bhfreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar bhainc Eorpacha laistigh den limistéar euro trí bhíthin an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM). Oibríonn an Banc Ceannais in éineacht le comhghleacaithe in SAM chun tosaíochtaí maoirseachta a chur chun cinn

²¹ I gcomhar leis an BCE, ina cháil mar údarás inniúil i ndáil le ceadúnais bhaincéireachta a dheonú in Éirinn.

²² [EEA Passport Rights \(Amendment, etc., and Transitional Provisions\) \(EU Exit\) Regulations 2018](#).

agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na bainc is mó, is iad sin “Institiúidí Suntasacha” in Éirinn. Tá freagracht ar an mBanc Ceannais freisin as maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar bhainc níos lú, is iad sin “Institiúidí is lú Suntas” atá údaraithe in Éirinn.

Sa bhliain 2019, áiríodh mar chuid d’obair an Bhainc Ceannais tacú le forbairt treoirlínte, caighdeán agus modheolaíochtaí maidir le maoirseacht agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil an Banc Ceannais ag oibriú de réir noirm mhaoirseachta Eorpacha agus chun tionchar a imirt ar na noirm sin.

Lean an Banc Ceannais dá chuid straitéisí maoirseachta ilbhliantúla a chur i bhfeidhm d’fhonn an méid seo a leanas a chinntiú i gcás gnólachtaí:

- Go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais acu.
- Go bhfuil samhlacha inbhuanaithe gnó acu.
- Go bhfuil dea-rialú á dhéanamh orthu agus go bhfuil cultúir éifeachtacha agus éagsúlacht curtha ar bun iontu.
- Go bhfuil socruithe éifeachtacha bainistíochta agus rialaithe riosca curtha i bhfeidhm acu.
- Go bhfuil siad in ann teacht slán má bhíonn deacrachtaí acu agus, mura bhfuil siad in ann teacht slán, gur féidir iad a réiteach gan tacaíocht shuntasach, sheachtrach a bheith ag teastáil.

Le linn 2019, lean an Banc Ceannais de bheith ag ordú do ghnólachtaí dul i ngleic le saincheisteanna a bhí ann fós mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí neamhthuillmheacha, agus feabhas a chur ar bhainistíocht riosca TF agus ar athléimneacht oibríochtaí.

Ina theannta sin, chaith an Banc Ceannais cuid mhór ama ar mheasúnachtaí oiriúnachta agus ionracais i leith róil FRR, arb iad na poist is sinsearaí iad laistigh de chomhlacht bainistíochta gnólachtaí údaraithe. Trína chinntiú go bhfuil comhlachtaí bainistíochta “oiriúnach agus ionraic”, cuirtear feabhas ar shábháilteacht agus ar fhóntacht na hinstitiúide lena mbaineann agus, chomh maith leis sin, neartaítear an earnáil bhaincéireachta ina hiomláine trí iontaoibh an phobail sna daoine a bhfuil bainistíocht á déanamh acu ar an earnáil airgeadais a mhéadú.

Athléimneacht Airgeadais

Lean an Banc Ceannais de bheith ag áirithiú go raibh dóthain acmhainní airgeadais ag na bainc chun fóntacht na n-institiúidí a chinntiú agus chun rannchuidiú le sábháilteacht an chórais airgeadais ina iomláine. Is iad na leibhéil caipitil agus leachtachta na príomhthomhais i leith fóntacht airgeadais.

Caipiteal

De réir rialacháin Eorpacha, tá sé de cheangal ar bhainc dóthain caipitil a shealbhú chun taisceoirí agus scairshealbhóirí a chosaint ar chaillteanais gan choinne. I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag caipiteal i dtaca le hathléimneacht institiúidí agus i dtaca leis an gcóras airgeadais, is réimse é a leagann an Banc Ceannais béim mhór air. Déantar obair shuntasach gach bliain lena chinntiú go bhfuil bainc caipitlithe go leormhaith. Ina theannta sin, baineann an Banc Ceannais úsáid as beartas macrastuamachta amhail an CCyB de bhun a shainordaithe maidir le cobhsaíocht airgeadais (tá tuilleadh mionsonraí le fáil i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Bosca 2. An Creat Macrastuamachta).

Maidir leis an gcóras ina iomláine, d'fhan na cóimheasanna caipitil os cionn na gceanglas rialála do na bainc go léir. Ach táthar ag ceapadh go mbeidh roinnt constaicí ann sa mheántearma agus má thagann na constaicí sin chun cinn, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar na leibhéil caipitil atá á sealbhú ag na bainc.

Leachtacht

Is é atá sa Chóimheas Cumhdaigh Leachtachta (CCL) beart rialála atá ceaptha chun a chinntiú go mbeidh stoc dóthanach sócmhainní leachtacha ag bainc, amhail airgead tirim, bannaí cisteáin nó fiachas ardchaighdeáin corparáideach, chun oibleagáidí conarthacha íocaíochta a chomhlíonadh thar thréimhse ghearr struis (30 lá). Bhí CCL na mbanc go léir os cionn an cheanglais 100% ar fud na bliana (amhail ó Mheán Fómhair 2019).²³

Tharla forbairtí dearfacha i leith cóimheasanna ualaithe lena ndéantar sócmhainní atá ualaithe agus comhthaobhacht atá faighte a thomhas i gcomparáid leis an méid iomlán comhthaobhachta agus sócmhainní agus lena soláthraítear faisnéis faoi chumas gnólachta maoiniúchán urraithe a ghiniúint más gá agus tharla laghduithe ar an gcóimheas a bhaineann le bainc mhiondíola agus le bhainc a bhfuil díriú idirnáisiúnta acu.^{24, 25} Tá cóimheasanna ualaithe na mbanc miondíola agus na mbanc a bhfuil díriú idirnáisiúnta acu níos ísle ná an meán Eorpach atá comhionann le 27.4%.²⁶

²³ I gcás na mbanc miondíola, b'ionann an CCL agus tuairim is 147% ag deireadh 2019 (139% ag deireadh R3 2018). Maidir le bainc a bhíonn ag díriú ar an réimse idirnáisiúnta, b'ionann an CCL agus 175% (190% ag deireadh R3 2018).

²⁴ Caitear le sócmhainn mar shócmhainn ualaithe má gealladh í nó má tá sí faoi réir aon chineál socraithe chun aon idirbheart a urrú, a chomhthaobhú, nó a fheabhsú ó thoabh creidmheasa de, ar idirbheart é nach féidir an tsócmhainn a tharraingt siar uaidh go héasca.

²⁵ Sócmhainn atá curtha i ngeall mar urrús i leith iasacht a aisíoc.

²⁶ Maidir le cóimheas sócmhainní ualaithe na mbanc miondíola, tháinig laghdú air ó 15% ag deireadh R3 2018 go dtí 13.2% ag deireadh R3 2019 agus, i gcás na mbanc a mbíonn díriú idirnáisiúnta acu, tháinig laghdú air ó 21% ag deireadh R3 2018 go dtí 15% ag deireadh R3 2019.

Tástáil Struis ar Leachtacht²⁷

Sa bhliain 2019, thacaigh an Banc Ceannais le tástáil struis SAM ar leachtacht d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chumas na mbanc turraingí leachtachta a sheasamh. Bhain scóip na hoibre sin le tuairim is 100 institiúid shuntasach, lena n-áirítear bainc Éireannacha áirithe. Chomh maith le léargais a sholáthar faoi chumas na mbanc freagairt do dhálaí struis, tharraing an obair aird ar aimhréireachtaí ionchasacha a bhaineann le bainistíocht leachtachta in airgeadraí coigríche. Rinneadh torthaí na hoibre a ionchorprú i bpleananna maoirseachta 2020.

Athléimneacht Oibríochtúil

Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais den rannpháirtíocht leis na bainc maidir le bainistíocht riosca TF agus maidir le hathléimneacht oibríochtúil. Bhíothas ag cinntiú go raibh tús áite á thabhairt ag boird agus ag lucht bainistíochta sinsearaí na mbanc do shlándáil, d'athléimneacht agus d'úsáid sonraí agus córas i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí i ndáil le coimirce iontaofacht agus chluá a n-eagraíochtaí.

Tá gá ag cuid mhór banc le hinfheistíocht shubstainteach TF fós le go mbeidh siad in ann rioscaí oibríochtúla a mhaolú ar bhealach níos fearr. Tá úsáid á baint fós ag cuid mhór banc as córais TF atá as dáta agus ilroinnte agus níl na bunsraitheanna sách láidir chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí teicneolaíochta. Ní mór do bhainc leanúint de laghdú a dhéanamh ar mhinicíocht agus ar thionchar na saincheisteanna sin agus ní mór dóibh feabhas a chur ar a gcumas chun téarnamh a dhéanamh go tapa nuair a tharlaíonn éaradh seirbhíse.

Mar thoradh ar thimpeallacht na seirbhísí airgeadais atá níos idircheangailte agus níos casta ná riamh, agus atá níos spleáiche ná riamh ar theicneolaíocht, tá athléimneacht oibríochtúil agus cibear-athléimneacht fíorthábhachtach ó thaobh fíoríocht stuamachta, cosaint tomhaltóirí agus cobhsaíocht airgeadais de. Tá gá ag na bainc atá ann anois le hinfheistíocht chun coinneáil suas le hiontrálaithe “FinTech” agus, chomh maith leis sin, chun coinneáil suas le gníomhaithe eile a bhfuil baint acu le cibearbhagairtí atá níos sofaisticiúla ná riamh. Ní mór do bhainc cinntí straitéiseacha eolasacha a dhéanamh maidir le hinfheistíocht in TF agus sa réimse slándála le go mbeidh siad in ann leanúint de bheith iomaíoch, slán agus athléimneach sa timpeallacht chasta seo a bhíonn de shíor ag athrú.

Pleanáil Téarnaimh

Tá pleanáil chúil téarnaimh riachtanach lena chinntiú gur féidir le bainc téarnamh a dhéanamh i gcás ina mbeadh deacrachtaí acu agus chun tacú le sábháilteacht an chórais airgeadais. Tá na bainc ag leanúint dá gcuid pleananna agus struchtúir téarnaimh a fhorbairt. Mar thoradh ar an mbéim

²⁷ Anailís Íogaireachta ar Riosca Leachtachta.

a leag an Banc Ceannais ar chúrsaí rialála sa bhliain 2019, tá sé soiléir gur gá do na bainc obair bhreise a dhéanamh chun a gcumas foriomlán téarnaimh a fhorbairt.

Leanfaidh an Banc Ceannais de bhéim a leagan ar an réimse seo sa bhliain 2020 (féach Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 2. Réiteach agus Bainistíocht Ghéarchéime).

Bosca 19: Béim Mhairseachta ar Iasachtaí Neamhthuillmheacha


Rinneadh dul chun cinn mór i ndáil le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá líon suntasach iasachtaí neamhthuillmheacha ann i gcónaí in ainneoin go bhfuil se breis agus 10 mbliana anois ó tharla an ghéarchéim airgeadais, agus sé bliana ó bhí an leibhéal is airde iasachtaí neamhthuillmheacha ann in Éirinn.^{28, 29} Dá dhroim sin, is tosaíocht thábhachtach don Bhanc Ceannais i gcónaí é réiteach inbhuanaithe na n-iasachtaí neamhthuillmheacha agus cosaint iasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu.

Lean an Banc Ceannais de bhéim mhór a leagan ar iasachtaí neamhthuillmheacha in 2019. Mar chuid den obair sin, áiríodh teagmháil fhorleathan le bainc ar leithligh, mionanailís agus imscrúduithe diana ar an láthair. Baineadh úsáid as na tátail chun dúshláin banc ar leithligh a thabhairt i leith a gcur chuige maidir le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha.

²⁸ Féach, mar shampla, Donnery et al (2018), *Resolving non-performing loans in Ireland: 2010 – 2018*, Faisnéis Ráithiúil 2018:2, Banc Ceannais na hÉireann.

²⁹ Seo mar a bhí roimh iarmhairt ionchasach COVID-19 ar leibhéal iasachtaí neamhthuillmheacha. Mar thoradh ar an iarmhairt sin, beidh méadú ar iasachtaí neamhthuillmheacha i gcás custaiméirí pearsanta agus gnóthaí araon i bhfianaise na turrainge a bhfuiltear ag súil leis don gheilleagar.

Cairt 3: Riaráistí thar 90 lá ar Chuntais Mhorgáiste i leith Príomhárais Chónaithe



Cé gur tháinig laghdú in 2019 ar an líon na n-iasachtaí neamhthuillmheacha a bhí ann i leith Príomhárais Chónaithe, léiríonn an obair atá déanta an méid seo a leanas:

1. Éiríonn an laghdú ar iasachtaí neamhthuillmheacha as díol iasachtaí. Le 18-24 mhí anuas, tá méadú mór tagtha ar líon na ndíolachán de phunanna iasachtaí neamhthuillmheacha i leith morgáistí.
2. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil réitigh inbhuanaithe fhadtéarmacha curtha i bhfeidhm sna cásanna sin maidir le hiasachtaithe ar leithligh.

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú, ar bhealach inbhuanaithe, ar fud an chórais. Tá cuid mhór uirlisí ar fáil chun an méid sin a bhaint amach, lena n-áirítear athstruchtúrú agus díluacháil fiachais, rannpháirtíocht sa phróiseas dócmhainneachta, rannpháirtíocht i scéimeanna ‘ó mhorgáiste go cíós’, agus díol iasachtaí. I roinnt cásanna, áfach, toradh dosheachtanta ar réiteach riaráistí is ea cailleadh úinéireachta trí ghéilleadh saorálach nó, mar rogha dheiridh, tríd an bpróiseas dlíthiúil.

Mar thoradh ar an líon mór punann atá á ndíol, síneann saincheist na riaráistí morgáiste i leith príomhárais chónaithe níos faide ná na bainc mhiondíola, is é sin, go dtí an earnáil neamhbhaincéireachta. Ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2019, b’ionann agus 36% an céatadán de na morgáistí i leith príomhárais cónaithe a raibh riaráistí ann ina leith agus a bhí ar seilbh ag eintitis neamhbhainc (23% a bhí ann dhá mhí dhéag roimhe sin). Maidir le morgáistí i leith príomhárais chónaithe a raibh riaráistí orthu thar thréimhse níos faide ná 720 lá, bhí 48% díobh ar seilbh ag eintitis neamhbhainc ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2019 (28% a bhí ann dhá mhí dhéag roimhe sin).

Tábla 6: Riaráistí Morgáiste de réir Chineál an Ghnólachta (R3, 2019)

Riaráistí Morgáiste de réir Chineál an Ghnólachta (R3, 2019)	Bainc	Eintitis Neamhbhainc	
		Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola	Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa
% de mhorgáistí PÁC a raibh riaráistí orthu	64%	24%	12%
% de mhorgáistí PÁC a raibh riaráistí orthu thar 90 lá	59%	26%	15%
% de mhorgáistí PÁC a raibh riaráistí orthu thar 720 lá	52%	27%	21%

Cuid thábhachtach den bhéim a leagtar ar mhairseacht is ea a chinntiú go gcosnaítear tomhaltóirí. I R4 den bhliain 2019, chríochnaigh an Banc Ceannais a chuid oibre i roinnt eintiteas neamhbhainc, ar obair í a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar chinntí creidmheasa agus ar bheartais creidmheasa d'fhonn socruithe malartacha aisíocaíochta a chinneadh, ar socruithe iad a bheadh oiriúnach agus inbhuanaithe, i gcomhthéacs an Chóid Iompair um Riaráistí Morgáiste.

In 2020, lean an Banc Ceannais de bhéim a leagan ar réiteach inbhuanaithe iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar chóir chothrom iasachtaithe a bhfuil riaráistí acu ag na bainc atá ann cheana féin agus ag na 34 ghnólachta a bhfuil údarú á lorg acu faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2018. Leis an obair seo, beidh aird ag an mBanc Ceannais ar shaincheisteanna gaolmhara a eascraíonn as éifeachtaí COVID-19.

Áirítear an méid seo a leanas i measc na ngníomhartha maoirseachta a chuir an Banc Ceannais i gcrích ar fud an tionscail:

1. Athbhreithniú ar éifeachtacht an Chóid Iompair um Riaráistí Morgáiste

D'fhoilsigh an Banc Ceannais tuarascáil ar éifeachtacht an Chóid Iompair um Riaráistí Morgáiste i gcomhthéacs díol iasachtaí ag eintitis rialáilte. Ina dhiaidh sin, scríobh an Banc Ceannais chuig an tionscal i Márta 2019 agus leag sé amach na hionchais maidir le gnólachtaí do sholáthar faisnéise breise d'iasachtaithe, le héifeacht ó thráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2020, is é sin le rá, faisnéis faoi mheasúnú a gcuid riaráistí.

2. Soiléiriú do gach gnólachtaí maidir leis na hionchais Mhaoirseachta i leith díol iasachtaí

I gcomhthéacs díol iasachtaí agus i gcomhthéacs na féidearthachta go ndéanfaí dochar do chustaiméirí, scríobh an Banc Ceannais chuig an tionscal i mí Lúnasa 2019 agus leag sé amach a chuid ionchas i leith díol iasachtaí chun a chinntiú go raibh leasanna tomhaltóirí á gcosaint. I measc na n-ionchas sin, áirítear dícheall cuí agus comhroinnt faisnéise, cosaint i gcás ina mbeidh iasachtaí ag comhlíonadh téarmaí athstruchtúrúcháin, amlínte maidir le hathbhreithniú agus an tslí ina ndéileáiltear le hathruithe ar imthosca iasachtaí.

3. Ionchais i ndáil le muirearú costas a bhaineann leis an bpróiseas dlíthiúil agus i ndáil le muirir eile tríú páirtí ar iasachtaithe a bhfuil riaráistí acu

Chuir an Banc Ceannais in iúl go soiléir don tionscal nach é leas na n-iasachtaí é costais a ghearradh sula dtabharfaí imeachtaí athshealbhúcháin chun críche agus sula dtabharfadh Cúirt breith chun costais a dhámhachtain don eintiteas rialáilte. De bhreis air sin, ní hé leas an iasachtaí é na costais a ghearradh sula ndéanfar socraíocht idir na páirtithe lena mbaineann nó sula mbeidh na páirtithe in ann an morgáiste a fhuascailt agus sula n-iarrfaidh siad amhlaidh.

Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Is é atá i sainordú Chlárlann na gComhar Creidmheasa, atá leagtha amach in Alt 84 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, a chinntiú go ndéanann gach comhar creidmheasa ar leith cistí a chomhaltaí a chosaint agus cobhsaíocht agus leas airgeadais na gcomhar creidmheasa i gcoitinne a choimeád ar bun. Is é an fhís atá aige “Comhair Chreidmheasa Láidre faoi Stiúradh Stuama” agus is í an fhís sin is buntaca don sainordú reachtúil.

Rinneadh an creat reachtaíochta agus rialála a shaincheapadh chun leiriú a thabhairt ar chineál uathúil na hearnála. Cé go bhfuil leibhéal méadaithe comhoibrithe ag teacht chun cinn i measc na gcomhar creidmheasa, tá an t-athrú múnla gnó atá ar siúl ag comhair chreidmheasa ag céim luath fós.

Cuid thábhachtach de straitéis mhaoirseachta an Bhainc Ceannais is ea díriú ar neartú chroídhúshraith na gcomhar creidmheasa i dtaca le rialachas, bainistíocht rioscaí agus acmhainneachtaí oibríochtúla de. Le linn don Bhanc Ceannais a chur chuige rialála agus maoirseachta a fhorbairt, d’fhéach sé lena chinntiú go bhfuil an creat comhréireach. Fáiltíonn an Banc Ceannais roimh an moladh a fuarthas le déanaí i dtaobh a chur chuige maidir le rialáil agus maoirseacht na gcomhar creidmheasa i ndiaidh athbhreithniú piaraí seachtrach a rinneadh (Cuid 2: Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, Caibidil 3: Athbhreithnithe Piaraí Idirnáisiúnta).

Maoirseachta

Le linn 2019, lean an Banc Ceannais dá chur chuige maoirseachta a fhorbairt trína rannpháirtíocht le comhair chreidmheasa níos mó (ag a bhfuil sócmhainní iomlána sa bhreis ar €100m) a leathnú agus trí sholúbthacht a thabhairt isteach trí bhíthin déine cigireachta atá bunaithe ar rioscaí. Glacadh cur chuige comhréireach deasc-bhunaithe i leith comhair chreidmheasa íseal-riosca (ag a bhfuil sócmhainní iomlána suas go €100m), agus is é a bhí i gceist leis sin rannpháirtíocht spriocdhírithé ar an láthair i gcás rioscaí méadaithe, trí úsáid a bhaint as cur chuige truícear-bhunaithe. Mar thoradh ar theagmháil mhaoirseachta agus ar chumarsáidí earnála tarraingíodh aird ar ionchais i leith Brexit, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le pleanáil réamhghníomhach theagmhasach.

Idirghabháil agus Athstruchtúró

Lean an Banc Ceannais de chomhdhlúthú comhar creidmheasa a éascú, agus de bheith ag tacú leis an gcomhdhlúthú sin, trí bhíthin aistrithe saorálacha ceangaltas, rud a thugann aghaidh ar chásanna ina bhfuil saincheisteanna airgeadais agus/nó rialachais ann i dtaca le comhair chreidmheasa agus, chomh maith leis sin, i gcás ina bhféachann comhair chreidmheasa le barainneachtaí scála a chur ar bun.

Bhí an t-athstruchtúró ag rannchuidiú i gcónaí le claochlú na hearnála agus tháinig líon áirithe comhar creidmheasa níos lú chun bheith ina gcuid de chomhair chreidmheasa níos mó, agus iad ag oibriú ó shuíomhanna éagsúla gnó agus iad ag soláthar raon táirgí agus seirbhísí níos leithne d'fhonn freastal ar riachtanais na gcomhaltaí. Ó 2013 go dtí 2019, tháinig laghdú 36% ar líon na gcomhar creidmheasa cláraithe ach ba lú go mór an laghdú ar shuíomhanna gnó ar leithligh, is é sin, 8%, rud a léiríonn nach ionann athstruchtúró suntasach agus dúnadh inchomparáide suíomhanna gnó.

In athbhreithniú téamach ar Athstruchtúró Earnáil na gComhar Creidmheasa a foilsíodh sa bhliain 2019, tarraingíodh aird ar na hathruithe ar phróifíl na hearnála le blianta beaga anuas agus ar an athstruchtúró mar mhodh chun cabhrú le comhair chreidmheasa coigiltis costais a bhaint amach trí dheireadh a chur le costais dhúbláilte agus trí bhairinneachtaí scála a bhaint amach.

Athruithe ar an gCreat Iasachtaithe do Chomhair Chreidmheasa

Chun creat rialála freagrúil a chinntiú, rinne an Banc Ceannais athbhreithniú ar an gcreat iasachtaithe do Chomhair Chreidmheasa. Tar éis comhairliúcháin a dhéanamh, cuireadh tús le rialacháin leasaitheacha i mí Eanáir 2020 agus, dá bharr sin, cuireadh deireadh leis na teorainneacha aibíochta cúig bliana agus deich mbliana a bhí ann, bunaithe ar an iasachtú iomlán agus ar thabhairt isteach teorainneacha nua comhchruinnithe srathacha le haghaidh iasachtaí tí agus iasachtaí tráchtála, ar bhonn sócmhainní iomlána. Tugadh na hathruithe sin isteach le go mbeidh níos mó solúbthachta ag comhair chreidmheasa chun leas a bhaint as iasachtú níos fadtéarmaí, lena n-áirítear iasachtú le haghaidh morgaistí tí agus gnóthaí d'fhonn tacú le héagsúlú níos mó i dtaca le hiasachtú. Leis na hathruithe sin, beidh comhair chreidmheasa a bhfuil neart suntasach airgeadais, inniúlacht shuntasach agus cumas suntasach acu ábalta dul i mbun iasachtú breise morgaistí le haghaidh tithe cónaithe agus iasachtú breise tráchtála. Ba cheart go ndéanfaí iasachtú ar bhealach atá stuama, atá dea-bhainistithe agus atá i gcomhréir le straitéis, cumas agus fonn riosca.

Samhail Ghnó agus Rannpháirtíocht

Leanann an Banc Ceannais d'fhorbairt samhla gnó a éascú i leith comhair chreidmheasa. Sa bhliain 2019, foilsíodh páipéar ar Straitéis maidir le

Samhail Ghnó inar moladh cur chuige struchtúrtha i leith pleanáil straitéiseach earnála. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais litir ciorcláin chun soiléireacht fheabhsaithe a sholáthar faoi infheistíocht comhar creidmheasa agus faoi eifhoinsiú chuig Soláthraithe Seirbhíse faoi úinéireacht Comhar Creidmheasa. Sa bhliain 2019, seoladh an cuntas reatha faoi Sheirbhís Chuntais Reatha Phearsanta na gComhaltaí, ar seirbhís cheadaithe bhreise í faoi alt 48 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (arna leasú). Cuireadh creat iarratais ar bun le haghaidh comhair chreidmheasa ar mian leo seirbhís bhreise mar idirghabhálaithe miondíola a oibriú ar bhonn gníomhaireachta.

Maoirseacht ar Árachas

Sa bhliain 2019, bhí an clár riosca-bhunaithe árachais dírithe ar mheasúnachtaí críochnúla riosca, ar chruinnithe rannpháirtíochta agus ar athbhreithnithe téamacha. Le linn 2019, chuir maoirseoirí os cionn 700 rannpháirtíocht i gcrích agus dhéileáil siad le líon síormhéadaitheach idirbheart a bhain le comhdhlúthú agus le hathruithe ar straitéisí agus ar struchtúir gnólachtaí. I measc phríomhréimsí béime na n-athbhreithnithe maoirseachta in 2019, áiríodh rialachas corparáideach, an creat bainistíochta riosca agus an cultúr riosca agus riosca oibríochtúil.

Cuireadh tús le clár oibre in 2019 chun measúnacht a dhéanamh ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus chun gníomhartha a mholadh ina leith. I measúnacht tosaigh ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn san earnáil árachais, tarraingíodh aird ar phríomhthéamaí riosca. Ba iad na cinn ba thábhachtaí astu sin, rioscaí a bhaineann le cúrsaí aeráide, rioscaí geopholaitiúla (go háirithe luaineacht an tírdhreacha gheopholaitiúil), cibear-rioscaí agus tionchar na nuálaíochta teicneolaíochta. Rannchuidíonn an obair sin le tosaíochtaí maoirseachta a leagan síos, mar aon le téamaí a shainaitheint a bheidh le plé páirtithe leasmhara seachtracha.

Leis na feabhsuithe ar chruinneas sonraí rialála a thíolactar faoi chóras Shócmhainneacht II, cumasaíodh sonraí a úsáid mar uirlis thábhachtach maoirseachta chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus chun anailísiú cothrománach piaraí a dhéanamh. Rinneadh cur chuige struchtúrtha a cheapadh in 2019 chun faireachán a dhéanamh ar athléimneacht airgeadais san earnáil árachais. Forbraíodh príomhtháscairí riosca chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí, lena n-áirítear, go háirithe, rioscaí a bhaineann le caipiteal, le cúlchistí, le praghsáil, le leachtacht, leis an margadh agus le cúrsaí creidmheasa. Áirítear sa chreat athléimneachta airgeadais anailís a dhéanamh ar mhacraileibhéal (an tionscal árachais) agus ar leibhéal earnála níos ísle e.g. árachas intíre neamhshaoil, athárachas agus árachas trasteorann. Cuireadh clár píolótach i gcrích in 2019 atá réidh lena chomhtháthú sa chóras maoirseachta sa bhliain 2020.

Chomh maith leis na croíghníomhartha maoirseachta a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019, bhí baint ag maoirseoirí téamaí idirnáisiúnta níos leithne, lena n-áirítear Brexit, rioscaí a d'éirigh as timpeallacht na rátaí ísle úis agus cur i bhfeidhm IFRS 17. Bhí obair mhaoirseachta idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht leis an tionscal i gceist leis sin. Bhí ceithre cinn d'athbhreithnithe piaraí ÚEÁPC ann i ndáil leis an Maoirseacht ar Árachas agus tharraing na hathbhreithnithe sin go léir aird ar chur chuige cuimsitheach an Bhainc Ceannais agus é bunaithe ar dhea-chleachtas.³⁰

Bainistíocht Sócmhainní

I measc na nithe ar díriodh maoirseacht an Bhainc Ceannais orthu in 2019, áiríodh roinnt measúnuithe iomlána riosca agus cruinnithe rannpháirtíochta le gnólachtaí sonracha inar díriodh ar ábhair thábhachtacha lena n-áirítear comhlíonadh MiFID II, ullmhacht i leith Brexit agus príomhrioscaí amhail rioscaí maidir le caipiteal, oibríochtaí agus leachtacht. Bhí leibhéal méadaithe comhairliúcháin ann in earnáil na ngnólachtaí infheistíochta agus, dá bharr sin, bhí ar mhaoirseoirí gabháil d'ardleibhéal rannpháirtíochta agus anailíse.

Ina theannta sin, tháinig forálacha Éifeachtacht na gCuideachtaí Bainistíochta Cistí (Páipéar Comhairliúcháin 86) i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2018 in earnáil na soláthraithe seirbhíse de, agus é mar aidhm acu feabhas a chur ar éifeachtacht na gcuideachtaí bainistíochta cistí. Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais tús le hathbhreithniú téamach ar Pháipéar Comhairliúcháin 86 agus cuirfear an t-athbhreithniú sin i gcrích in 2020. Is iad cuspóirí an athbhreithnithe théamaigh sin na caighdeáin comhlíontachta sa tionscal a shainaithint mar bhonn eolais do chur chuige maoirseachta an Bhainc Ceannais agus chun a chinntiú go bhfuil an éifeachtacht riachtanach agus na córais riachtanacha rialachais ann chun leasanna infheisteoirí a chosaint.

In 2019 go háirithe, d'áirigh an bhéim ar chosaint tomhaltóirí/infheisteoirí cur i gcrích athbhreithnithe théamaigh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an fhorghníomhaithe is fearr ag na gnólachtaí faoi MiFID II agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gceat rialachais ar ceart dó an forghníomhú is fearr a éascú d'infheisteoirí.

Thairis sin, choimeád an Banc Ceannais ardleibhéal infheictheachta ar bun i measc gnólachtaí maoirsithe a mhéid a bhain le sócmhainní cliant agus le hairgead infheisteoirí a chosaint. I rith na bliana, d'áirigh an clár maoirseachta cigireachtaí sócmhainní cliant, athbhreithniú ar iarratais ar údarúchán ó thaobh sócmhainní cliant de, agus faireachán a dhéanamh ar aistriú sócmhainní cliant i ngnólachtaí nua-údaraithe mar thoradh ar

³⁰ Ba iad seo a leanas ábhair na n-athbhreithnithe piaraí: cur i bhfeidhm moltaí a rinne ÚEÁPC roimhe seo, próisis chun tuarascálacha maoirseachta a athbhreithniú, cur i bhfeidhm an phrótacail maidir le comhar rialála trasteorann agus measúnú ar chomhlíonadh na gcaighdeán oiriúnachta agus ionracais.

chomhdhlúthú sa mhargadh intíre. Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais tús freisin le Tionscadal Feabhsaithe Chóras na Sócmhainní Cliant agus tá tuilleadh faisnéise ina thaobh sin le fáil i mBosca 20.

Bosca 20: Tionscadal Feabhsaithe Chóras na Sócmhainní Cliant

Ó 2016 i leith, tá méadú mór tagtha ar líon na ngnólachtaí a bhfuil údarú á lorg acu ón mBanc Ceannais sa dlínse seo (lena n-áirítear iarratais ó institiúidí creidmheasa agus ó ghnólachtaí a ghabhann do ghníomhaíochtaí mórdhíola sócmhainní cliant). De bhreis air sin, tá méadú tagtha ar an obair mhaoirseachta in institiúidí creidmheasa ó thaobh sócmhainní cliant de mar thoradh ar fhorbairtí i réimse na reachtaíochta Eorpaí (i bhfoirm MiFID II). Mar gheall air na forbairtí sin, tá méadú tagtha ar an líon eintiteas a shealbhaíonn sócmhainní cliant agus, chomh maith leis sin, ar luach na sócmhainní cliant a shealbhaíonn eintitis rialáilte Éireannacha agus, dá bharr sin, rinneadh mionchoigeartú ar lionsa maoirseachta an Bhainc Ceannais.

Rinneadh Ceanglais an Bhainc Ceannais maidir le Sócmhainní Cliant (CAR) a fhorbairt go príomha i leith gnólachtaí infheistíochta MiFID a fhónann do chliant mhiondíola. Leis na ceanglais atá ann faoi láthair, ceanglaítear go gcuimseoidh feabhsuithe, ar bhealach leordhóthanach, na heintitis sin a oibríonn i réimse na sócmhainní cliant mórdhíola, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Banc Ceannais tús le tionscadal Feabhsaithe Chóras na Sócmhainní Cliant (CARE) sa bhliain 2019 agus é mar chuspóir aige scóip CAR a leathnú agus línte gnó a bhaineann le sócmhainní cliant arna n-eascairt as gníomhaíochtaí mórdhíola a chur san áireamh.

Rinneadh méid suntasach oibre sa bhliain 2019, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: (i) chuir duine de chuid na Foirne Speisialaithe Sócmhainní Creidmheasa (CAST) tréimhse iasachta i gcrích in Údarás Iompair Airgeadais na Ríochta Aontaithe chun foghlaim faoi chóras sócmhainní cliant agus faoi chur chuige maoirseachta an Údaráis sin; agus (ii) rinneadh rannpháirtíocht le hinstitiúidí creidmheasa chun sealúchais sócmhainní cliant, agus na socrúithe ina leith sin, a dhaingniú. Cabhraíonn an obair sin le hathbhreithniú an Bhainc Ceannais ar CAR sa mhéid go gcuireann sí faisnéis ar fáil i leith feabhsuithe ar an bhfoireann uirlisí agus go spreagann sí tuilleadh rannpháirtíochta le hinstitiúidí creidmheasa.

Leanfar ar aghaidh le tionscadal CARE sa bhliain 2020 agus dá éis sin. Nuair a chuirfear an tionscadal sin i gcrích beidh córas neartaithe ann chun sócmhainní cliant a choimirciú agus cuirfear i bhfeidhm é i raon níos leithne eintiteas rialáilte Éireannach agus gníomhaíochtaí rialáilte

Éireannacha lena chinntiú go mbíonn leibhéal comhsheasmhach cosanta ann do chliant.

Maoirseacht ar Úrrúis agus ar Mhargáí

Tá freagracht ar an mBanc Ceannais as maoirseacht iompair a dhéanamh ar mhargáí príomhúla agus tánaisteacha urrús chun a chinntiú go bhfuil maoirseacht éifeachtach á déanamh ar mhargadh urrús. Rannchuidíonn sé sin le hobair an Bhainc Ceannais chun córas airgeadais iontaofa a chothú, ar córas é a thacóidh leis an ngeilleagar níos leithne.

Faireachas ar an Margadh Urrús

Chuir an Banc Ceannais tuilleadh feabhais ar a ghníomhaíocht faireachais faoi MiFID II/MiFIR, faoin Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR) agus faoin Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí.^{31,32,33,34} I measc na dtorthaí maoirseachta, áiríodh rannpháirtíocht le gnólachtaí oibrithe margáí chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid cleachtas maidir le faireachas ar ghníomhaíochtaí ina gcuid margáí, sainaitheint treochtaí i leith gníomhaíocht trádála mar fhreagairt ar MiFID II, tuairisciú tráthrialta do ESMA maidir le nithe éagsúla a cheanglaítear faoin reachtaíocht agus rannchuidiú le plé faoi chúrsaí beartais, agus anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht inmheánaitheoirí córasacha.³⁵ Ina theannta sin, ghlac an Banc Ceannais páirt in athbhreithnithe piaraí de chuid ESMA maidir le EMIR agus maidir le tuairisciú idirbheart amhrasach faoin Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh.³⁶

Maoirseacht ar Earnáil na gCistí

Sa bhliain 2019, rinne an Banc Ceannais triáiseáil ar níos mó ná 1,400 foláireamh maoirseachta mar chuid dá mhaoirseacht truícear-bhunaithe ó lá go lá ar chistí agus, mar thoradh air sin, cuireadh 76 RMP fhoirmiúla i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais maidir le tuairisciú, neartú struchtúr

³¹Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE

³²Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

³³Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

³⁴Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010

³⁵Ciallaíonn ‘inmheánaitheoir córasach’ faoi mar a shainmhínítear in MiFID, gnólacht infheistíochta a dhéilealann ar a chuntas fein, ar bhonn eagraithe, córasach, minic, agus substaintiúil, nuair a fhorghníomhaíonn sé orduithe cliant taobh amuigh de mhargadh rialáilte, de shaoráid trádála iltaobhach (‘MTF’) nó de shaoráid trádála eagraithe (‘OTF’) gan córas iltaobhach a oibriú.

³⁶Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le drochúsáid margaidh.

rialachais, feabhsuithe ar phróisis díchill chuí agus feabhsuithe ar nósanna imeachta maidir le faireachán ar rioscaí. Ina theannta sin, chuir an Banc Ceannais bearta leantacha i gcrích maidir lena athbhreithniú ar tháillí feidhmíochta.

Anailísíocht Sonraí a Úsáid

Lean an Banc Ceannais de bheith ag cur leis an gcumas teicneolaíochta chun leas a bhaint as cainníochtaí níos mó ná riamh de shonraí tuairiscithe de, agus béim á leagan ar cháilíocht sonraí a fheabhsú. Chomh maith leis sin, d'eisigh an Banc Ceannais litir chuig an tionscal maidir le toradh a athbhreithnithe ar cháilíocht sonraí arna dtuairisciú faoi EMIR, lena n-áirítear roinnt réimsí a lua ina raibh gníomhartha ag teastáil ó na páirtithe tuairiscithe.

Lean an Banc Ceannais de bhealach nua tuairiscithe 'ó mheaisín go meaisín' a fhorbairt agus faightear os cionn 80% de thuairiscí idirbhirt MiFID tríd an mbealach sin anois. Ina theannta sin, ghéaraigh an Banc Ceannais an faireachán a dhéanann sé ar leibhéil laethúla fuascailte cistí Éireannacha, mar chuid de bhéim atá á leagan ar an riosca leachtachta cistí.

Reachtaíocht Nua

Sa bhliain 2019, chuir an Banc Ceannais an Rialachán maidir le Réamheolairí, an Rialachán maidir le hIdirbhearta Maoinithe Urrús agus ceanglais an Rialacháin maidir le Cistí Margaidh Airgid i bhfeidhm.^{37,38} Ar an 11 Eanáir 2019, d'eisigh an Banc Ceannais comhráiteas in éineacht le Commission de Surveillance du Secteur Financier Lucsamburg, lena chinntiú go ndéanfaí an Rialachán maidir le Cistí Margaidh Airgid a chur i bhfeidhm ar mhodh ordúil i leith cistí a bhíonn ag gabháil do chealú scaireanna. In ESMA, rannchuidigh an Banc Ceannais le forbairt a dhéanamh ar bheartais, ar nósanna imeachta agus ar thuairisciú nua maoirseachta (agus béim ar leith á leagan ar chóineasú maoirseachta).

Bosca 21: Athbhreithniú ar Innéacsú faoi Choim

Is é atá i gcur síos ESMA ar innéacsú faoi choim cleachtas ina n-éilíonn cistí go bhfuil cistí infheisteoirí á mbainistiú acu ar mhodh gníomhach fad atá na cistí, le fírinne, ag fanacht an-ghar d'innéacs tagarmharcála.

Sa bhliain 2019, rinne an Banc Ceannais an t-athbhreithniú maoirseachta sonraibhunnaithe is mó dá chuid ar thionscal cistí na hÉireann d'fhonn a fháil amach an raibh cistí Éireannacha ag gabháil don chleachtas seo.

³⁷ Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

³⁸ Rialachán (AE) Uimh. 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid.

Rinneadh anailís sonraí ar bhreis agus 2,500 ciste UCITS ((Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) a mhaíonn go bhfuil bainistíocht ghníomhach á déanamh orthu. San anailís sin, sainithníodh 182 chiste a bhí ag gluaiseacht i gcomhréir leis an tagarmharc go feadh tréimhsí suas le 5 bliana. Rinneadh athbhreithniú ansin ar dhoiciméid de chuid na gcistí, lena n-áirítear an réamheolaire agus an phríomhfhaisnéis maidir leis na cistí sin.

Chinn an Banc Ceannais nach ndearnadh faisnéis dhóthanach nó faisnéis chruinn a thabhairt d'infheisteoirí faoin straitéis maidir le hinfeistiú chistí UCITS.

D'eisigh an Banc Ceannais Cláir Mhaolaithe Riosca lena ceanglaíodh ar UCITS a gcuid doiciméad maidir le cistí a leasú agus mionsonraí faoi chinntí an Bhainc Ceannais, arbh iad ba chúis leis na leasuithe, a chur chuig na scairshealbhóirí. Leanfaidh an Banc Ceannais de bheith i dteagmháil le UCITS sa bhliain 2020 agus bainfidh sé leas iomlán as na cumhachtaí maoirseachta go léir atá aige.

Maoirseacht ar Iompar an Mhargaidh Mórdhíola

I Márta 2019, scríobh an Banc Ceannais chuig gnólachtaí a bhí údaraithe ag an mBanc Ceannais agus ar féidir leo gabháil do sheirbhísí infheistíochta MiFID i margaí mórdhíola urrús. Sa litir sin, leagadh amach ionchais an Bhainc Ceannais i dtaobh an cheanglais atá ar na heintitis sin rioscaí a éiríonn as iompar margaidh a shainithint, a mhaolú agus a bhainistiú. I measc na ngníomhaíochtaí maoirseachta a bhí ann, áiríodh athbhreithniú téamach ar éifeachtacht na slí ina sainithnítear agus ina measúnaítear riosca iompair sa mhargadh mórdhíola, measúnacht iomlán ar rioscaí iompair i ngnólacht mór, measúnacht ar ghnólachtaí infheistíochta móra casta agus ar institiúidí creidmheasa móra casta a raibh údarú á lorg acu chun gabháil do ghníomhaíochtaí sa mhargadh mórdhíola.

Forfheidhmiú agus an Comhrac in aghaidh Sciúradh Airgid

Tá freagracht ar an mBanc Ceannais as imscrúduithe forfheidhmiúcháin a chur i gcrích i ngach earnáil, ar imscrúduithe iad a bhaineann le ceanglais stuamachta agus le ceanglais iompair araon, agus as maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais a mhéid a bhaineann le comhlíonadh a gcuid oibleagáidí maidir le frithsciúradh airgid (AML) agus maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (CFT).

Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac

Chun an príomhchuspóir a bhaint amach maidir le sláine an chórais airgeadais a chosaint agus cosc a chur ar úsáid aindleathach an chórais sin

ag coirpigh agus ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta, tá freagracht ar an mBanc Ceannais as maoirseacht éifeachtach riosca-bhunaithe a dhéanamh ar chomhlíonadh AML/CFT agus ar chomhlíonadh smachtbhannaí airgeadais (FS), agus as rannchuidiú le forbairt reachtaíocht agus bheartas AML/CFT ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta.

Cur Chuige Riosca-Bhunaithe maidir le Maoirseacht ar AML/CFT

Sa bhliain 2019, lean an Banc Ceannais de chur chuige riosca-bhunaithe céimnithe a chur i bhfeidhm maidir le maoirseacht ar AML/CFT. Cinntíonn an cur chuige riosca-bhunaithe sin go ndéantar gnólachtaí ag a bhfuil leibhéal ard riosca i leith teacht faoi lé gníomhaíochtaí sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a chur faoi réir maoirseachta de chineál níos minice agus níos cuimsithí agus, ag an am céanna, tá foráil ann maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta freagrúla atá bunaithe ar fhaisnéis shonrach. Cé go bhfuil cur chuige iomlánaíoch ag an mBanc Ceannais maidir le maoirseacht ar ghnólachtaí, oibríonn sé modúl saincheaptha measúnaithe riosca don AML/CFT laistigh den Chóras Dóchúlachta Riosca agus Tionchair (PRISM) ar dá réir a dhéantar rátálacha riosca agus tascanna ML/TF a scaradh, agus a choinneáil ar leithligh, ó thascanna maoirseachta stuamachta agus tomhaltóra, rud a léiríonn cuspóir ar leith na maoirseachta AML/CFT. I rith na bliana 2019, rinne an Banc Ceannais 89 gcigireacht ar an láthair, reáchtáil sé 87 gcruinniú athbhreithnithe agus d'eisigh sé 203 Cheistneoir Measúnaithe Riosca chuig gnólachtaí.

Rannpháirtíocht leis an Tionscal

Tar éis comhairliúchán poiblí a sheoladh, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a chuid Treoirlínte AML/CFT don Earnáil Airgeadais i Meán Fómhair 2019. Léiríonn na Treoirlínte sin na ceanglais dhlíthiúla nuashonraithe AML/CFT atá ann do ghnólachtaí rialáilte mar thoradh ar an gCeathrú Treoir AE maidir le Frithsciúradh Airgid (4AMLD) a thrasú i ndlí na hÉireann. Is é is cuspóir do na Treoirlínte treoir bhreise a thabhairt do ghnólachtaí rialáilte i dtaobh conas a gcuid oibleadáidí dlíthiúla a chomhlíonadh d'fhonn cosc a chur ar choirpigh agus ar sceimhlitheoirí úsáid a bhaint as an gcóras airgeadais chun críocha aindleathacha.

Le linn 2019, rinne an Banc Ceannais cuid mhór oibre, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta, chun aird a tharraingt ar oibleagáidí an tionscail seirbhísí airgeadais sna hearnálacha go léir maidir le páirt ghníomhach a ghlacadh sa chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus, chomh maith leis sin, chun páirtithe leasmhara seachtracha a chur ar an eolas faoi chur chuige an Bhainc Ceannais maidir le maoirseacht.

Athruithe Reachtaíochta

Thug an Banc Ceannais cúnamh teicniúil don Roinn Airgeadais i ndáil leis an gCúigiú Treoir AE maidir le Frithsciúradh Airgid (5AMLD) a thrasú isteach i ndlí na hÉireann agus tá an Treoir sin le trasú go luath sa bhliain 2020.

Athrú suntasach a bheidh ann mar thoradh ar 5AMLD is ea go mbeidh eintitis a sholáthraíonn seirbhísí áirithe a bhaineann le hairgeagra fíorúil faoi réir rialacha AML/CFT agus faoi réir mhaoirseacht an Bhainc Ceannais i leith chomhlíonadh na rialacha sin.

Forbairtí maidir le Beartas AML/CFT

I rith na bliana 2019, chuir an Banc Ceannais ionchur suntasach ar fáil i leith fhorbairt bheartas AML/CFT trí pháirt a ghlacadh i gComhchoiste AML agus i dTascfhórsa Gníomhaíochta Airgeadais na ÚMEanna agus ghlac sé páirt sa choiste náisiúnta AML/CFT freisin. D'áirigh an obair sin ionchur ón mBanc Ceannais i bplé ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta maidir le tionscadail i ndáil le haitheantas leictreonach (eID) agus maidir le sruthanna oibre i ndáil le rialacha AML/CFT a chur i bhfeidhm maidir le heintitis a sholáthraíonn seirbhísí áirithe a bhaineann le sócmhainní fíorúla.

Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin a Úsáid chun Torthaí Maithe agus Díspreagadh Inchreidte a Bhaint Amach

Cuireann an Banc Ceannais gníomhartha forfheidhmiúcháin i bhfeidhm a fhéachann le gnólachtaí agus daoine aonair a dhéanamh cuntasach, le mí-iompar a dhíspreagadh agus le comhlíontacht agus caighdeán arda i réimse na seirbhísí airgeadais a chur chun cinn. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na bpríomhghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin in 2019:

Gníomhartha Forfheidhmiúcháin

Mar thoradh ar imscrúduithe dochta inar seoladh cuid mhór agallamh agus anailís sonraí casta, bhain an Banc Ceannais roinnt torthaí maithe forfheidhmiúcháin amach in 2019: cuireadh ocht gcinn de ghníomhartha forfheidhmiúcháin i gcrích faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) agus forchuireadh fíneálacha arbh ionann san iomlán iad agus €30,262,689.

Gníomh suntasach forfheidhmiúcháin ab ea forchur fhíneáil €21m ar Permanent TSB plc tar éis imscrúdú a sheoladh inar admhaigh Permanent TSB go ndearnadh 42 shárú rialála ar na cóid um chosaint tomhaltóirí, ar sárúithe iad a rinne difear do 2,007 gcustaiméir dá chuid a raibh cuntas morgáiste rianúcháin acu. Ba í sin an fhíneáil ba mhó a d'fhorchuir an Banc Ceannais riamh agus ba é an gníomh deiridh é sa chéad imscrúdú i sraith imscrúduithe tionscail a d'éirigh as Imscrúdú an Bhainc Ceannais ar Mhorgáistí Rianúcháin.

Lean an Banc Ceannais d'aird a dhíriú ar chuntasacht daoine aonair. Ó 2006 i leith, tá 14 dhuine aonair dícháilithe ag an mBanc Ceannais faoin ASP chun phoist a shealbhú mar dhaoine atá bainteach le bainistiú gnólachtaí rialáilte.

Ó 2011 i leith, tá toirmeasc curtha ag an mBanc Ceannais, faoin gcóras oiriúnachta agus ionracais, ar ochtar daoine aonair i leith aon ról a bheith acu san earnáil seirbhísí airgeadais go ceann tréimhsí sonraithe ama nó tréimhsí éiginnte ama. Sa bhliain 2019 go háirithe, d'éirigh leis an mBanc Ceannais a chéad ordú Ard-Chúirte a fháil faoi alt 45 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 agus, leis an ordú sin, daingníodh fógra toirmisc inar cuireadh cosc ar dhuine aonair aon fheidhm rialaithe a chomhlíonadh in Éirinn ar feadh deich mbliana. Ina theannta sin, lean an Banc Ceannais dá rannpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais i ndáil le forbairt an Chreata bheartaithe maidir le Cuntasacht Daoine Aonair.

Chomh maith leis sin, rinne an Banc Ceannais údarúchán/clárúchán trí ghnólacht a chúlghairm/a chealú ar bhonn neamhdheonach, ar gnólachtaí iad a mhainnigh na ceanglais a bhain lena n-údarúchán/a gclárúchán a chomhlíonadh.

Bosca 22: Treoir maidir le Smachtbhannaí ASP

Ar an 14 Samhain 2019, sheol an Banc Ceannais a Threoir maidir le Smachtbhannaí ASP. Leis an Treoir sin, féachtar le trédhearcacht a mhéadú trí níos mó soiléireachta a chur ar fáil i ndáil le cur chuige ginearálta an Bhainc Ceannais i leith smachtbhannaí a fhorchur ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair faoin ASP. Tá treoir ann maidir le nithe éagsúla a bhaineann le smachtbhannaí a chur san áireamh, lena n-áirítear comhoibriú, féintuairisciú agus feabhsúchán.

Ba cheart go gcuideodh an Treoir le cultúr feabhsaithe comhlíontachta a chur chun cinn i ngnólachtaí airgeadais trí shoiléiriú a thabhairt ar na cineálacha iompair a d'fhéadfadh sárú ar dhlí na seirbhísí airgeadais a ghéarú nó a mhaolú.

Leis an Treoir seo, comhlánaítear Breac-Chuntas an Bhainc Ceannais ar an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin agus ar Threoirlínte Fiosrúcháin, a forordaíodh de bhun alt 33BD den Acht.

Nochtadh Cosanta

Is uirlis thábhachtach iad tuairiscí i bhfoirm Nochtadh Cosanta a chuidíonn leis an mBanc Ceannais a shainordú maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chomhall. Cabhraíonn siad le raon maoirseachta an Bhainc Ceannais a leathnú agus feabhsaíonn siad a léargas foriomlán rialála trí fhoinsé luachmhar faisnéise a sholáthar maidir le hearnálacha agus gnólachtaí rialáilte. Ina theannta sin, tá ról uathúil ag an gcóras le haghaidh nochtadh cosanta i dtaca le hardchaighdeán laistigh de ghnólachtaí rialáilte a chur

chun cinn agus cuidíonn an córas le tionchar dearfach a imirt ar iompar daoine.

Fuair an Banc Ceannais 200 nochtadh cosanta sa bhliain 2019 agus léiríonn an figiúr sin méadú 56% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (fuarthas 128 nochtadh cosanta sa bhliain 2018). Tá na tuairiscí sin tábhachtach agus, dá bharr sin, déantar measúnú críochnúil ar gach tuairisc a fhaightear. I measc na gníomhartha a dhéantar de bhun faisnéise a fhaightear i bhfoirm nochtadh cosanta, áirítear an méid seo a leanas: obair bhreise mhaoirseachta a dhéanamh amhail cigireachtaí ar an láthair, a cheangal ar ghnólacht saincheistanna a réiteach, béim níos mó a leagan ar ghnólachtaí áirithe ó thaobh na maoirseachta de, agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh.

Tuigeann an Banc Ceannais go mbíonn sé deacair uaireanta nochtadh cosanta a dhéanamh. Ach síleann sé go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an bhfaisnéis seo agus déileálann sé le tuairiscí den sórt sin ar bhealach gairmiúil, tuisceanach, rúnda lena chinntiú go gcosnaítear céannacht an duine a thugann an tuairisc.

Bosca 23: Gnólachtaí neamhúdaraíthe

Tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais maidir lena chinntiú nach mbíonn ag oibriú sa Stát ach gnólachtaí agus daoine aonair a bhfuil údarúchán acu ón mBanc Ceannais nó, más infheidhme, ó rialtóir comhfhreagrach i mBallstát eile LEE ina bhfuil na socrúithe riachtanacha i leith nós imeachta an phas. Glacann an Banc Ceannais gníomh in aghaidh gnólachtaí a fhéachann le gníomhaíochtaí seirbhíse airgeadais a sheoladh gan an t-údarúchán riachtanach agus déanann sé imscrúdú ar na cásanna go léir a dtarraingítear a aird orthu agus ina líomhnaítear go bhfuil gníomhaíocht neamhúdaraíthe ar siúl. Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh an Banc Ceannais 53 fhógra rabhaidh i leith gnólachtaí neamhúdaraíthe, is é sin méadú 51% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (foilsíodh 35 fhógra in 2018). Tá liosta gnólachtaí neamhúdaraíthe ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Beartas Rialála agus Creat Maoirseachta

Cuid thábhachtach de shainordú an Bhainc Ceannais is ea forbairt agus cothabháil an chreata beartais rialála le haghaidh earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. Ullmhaíonn agus cothabhálann an Banc Ceannais beartais shoiléire, ghonta, éifeachtacha atá comhsheasmhach lena chuspóirí agus lena thosaíochtaí straitéiseacha. Soláthraíonn na beartais sin an bonn chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail a bhaineann le fóntacht eagraíochtúil agus airgeadais, le cosaint tomhaltóirí agus le margaí a fheidhmiú go héifeachtach. Áiríonn an obair sin an méid seo a leanas:

- Rannchuidiú le ceapadh agus cur i bhfeidhm na rialála Eorpaí agus na rialála idirnáisiúnta.
- Forbairt agus cothabháil chreat rialála an Bhainc Ceannais maidir le maoirseacht stuamachta agus iompair.
- Forbairt agus cothabháil chreat maoirseachta riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais (PRISM) a stiúradh.

Déanann an Banc Ceannais beartas rialála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ndáil le hinstiúidí creidmheasa, gnóthais árachais, gnólachtaí infheistíochta, cistí infheistíochta, agus urrúis agus margaí, agus déantar an obair sin ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta araon. Áiríonn sé sin beartas trasearnála a fhorbairti réimsí FinTech agus an airgeadais inbhuanaithe (féach Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Bosca 3. Athrú Aeráide agus Cobhsaíocht Airgeadais). Sa bhliain 2019, díríodh aird ar leith, ó thaobh an bheartais rialála de, ar thús a chur le forbairt Creat Cuntasachta do Dhaoine Aonair.

Oibríonn an Banc Ceannais le comhpháirtithe san Aontas Eorpach (ÚEÁPC, ÚBE, ESMA) agus ar bhonn idirnáisiúnta (amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis (IOSCO)) i ndáil le forbairt treoirlínte, caighdeán, modhanna agus anailíse riosca i réimsí na rialála agus an réitigh agus, chomh maith leis sin, i ndáil le creataí reachtacha AE agus idirnáisiúnta a bhaineann le hearnálacha a ndéanann an Banc Ceannais rialáil orthu. I rith na bliana 2019, chuir an Banc Ceannais tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais nuair a bhí reachtaíocht AE á forbairt i réimsí amhail an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil II/ an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil V, pacáiste NPL, an Scéim Eorpach Árachais Taiscí, Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach, slua-chistiú agus airgeadas inbhuanaithe.

A mhéid a bhain le rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in ÚEÁPC sa bhliain 2019, díríodh aird ar leith ar an athbhreithniú ar Shócmhainneacht II in 2020. Is é seo an chéad athbhreithniú uileghabhálach ar chóras Shócmhainneacht II ón tráth ar tugadh an córas sin isteach sa bhliain 2016. Ba iad na príomhréimsí ar leag an Banc Ceannais béim orthu deimhin a

dhéanamh de go bhfuil margadh oscailte ann i gcónaí do ghnóthais a scríobhann gnó ar fud na hEorpa ar bhonn saorghluaiseacht seirbhísí nó ar bhonn sairse bhunaíochta, feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí trí chomhchuibhiú íosta lánmhaoinithe scéimeanna ráthaíochta árachais a thabhairt isteach, creat docht téarnaimh agus réitigh, agus ceanglais chaipitil a fhreagraíonn go cuí do thimpeallacht na rátaí ísle úis.

Mar chuid de rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais san ÚBE in 2019, díriodh aird ar leith ar an tsraith dheiridh d'athchóirithe Basel III a raibh mar aidhm acu inchreidteacht chreat rialála na baincéireachta stuamachta a neartú agus a fheabhsú tuilleadh. Ina cháil cheannaireachta mar chomhchathaoirleach ar an mBuanchoiste Ar Rialáil agus ar Bheartas, agus ar leibhéal meithle thar roinnt príomhréimsí riosca, bhí dlúthbhaint ag an mBanc Ceannais le hobair an ÚBE i ndáil leis an bpacáiste críochnaitheach laghdaithe riosca sa bhliain 2019 agus i ndáil le freagra an ÚBE ar Iarraidh an Choimisiúin Eorpaigh ar Chomhairle i leith bailchríoch a chur ar Basel III.

Maidir leis an bpróiseas beartais rialála Eorpach i leith earnáil na gcistí infheistíochta, ghlac an Banc Ceannais páirt ghníomhach, ar leibhéal ESMA, i bhforbairt treoirlínte comhchuibhithe maidir le tástáil struis le haghaidh UCITS agus Cistí Infheistíochta Malartaí, i scrúdú ar fhaisnéis faoi chostais agus faoi fheidhmíocht roimhe seo agus i bhfoilsíú treorach maidir le ceanglais tarmligin a bhaineann le taisclanna. Ina theannta sin, thacaigh an Banc Ceannais go mór le forbairt creata comhchuibhithe maidir leis an gcaoi ina bhféadfadh cistí úsáid a bhaint as táillí feidhmíochta, rud ar seoladh comhairliúchán ina leith in 2019.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, bíonn ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais freisin in IOSCO i dtaca le cistí infheistíochtaí agus rinneadh an obair sin mar chuid de ghrúpa ceannaireachta ar Chistí a Thrádáiltear ar Mhalartán (maidir le saincheisteanna a bhain le cúrsaí iompair agus cúrsaí margaidh araon) agus trí fheidhmiú mar chathaoirleach ar ghrúpa rialtóirí a bhfuil scrúdú á dhéanamh acu ar shaincheisteanna a bhaineann le hiompar i gcás soláthraithe innéacsanna.

Ag féachaint le feabhas a chur ar an leabhar rialacha maidir le rialáil i réimse an árachais, d'fhoilsigh an Banc Ceannais Plépháipéar i ndáil le húsáid a bhaint as cuideachtaí seirbhíse. Cuireadh clabhsúr ar an gcomhairliúchán sin ar an 14 Feabhra 2020 agus bainfear úsáid as na freagraí a gheofar ar an bPlépháipéar sin mar bhonn eolais le linn don Bhanc Ceannais breithniú a dhéanamh ar a sheasamh beartais i ndáil leis an gcleachtas seo laistigh den earnáil árachais in Éirinn agus ar aon ghníomhartha feabhsaithe rialála nó maoirseachta a mbeidh gá leo.

Chun feabhas a chur ar rialáil iompair na ngnólachtaí rialáilte agus ar oibriú margáí airgeadais d'fhonn tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint, chuir an

Banc Ceannais feabhas ar an gcreat rialála chun déileáil le hearráidí i gcistí infheistíochta, chun na hearráidí sin a cheartú, agus chun sásamh a thabhairt i ndáil le hearráidí, agus rinne sé amhlaidh trí Pháipéar Comhairliúcháin 130 (CP130) a eisiúint inar leagadh amach freagrachtaí do chuideachtaí bainistíochta cistí agus do thaisclanna. Rinneadh creat rialála an Bhainc Ceannais maidir le rioscaí iompair mhórdhíola a athbhreithniú i rith na bliana freisin. Le linn 2019, rinneadh obair shonrach i ndáil le tagarmharcáil, dea-fhorfheidhmiú, sócmhainní cliant agus rialacha maidir le haicmiú cliant agus leanfar den obair sin in 2020.

Cuid de shainordú an Bhainc Ceannais is ea rioscaí, deiseanna agus dúshlán atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar nuálaíocht airgeadais a shainaitheint agus beart a dhéanamh dá réir sin. Rinne an Banc Ceannais an obair sin a stiúradh trí bhíthin an Ghrúpa Stiúrtha Nuálaíochta inmheánaigh agus trí bhíthin Líonra FinTech. Sa bhliain 2019, d'oibrigh an Banc Ceannais i gcomhar leis an bhFóram Eorpach Nuálaíochta agus rannchuidigh sé le forbairt comhairle ón ÚBE agus ó ESMA maidir le cripteashócmhainní agus maidir le Tairiscintí Tosaigh Bonn don Choimisiún Eorpach agus le forbairt bheartas IOSCO sa réimse seo. Ina theannta sin, lean an Banc Ceannais dá rannpháirtíocht le gnólachtaí a bhfuil nuálaíocht ar siúl acu i réimse na seirbhísí airgeadais trí bhíthin a Mhoil Nuálaíochta agus foilsíodh a fhaisnéis bhliantúil chun dáta ar an 20 Feabhra 2020.

Tosaíocht thábhachtach faoi théamaí straitéiseacha an Bhainc Ceannais dar teideal 'Athléimneacht a Neartú' agus 'Cosaint Tomhaltóirí a Neartú' is ea a chinntiú go mbíonn an mhairseacht éifeachtach. Baintear an méid sin amach, tríd is tríd, trí chreat maoirseachta rioscaí (PRISM) an Bhainc Ceannais a chothabháil agus a fheabhsú, agus trí thacaíocht a thabhairt ina leith, agus trí cháilíocht chur i bhfeidhm an chreata sin a dheimhniú.

Bosca 24: Athbhreithniú ar PRISM

Thug an Banc Ceannais PRISM isteach sa bhliain 2011. Tugadh PRISM isteach chun a chumasú don Bhanc Ceannais a shainordú reachtúil a bhaint amach a mhéid a bhaineann le rialáil chúí éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais agus ar mhargaí, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnaítear leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Baintear an méid sin amach trí chur chuige struchtúrtha atá dírithe ar rioscaí agus ar thorthaí a chur i bhfeidhm maidir le maoirseacht.

In 2019, dhírigh an Banc Ceannais ar dhá athbhreithniú shuntasacha ar PRISM chun a chinntiú go raibh an Creat Maoirseachta ag coinneáil suas le hathruithe agus go raibh sé oiriúnach dá chuspóir i gcónaí.

1. Athbhreithniú ar Thionchar PRISM - Measúnú ar 28 múnla reatha Tionchair Stuamachta (i) in earnálacha na Bainistíochta Sócmhainní, an Bhonneagair Margaidh, na nÍocaíochtaí agus an r-Airgid, (ii) i soláthraithe Seirbhísí Ciste, soláthraithe Árachais agus soláthraithe Athárachais agus (iii) i gComhair Chreidmheasa lena chinntiú go bhforbróidh siad ar bhealach ina leanfaidh siad de bheith oiriúnach dá gcuspóir.
2. Athbhreithniú ar an gCreat um Theagmháil Íosta agus Maoirseacht - Tá athbhreithniú iomlánaíoch á dhéanamh ar chur chuige reatha an Bhainc Ceannais maidir le teagmháil mhaoirseachta agus maidir le feabhas a chur ar a chreat maoirseachta i leith fonn riosca.

Is é is cuspóir do na hathbhreithnithe sin, atá nasctha go dlúth lena chéile, a chinntiú go leanfaidh an Banc Ceannais de Chreat Maoirseachta a oibriú lena dtacófar le cur chuige ceannasach, riosca-bhunaithe, docht, anailíseach, toradh-dhírithé i leith na maoirseachta. Leanfar leis an obair seo le linn 2020. Mar shampla, rachfar i mbun oibre ar an gCreat Maoirseachta um Chosaint Tomhaltóirí agus ar an measúnú ar an múnla tionchair stuamachta le haghaidh cistí.

Maoiniú agus Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais

Maoiniú na Rialála Airgeadais

Is é straitéis mhaoiniúcháin an Bhainc Ceannais athrú a dhéanamh, ar bhonn céimnithe, chuig staid ina ndéantar costas iomlán na rialála airgeadais a ghnóthú ón tionscal.

Gach bliain, déanann an Banc Ceannais rialacháin lena gceanglaítear ar ghnólachtaí rialáilte tobhach maoiniúcháin a íoc leis an mBanc Ceannais i leith a chuid seirbhísí rialála airgeadais.

Léiríonn an ceanglas bliantúil maoiniúcháin na hacmhainní a bhfuil gá leo chun freagrachtaí dlíthiúla an Bhainc Ceannais faoin dlí intíre agus faoi dhlí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, na rátaí téarnaimh atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais agus coigeartuithe i leith iarmhéideanna a bhaineann leis an mbliain roimhe.

Maidir leis na rialacháin sin, ina leagtar amach an bonn ar dá réir a chuirtear tobhaigh i bhfeidhm maidir le heintitis rialáilte ar leithligh i ngach aicme maoiniúcháin ar leith de chuid an tionscail, tagann siad i bhfeidhm tar éis don Aire Airgeadais iad a cheadú.

Bosca 25: Straitéis Mhaoiniúcháin an Bhainc Ceannais a Chur i bhFeidhm

Is é atá sa straitéis mhaoiniúcháin trí bliana don tréimhse ó 2018 go 2020:

1. An ráta foriomlán téarnaimh a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí maoiniúcháin d'fhonn maoiniú iomlán ag an tionscal a bhaint amach sa mheántearma.
2. An tobhach a fhorchur ar bhonn costais iarbhír seachas ar bhonn costais bhuiséadaithe d'fhonn deireadh a chur le luaineacht mar thoradh ar choigeartuithe a bhaineann le gníomhaíochtaí sa bhliain roimhe.
3. Leanúint de mhionchoigeartú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí a bhaineann leis an tobhach i gcás ina bhfuil malairtí ar fáil lena chinntiú go bhfuil tobhaigh comhréireach agus go léiríonn siad méid shonrach agus rioscaí sonracha eintitis.

I Meitheamh 2019, tar éis ceadú a fháil ón Aire Airgeadais, d'fhoilsigh an Banc Ceannais an chonair bheartaithe i leith an athraithe chuig maoiniú 100% ag an tionscal sa tréimhse cúig bliana atá romhainn.

Déanfar tobhaigh na bliana 2019 a ríomh ar bhonn na gcostas iarbhír a bhaineann le rialáil airgeadais agus eiseofar sonraisc in R3 2020.

I dtimthriall tobhaigh na bliana 2019, leanfaidh eintitis árachais, gnólachtaí infheistíochta agus soláthraithe seirbhísí ciste de bheith faoi

réir phraghsáil tionchar-dhíorthaithe PRISM ach tiocfaidh siad chun bheith faoi réir modheolaíochtaí nua de réir mar a fhorbraítear malairtí. Tá an mhodheolaíocht atá i bhfeidhm le haghaidh institiúidí hreidmheasa ó 2017 i leith á mionchoigeartú lena chinntiú go leanfaidh tobhaigh de bheith comhréireach i bhfianaise athruithe ar stádas údarúcháin i roinnt institiúidí nua agus i roinnt institiúidí reatha.

Ar mhaithe le trédharcacht, táthar ag leanúint den rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaitheacha ón tionscal i ndáil le forbairtí a bhaineann le maoiniú.

Soláthar Foirne don Rialáil Airgeadais

Ag deireadh mhí na Nollag 2019, bhí coibhéis 978 bhfostaí lánaimseartha (FTEanna) ag gabháil do ghníomhaíochtaí rialála, aníos ó 953 i mí na Nollag 2018. Bhí an méadú ar an líon foirne in 2019 inchurtha go príomha do na nithe seo a leanas:

1. Brexit - bhí gá le foireann bhreise chun déileáil le méid, cineál agus castacht na ngnólachtaí nua a raibh údarúchán á lorg acu agus chun próiseáil a dhéanamh ar na hathruithe suntasacha ar shamhlacha gnó de chuid gnólachtaí a bhí ann cheana féin.
2. Bunaíodh Feidhm Iompair Mhórdhíola mar thoradh ar phróifíl athraitheach na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta agus chun a chinntiú go ndéantar riosca iompair mhórdhíola a leabú i gcreataí an Bhainc Ceannais.
3. Tháinig méadú ar an líon ball foirne a tugadh isteach faoi chlár scoláireachta agus céimithe an Bhainc Ceannais.

Caighdeáin Seirbhíse i leith Próiseáil Iarratas agus Bainistíocht Teagmhála

Caighdeáin Seirbhíse

Foilsíonn an Banc Ceannais dhá thuarascáil leathbhliantúla ina leagtar amach a fheidhmíocht i gcomparáid le gealltanais i leith Caighdeáin Seirbhíse maidir leis na nithe seo a leanas:

1. Measúnú ar iarratais Oiriúnachta & Ionracais (O&I).
2. Údarúchán do Sholáthraithe Seirbhísí Airgeadais agus do Chistí Infheistíochta
3. Seirbhísí Bainistíochta Teagmhála.

Comhlíonadh na caighdeáin, nó sáraíodh iad, i gcás 97% de na spriocanna a bhfuarthas iarratais ina leith.³⁹

Fíor 2: Na Caighdeáin Seirbhíse a Baineadh Amach in 2019



³⁹ [Caighdeáin Feidhmíochta H1](#) agus [Caighdeáin Feidhmíochta H2](#)

Seirbhísí Idirbheart Rialála


Oibríonn an Banc Ceannais seirbhís lárnaithe, shruthlínithe, uathoibrithe le haghaidh idirbhearta lárnacha, amhail Oiriúnacht agus Ionracas, Údaruithe Cistí agus Soláthraithe Seirbhíse Ciste, Nós Imeachta an Phas, Bainistíocht Tuairisceán agus próisis Bainistíochta Teagmhála, agus, ar an dóigh sin, cuirtear feabhas ar comhsheasmhacht na cinnteoireachta, laghdaítear rioscaí agus soláthraítear seirbhís intomhaiste, thrédhearcach lena ngabhann tréimhsí feabhsaithe comhlánaithe.


Is iad seo a leanas na príomhsheirbhísí rialála a sholáthraíonn an Banc Ceannais:

- An Fheidhm mar Gheatóir Oiriúnachta agus Ionracais - Measúnú ar iarratais ó dhaoine a raibh ceadú á lorg acu chun poist shinsearacha a bheith acu i ghnólachtaí rialáilte faoin gCóras Oiriúnachta agus Ionracais (i.e. Feidhm Rialaithe Réamhcheadaithe (PCFanna)), i gcomhréir le Caighdeáin Seirbhíse. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí 51 ról PCF ar leithligh ann a bhain le níos mó ná 20 earnáil tionscail.
- Údaruithe Cistí agus Soláthraithe Seirbhíse Ciste - Measúnú ar iarratais ar líne ar Chistí agus ar Sholáthraithe Seirbhísí Ciste i gcomhréir le Caighdeáin Seirbhíse.
- Nós Imeachta an Phas - Fógraí pas (Saoirse Seirbhísí) a fhaightear ó ghnólachtaí rialáilte a phróiseáil i gcomhréir le hamscálaí reachtúla.
- Bainistíocht Tuairisceán - Tugadh tacaíocht do ghnólachtaí rialáilte maidir le tuairisceáin laithreacha agus tuairisceáin nua rialála a thíolacadh ar líne trí Chóras Tuairiscithe Ar Líne (ONR) an Bhainc Ceannais.
- Seirbhís Bainistíochta Teagmhála - Seirbhís ghinearálta bainistíochta teagmhála/tacaíochta fiosruithe a sholáthar do ghnólachtaí rialáilte i gcomhréir le Caighdeáin Seirbhíse atá foilsithe.

Bhí 25,093 fhiosrú san iomlán ann sa bhliain 2019, is é sin méadú 7% i gcomparáid le líon na bhfiosruithe sa bhliain roimhe sin. Léiríonn an méadú ar fhiosruithe an méadú ar an líon gnólachtaí agus/nó daoine aonair a raibh údarúchán agus/nó ceadú á lorg acu (go háirithe mar thoradh ar Brexit). De bhreis air sin, tháinig méadú 12% ar an líon tuairisceán rialála a bhí dlite ó ghnólachtaí rialáilte, aníos ó 33,843 thuairisceán in 1918 go dtí 37,985 thuairisceán in 2019. Is sna hearnálacha gnólachta infheistíochta agus soláthraithe seirbhíse ciste a taifeadadh an méadú ba shuntasá i dtaca le tuairisceáin a bhí dlite.

Cairt 4: An líon fiosruithe ar dhéileáil an tIonad Teagmhála um Idirbhearta Rialála leo



Cairt 5: Iarratais Oiriúnachta agus Ionraicis de réir Stádais**Iarratais Oiriúnachta & Ionraicis de réir Stádais**


I rith na bliana 2019, rinneadh measúnú ar 4,586 iarratas PCF agus b'ionann é sin agus méadú 18% (2018: 3,873). Bhí an méadú sin inchurtha go príomha do thionchar Brexit ó tharla go raibh soláthraithe seirbhíse airgeadais na Ríochta Aontaithe ag iarraidh láithreach a choimeád ar bun san AE.

Léiríonn Cairt 5 iarratais O&I de réir stádais. Sa bhliain 2019, cuireadh 157 n-iarratasóir faoi réir an phróisis agallaimh agus tharraing 26 iarratasóir (12%) a n-iarratais siar. Maidir leis na hiarratais a measúnaíodh, ceadaíodh 82% díobh. I gcás an 18% eile díobh, cuireadh a n-iarratais ar ais mar iarratais neamhiomlána nó tarraingíodh siar iad ag an iarratasóir (2018: 83% agus 17% faoi seach).

Sa bhliain 2020, cuirfidh an Banc Ceannais roinnt gníomhartha straitéiseacha i gcrích, lena n-áirítear feabhas a chur ar a sheirbhís bainistíochta teagmhála agus idirghníomhaíocht idir an Banc Ceannais agus gnólachtaí rialáilte a fhorbairt tuilleadh trí thairseach nua a chur i bhfeidhm.

Iniúcháireacht Inmheánach

Féach Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 2: Iniúcháireacht Inmheánach, ina soláthraítear mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí iniúcháireachta inmheánaí agus faoi phróisis rialachais an Bhainc Ceannais.

The background consists of three overlapping geometric shapes: a light teal triangle at the top right, a darker teal triangle at the bottom left, and a purple triangle at the bottom right. The text is centered in the darker teal area.

**Caibidil 2:
Tosaíochtaí
Straitéiseacha don
Bhliain 2020**

Caibidil 2:

Tosaíochtaí Straitéiseacha don Bhliain 2020

Treoróidh an Phlean Straitéiseach béim an Bhainc Ceannais ó thaobh na rialála airgeadais de sa bhliain 2020. De bhreis ar mhionsonraí a thabhairt faoi chuspóirí reachtúla an Bhainc, déantar cúig théama tosaíochta a leagan amach sa phlean trí bliana. Is iad seo a leanas príomhthosaíochtaí 2020 faoi na téamaí sin:

1. Athléimneacht a Neartú: Leanfar den obair chun athléimneacht a mhéadú sa chóras airgeadais ina iomláine ionas go mbeidh cumas níos fearr ag an gcóras airgeadais turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh
2. Brexit: Agus é seo a scríobh, tá idirthréimhse ann don Ríocht Aontaithe agus don AE a mhairfidh go dtí an 31 Nollaig 2020 ar a laghad. Féadfar go gcuirfear síneadh leis an tréimhse seo go dtí an 31 Nollaig 2021 nó an 31 Nollaig 2022 má iarrann an Ríocht Aontaithe síneadh roimh an 30 Meitheamh 2020. Leanfaidh an Banc Ceannais dá chuid gníomhaíochtaí chun a chinntiú go maolófar na rioscaí atá ann mar thoradh ar Brexit. Féadfar go gcuirfear síneadh níos faide fós leis an idirthréimhse (níos faide ná an 31 Nollaig 2020) mar gheall ar phaindéim COVID-19.
3. Cosaint Tomhaltóirí a Neartú: Leanfaidh an Banc Ceannais de chosaint tomhaltóirí a neartú ionas go gcosnófar leasanna tomhaltóirí agus go bhfeabhsófar muinín agus iontaoibh as an gcóras airgeadais trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.
4. Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt: Leanfaidh an Banc Ceannais den rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, agus de bheith ag éisteacht leo, d'fhonn a chuid oibre a fhoirmiú agus chun muinín sa Bhanc Ceannais agus tuiscint ar an mBanc Ceannais a fheabhsú agus chun tionchar straitéiseach a imirt ar phríomhchinntí agus ar phríomhbheartais san Eoraip agus ar bhonn idirnáisiúnta.
5. Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú: Leanfaidh an Banc Ceannais den infheistíocht ina chultúr, ina acmhainní agus ina chumas d'fhonn tacú le comhlíonadh éifeachtach, éifeachtúil a shainordaithe agus, ag an am céanna, cothabhálfaidh sé na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca.

Agus é seo á scríobh, tá an Banc Ceannais ag díriú ar dhul i ngleic leis na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais agus don gheilleagar mar thoradh ar

phaindéim COVID-19, ar mhaoirseacht éifeachtach rialála a chothabháil agus ar a chinntiú go cloítear le cosaintí do thomhaltóirí. Beidh éifeachtaí phaindéim COVID-19 tromchúiseach agus beidh am, dua agus acmhainní ag teastáil chun dul i ngleic leo. Dá réir sin, cuirfidh an Banc Ceannais gníomhartha in ord tosaíochta athuair d'fhonn déileáil le dúshláin COVID-19. D'ainneoin an tiomantais riachtanaigh sin, measann an Banc Ceannais go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfar de chuspóirí riachtanacha an phlean straitéisigh a bhaint amach.

Athléimneacht a Neartú

Sábháilteacht agus fóntacht gnólachtaí, cistí agus margaí

Tá geilleagar beag oscailte ag Éirinn atá neamhchosanta ar rioscaí mar thoradh ar leochaileachtaí do rioscaí seachtracha ábhartha, lena n-áirítear na rioscaí a éiríonn as paindéim COVID-19, Brexit agus as rioscaí geopholaitiúla eile, agus as an timpeallacht trádála idirnáisiúnta níos leithne.

Tá sé riachtanach go gcuirfear córas airgeadais níos athléimní ar bun chun rioscaí a mhaolú, agus é mar aidhm aige sin go gcuideoidh an córas airgeadais le leibhéil na mbuaicphointí agus na lagtránna a chothromú seachas a mheadú. Is é sin an fáth go leanfaidh an Banc Ceannais d'aird a dhíriú ar athléimneacht a mhéadú sa chóras airgeadais sa chaoi gur féidir leis leanúint de bheith ag tacú leis an ngeilleagar agus lena chustaiméirí le linn tréimhsí maithe agus drochthréimhsí.

Trí athléimneacht an chórais airgeadais a neartú ón ngéarchéim airgeadais i leith, maolaíodh roinnt de na rioscaí ó phaindéim COVID-19. Ní mór don Bhanc Ceannais a bheith san airdeall chun athléimneacht an chórais airgeadais a choimeád ar bun nuair a tharlaíonn teagmhais eisceachtúla amhail paindéim COVID-19 chun a chinntiú go leanfaidh an athléimneacht sin san fhadtéarma.

Mar aon le dul i ngleic leis na dúshláin ó phaindéim COVID-19, leanfaidh an Banc Ceannais de dheimhin a dhéanamh de in 2020 go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna oidhreachta, go sainaithnítear rioscaí atá ag teacht chun cinn agus go ndéantar bearta cuí chun maolú agus faireachán a dhéanamh ar na nithe sin.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar scála agus ar chastacht na mbagairtí don athléimneacht oibríochtúil i ngnólachtaí ar leithligh agus sa chóras ina iomláine agus tá fás ag teacht de shíor ar na deiseanna agus ar na dúshláin atá ann mar thoradh ar an nuálaíocht. Léiríonn teagmhais eisceachtúla amhail COVID-19 an fáth a mbíonn an Banc Ceannais ag súil go mbreithneoidh gnólachtaí na saincheisteanna sin ar mhodh gníomhach agus go ndéanfaidh siad bearta dá réir sin, d'fhonn an méid seo a leanas a chinntiú:

- Go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais acu, lena n-áirítear chun déileáil le dianstrus sochreidte.
- Go bhfuil samhlacha inbhuanaithe gnó acu don fhadtárma.
- Go bhfuil siad dea-rialaithe, go bhfuil cultúr iomchuí acu agus, chomh maith leis sin, go bhfuil socruithe éifeachtacha bainistíochta agus rialaithe riosca curtha i bhfeidhm acu.
- Go bhfuil siad in ann teacht slán má bhíonn deacrachtaí acu agus, mura bhfuil siad in ann teacht slán, gur féidir iad a réiteach gan aon seachtrachtaí suntasacha nó costais cháiniócóra.

Ina theannta sin, ní mór do ghnólachtaí rialáilte machnamh a dhéanamh ar an todhchaí, rioscaí agus deiseanna sa todhchaí a thuar lena chinntiú go leanfaidh siad de bheith athléimneach san fhadtárma. Mar aon sampla amháin, ba cheart go leagfaí níos mó béime ar an athrú aeráide ar chlár oibre chóras seirbhísí airgeadais na hÉireann ó tharla go bhféadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar ghnólachtaí seirbhísí airgeadais agus go bhféadfadh rioscaí airgeadais a bhaineann le hathrú aeráide rioscaí eile a spreagadh, lena n-áirítear rioscaí margaidh, rioscaí creidmheasa agus rioscaí oibríochtúla.

Agus na dúshlán a bhaineann le paindéim COVID-19 á gcur san áireamh aige, déanfaidh an Banc Ceannais a chuid straitéisí ilbhliantúla maoirseachta a shaothrú de réir gnólachta nó de réir earnála (i gcás gnólachtaí ísealtionchair), d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dul i ngleic go críochnúil le saincheisteanna atá fós gan réiteach ón ngéarchéim airgeadais, lena n-áirítear ardleibhéal na n-iasachtaí neamhthuillmheacha.
- Tuilleadh feabhsuithe a spreagadh ar rialachas, ar chultúr, ar éagsúlacht agus ar bhainistíocht rioscaí i ngnólachtaí ionas go mbeidh siad in ann a léiriú go bhfuil sé de chumas acu na rioscaí atá ag bagairt orthu a shainnithint, a bhainistiú agus a mhaolú.
- Feabhsuithe a spreagadh ar bhainistíocht rioscaí TF agus ar athléimneacht oibríochtúil i ngach gnólacht.
- Feabhas a chur ar chumas gnólachtaí chun teacht slán, pleanáil maidir le réiteach a chur ar aghaidh agus ullmhacht an Bhainc Ceannais i leith géarchéim airgeadais, agus a chumas bainistíochta ina leith sin, a chur ar aghaidh.

Chun tacú leis an straitéis sin, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- Féachfaidh sé lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí dea-rialaithe agus go bhfuil cultúr éifeachtacha agus socruithe éifeachtacha bainistíochta agus rialaithe rioscaí curtha i bhfeidhm acu.

- Athruithe tábhachtacha a thabhairt isteach ar phleananna a bhaineann leis an gcreat maoirseachta agus le teagmháil íosta agus atá ceaptha chur chuige níos déine a bhaint amach maidir le maoirseacht riosca-bhunaithe, agus ar phleananna teagmhála atá dírithe ar straitéis d'fhonn torthaí éifeachtacha maoirseachta a bhaint amach. Is príomhthosaíocht í na hathruithe sin a leabú in 2020.
- Leanúint de chreat docht beartais stuamachta a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar Shócmhainneacht II agus bailchríoch a chur ar chur chuige an AE maidir le Basel III. Ina theannta sin, beidh príomhról ag an mBanc Ceannais maidir le tacú leis an Roinn Airgeadais an Treoir is déanaí um Cheanglais Chaipitil agus an Treoir maidir le Bannaí Faoi Chumhdach a thrasú.
- Bainfear leas as speisialtóireacht chomhroinnte agus as infheistíocht i gcumais anailísíochta sonraí chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí sa chóras ina iomláine agus bainfear úsáid as teicníochtaí scanta ionchais chun tacú le hanailís réamhbhreathnaitheach rioscaí ar mhaithe le tacú le cinntí maidir le tosaíochtaí.
- Leanfar den chumas maoirseachta ar Theicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide agus ar Chibear-Rioscaí a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear nuahsonrú a dhéanamh ar an treoir thrastionscail a eisíodh in 2016 i ndáil le Rioscaí na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cibear-Rioscaí.
- Leanúint de mhaoirseacht dhocht, threallúsach, riosca-bhunaithe a dhéanamh ar ghnólachtaí a thagann faoi réir mhaoirseacht AML/CFT ag an mBanc Ceannais.
- Am a chaitheamh ar thuiscint a shealbhú ar ghníomhaíochtaí agus ar rioscaí atá bainteach le heintitis neamhbhainc agus, mar phointe tosaíche, dianscrúdú a dhéanamh ar chistí maoine mar ghné tosaigh de chlár níos mionsonraithe.

An riosca i leith athrú aeráide agus maoiniú geilleagair inbhuanaithe

Le linn 2020, leagfaidh an Banc Ceannais níos mó béime ar shaincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide trí Mheitheal nua maidir le hAthrú Aeráide a bhunú, ar meitheal í a bheidh ag obair ar rioscaí aeráide, ar athléimneacht, ar chúrsaí beartais, ar airgeadas inbhuanaithe, ar infheistíochtaí agus oibríochtaí dílse an Bhainc Ceannais agus, chomh maith leis sin, ar chobhsaíocht airgeadais. Faoin múnla seo, agus, go sonrach, faoina chuid feidhmeanna maidir le rialáil airgeadais, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- Leanfar den rannpháirtíocht atá ann cheana féin i bhfórait AE agus i bhfórait idirnáisiúnta i ndáil le forbairtí beartais i réimsí an athraithe aeráide agus an airgeadais inbhuanaithe.

- Rannpháirtíocht a dhéanamh le heintitis rialáilte lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoina gcuid neamhchosaintí agus go bhfuil rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide á gcur san áireamh acu ina gcuid cleachtas bainistíochta stuamachta riosca agus ina gcuid cleachtas infheistíochta.

Geatóireacht éifeachtach

I rith na bliana 2020, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- Leanfar de leas a bhaint as a chóras oiriúnachta agus ionracais ionas nach gceadófar ach amháin dóibh siúd atá oiriúnach agus ionraic ról shinsearacha a shealbhú sna gnólachtaí sin a ndéanann sé rialáil agus maoirseacht orthu.
- Trédhearcacht a léiriú le linn tuairisciú a dhéanamh maidir le feidhmíocht i gcomparáid le caighdeáin seirbhísí atá foilsithe i ndáil le húdarúchán.
- Feabhas a chur ar a ról mar gheatóir le linn measúnacht a dhéanamh ar iarratais ar údarúcháin i leith cistí agus le linn réamheolairí a cheadú i margáí príomha, feidhmiú ar bhealach níos riosca-bhunaithe, agus grinnscrúdú níos géire a dhéanamh ar iarratais atá ina n-ábhar imní.
- D'fhonn caighdeáin arda a áirithiú, aird a dhíriú ar dheimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann gnólachtaí na coinníollacha a ghabhann lena n-údarúcháin.

Brexit

Go dtí seo, baineann obair fhorleathan an Bhainc Ceannais i leith Brexit le gach feidhm dá chuid. Féadfar go n-athrófar na hamlínte don idirthréimhse i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Leanfaidh an Banc Ceannais de bheith rannpháirteach i bhforbairt leanúnach an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais tar éis Brexit. Le linn 2020, leanfaidh an Banc Ceannais den mhéid seo a leanas a dhéanamh:

- A cheangal ar ghnólachtaí pleananna a chur i bhfeidhm chun rioscaí do thomhaltóirí a íoslaghdú.
- A chuid freagrachtaí a fhorbairt i ndáil leis an timpeallacht seirbhísí airgeadais tar éis Brexit.
- A ról mar gheatóir i leith údarúcháin nua a bhaint amach ar mhodh oscailte, intuartha, docht.
- A áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí na coinníollacha a ghabhann lena n-údarúcháin chun caighdeáin arda a chinntiú, agus déanfar idirghabhálacha de réir mar is gá chun an toradh sin a bhaint amach.
- Dúshlán gnólachtaí reatha a thabhairt agus measúnú, anailísiú agus maoirseacht a dhéanamh ar orthu, agus rannpháirtíocht a dhéanamh leo maidir le hullmhacht i leith Brexit d'fhonn a chinntiú go bhfuil

siad athléimneach agus go ndéanfar a gcustaiméirí a chosaint faoi raon cásanna éagsúla Brexit.

Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

Tá cosaint tomhaltóirí leabaithe i ngach réimse den rialáil airgeadais sa Banc Ceannais, lena n-áirítear a chóid rialála, a chumhachtaí maidir le sásamh, a ghníomhartha forfheidhmiúcháin agus an obair a dhéanann sé chun a chinntiú go mbíonn gnólachtaí dea-bhainistithe agus fóna ó thaobh cúrsaí airgeadais de.

Go sonrach, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas i rith na bliana 2020:

- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar a chuid creataí maoirseachtaí iompair, tomhaltóirí agus stuamachta lena chinntiú go mbeidh an cur chuige maidir le maoirseacht éifeachtach, docht, anailíseach, fianaise-bhunaithe agus go mbeidh sé dírithe ar thorthaí agus comhsheasmhach le dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta.
- Torthaí maithe forfheidhmiúcháin a bhaint amach; go háirithe, imscrúduithe ar shaincheistanna a bhaineann le morgáistí rianúcháin, ag cur le torthaí maoirseachta an Imscrúdaithe ar Mhorgáistí Rianúcháin.
- Cuirfear tús leis an athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí d'fhonn a chinntiú go bhfuil cosaintí ann do thomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.
- Freagairt a thabhairt ar aon rioscaí do chosaint tomhaltóirí ón suaitheadh eacnamaíoch agus airgeadais de thoradh phaindéim COVID-19.

Iompar agus cultúr

Tá easpa cultúir éifeachtaigh sainaitheanta ag an mBanc Ceannais mar phríomhriosca a bhaineann le gnólachtaí rialáilte. Dá bharr sin, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- A cheangal ar bhoird agus ar cheannairí gnólachtaí freagracht a ghlacadh as iompar agus cultúr éifeachtach a leabú ina n-eagraíochtaí agus ina gcleachtais agus go mbeidh siad cuntasach ina leith sin.
- Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar na leibhéil éagsúlachta atá ann sna ceapacháin is sinsearaí in earnáil seirbhísí airgeadais na nÉireann agus leanfar de dhúshlán a thabhairt ar an ábhar sin.
- Measúnachtaí Riosca i leith Cosaint Tomhaltóirí a chur i gcrích a mhéid a bhaineann le formhaoirseacht agus rialachas táirgí i roinnt gnólachtaí rialáilte.

- Leanfar den rannpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais maidir le forbairt an Chreata um Chuntasacht Daoine Aonair mar atá beartaithe.

Líon na n-iasachtaí Neamhthuillmheacha a Laghdú agus Iasachtaithe a bhfuil Riaráistí acu a Chosaint

Is tosaíocht de chuid an Bhainc Ceannais í iasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu a chosaint. In 2020, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas:

- Leanúint den dul chun cinn atá déanta maidir le líon na n-iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú ar mhodh atá i gcomhréir go hiomlán lenár gcuid sainorduithe maidir le tomhaltóirí agus cúrsaí stuamachta.
- Leanfar de na gnólachtaí rialáilte go léir a spreagadh chun socruithe malartacha, inbhuanaithe, fadtéarmacha aisíocaíochta a chur i bhfeidhm dá gcuid iasachtaithe, más féidir é sin a dhéanamh.
- Déanfar grinnscrúdú ar na 34 ghnólacht a bhfuil údarúchán iomlán á lorg acu faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2018, agus dúshlán na ngnólachtaí sin a thabhairt, i ndáil leis an straitéis a bheidh acu chun caitheamh go cóir le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí acu.

Difreáil Praghais

In 2020, déanfaidh an Banc Ceannais cleachtas na difreála praghais i margaí árachais gluaisteáin agus árachais tí na hÉireann d'fhonn tuiscint a fháil i dtaobh cé chomh forleathan atá sé, conas a úsáideann árachóirí é agus an bhfuil sé ina chúis le cóir éagothrom a chur ar thomhaltóirí. Le linn an athbhreithnithe, déanfar scrúdú ar na nithe seo a leanas:

- Fairsinge na gcleachtas praghsála sin i margaí árachais gluaisteáin agus tí agus na grúpaí tomhaltóirí a ndéanfar difear dóibh.
- Na straitéisí agus múnlaí praghsála agus sonraí arna n-úsáid ag gnólachtaí agus as a n-eascaíonn difríochtaí praghais don riosca céanna lena ngabhann an costas céanna seirbhíse.
- A mhéid a fhorghaoirsíonn boird cleachtas den sórt sin, lena n-áirítear formhaoirseacht ar údarás tarmligthe a thugtar do thríú páirtithe.
- Iompar tomhaltóirí, go háirithe an tslí ina ndéileálann tomhaltóirí le soláthraithe árachais.

Déanfar measúnacht freisin ar a mhéid a chuireann na cleachtas praghála sin le torthaí atá i gcomhréir leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí.

Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt

Oibríonn an Banc Ceannais mar chuid den chreat Eorpach níos leithne, lena n-áirítear an CEBC agus an CEMA, agus é ag féachaint go réamhghníomhach le tionchar a imirt ar an gclár oibre, agus an clár oibre sin

a mhúnlú, d'fhonn tacú lena shainordú a bhaint amach. Léiríodh é seo le déanaí san obair fhairsing a rinne an Banc Ceannais i gcomhar lena chontrapháirtithe idirnáisiúnta chun na rioscaí ó phaindéim COVID-19 don chobhsaíocht airgeadais agus don gheilleagar a mhaolú agus chun a chinntiú go gcloítear le cosaintí do thomhaltóirí le linn an tsuaite. De bhreis air sin, déanfaidh an Banc Ceannais an méid seo a leanas i rith na bliana 2020:

- Réimsí forbartha an bheartais Eorpaigh agus an bheartais idirnáisiúnta a shainaithint ar bhealach straitéiseach, ar réimsí iad inar ceart don Bhanc Ceannais ról ceannasach a bheith aige agus rannchuidiú le forbairt beartas eile.
- Rannpháirtíocht a bheith aige leis na ÚMEanna, le SAM agus le hÚdaráis Náisiúnta Inniúla eile de chuid an AE d'fhonn leanúint d'fheabhas a chur ar chóineasú na maoirseachta agus ar chaighdeáin na maoirseachta.
- Rannpháirtíocht a bheith aige le comhpháirtithe AE agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta trí bhíthin na ÚMEanna, SAM agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail IOSCO.
- Coimeádfar rannpháirtíocht spriocdhírthe cheannasach ar bun i bhfóraim thábhachtacha an AE agus idirnáisiúnta lena chinntiú go leanfaidh an Banc Ceannais de thionchar a imirt ar na príomhfhorbairtí i réimsí na rialála agus na maoirseachta.
- Rannpháirtíocht a bheith aige leis an rialtas, le maoirseoirí eile, leis na ÚMEanna, leis an BCE agus le hinstiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile d'fhonn na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais agus don gheilleagar ó phaindéim COVID-19 a mhaolú.

Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Agus é seo á scríobh, tá a chuid pleananna leanúnachais ghnó curtha i ngníomh ag an mBanc Ceannais mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19. Tá os cionn 90% de líon foirne na heagraíochta ag obair ón mbaile mar thoradh ar an infheistíocht shuntasach i mbonneagar TF agus ar an bpleanáil fhairsing leanúnachais atá déanta le blianta beaga anuas. Leanfaidh an Banc Ceannais d'infheistíocht a dhéanamh ina chultúr, ina acmhainní agus ina chumas d'fhonn tacú le comhlíonadh éifeachtach, éifeachtúil a shainordaithe agus, ag an am céanna, cothabhálfaidh sé na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca. Tá an bhéim rialála a bhaineann leis an réimse seo sa bhliain atá romhainn i gcomhréir leis an gcur chuige uile-eagraíochta. Tá tuilleadh mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais le fáil i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil, Caibidil 2:

The background consists of three overlapping geometric shapes: a light teal triangle at the top right, a darker teal triangle at the bottom left, and a purple triangle at the bottom right. The text is centered in the darker teal area.

Caibidil 3: Athbhreithnithe Piaráí Idirnáisiúnta

Athbhreithnithe

Piaráí Idirnáisiúnta

Faoi Alt 32M den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, tá sé de cheangal ar an mBanc Ceannais athbhreithniú piaráí idirnáisiúnta a dhéanamh gach ceithre bliana ar a laghad.

Athbhreithniú Piaráí ar Chomhair Chreidmheasa

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, de réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht, rinne an Banc Ceannais conradh in 2019 leis an *International Credit Union Regulators' Network (ICURN)* chun athbhreithniú piaráí a dhéanamh ar na feidhmeanna a chomhlíonann Clárlann na gComhar Creidmheasa (an Chlárlann). Ba é sin an dara athbhreithniú piaráí a rinne ICURN ar an gClárlann. Rinneadh an chéad cheann sa bhliain 2015.

Chuimsigh meitheal athbhreithnithe ICURN ceathrar ionadaithe rialála as na Stáit Aontaithe, as an Ríocht Aontaithe agus as Ceanada. Ba iad “ICURN Guiding Principles for Effective Prudential Supervision of Cooperative Financial Institutions agus Best Practices for Financial Cooperative Governance” a bhí mar bhonn don athbhreithniú piaráí.^{40,41}

I ndiaidh na rannpháirtíochta as an láthair agus ar an láthair le meitheal athbhreithnithe piaráí ICURN, foilsíodh Tuarascáil an Athbhreithnithe Piaráí ar an 13 Eanáir 2020. Ba é príomhtháta na tuarascála sin go raibh an Banc Ceannais éifeachtach i ndáil le comhlíonadh a chuid feidhmeanna maidir le rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar earnáil na gcomhar creidmheasa in Éirinn. Mheas an mheitheal go raibh an Banc Ceannais comhlíontach i gcás 20 ceann de na 23 Threoirphrionsabal atá ag ICURN i leith Maoirseacht Éifeachtach Stuaamachta ar Chomharinstitiúidí Airgeadais, agus an t-athbhreithniú breise ar rialachas i gcomhthéacs Phrionsabail ICURN maidir le Rialachas á chur san áireamh. Measadh go raibh comhlíontacht ann, tríd is tríd, i dtrí réimse.

De réir Thuarascáil an Athbhreithnithe Piaráí, ón tráth a ndearna ICURN a athbhreithniú deireanach roimhe seo sa bhliain 2015 tá feabhsuithe suntasacha tagtha ar an tslí ina gcomhlíonann an Banc Ceannais a chuid feidhmeanna, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas: a) an tslí ina ndearnadh córas maoirseachta PRISM a chalabhrú chun go mbeadh sé níos riosca-bhunaithe; b) déantar acmhainní an Bhainc Ceannais a leithroinnt ar

⁴⁰<https://nebula.wsimg.com/4842a85152d1d2f422881170f5224252?AccessKeyId=EB21D0068BD759C2C465&disposition=0&alloworigin=1>

⁴¹<https://nebula.wsimg.com/08b67b19f7030ca74e8fca1fe6b122ab?AccessKeyId=EB21D0068BD759C2C465&disposition=0&alloworigin=1>

bhealach níos fearr trí chreat soiléir, dea-dhoiciméadaithe i leith rioscaí; agus c) tá feabhas tagtha ar an rannpháirtíocht agus ar an gcumarsáid leis an earnáil.

Ina theannta sin, rinneadh moltaí lena mbreithniú ag an mBanc Ceannais chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht mar rialtóir éifeachtach i réimse na cumarsáide, chun forbairt leantach a dhéanamh ar an gcreat rialála, agus chun tacú le cultúr agus nuálaíocht na bainistíochta riosca.

B'ionann rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais san athbhreithniú sin agus deis chun dul faoi ghrinnscrúdú seachtrach i dtaca le feidhmíocht gcuid feidhmeanna i ndáil le comhair chreidmheasa d'fhonn a chinntiú go bhfuil an fheidhmíocht sin i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus go gcomhlíonann sí sainordú reachtúil an Bhainc Ceannais. Tríd is tríd, aontaíonn an Banc Ceannais le tatal Thuarascáil an Athbhreithnithe Piaráí agus breithneoidh sé conas is féidir leis aghaidh a thabhairt ar na moltaí atá inti d'fhonn feabhas a chur ar chleachtais reatha i gcomhthéacs a shainordaithe, a fhíse agus a straitéise d'earnáil na gcomhar creidmheasa.



Gluais

Gluais

ABSPP - An Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe - Mar chomhchuid breise den APP, cuireann ABSPP tuilleadh feabhais ar tharchur an bheartais airgeadaíochta, éascaíonn sé soláthar creidmheasa do gheilleagar an limistéir euro agus gineann sé iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

APP - An Clár Ceannaigh do Shócmhainní - Folaíonn clár leathnaithe ceannaigh an Eurochórais do shócmhainní na cláir cheannaigh go léir faoina gceannaíonn an tEurochóras urrúis de chuid na hearnála príobháidí agus poiblí chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhada de bhoilsciú íseal. Cuimsíonn sé an tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (CBPP3), an clár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe (ABSPP), clár ceannaigh na hearnála poiblí (PSPP) agus clár ceannaigh na hearnála corparáidí (CSPP).

ASP - An Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin - Is é seo an nós imeachta dá bhforáiltear faoi Chuid IIIC d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). I gcás ina mbeidh ábhar imní ann go ndearnadh sárú forordaithe, nó go bhfuil sárú forordaithe á dhéanamh, féadfaidh an Banc Ceannais imscrúdú a dhéanamh. Leis an Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin foráiltear go bhféadfar, aon tráth sula gcuirfear Fiosrúchán i gcrích, an t-ábhar a réiteach trí chomhaontú socraíochta a dhéanamh.

BCE - An Banc Ceannais Eorpach - Is banc ceannais an limistéir euro é an BCE agus riarann sé beartas airgeadaíochta an limistéir euro.

BCN - Banc Ceannais Náisiúnta (laistigh den Eurochóras)

BERS - An Bord Eorpach um Riosca Sistémach - Tá freagracht ar BERS i ndáil le formhaoirseacht mhacrastuamachta a dhéanamh ar chóras airgeadais an AE agus i ndáil le rioscaí sistémacha a chosc agus a mhaolú. Dá bhrí sin, tá raon feidhme leathan aige, lena gcumhdaítear bainc, árachóirí, bainisteoirí sócmhainne, scáthbhainc, margáí agus bonneagair margáí airgeadais. Chun a shainordú macrastuamachta a shaothrú, déanann BERS faireachán agus measúnú ar rioscaí sistémacha, agus más cuí, eisiúnn sé rabhaidh agus moltaí.

BIFR - An Ciste Réitigh Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta - Is é is cuspóir do BIFR a chinntiú go ndéantar na huirlisí agus na cumhachtaí réitigh atá ann sna rialacháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Baineann an BIFR, agus an ceanglas chun ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an BIFR, leis na bainc go léir atá údaraithe sa Stát agus le gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Rialacháin 2015.

BRA - An Bord Réitigh Aonair - Is é atá sa BRA Gníomhaireacht Eorpach a cuireadh ar bun chun a chinntiú go mbeadh córas réitigh éifeachtach ann do bhainc d'fhonn tarrtháil a sheachaint amach anseo. Is comhlacht cinnteoireachta é a chuirtear de fhreagracht air a chinntiú go nglactar cinntí réitigh ar mhodh comhordaithe, éifeachtach sna Ballstáit rannpháirteacha go léir.

BRRD - An Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc - Leis an Treoir seo, bunaítear cur chuige comhchoiteann laistigh den Aontas Eorpach (AE) maidir le téarnamh agus réiteach banc agus gnólachtaí infheistíochta.

CAI - An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta - Is é atá sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta eagraíocht idirnáisiúnta ina bhfuil 189 dtír a oibríonn chun comhoibriú airgeadaíochta domhanda a chothú, chun cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach, chun trádáil idirnáisiúnta a éascú, chun ardleibhéal fostaíochta agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn, agus chun an bhochtaineacht ar fud an domhain a laghdú.

CBCE - Córas Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais - Is ionann é agus Córas comhchoiteann Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais chun bainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní cáilithe mar chomhthaobhacht in oibríochtaí ionsúite creidmheasa/leachtachta de chuid an Eurochórais, ar córas é a ghlacfaidh ionad na 19 gcóras áitiúla, lena n-áirítear córas áitiúil bainistíochta comhthaobhachta (LCMS) de chuid an Bhainc Ceannais.

CBPP3 - An Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach - Ceannaíonn an tEurochóras bannaí cumhdaithe faoin tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach. Cabhraíonn an beart seo le feabhas a chur ar fheidhmiú an tsásra tarchuir beartais airgeadaíochta, tacaíonn sé le dálaí maoiniúcháin sa limistéar euro, éascaíonn sé soláthar creidmheasa don fhíorgheilleagar agus gineann sé iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

CCA - An Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais - Tá an Gobharnóir ina Chathaoirleach ar an gcoiste seo a thugann comhairle don Ghobharnóir maidir le saincheisteanna atá rithábhachtach do chomhlíonadh shainordú an Bhainc Ceannais chun rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus sa limistéar euro. Díríonn an coiste go háirithe ar ghníomhartha ionchasacha a shainaithint chun rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun bearta leantacha a dhéanamh i ndáil le bearta a rinneadh cheana féin.

CCR - An Príomh-Chlár Creidmheasa - Is bunachar sonraí náisiúnta éigeantach d'fhaisnéis chreidmheasa é an Príomh-Chlár Creidmheasa a bhíonn á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais, i gcomhréir le forálacha an Achta um Thuairisciú Creidmheasa 2013.

CCyB - An Cúlchiste Fritimthriallach - Is é atá sa CCyB ceanglas caipitil a athraíonn le himeacht aimsire agus a bhfuil feidhm aige maidir le bainc agus gnólachtaí infheistíochtaí a thagann faoina réim. Tá sé ceaptha an córas baincéireachta a dhéanamh níos athléimní agus a chinntiú nach mbeidh sé ró-chomhthimriallach. Go bunúsach, méadóidh an CCyB ceanglas caipitil na mbanc nuair a bheidh fás creidmheasa 'iomarcach'.

CEBC - An Córas Eorpach Banc Ceannais - Sa CEBC, cuimsítear an BCE agus BCNanna na mBallstát AE go léir, cibé acu atá, nó nach bhfuil, an euro glactha acu.

CRA - An Ciste Réitigh Aonair - Is ciste réitigh é seo atá á riaradh ag BRA agus atá á chur ar bun faoi láthair agus sprioc €55bn ann ina leith thar thréimhse ocht mbliana (dar críoch 2023). Tá sé déanta suas de ranníocaíochtaí ó thionscal baincéireachta bhallstáit an aontais baincéireachta.

CSDR - An Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús - Tá an rialachán seo ar cheann de na príomhrialacháin a glacadh tar éis na géarchéime airgeadais. Leis an CSDR, tugadh isteach bearta nua chun Taisclanna Lárnacha Urrús AE (CSDanna) a údarú agus a mhaoirsiú is é is aidhm dó sraith chomhchoiteann caighdeán stuamachta, eagraíochtúil agus seolta gnó a chruthú ar leibhéal na hEorpa.

CSPP - Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí - Comhchuid bhreise den APP. Cuidíonn an CSPP le tarchur cheannacháin sócmhainní an Eurochórais chuig dálaí maoinúcháin an fhíorghuilleagair a neartú tuilleadh, agus i gcomhar leis na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta eile atá i bhfeidhm, cuireann sé in-chomhfhoirmeacht bhreise beartais airgeadaíochta ar fáil.

ECFE - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta - Is fóram é an ECFE ina mbíonn rialtais 34 stát daonlathach a bhfuil geilleagar margaidh acu ag obair lena chéile, mar aon le 70 geilleagar de chuid stát nach ballstáit iad, chun fás eacnamaíoch, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

EMIR - An Rialachán maidir le Bonneagar na Margáí Eorpacha - Cuireann EMIR trédhearcacht mhéadaithe chun feidhme i ndáil le díorthaigh trí gach conradh díorthach a thuirisciú (lena n-áirítear díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán agus stórtha trádála). Forálann sé do chóras sonrach imréitigh do dhíorthaigh a sháraíonn tairisí áirithe, cuireann sé teicnící maolaithe riosca ar fáil agus leagann sé amach na ceanglais do Chontrapháirtithe Lárnacha agus do stórtha trádála araon.

ESMA - An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí - Is Údarás neamhspleách AE é ESMA a rannchuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais

an AE a choimirciú trí chosaint infheisteoirí a fheabhsú agus trí mhargaí cobhsaí, rianúla airgeadais a chur chun cinn.

ETF - Ciste arna Thrádáil ar Mhalartán - Is urrús inmhargaidh é lena rianaítear innéacs, tráchtarra, bannaí nó linn sócmhainní amhail ciste innéacs.

FBM - Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide - Cuimsíonn FBManna fiontair a fhostaíonn níos lú na 250 duine agus ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50m agus/nó a bhfuil clár comhardaithe bliantúil acu nach mó ná €43m san iomlán.

FRNanna - Nótaí Ráta Chomhlúthaigh - Ionstraim airgeadais a ndéantar an cúpón lena haghaidh a athshocrú go tréimhsiúil i gcoibhneas le hinnéacs tagartha d'fhonn léiriú a thabhairt ar athruithe ar rátaí úis margaidh de chineál gearrthearma nó meántearma.

FSB - An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais - Tá an FSB freagrach as beartas macrastuamachta a dhíríonn ar rioscaí sistéamacha do chobhsaíocht airgeadais a chosc agus a mhaolú.

GBCN - Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta - Cuireann GBCN raon seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas ar fáil don Rialtas. I measc na seirbhísí sin áirítear iasachtaí a fháil thar ceann an Rialtais agus bainistíocht a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta, ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, ar NewERA, ar an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn agus ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Maoiniúcháin Forbartha. Ina theannta sin, sannann sí foireann, agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais gnó agus tacaíochta don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní agus do Chorporáid Baintéireachta Straitéiseach na hÉireann na hÉireann.

GCT - An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí - Is é ról CGT comhairle a thabhairt don Bhanc Ceannais maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus maidir le feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

HTM - Sealbhú go dtí Aibíocht - Sócmhainní a cheannaítear d'fhonn iad a shealbhú go dtí go bhfuasclaítear iad agus, dá bharr sin, luacháiltear iad ar bhonn costas amúchta.

ICPT - Innéacs Comhchuibhithe na bPraghsanna Tomhaltóra - Is táscaire é seo maidir le boilsciú agus cobhsaíocht praghsanna don BCE. Is innéacs praghsanna do thomhaltóirí é a thiomsaítear i gcomhréir le modheolaíocht atá comhchuibhithe ar fud thíortha an AE. Déanann sé tomhas ar na hathruithe a tharlaíonn le himeacht aimsire ar phraghsanna earraí agus seirbhísí tomhaltóra a bhíonn á bhfáil ag teaghlaigh.

IOSCO - An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús - Is é seo an comhlacht idirnáisiúnta a thugann rialtóirí urrús an domhain le chéile agus a aithnítear mar shocraitheoir na gcaighdeán domhanda d'earnáil na n-urrús.

IRPF - Fóram Íocaíochtaí Miondíola na hÉireann - Bhunaigh an Banc Ceannais Fóram Íocaíochtaí Miondíola na hÉireann (IRPF) chun fóram a chur ar fáil inar féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta (SSÍ-anna) agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta teacht le chéile chun gabháil d'idirphlé oscailte, dearfach lena chéile maidir le seirbhísí íocaíochta na hÉireann i gcoitinne.

MiFID - An Treoir um Margáí in Ionstraimí Airgeadais - Féachann sí le trédhearcacht a mhéadú ar fud mhargáí airgeadais an AE agus agus caighdeánú a dhéanamh ar an nochtadh rialála atá ag teastáil le haghaidh margáí ar leith. Le MiFID, cuireadh bearta nua i bhfeidhm, amhail ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála, agus leagadh amach na caighdeáin iompair do ghnólachtaí airgeadais. Tá an treoir i bhfeidhm ar fud an AE ó 2008 ai leith. Tá raon feidhme sainithe ag MiFID a dhíríonn go príomha ar idirbhearta thar an gcuntar (OTC).

MiFIR - An Rialachán um Margáí in Ionstraimí Airgeadais - Cuimsíonn MiFIR na rialacha agus na treoirlínte a bhaineann le hionaid forghníomhaithe, le forghníomhú idirbheart agus, chomh maith leis sin, le trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála.

MMC - An Coiste um Bearta Macrastuamachta - Is é ról an choiste seo, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra, comhairle a thabhairt faoi na hathbhreithnithe tráthrialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta a bhaineann le bainc agus moltaí a dhéanamh i dtaobh na rialacha sin a chothabháil nó a leasú de réir mar is cuí.

MOC - An Coiste Oibríochtaí Margaidh - Cabhraíonn an COM le cur i bhfeidhm bheartas airgeadaíochta an limistéir euro, lena n-áirítear cur i bhfeidhm chlár ceannaigh sócmhainní BCE.

MÓM- Marcáil-ón-Margadh - An cleachtas ar dá réir a dhéantar athluacháil ar phunann urrús trí úsáid a bhaint as praghsanna margaidh reatha, ar bhonn laethúil de ghnáth.

MREL - An Ceanglas Íosta le haghaidh Cistí Dílse agus Dlíteanais Cháilithe - Ceanglas nua do bhainc agus do ghnólachtaí infheistíochta arna thabhairt isteach faoi Airteagal 45 den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc chun tarrtháil inmheánach a éascú agus chun cumas ioniomparthachta caillteanais na mbhanc a mhéadú.

NCA - Údarás Inniúil Náisiúnta - An t-údarás dá dtarmligtear, nó dá ndílsítear, cumhacht go dlíthiúil chun feidhm ainmnithe a chomhlíonadh. Is eagraíochtaí iad údaráis inniúla náisiúnta dá dtarmligtear nó dá ndílsítear an

t-údarás nó an chumhacht dóibh go dlíthiúil chun feidhm ainmnithe a chomhlíonadh arb é atá ann, de ghnáth, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtanna náisiúnta agus na rialachán náisiúnta.

NPL - Iasachtaí Neamhthuillmheacha - Meastar iasacht bainc a bheith neamhthuillmheach i gcás ina mbeidh 90 lá caite gan na tráthchodanna aontaithe nó an t-ús aontaithe a bheith íoctha ag an iasachtaí. Tugtar ‘drochfhiacha’ ar iasachtaí neamhthuillmheacha freisin.

NRA - An tÚdarás Réitigh Náisiúnta - Is é an Banc Ceannais NRA na hÉireann agus, i gcomhar leis an BRA, déanann siad faireachán ar institiúidí airgeadais Eorpacha.

OAFanna - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha - Seolann an tEurochóras oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha ar bhonn míosúil a mbíonn aibíocht trí mhí acu d’fhonn soláthar leachtachta a shocrú agus chun cuidiú le bainc a bhíonn gníomhach sa mhargadh airgid i dtaca le slándáil a gcuid oibríochtaí.

OAFS - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha Spriocdhírthe - Oibríochtaí Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d’institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas le ceithre bliana. Tairgeann siad maoiniúchán fadtéarmach ar choinníollacha tarraingteacha do bhainc chun coinníollacha creidmheasa earnála príobháidí a éascú tuilleadh agus chun iasachtú bainc don fhíorgheilleagar a spreagadh.

PA - Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe - Is ionannna PA, lena ngabhann minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht aon seachtaine amháin, na hionstraimí beartais airgeadaíochta is tábhachtaí a úsáideann an tEurochóras chun an margadh airgid a bhainistiú. Oibríochtaí rialta margaidh oscailte an Eurochórais ina gcuimsítear oibríochtaí aon seachtain amháin a sholáthraíonn leachtacht in euro.

PDH - Teach Cónaithe Príobháideach

PSPP - Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Cuireann an tEurochóras an clár seo i bhfeidhm agus, dá réir, ceannaítear urrúis earnála poiblí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaíthe de bhoilsciú íseal.

SAM - An Sásra Aonair Maoirseachta - An córas maoirseachta ar bhaincéireacht san Eoraip. Cuimsíonn sé an BCE agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta na dtíortha rannpháirteacha.

SII - Saoráid Iasachta Imeach - Ionstraim beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais tríina dtugtar deis do bhainc thráchtála leachtacht a fháil (iasachtaí thar oíche) ón BCE in aghaidh comhthaobhacht cháilithe agus ar ráta úis sonraithe ar feadh lá gnó amháin.

SMA - Socrú Malartach Aisíocaíochta - Leis an socrú seo, cuirtear na riaráistí le hiarmhéid an mhorgaiste atá gan íoc. Déantar iarmhéid méadaithe an mhorgaiste a íoc ansin thar théarma an mhorgaiste atá fágtha.

SRA - An Sásra Réitigh Aonair - Institiúid lárnach réitigh bainc san AE agus ceann de cholúin an aontais baincéireachta.

T2S – Target2Securities - Inneall socraithe urrús Eorpach a thairgeann socraíocht lárnaithe ‘seachadadh-versus-íocaíocht’ (DvP) in airgead bainc ceannais thar na margaí urrús Eorpacha go léir. Ba é a bhí i gcuspóir bunúsach thionscadal T2S bonneagar socraíochta urrús na hEorpa, a bhí an-deighilte, a chomhtháthú agus a chomhchuíbhíú. Féachann sé leis na costais a bhaineann le socraíocht urrús trasteorann a laghdú agus leis an iomaíocht agus roghanna i measc soláthraithe seirbhísí iarthrádála san Eoraip a mhéadú.

TIPS - Socraíocht Íocaíochta Láithrí TARGET - Is seirbhís nua bonneagair margaidh é seo a sheol an BCE í i mí na Samhna 2018. Cumasaíonn sé do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an fhéidearthacht a thairiscint dá gcustaiméirí cistí a aistriú i bhfíoram agus de ló agus d’oíche, gach lá den bhliain. Is ionann TIPS agus leathnú ar TARGET2 agus socraíonn sé íocaíochtaí in airgead bainc ceannais.

TLU - Taisclann Lárnach Urrús - Is é atá i dtaisclann lárnach urrús institiúid a shealbhaíonn ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear cothromais, bannaí, ionstraimí margaidh airgid agus cistí frithpháirteacha. Ceadáíonn sé úinéireacht na n-ionstraimí sin a aistriú i bhfoirm leictreonach trí thaifid leictreonacha a nuahsonrú, ar taifid iad ar a dtugtar taifid chuntais reatha go minic.

ÚBE - An tÚdarás Baincéireachta Eorpach - Is Údarás neamhspleách AE é an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a oibríonn chun rialáil agus maoirseacht éifeachtach, chomhsheasmhach stuamachta a áirithiú ar fud na hearnála baincéireachta Eorpaí. Is iad na cuspóirí foriomlána atá aige cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun san Aontas Eorpach agus iomláine, éifeachtúlacht agus feidhmiú ordúil na hearnála baincéireachta a choimirciú.

UCITS - Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe - Is cistí infheistíochta iad seo a bhíonn á rialáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

ÚEÁPC - An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde - Is comhlacht neamhspleách é a thugann comhairle don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

ÚMEanna - Na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha - Bíonn na hÚdaráis seo ag obair lena chéile i líonra, agus bíonn caidreamh acu leis na húdaráis

mhairseachta náisiúnta reatha chun fóntacht airgeadais na n-institiúidí airgeadais a áirithiú agus chun úsáideoirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Cuid 3:
Oibríochtaí Airgeadais

Torthaí Airgeadais don bhliain 2019

An Comhthéacs

Is léiriú fós é méid agus comhdhéanamh Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ar na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta arna gcur chun feidhme ag an Eurochóras, go háirithe le blianta beaga anuas, agus a shainordú maidir le cobhsaíocht praghasanna á gcomhlíonadh aige.

I measc na bpríomhfhorbairtí den chineál sin le linn 2019, tá na cinn seo a leanas:

- Leanadh de bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme trí thús a chur athuair le glancheannacháin sócmhainní faoi Chlár Ceannaigh an BCE do Shócmhainní (APP), seoladh an tríú sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírthe Fadtéarmacha (OASF-III) agus tugadh isteach córas dhá leibhéal maidir le luach saothair cúlchistí. Mar aon le tús a chur athuair le ceannacháin glansócmhainní, leanfar d'íocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a thiocfaidh in aibíocht, ar urrúis iad a ceannaíodh faoin APP, a athinfheistiú i gcomhréir le réamhthreoir ón gComhairle Rialaithe.
- Tuilleadh diúscairtí ar shealúchais an Bhainc Ceannais sa Phunann Speisialta de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (FRNanna), ar sealúchais iad a d'éirigh as leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC). Chuir an t-ioncam úis agus na gnóthachain ó na diúscairtí sin go mór le brabús an Bhainc Ceannais in 2019.⁴² Bhí an Banc Ceannais in ann €3.0bn de shealúchais ainmniúla FRNanna a dhiúscairt le linn 2019 mar gheall ar na dálaí margáí a bhí i réim agus cheannaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) iad.
- Sealúchais níos ísle urrús arna gceannach ag an Eurochóras faoi Chlár na Margáí Urrús (CMU), ar cuireadh deireadh leis in 2012, de réir mar a tháinig bannaí in aibíocht. Ba é aidhm an chlár sin doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de mhargáí fiachurrús an limistéir euro agus sásra tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

⁴² Níl aon athrú ar an mbeartas diúscairta don phunann seo agus tá sé beartaithe sealúchais a dhiúscairt a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2019-2023 (€1bn in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2bn in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

Ag féachaint romhainn, is é measúnú an Bhainc Ceannais go mbeidh a risíochtaí riosca airgeadais ag teacht, a bheag nó a mhór, leis an measúnú ag deireadh 2019, fad a leanann glancheannacháin faoin APP. Dá ainneoin sin, tá leibhéal ard éiginnteachta ag baint leis na risíochtaí sin de bharr gnéithe geopholaitiúla agus eacnamaíocha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhálaí margaí airgeadais sa mheántéarma. Sa Treoirlíne ón BCE (an Treoirlíne), foráiltear go ndéanfaidh bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) soláthar do rioscaí airgeadais.⁴³ I gcomhréir leis an treoirlíne seo, tá soláthar €900.0m curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais (2018: €750.0M) i gcuntais 2019 i leith neamhchosaintí ar an riosca ráta úis. Is ionann é sin agus méadú €150.0m (2018: €250.0m).

Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2019 agus €2,559.5m, laghdú 14% (€423.3m) i gcomparáid le méid comhréireach €2,982.8m in 2018.

Tháinig laghdú €514.5m ar ghnóthachain réadaithe ar dhíolacháin urrús arna sealbhú sa Phunann Speisialta go dtí €1,736.6m in 2019 (2018: €2,251.1M) de réir mar a leanann an Banc Ceannais de na hurrúis sin a dhiúscairt. Rinneadh é sin a fhritháireamh go páirteach le muirear soláthair €104.2m (2018: €180.5m). Cuimsíonn an muirear sin, den chuid is mó, meadú ar an soláthar do rioscaí creidmheasa agus agus scaoileadh i ndáil le soláthar €50.0m d'urrúis.

Ioncam Úis

Tháinig laghdú €86.3m ar ioncam úis, sa chaoi gurbh ionann é in 2018 agus €1,004.6m, i gcomparáid le méid comhréireach de €1,090.9m in 2018.

Bhí an laghdú seo inchurtha go príomha d'ús i bhfad ní b'ísle arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc Ceannais (arna sealbhú i bPunann MÓM) (2019: €246.4m, 2018: €331.7m) de bharr meán-sealúchas níos ísle den chuid is mó. Tháinig laghdú €234.6m freisin ar phunann sealbhaithe go dtí aibíocht (CGA) de chuid an Bhainc Ceannais (2019: €244.4m, 2018: €279.0m) de bharr meánrátaí úis ní b'ísle.

In 2019, tuilleadh ioncam úis ar na hurrúis i bpunanna MÓM mar gheall ar éagsúlú níos mó i dtreo infheistíochtaí airgeadra eachtrannaigh agus punann Dhollar na hAstráile (AUD), taiscí Renminbi na Síne (CNY) agus méadú infheistíochta ar shómhainní i nDollar Mheiriceá (USD) san áireamh, ach fritháiríodh é seo go páirteach le torthaí diúltacha ar infheistíochtaí euro. Rinneadh ús ar urrúis eile i bpunann MÓM a aicmiú mar chaitechas in 2018.

⁴³ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairiscíú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

Tháinig laghdú €10.3m ar ioncam arna thuilleamh ar urrúis a bhí á sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta in 2019 go dtí €275.2m (2018: €285.5m), rud a fhreagraíonn do shealúchais níos ísle i bpunann CMU de réir mar a bhíonn bannaí ag teacht in aibíocht agus rud a fhritháirítear go páirteach le méadú ar mheánsealúchais i bpunanna CBPP3 agus PSPP de thoradh ceannacháin leanúnacha faoi APP an Eurochórais.

Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí rialtais agus ar thaiscí institiúidí creidmheasa a bhí comhionann le €103.5m (2018: €84.7m) agus €91.7m (2018: €84.4m) faoi seach le linn 2019.

Úschostas

B'ionann úschostas agus €39.5m in 2019 (2018: €37.4m), méadú €2.1m don bhliain. Bhí príomhspreagadh an athraithe seo inchurtha d'úschostas €8.2m (2018: €Nialas) ar na hOibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírthe Fadtéarmacha (OASF-II) a tuairiscíodh mar ioncam úis in 2018 de bharr athraithe ar an ráta úis a muirearaíodh agus an ráta a fabhraíodh in 2018.

In 2019, rinneadh ús ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM (seachas an phunann speisialta) a aicmiú mar ioncam. In 2018, rinneadh an t-ús seo a aicmiú mar chaiteachas.

Tháinig laghdú €2.9m ar ioncam úis ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in 2019 go dtí €12.9m (2018: €15.8M), ag freagairt do rátaí idirbhirt níos ísle.

Tá an caiteachas níos ísle ar bhabhtálacha, arb ionann é agus €14.8m (2018: €16.0m) inchurtha do laghdú ginearálta ar rátaí úis an chiseain d'airgeadraí a dhéanann suas cearta tarraingthe speisialta (SDR) de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, agus do laghdú 20% ar mhéid iomlán na mbabhtálacha.

Glantóradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

B'ionann glantóradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí in 2019 agus gnóthachan €1,637.4m (2018: €2,045.0m). B'ionann gnóthachain réadaithe praghais ar phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais agus €1,740.1m (2018: €2,255.2m) agus freagraíonn siad go príomha do ghnóthachain réadaithe €1,736.6m ar dhíolacháin pháirteacha den Phunann Speisialta.

Cuimsíonn muirear soláthair €104.2m in 2019 méadú ar an soláthar i leith rioscaí airgeadais de €150.0m (2018: €250.0m) arna fhritháireamh go páirteach le scaoileadh €50.0m (2018: €70.0m) den soláthar i leith rioscaí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochta.

Tháinig gnóthachan neamhréadaithe praghais (€67.0m) chun cinn ar an gciste cothromais in 2019 de thoradh praghsanna níos airde cothromais ar dháta an chláir chomhardaithe, i gcomparáid le caillteanas neamhréadaithe praghais (€21.2m) in 2018.

Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair glanfháltas €31.4m in 2019 as glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais (2018: €6.8m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach.

Mar thoradh ar an tástáil bhliantúil lagaithe ar phunann CSPP, tá Comhairle Rialaithe an BCE tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an tsoláthair i leith rioscaí creidmheasa arna bhunú in 2018 agus chinn sí an soláthar seo a laghdú ó mhéid iomlán de €161.1m amhail ar an 31 Nollaig 2018 go dtí €89.4m amhail ar an 31 Nollaig 2019. B'ionann cion an Bhainc Ceannais sa soláthar seo agus €1.5m (2018: €2.7m).

Caiteachais Oibriúcháin

Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibriúcháin an Bhainc Ceannais i Nóta 9 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas. Níl mórán athrú bliain ar bhliain ar chaiteachais iomlána oibriúcháin an Bhainc Ceannais.

Le blianta beaga anuas, lean an Banc Ceannais d'infheistíocht a dhéanamh chun a chuid acmhainní agus a chumas féin a neartú, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais na foirne agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua, rud a léirítear sna caiteachais oibriúcháin iomlána don bhliain 2019 arbh ionann iad agus €299.9m (2018: €299.8m).

Cuimsítear sna caiteachais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus costais dímheasa.

Tháinig méadú €14.4m (8%) ar chostais foirne, pá san áireamh. Freagraíonn costais níos airde tuarastail do líon méadaithe foirne agus do na méaduithe a comhaontaíodh i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí.

Tháinig laghdú €12.3m (13%) ar chaiteachais oibriúcháin eile, rud a bhí inchurtha go príomha do Tháillí Gairmiúla níos ísle. Baineann an laghdú ar chostais táirgeachta airgeadra le méid táirgeachta níos ísle in 2019 i gcomparáid le 2018.

Ioncam Barrachais is Iníochta leis an Státchiste

Tar éis aistriú a dhéanamh chuig cúlchistí agus coigeartuithe, ar aistriú iad a bhain le glanchaillteanas achtúireach ar scéim pinsin an Bhainc Ceannais a shainithint, mar a cheanglaítear faoi *Financial Reporting Standard 102* (FRS 102), b'ionann Ioncam Barrachais an Bhainc is Iníochta leis an Státchiste agus €2,050.4m (2018: €2,384.8m).

Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €116.4bn sócmhainní/dliteanais iomlána an chláir chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2019, méadú €18.6bn (19%) ar an iarmhéid comhréireach ag deireadh 2018 (€97.8bn).

Sócmhainní

Tháinig méadú ar iarmhéid TARGET 2 an BCE go dtí €35.4bn ag deireadh 2019 i gcomparáid le €14.3bn ag deireadh 2018, méadú €21.1bn. Eascraíonn an méadú seo as insreafaí arna dtreorú trí chuntas taisce an rialtais agus trí chuntais cúlchiste institiúidí Éireannacha.

Fritháiríodh an méadú seo go páirteach le laghdú €3.4bn ar luach sócmhainní a fuarthas tar éis leachtú IBRC (an Phunann Speisialta) de thoradh díolacháin 3.0bn (ainmniúil) agus athluacháil na coda eile den phunann.

Tháinig laghdú freisin ar iarmhéid OASF go dtí €2.0bn an 31 Nollaig 2019 (2018: €3.0bn) de thoradh aisíocaíochtaí luatha ar oibríochtaí áirithe OASF-II.

Dliteanais

Tháinig méadú €13.9bn ar dhliteanais faoin gcóras um chúlchistí íosta go dtí €27.0bn (2018: €13.1bn) mar gheall ar an gcóras dhá leibhéal athbhreithnithe maidir le luach saothair cúlchistí arna thabhairt isteach ag Comhairle Rialaithe an BCE agus arna chur i bhfeidhm an 30 Deireadh Fómhair 2019. Faoin gcóras nua, eisiatar cuid de shealúchais leachtachta institiúidí creidmheasa ó luach saothair diúltach.

Tháinig méadú €2.6bn ar thaiscí rialtais go dtí €22.0bn in 2019 (2018: €19.3bn).

Fuascailt Nótaí Puint Éireannacha

Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar á chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí puint Éireannacha atá fós amuigh agus fuasclaíodh €0.7m as an soláthar sin in 2019 (2018: €0.9m), rud a d'fhág go raibh €224.4m nótaí bainc Éireannacha fós amuigh ag deireadh 2019 (2018: €225.1m) agus iarmhéid €4.7m sa soláthar ag deireadh na bliana (2018: €5.4m).

	2019	2018
Líon iomlán Íocaíochtaí Déanacha	86	51
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€2,193,753	€945,312
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€184,419,087	€123,616,548
A mar % de B	1.19%	0.76%
Luach iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha	€13,658	€6,473

Fáltais Monaí

Le linn 2019, b'ionann glanluach na monaí euro a eisíodh agus €9.6m (2018: €7.6m eisithe), rud a léiríonn méadú ar éileamh ón bpobal. Tar éis caiteachais a bhain le táirgeadh monaí a asbhaint, íocadh glanfháltais €10.0m leis an Státhchiste (2018: €6.7m). Leanann an Banc Ceannais de mhonaí Éireannacha a fhuascailt, ar monaí iad a eisíodh sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002. In 2019, b'ionann agus €0.1m san iomlán na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2018: €0.2m).

Íoc Pras Cuntas 2019

Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le hÍoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrúfar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2019, mar aon leis na figiúirí comhréireacha don bhliain 2018.

Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J d'Acht
an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú).

Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltáí an Choimisiúin

Réamhrá

Bunaíodh an Banc Ceannais le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht). Tá dhá bhunfheidhm ag an mBanc Ceannais. Freastalaíonn sé ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint agus cinntíonn sé go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne. Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc Ceannais in alt 18B den Acht (arna leasú). Foráiltear san Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú.

Ról an Choimisiúin

In Acht an Bhainc Ceannais, leagtar amach na feidhmeanna reachtúla seo a leanas atá ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais; ní dhéanfar dífead d'fheidhmiú nó do chomhlíonadh fheidhmeanna nó chumhachtaí an Choimisiúin má tá folúntas amháin nó níos mó i gcomhaltas an Choimisiúin.

Foláiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla arna ndísiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Gobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádfaidh an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ó am go ham ag an gCoimisiún a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) i ndáil le haon tarmligean a rinneadh. Cé go bhfuil formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún agus go bhfuil an Plean (a ndearnadh an t-athbhreithniú is déanaí air i mí Iúil 2019) formheasta aige i leith shannadh na bhfreagrachtaí sin, coimeádann an Coimisiún freagracht as maoirseacht

éifeachtach ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin a dtugtar freagracht don Ghobharnóir amháin ina leith) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh maidir le feidhmiú na cumhachta sin.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (ar leith ó fheidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé an Plean Straitéiseach lena gcumasaítear don Bhanc Ceannais a chuid feidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc Ceannais i ndáil leis an bPlean Straitéiseach. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh ar bhonn leathbhliantúil trí bhithín an Chreata um Chur Chun feidhme agus um Fhaireachán Straitéise (SIM) arna thabhairt isteach ag an mBanc Ceannais i L1 de 2019.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhórlacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo an Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an CEBC agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras um rialú inmheánach sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúir iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúcháireachta agus na hIniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlínte Cuntasaíochta CEBC, agus i gcás ina raibh siad sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na fórlacha

reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.

De réir mar is eol don Choimisiún, ní hann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta a bhfuil iniúcháirí an Bhainc Ceannais aineolach uirthi. Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúcháirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí ex-officio seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta)
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún i rith 2019 mar aon lena gcuid dátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfadh comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh go ceann téarma breise amháin):

Comhaltaí den Choimisiún	Dáta Ceapacháin (nó Athcheapacháin)
Gabriel Makhlouf ^{*44}	1 Meán Fómhair 2019
Alan Ahearne	8 Márta 2015
Patricia Byron	1 Eanáir 2019
Sharon Donnery ^{*45}	1 Márta 2016
John FitzGerald	1 Deireadh Fómhair 2015
Niamh Moloney	11 Meán Fómhair 2018
Derek Moran [*]	15 Iúil 2014
Ed Sibley [*]	1 Meán Fómhair 2017
John Trethowan	11 Meán Fómhair 2018
Philip R. Lane ^{*46}	26 Samhain 2015
Des Geraghty ⁴⁷	1 Deireadh Fómhair 2014

Comhaltaí ex-officio*

⁴⁴ Ceapadh Gabriel Makhlouf ina Ghobharnóir ón 1 Meán Fómhair 2019

⁴⁵ Ceapadh Sharon Donnery mar Ghobharnóir Gníomhach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2019 go dtí an 31 Lúnasa agus í fós ag feidhmiú ina cáil mar Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)

⁴⁶ D'éirigh Philip Lane as a phost mar Ghobharnóir an 31 Bealtaine 2019

⁴⁷ Tháinig deireadh le téarma Des Geraghty mar chomhalta den Choimisiún an 30 Meán Fómhair 2019

Ní mór a chur san áireamh go raibh folúntais ar an gCoimisiún ag deireadh mhí na Nollag 2019 toisc gur laghdaíodh líon na gcomhaltaí arna gceapadh ag an Aire. Chuir an Roinn Airgeadais agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tús le próiseas chun na folúntais sin a líonadh. Eagraíonn an Coimisiún athbhreithnithe bliantúla ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a thrí fhochoiste - Iniúcháireacht, Buiséad agus Luach Saothair, agus Riosca.

Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

- An Coiste Iniúcháireachta
- An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- An Coiste Riosca.

An Coiste Iniúcháireachta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúcháireachta agus bíonn trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus John Trethowan comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta.

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste mar fhochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le riosca airgeadais, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus bíonn beirt comhaltaí neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus an bheirt Leas-Ghobharnóirí ar an gCoiste sin. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2019: Niamh Moloney (an Cathaoirleach), Patricia Byron, Sharon Donnery agus Ed Sibley. Ní bhíonn comhaltaí feidhmiúcháin i láthair ag cruinnithe den Choiste nuair a bhíonn nithe a bhaineann lena luach saothair nó le luach saothair an Ghobharnóra á bplé.

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste mar fhochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le bainistiú buiséid, beratas luacha saothair, agus luach saothair. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Riosca agus bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, ba iad Alan Ahearne (an Cathaoirleach), Sharon Donnery, Ed Sibley agus John Trethowan comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta. Bhí folúntas neamhfheidhmiúcháin amháin ar an gCoiste Riosca mar gheall ar ráta foriomlán folúntais an Choimisiúin.

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste mar fhochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar infheistiú shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais, ar bheartais agus ar chleachtais infheistíochta, ar neamhchosaintí riosca agus ar straitéis, chun faireachán a dhéanamh ar riosca oibríochtúil agus riosca leanúnachais ghnó agus chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca sa Banc Ceannais agus chun comhairle a thabhairt don Choimisiún i leith na nithe sin ar fad.

Sceideal Freastail

Leagar amach thíos an sceideal freastail do chruinnithe den Choimisiún agus den Choiste.

Comhalta den Choimisiún	Coimisiún	An Coiste Iniúcháireachta	An Coiste Riosca	An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair	Comhchruinnithe den Choiste Iniúcháireachta agus den Choiste Riosca
Gabriel Makhlouf	4/4	-	-	1/1	
Alan Ahearne	11/12	-	5/5	-	2/2
Patricia Byron	12/12	5/5	-	1/1	2/2
Sharon Donnery	12/12	-	5/5	4/4	2/2
John FitzGerald	11/12	5/5	-	-	2/2
Niamh Moloney	11/12	-	-	4/4	
Derek Moran	8/12	-	-	-	
Ed Sibley	12/12	-	3/5	1/1	2/2
John Trethowan	12/12	5/5	1/1	-	2/2
Philip R. Lane	5/5	-	-	-	
Des Geraghty	9/9	-	4/4	3/3	2/2

Athruithe ar Chomhaltas

D'éirigh Philip R. Lane as a phost mar Ghobharnóir an 31 Bealtaine 2019 agus chuaigh Gabriel Makhlouf i mbun poist mar Ghobharnóir an 1 Meán Fómhair 2019. Cheap an Coimisiún Sharon Donnery mar Ghobharnóir Gníomhach don tréimhse eatramhach ón 1 Meitheamh 2019 go dtí an 31 Lúnasa, fad a bhí sí fós ag feidhmiú ina cáil mar Leas-Ghobharnóir

(Baincéireacht Cheannais). Tháinig deireadh le téarma oifige Des Geraghty an 30 Meán Fómhair 2019.

Nochtadh Faisnéise arna cheangal faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 9 - Caiteachas:

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí.
- Costais Chomhairleachta.
- Costais Dhlíthiúla agus Caiteachas.
- Caiteachais Taistil agus Cothaithe.
- Caiteachas Fáilteachais.
- Luach saothair agus caiteachais arna n-íoc le comhaltaí an Choimisiúin in 2019.

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) glactha ag an mBanc Ceannais. Oiriúnaíodh é in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirfí forálacha ábhartha i bhfeidhm maidir leis an gCód. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnú ar gach foráil agus, faoi láthair, tá an Banc Ceannais i mbun an fhoráil a chur i bhfeidhm, nó a ghlacadh, nó a oiriúnú chun ceanglais reachtúla an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh d'fhonn córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainiú. In Acht 1942, foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais maidir leis an gCód Cleachtais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

Baincéireacht Cheannais

19 Márta 2020

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

I mí Aibreán 2017, chinn an Coimisiún go nglacfar forálacha áirithe den Chód. I gcásanna áirithe, oiriúnaíodh an Cód chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais.

I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú ar oibriú chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais don tréimhse tuairiscithe bhliantúil dar chríoch an 31 Nollaig 2019. Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár bhfonn riosca formheasta agus leis na próisis dearbhaithe arna mbunú chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú.

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Is é is aidhm dó a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as comhlíonadh shainordú fadréimseach reachtúil an Bhainc Ceannais agus as cuspóirí Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais. Leis na bearta rialaithe seo, ní fhéachtar le rioscaí a dhíchur (toisc nach bhféadfar é seo a dhéanamh). Ina ionad sin, féachann siad le dearbhú réasúnach (seachas dearbhú iomlán) a thabhairt in aghaidh cailteanas, earráid nó mainneachtain ábhartha.

Chun a áirithiú go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh ar comhréir leis na rioscaí a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu; tá próiseas comhréireach um shainathint agus measúnú riosca bunaithe ag an gCoimisiún lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibriúcháin, airgeadais agus clú. Le linn 2019, fuair an Coimisiún agus a gcuid fochoistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí riosca oibríochtúil, airgeadais, agus straitéisigh an Bhainc Ceannais agus maidir le gnéithe éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an chórais ina iomláine trí nós imeachta tuarascála bliantúla. Ba iad na rannáin seo a leanas sa Bhanc Ceannais a d'ullmhaigh na tuarascálacha sin: an Rannán Rúnaíochta Ginearálta (GSD), Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD). Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbhreathnú thíos léiriú cruinn ar stádas an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Ina theannta sin, i gcomhréir leis na trí líne cosanta, tacaítear le hoibriú an chórais rialaithe inmheánaigh chun a áirithiú go gcuirtear creataí

formheasta bainistíochta riosca an Choimisiúin i bhfeidhm go córasach, lena n-áirítear dúshlán treallúsach do na rannáin an chéad líne, ar bhonn sceidealaithe timthriallach, chun a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht ann ó thaobh riosca a shainaithint agus a ghrádú agus tuairisciú rioscaí in ord tosaíochta a éascú.

Sa raiteas seo, leagtar amach an fhaisnéis a bhaineann le córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais lena n-áirítear príomhghnéith na timpeallachta rialaithe, sainaithint agus measúnú riosca, príomhghníomhaíochtaí rialaithe, faireachán ar riosca agus ar rialuithe agus athbhreithniú bliantúil ar chóras rialaithe inmheánaigh.

Timpeallacht Rialaithe

Ar na príomhghnéithe den timpeallacht rialaithe arna bunú ag an gCoimisiún, áirítear: struchtúr cuimsitheach rialachais, cód iompair eiticíúil leabaithe, ról shoiléire agus freagrachtaí don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach.

Tá an Cód oiriúnaithe ag an mBanc Ceannais i gcásanna áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Dá bharr seo, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais i gcás ina raibh air foráil ar leith den Chód a oiriúnú. D'ainneoin an méid sin thuasluaite, creideann an Banc Ceannais go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach aige i ndáil le timpeallacht láidir rialaithe trí bhithín bearta sonracha reachtúla nó rialachais.

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú.
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe.
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Faoin Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún chun feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir, nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Déantar tarmligean

den sórt seo ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí. Dá bhrí sin, tá formhór feidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún. Tá cumhacht tugtha do gach duine de na daoine thuasluaite gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais chun na feidhmeanna, cumhachtaí agus freagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham a chomhall, lena n-áirítear tuairimí a fhoirmiú, cinntí a ghlacadh, gníomh a dhéanamh, agus cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean ó am go ham a fheidhmiú. Beidh an duine dá sanntar freagracht as feidhm a chomhlíonadh freagrach don Ghobharnóir as comhlíonadh na feidhme sin. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a thrí fhochoiste (An Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid fochoistí leagtha amach i dTearmaí Tagartha ar leithligh.

Ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta, áirítear maoirseacht agus athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais, na hiniúcháirí seachtracha, iniúcháireacht inmheánach agus bainistíocht riosca, comhlíontacht agus rialú inmheánach, agus maoirseacht rialachais. Ar fhreagrachtaí an Choiste Riosca, áirítear an t-athbhreithniú ar neamhchosaintí riosca reatha agus straitéis bainistíochta riosca de chuid an Bhainc Ceannais, agus faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

D'fhormheas an Coimisiún Creat Rialachais lena mbunaítear creat láraithe don Banc Ceannais ina leagtar amach struchtúir rialachais eagraíochtúla. Déantar iad seo a dhoiciméadú sa Chreat agus leagtar amach na socrúithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm a thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear ról coistí traseagraíochtúla. Ina theannta sin, áirítear sa Chreat clár de Bheartais Chorpáraídeacha a bhfuil teimpléid agus treoir ábhartha mar thaca leo, agus clár agus treoir do Mheabhrán Tuisceana.

Cuirtear de chúram ar Choiste Bainistíochta Riosca (RMC) ar leibhéal feidhmiúcháin maoirseacht a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt ar fud na n-earnálacha riosca go léir agus comhlíonadh inmheánach agus nithe gaolmhara a dhéanamh agus tacaíonn sé le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais. Tá Coiste Buiséid agus Airgeadais (BFC) ar leibhéal feidhmiúcháin ann freisin chun tacú le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais. Is é cuspóir an BFC buiséad bliantúil an Bhainc Ceannais a fhoirmiú agus a mholadh agus faireachán a dhéanamh air, agus comhairle a thabhairt don Phríomh-Oifigeach Oibríochtaí (laistigh de theorainneacha tarmligthe) maidir le nithe clúdaigh infheistíochta a fhorghnó agus

maoirseacht a dhéanamh ar an gcéanna, agus nithe a bhaineann le tobhach maoiniúcháin tionscail a bhreithniú ó thaobh próisis.

Leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Sainítear freagrachtaí bainistíochta agus foirne trí chreat cuimsitheach próifíle róil agus trí chreat bainistíochta feidhmíochta. Is é an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, i gcomhar leis an gCoimisiún, a shonraíonn cuspóirí uileghabhálacha (leibhéal eintitis) an Bhainc Ceannais laistigh de Phlean Straitéiseach trí bliana. Tá Plean Straitéiseach ag an mBanc Ceannais don tréimhse 2019-2021.

Formheasann an Coimisiún an Plean Straitéiseach agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais é. Tá an Plean Straitéiseach reatha leagtha amach ina dhá chuid. I gcuid a haon, leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais agus iad ailínithe le cúig théama straitéiseacha. I gcuid a dó, leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais faoina chuid cuspóirí reachtúla agus faoina chuid cuspóirí eagraíochtúla. Tá próiseas sainithe eagraíochtúil ag an mBanc Ceannais chun a dhul chun cinn maidir le gnóthú chuspóirí an Phlean Straitéisigh a chur chun feidhme agus a thuairisciú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin. Faoin gCreat um Chur Chun Feidhme agus um Fhaireachán Straitéise (SIM), léirítear na gníomhaíochtaí atá mar bhonn taca ag gach cuspóir straitéiseach, mar aon leis an dul chun cinn i dtaca le baint amach na ngníomhaíochtaí sin. Faoi Chreat SIM, sanntar cuspóirí straitéiseacha do chomhaltaí an Choiste Ardcheannaireachta (SLC). Déantar tuairisciú trí bhíthin thuairisciú cisealta deaise ina bhfaightear tuairisc chun dáta ón úinéir atá ar an SLC i ndáil leis an dul chun cinn maidir le gach cuspóir straitéiseach. Déantar é seo a achoimriú ansin chun forbhreathnú ar an dul chun cinn iomlán maidir le gach téama straitéiseach agus gach cuspóir reachtúil agus, ar an gcaoi sin, cumasaítear don Bhanc Ceannais measúnú a dhéanamh ar a mhéid atáthar ag comhlíonadh an Phlean Straitéisigh. Maidir le rialachas Chreat SIM, déanann an SLC agus Coiste an Ghobharnóra athbhreithniú ráithiúil ar dheiseanna achoimre gach ceann de na téamaí straitéiseacha agus na cuspóirí reachtúla. Más iomchuí, cuirfidh an SLC moltaí faoi bhráid Choiste an Ghobharnóra, agus déanann Coiste an Ghobharnóra athbhreithniú freisin ar dheiseanna achoimre agus measúnú ar mholtaí ón SLC, ag díriú ar chinnteoireacht agus ar bheartú tosaíochta. Déanann an Coimisiún athbhreithniú leathbhliantúil freisin ar an SIM. Déanfar athbhreithniú meántréimhse ar an bPlean Straitéiseach in L1 de 2020.

Anuas air sin, leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice i measc bhaill foirne agus

oifigigh an Bhainc Ceannais a áirithiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Beartas Inmheánach Sceithreachta agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d'fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

Sainaitheint agus Maolú Riosca

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal fiontair agus ar leibhéal rannáin araon.

Creat Foinn Riosca

Tá Creat formheasta Foinn Riosca (RAF), lena n-áirítear folamhátais i leith phríomhrioscaí an Bhainc Ceannais, mar bhonn eolais leis an measúnú a dhéantar ar neamhchosaintí riosca. Sonraítear sa RAF seo an leibhéal riosca agus na cineálacha riosca atá inghlactha don Bhanc Ceannais i saothrú a chuid cuspóirí. Ó thaobh rialachais de, déantar athbhreithniú bliantúil ar chomhlíonadh na dteorainneach atá leagtha amach sa RAF, agus i gcás ina mbeidh aon athrú air seo, glacfar beart chun dul i ngleic leis. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún don bhliain 2019 ar a mhéid a d'oibrigh an Banc Ceannais laistigh de pharaiméadair RAF agus tá sé sáta go bhfuil na bearta riachtanacha glactha ag an lucht bainistíochta chun a áirithiú go bhfanfaidh rioscaí laistigh de lamhátais shainithe a mhéid is féidir.

I dteannta leis an RAF, tá ceanglas ann a áirithiú go ndéanfar rioscaí airgeadaís, oibríochtúla agus comhlíontachta a shainaithint agus a mheasúnú go beacht, toisc go gcuireann sé seo bonn ar fáil lena féidir neamhchosaintí próifíle riosca a chur i gcomparáid leis an RAF agus, ar an gcaoi sin, is féidir aon athruithe atá ina n-ábhar imní don bhainistíocht ó thaobh riosca de nó aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní amhlaidh a chinneadh. Féachann na nósanna imeachta um measúnú riosca le breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ábhartha beartaithe agus neamhbheartaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Measúnú Riosca Straitéisigh

Ar leibhéal fiontar ó bharr anuas, tugtar faoi Mheasúnú Riosca Straitéisigh (SRA) ar bhonn bliantúil arb é is aidhm dó rioscaí ar leibhéal fiontair a shainaithint, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais. Ina dhiaidh sin, déanann an Coiste Riosca tástáil SRA a athbhreithniú agus a cheistiú. Déantar na rioscaí a chur

in ord tosaíochta agus sanntar cuntasacht do stiúrthóirí ar leith chun a áirithiú go gcuirtear gníomhartha maolaithe iomchuí chun cinn. Sa Tuarascáil um Riosca Comhtháite arna chur faoi bhráid an Choiste Bainistíochta Riosca (RMC) agus an Choiste Riosca (RC), áirítear tuairisc chun dáta ar an dul chun cinn atá déanta chun na rioscaí seo a mhaolú. Pléitear na rioscaí straitéiseacha freisin mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Straitéiseach.

Féinmheasúnú ar Rialú Riosca

Ó bhun aníos, tá an creat riosca oibríochtúil ceaptha comhordú comhsheasmhach a éascú ar shainithint agus ar mheasúnú riosca agus rialaithe do na rannáin go léir sa Bhanc Ceannais. Tá próiseas um measúnú riosca agus rialaithe rannáin (RCSA) i gceist leis an gcur chuige atá formheasta ag an gCoimisiún. Leis an RCSA, áirithítear go mbunaíonn agus go gcothabhálann gach rannán sa Bhanc Ceannais clár de neamhchosaintí reatha riosca oibríochtúil mar aon le rialuithe gaolmhara. Déantar sraith iomlán de chlár riosca na rannán a chothabháil, a athbhreithniú agus a thuairisciú don RMC agus RC.

Próiseálann an Banc Ceannais sonraí pearsanta le linn dó roinnt dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, agus próiseálann sé sonraí pearsanta i ndáil le fostaíocht foirne agus lena chaidreamh le soláthraithe seirbhíse. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998, 2003 agus 2018 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), leagtar síos rialacha maidir leis an gcaoi ina mbailítear, ina bpróiseáiltear agus ina nochtar sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire. Forbraíodh Beartas an Bhainc Ceannais um Chosaint Sonraí d'fhonn comhlíonadh na rialacha seo a áirithiú. Sa bheartas seo, leagtar amach na ról agus freagrachtaí maidir le cosaintí sonraí, tugtar samplaí de na sonraí pearsanta a shealbhaítear agus a phróiseáiltear sa Bhanc Ceannais agus leagtar amach na seacht bprionsabal a bhaineann le cosaint sonraí. I gcomhréir leis na ceanglais um chosaint sonraí, tá Oifigeach um Chosaint Sonraí (DPO) ceaptha ag an mBanc Ceannais, mar a cheanglaítear faoi GDPR, agus tá an t-oifigeach sin freagrach as faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus na gceanglas éagsúil um chosaint sonraí, comhordú a dhéanamh ar aon teagmhais a bhaineann le cosaint sonraí, agus tuairisciú go rialta do choistí maoirseachta.

I dteannta leis na RCSAanna, bíonn clár teagmhais á chothabháil ag rannáin, agus déantar aon teagmhais oibríochtúla arna rangú mar theagmhais mheánacha nó níos airde a chur faoi bhráid an Choiste Riosca. Glacann an Banc Ceannais cur chuige 'milleán ar bith' maidir le teagmhais sa chaoi nach mbeidh aon spreagadh ann gan teagmhais a thuairisciú. Déantar anailís bunchúise i ndáil le gach teagmhais, ina sainithnítear deiseanna chun an

timpeallacht rialaithe a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas athuair a íoslaghdú,

Deimhníonn Ceannasaí gach rannáin agus an Stiúrthóir iomláine a gcuid clár mar chuid den nós imeachta seo um dhearbhu cáilíochta. Tá athbhreithniú ar thuarascálacha maidir le stádas na rioscaí rannán déanta ag an gCoiste Riosca agus tá breithniú déanta aige ar na gníomhartha atá glactha ag an mbainistíocht chun gníomhartha feabhais a chur chun feidhme agus chun rialuithe a fheabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar chreat tiomanta um measúnú riosca airgeadais. Bíonn an creat um measúnú riosca airgeadais ag díriú go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún atbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus rinne breithniú ar mholtaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháiltais atá leagtha amach ina ráiteas formheasta fonn riosca.

Príomhghníomhaíochtaí Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún maoirsiú ar chur chun feidhme raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolaítear go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gcuspóirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear rialú a chuid sócmhainní airgeadais, fisiceacha agus faisnéise, a chuid próiseas gnó, agus a thimpeallacht teicneolaíochta, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a thabhairt gur baineadh cuspóir rialaithe ar leith amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Creat Rialachais:** Doiciméad Creata Rialachais chun na socrúithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go soiléir; struchtúr eagraíochtúil agus coiste atá ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais agus ina bhfuil línte freagrachta agus leibhéil údarais atá sainithe go soiléir; Beartas Corparáideach chun a bhfuil i gceist le Beartas Corparáideach a shainiú agus chun clár de Beartais Chorporáideacha a chur ar fáil ina sainithnítear an t-údarás ábhartha formheasa; agus doiciméad ina sonraítear róil agus freagrachtaí na gceannairí sinsearacha agus ina leagtar amach na

socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm agus a thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais.

- **Príomhoibleagaidí Reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhréir leis an gCód, tugadh liosta de na hoibleagáidí is tábhachtaí reachtúla agus rialachais atá ag an mBanc Ceannais, mar aon le Doiciméad Freagrachtaí ina sainaithnítear, ar ardleibhéal, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachtaí agus conas a dhéantar faireachán ar chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Acmhainní Daonna:** Creat rialachais acmhainní daonna ina n-áirítear plean arna fhorghabháil ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a chur ar fáil, beartas earcaíochta, cláir fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Airgeadais:** Pleanáil airgeadais agus próisis um buiséadú bliantúil arna bhformheas ag an gCoimisiún, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe cuntas iníochta, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht agus ón gCoimisiún ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais.
- **Bainistíocht Riosca:** Creataí cuimsitheacha do bhainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibríochtúil agus bainistíocht teagmhas ar fud na hoibríochta, bainistíocht riosca airgeadais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais agus oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus bainistíocht fhoriomlán cláir chomhardaithe.
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartais agus nósanna imeachta um chosc calaoise a dhéileálann le sainaithint riosca calaoise agus le himscrúduithe calaoise, agus ina leagtar amach na freagrachtaí a bhíonn ar fhostaithe agus ar an lucht bainistíochta maidir le tuairisciú agus le himscrúdú calaoise nó calaoise amhrasta sa Bhanc Ceannais.
- **Leanúnachas Gnó:** Creat chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais in ann teagmhais shuaiteacha a bhainistiú, áitribh theagmhásacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.
- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha a bhainistiú laistigh den Bhanc Ceannais, ar creat é ina n-ionchorpraítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht athruithe agus bainistíocht tionscadal, formheas infheistíochta agus beartú tosaíochta maidir le hinfheistíocht.

- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, áitribh agus sócmhainní fisiceacha agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraíthe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla. Ina theannta sin, tá straitéis fhadtéarmach á foirmiú ag an Rannán um Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíochta don Bhanc Ceannais chun a áirithiú go leanfaidh teicneolaíochtaí de bheith ag tacú le cuspóirí an Bhainc Ceannais.
- **Iniúcháireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúcháireachta Inmheánaí a mbaineann úsáid as plean inmheánach riosca-bhunaithe iniúcháireachta, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhorghnó ag an gCoiste Iniúcháireachta.
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha a chothabháil maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Iniúcháireachta an Choimisiúin.

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair (an Beartas) atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Tá an Beartas i gcomhréir le prionsabail na rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais ach amháin i leith tairiscintí iomaíocha le haghaidh earraí agus seirbhísí faoi bhun Thairseach AE (€221k) i gcás ina gcinfidh an Banc Ceannais pointe tosaigh €50k seachas €25k de thairseach Tairiscintí Náisiúnta a oibriú ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht oibriúcháin. Bíonn trí mheastachán i scríbhinn de dhíth le haghaidh tairiscintí soláthar/seirbhíse idir €5k agus €50k.

In imthosca áirithe, meastar go bhfuil sé iomchuí dír-dhámhachtain a dhéanamh (gan dul ar iontaoibh próiseas tairiscintí). Sna cásanna sin, leantar próiseas rialachais iomchuí, i gcomhréir leis an mBeartas. Déantar aon dhámhachtain den sórt sin a thuairisciú go tréimhsiúil don Choiste Buiséid agus Airgeadais agus don Choiste Iniúcháireachta.

Le linn 2019, tabhaíodh caiteachas €0.23 thar ocht gconradh dír-dhámhachtana (2018: €0.83m thar 19 gconradh), ar conarthaí iad nár cruthaíodh in 2019. Is ionann é sin agus 0.1% de chaiteachas geallta an Bhainc Ceannais (2018: 0.9%). As na hocht gconradh sin, rinneadh ceann amháin a rialtú i R4 de 2018 (caiteachas gaolmhar iarmharach a tabhaíodh i mí Eanáir 2019), rinneadh sé cinn a rialtú le linn 2019 agus rachaidh an

conradh deireanach díobh sin in éag nuair a bheidh na seirbhísí curtha i gcrích.⁴⁸

Tá miondealú ar na dámhachtainí díreacha sa tábla thíos. As na hocht gconradh atá liostaithe, sháraigh an caiteachas carnach tairseach AE i gcás trí cinn díobh agus tháinig ceann amháin díobh sin chun críche i R4 de 2018 agus ceann eile in 2019. Sháraigh an caiteachas carnach an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50) i gcás ceithre cinn de na conarthaí. Tháinig gach ceann amháin díobh sin chun críche in 2019. Dámhadh conradh amháin ar lú a luach ná an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50k) agus tháinig sé sin chun críche in 2019.

Tábla 1.1 Dámhachtainí díreacha arna mbronnadh i gcomhréir le Beartas Corparáideach Soláthair

An fáth le dámhachtain dhíreach	Líon na gconarthaí 2019	Caiteachas €2019	Líon na gconarthaí 2018	Caiteachas €2018
Cosc ar phróiseas tairiscintí iomaíochas de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre	1*	3,600	1	0
Práinn ag baint leis an obair	0	0	2	0
Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairiscintí chun críche	5	169,307	11	689,862
Tar-rolladh conartha reatha go dtí go rachaidh a théarma in éag	2	57,030	5	137,643
Iomlán	8	229,937	19	827,505

*Ag deireadh 2019, ba é seo an t-aon chonradh díir-dhámhachtana amháin a bhí fágtha (arna dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas tairisceana).

Athbhreithniú agus Faireachán ar Rioscaí agus Rialuithe

Chun a áirithiú go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh ag oibriú i gcomhréir lena chuid ionchas, tá nósanna imeachta dearbhaithe neamhspleácha bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais. Is é IAD a

⁴⁸ Déantar amhlaidh trí phróiseas tairisceana a chur i gcrích, i gcomhréir leis an mBeartas Corparáideach Soláthair; trí bhreithniú a dhéanamh ar dhíolúine incheadaithe don dámhachtain dhíreach atá i bhfeidhm; nó i gcás inar gá ligean do théarma na dámhachtana dul in éag agus nach bhfuil aon cheanglas leanúnach gnó ann, scoirí den dámhachtain dhíreach.

thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin don chuid is mó agus áirítear ar na nósanna imeachta sin easnaimh rialaithe inmheánaigh a mheasúnú agus a thuairisciú ar mhodh tráthúil do na daoine sin a bheidh freagrach as bearta ceartaitheacha a ghlacadh lena n-áirítear an ardbhainistíocht agus an Coimisiún, nó a chuid fochoistí i gcás inar iomchuí.

Tuairiscíonn IAD go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhtheoranta aige ar an gCoise Iniúcháireachta agus ar an gCoiste Ardcheannaireachta (SLC). Bíonn gníomhaíochtaí IAD faoi stiúir ag Cairt na hIniúcháireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúcháireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúcháireachta. Déanann IAD measúnú ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialacháin infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, an chórais rialaithe inmheánaigh agus na bpróiseas rialaithe trí iniúcháireachtaí rialta agus measúnú leanúnach a dhéanamh.

Déanann IAD a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Leagtar béim sna tuarascálacha sin ar easnaimh agus laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh agus cláraítear na bearta comhaontaithe ceartaitheacha a ghlacfar i gcás ina meastar gur gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna gcur in iúl ag iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go nglacfar gníomhartha iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna a chuirtear in iúl.

Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Feabhra 2020. San athbhreithniú seo ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, áiríodh an méid seo a leanas:

- Obair an Rannáin um Iniúcháireacht Inmheánach agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana a bhreithniú.
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina chuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúcháirí seachtracha.

- Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainathint ag na hiniúcháirí seachtracha a bhreithniú.

Measann an Banc Ceannais gur cuí a nochtadh go raibh roinnt idirbheart calaoiseach cárta creidmheasa in 2019 dírithe ar an gcóras díolacháin ar líne do Bhoinn Inbhailithe atá á oibriú ag tríú páirtí. Dá thoradh sin, cailleadh 56 foireann Bonn Inbhailithe in 2019 a raibh luach miondíola €17,610 ag baint leo. Rinneadh rialuithe maolaithe a chur chun feidhme i mí Aibreáin 2019 chun nach dtarlódh sé athuair.

Bunaithe ar an méid sin thuas, measann an Banc Ceannais go bhfuil a chóras rialaithe inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 éifeachtach.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

19 Márta 2020

CUNTAS LEITHGHABHÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Ioncam Úis	2	1,004,580	1,090,866
Úschostas	3	(39,511)	(37,415)
Glanioncam úis		965,069	1,053,451
Glan-ghnóthachain a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais	4	1,743,543	2,255,242
Díluacháil sócmhainní airgeadais agus staideanna airgeadais	4	(1,937)	(29,870)
Aistriú chuig soláthairtí	4	(104,186)	(180,455)
Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí	4	1,637,420	2,044,917
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	5	2,790	3,115
Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha	6	33,065	26,810
Glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta	7	32,622	5,260
Glanioncam eile	8	188,419	149,081
<i>Ioncam ón tobhach maoiniúcháin</i>		160,051	145,015
<i>Eile</i>		28,368	4,066
GLANIONCAM IOMLÁN		2,859,385	3,282,634
Caiteachais foirne	9	(197,622)	(183,174)
Caiteachais oibríocháin eile	9	(84,151)	(96,433)
Dímheas	9	(16,131)	(16,770)
Amhábhair um tháirgeadh airgeadra	9	(1,954)	(3,422)
CAITEACHAIS IOMLÁNA	9	(299,858)	(299,799)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, CAILLTEANAS ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		2,559,527	2,982,835
Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe	33	(306,393)	(2,648,801)
Aistrithe chuig na cuntais athluachála	33	306,393	2,648,801
Cailteanas achtúireach ar an scéim pinsin	31	(223,710)	(33,911)
Aistriú cailteanas coimeádta chuig cúlchiste ginearálta	34	(285,369)	(564,104)
IONCAM BARRACHAIS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE	10, 30	2,050,448	2,384,820

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2019

SÓCMHAINNÍ	Nóta	2019 €000	2018 €000
Ór agus infhaighteachtaí óir	11	262,114	216,947
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	12	4,898,882	4,370,065
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro	13	77,014	31
Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	14	4,159,896	4,217,836
Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	15	2,032,720	3,023,000
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	16	2,348,406	1,780,144
Urrúis de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro	17	64,542,578	67,739,504
<i>Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais</i>		37,590,497	36,601,922
<i>Airgeadaíochta</i>			
<i>Urrúis Eile</i>		26,952,081	31,137,582
Éilimh laistigh den Eurochóras		36,315,234	15,188,485
<i>Leas rannpháirteachais sa BCE</i>	18	213,449	199,021
<i>Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha</i>	19	681,157	672,638
<i>Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)</i>	20	35,420,628	14,316,826
Sócmhainní eile	21	1,739,464	1,302,238
Sócmhainní Iomlána		116,376,308	97,838,250

19 Márta 2020

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

19 Márta 2020

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2019

DLITEANAIS	Nóta	2019 €000	2018 €000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	23	20,082,747	18,676,303
Dlíteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	24	36,672,142	22,800,553
Dlíteanais eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	25	955,997	719,471
Dlíteanais do chónaitheoirí eile sa limistéar euro	26	21,970,801	19,347,068
Dlíteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	27	1,892,530	2,085,319
Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	28	956,791	942,453
Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras	29	18,868,571	18,247,585
Dlíteanais eile	30	2,343,634	2,711,043
Sochair scoir	31	610,172	364,251
Soláthairtí	32	907,840	808,102
Cuntais athluachála	33	6,078,784	6,385,177
Caipiteal agus cúlchistí	34	5,036,299	4,750,925
Dlíteanais Iomlána		116,376,308	97,838,250

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

19 Márta 2020

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma “an Banc Ceannais”, aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire. Freagraíonn foirm na gcuntas do chineál sonracha na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat an CEBC mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí.⁴⁹

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe⁵⁰ ina Treoirlíne Chuntasaíochta (an Treoirlíne)⁵¹. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais don bhliain 2019 i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais.⁵² Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus an

⁴⁹ An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 28 BCN de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amháil ar an 31 Nollaig 2019 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma ‘an tEurochóras’ do na naoi BCN déag de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta leis an BCE amháil ar an dáta céanna.

⁵⁰ Is í an Chomhairle Rialaithe príomhchomhlacht cinnteoireachta an BCE. Tá an Chomhairle Rialaithe déanta suas de na sé bhall den Bhord Feidhmíocháin agus de ghobharnóirí NCBanna na 19 dtír atá sa limistéar euro.

⁵¹ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE/2016/34).

⁵² Is iad seo a leanas na príomhrechtanna lena rialaítear an Banc Ceannais: Achtanna an Bhainc Ceannais, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Sna Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus iocair an ioncam barrachais sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d’Acht an Bhainc Cheannais 1942. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reachtaíocht an CEBC agus an BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe de chuid an AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta de chuid an CEBC.

Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

- a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Cailteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.
- b. Ní bheidh gá le ráiteas ar shreafaí airgid.
- c. Áirítear soláthar i leith rioscaí airgeadais faoin mír dliteanais “Soláthairtí”.

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an Treoirlíne tostach i ndáil le hionstraimí airgeadais, leanann an Banc Ceannais ceanglas alt 11 agus alt 12 ina iomláine faoi FRS 102. I Nóta 1 (n) “Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta”, cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó measúnachta leo. Déantar sócmhainní airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear na glanmhéideanna in iúl sa Ráiteas Cuntas nuair atá ceart is infheidhmithe le dlí ann na méideanna atá sainaitheanta a fhritháireamh agus nuair a bheartaítear réiteach a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach.

(c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta an BCE glactha ag an mBanc Ceannais. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhóralacha na Treoirlíne.

(i) *Cuntasaíocht Dáta Trádála*⁵³

Sonraítear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as an “gnáthchur chuige” nó as an “gcur chuige malartach”. Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndlíteannais a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an dáta trádála móide dhá lá

⁵³ Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

oibre), seachas an gnáthchur chuige trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála.⁵⁴

(ii) Iarmhéideanna laistigh den CEBC

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh den CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann san AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET2 - an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 20(i)) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha i gcuntais TARGET2 de chuid bhainc cheannais an AE astu.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha sin a ghlanluacháil agus a shannadh ansin don BCE ar bhonn laethúil, sa chaoi nach mbíonn ach shuíomh glan déthaobhach aonair ag gach BCN i leith an BCE amháin. Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras de chuid an Bhainc Ceannais i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna eile laistigh den Eurochóras arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glan sócmhainne aonair nó mar shuíomh glan dliteanais aonair agus nochtar faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 20) iad. Iarmhéideanna laistigh den CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro a eascraíonn as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi “Dlíteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro” (Nóta 27).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandlíteanas aonair faoi “Dlíteanais a bhaineann le dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 29).

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais sa BCE, tuairiscítear iad faoi “Leas Rannpháirteachais sa BCE” (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 18).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eachtracha chuig an BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi “Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 19).

(iii) Scála Caipitil

⁵⁴ BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe a aisiompú agus taifeadfar iontrálacha laistigh den chlár comhardaithe.

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa an BCE atá a sealbhú ag gach ceann de na BCNanna faoi seach sa CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Tugadh faoin athbhreithniú cúigbhliantúil is déanaí agus tháinig sé in éifeacht an 1 Eanáir 2019. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa an BCE ó 1.1607% go dtí 1.1754% i ndiaidh an athbhreithnithe a rinneadh in 2019.

An dara scála, “Scála caipitil an Eurochórais”, arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/cailteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de scála caipitil an Eurochórais ó 1.6489% go dtí 1.6883% i ndiaidh an athbhreithnithe in 2019.

(iv) Nótaí bainc i gCúrsaíocht

Bíonn nótaí bainc euro á n-eisiúint ag an BCE agus BCNanna an limistéir euro a dhéanann suas an tEurochóras i dteannta a chéile.⁵⁵ Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN.⁵⁶

Tá scair arb ionann í agus 8% de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar an BCE fad atá 92% leithdháilte ar na BCNanna i gcomhréir lena n-uailithe i scála caipitil an BCE. An scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN, nochtar í faoin mír dlíteanais ar an gClár Comhardaithe “Nótaí bainc i gcúrsaíocht” (Nóta 23).

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnaimh in eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 1(c)(ii), Nóta 20). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dlíteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi ‘Dlíteanais laistigh den Eurochóras (glan):

⁵⁵ Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.

⁵⁶ Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadán a eascraíonn as scair BCE d’eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

dliteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 1(c)(ii), Nóta 29). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil.⁵⁷ Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi "Ioncam úis" (Nóta 2) nó faoi "Úschostas" (Nóta 3) sa Chuntas Brabúis agus Cailteanas agus Leithghabhála.

(v) *Leithdháiltí ag an BCE*

Chinn an Comhairle Rialaithe go mbeadh an méid seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidís: ioncam seigniorage an BCE a eascraíonn as scair 8% de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar an BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPF). Mura gcinneadh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis.⁵⁸ Déantar é a dháileadh ina iomláin mura mó é ná glanbhrabús BCE don bhliain agus faoi réir aon chinntí ag an gComhairle Rialaithe chun aistriú a dhéanamh i leith rioscaí airgeadais. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag an BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhtú ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

Déanfar an méid arna dháileadh ar na BCNanna a nochtadh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanas agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasa rannpháirteachais" (Nóta 6(i), Nóta 20(iii)).

(vi) *Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta*

Gach méid d'ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír ó na sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

Tá an bonn dliteanas comhdhéanta de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcursaíocht; dliteanas d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanas laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanas laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanas a áirítear

⁵⁷ Cinneadh ón BCE 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna Ballstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, Ith. 26.

⁵⁸ Cinneadh (AE) 2015/1195 ón BCE an 2 Iúil 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam an BCE (BCE/2015/25).

sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtaí le hinstiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsóchmainní eactracha chuig an BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha, meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.^{59, 60, 61, 62}

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déantar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "An glantoradh ar

⁵⁹ Cinneadh (AE) 2009/522 ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.

⁶⁰ Cinneadh (AE) 2011/17 ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011.

⁶¹ Cinneadh (AE) 2015/744 ón BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

⁶² Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh jarbhír arna thuilleamh ar bhannaí instiúidí idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsáítear.

chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 7).

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

(vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 1992* agus in alt 5A d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmaidinní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m go dtí an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis an BCE leis an méid sin. Aistríodh €681.2m san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar an BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 19).

(viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den chlár comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sna cuntais athluachál ar bhonn gach úrrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi "Sócmaidinní eile" (Nóta 21) nó faoi "Dliteanais eile" (Nóta 30) i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuiriscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag an CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i

malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Déantar conarthaí todhcháiochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thairfeadh lasmuigh den chlár comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a shainaitheint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais, faoi “Ioncam úis” (Nóta 2) nó “Úschostas” (Nóta 3).

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin faoi raon feidhme na gclár ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC1, CCBC2 agus CCBC3) agus fuarthas urrúis fiachais faoi raon feidhme an CMU agus an PSPP.^{63, 64, 65} Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(i), Nóta 17(i), Nóta 32(ii)). Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú.

(d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhráithe.

(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreacht

Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) Tomhas

Déantar Maoin, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímhéas carntha agus ní dhéantar athluacháil orthu.

(ii) Dímhéas

Déantar dímhéas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta le linn dó na rátaí dímhéasa a úsáidfead a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn

⁶³ Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22

⁶⁴ Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

⁶⁵ Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

déanamh amhlaidh, féadfaidh go n-imeoidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Áitreabh	- 20 - 50 bliain
Gléasra agus Innealra	- 5 - 15 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
Trealamh Eile	- 5 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	- 5 bliana

Sócmhainní Doláimhsithe

Bogearraí Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
--------------------------	----------------

(iii) Lagú

Déantar athbhreithniú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i leith lagú i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe.

(iv) Dí-aithint

Déantar MGT nó Sócmhainní Doláimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh siad diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as ndiúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó cailiteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chailiteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Cailiteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó cailiteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne amhail ar dháta an idirbhirt.

Sócmhainní Oidhreachta

Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais nach n-aithnítear ina chuntais bhliantúla ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 22(i)(d)).

(f) Sochair Scoir

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí foirne buana de chuid an Bhainc Ceannais na sochair aoisliúntais chéanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc Ceannais na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003*. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc Ceannais an tráth sin (Willis), aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-

ranníochach a fheidhmítear an Scéim Pinsean do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dlíteanais scéime pinsin a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocthaidh as dlíteanais na scéime sa todhchaí. Déantar na sreafaí airgid seo a lascaíniú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a bhfuil an téarma céanna acu atá ag na dlíteanais. An muirear a bhaineann le pinsin sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 9) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhlíteanais na scéime (Nóta 8). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dlíteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta.⁶⁶ Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála (Nóta 31(ii)).

Chun luach dhlíteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghaís, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I nóta 31, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dlíteanais agus costais pinsin do 2019.

(g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisiúint an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um

⁶⁶ Bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais le linn dó boinn euro a tháirgeadh agus a eisiúint, tugtar an seigniorage ar fad a fhagtear ar ais don Státchiste. Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra.

Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar an costas a bhaineann le táirgeadh monaí a ghearradh ar Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 26(ii)). In alt 14A den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta* 1998, (arna chur isteach le halt 137 den *Acht Airgeadais* 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltas ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an dífríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais.

(h) Airgeadra Feidhme agus Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhme agus tuairiscithe an Bhainc Ceannais. Idirbhearta cuntasáíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ag dáta an chláir chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 33).

(i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascaíní a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad i nglanioncam úis (Nóta 2, Nóta 3).

(j) Beartas Luachála

- (i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 33). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.
- (ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith, ach amháin más infheistíochtaí, go príomha, iad na hurrúis seo i gcistí cothromais a luacháiltear ar bhonn glan. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh, déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhla sreafa airgid lascaínithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le

FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(a)).

I gcomhréir leis an Treoirlíne is infheidhme maidir le hionstraimí cothromais inmargaidh, déantar athluacháil infheistíochtaí i gcistí cothromais ar bhonn glan seachas ar bhonn scair leithleach. Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála (Nóta 1(k)).

Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa chuntas athluachála.

- (iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil (Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(b)).
- (iv) Déantar ór a luacháil ar mheánphraghas scoir margaidh (Nóta 11, Nóta 33).
- (v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc Ceannais a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite arna n-áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraite i leith na sócmhainní nó i leith an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraite). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí

airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(a)).

(k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús, nó ar bhonn glan i leith cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

(l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc Ceannais sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thairfeadh ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe (Nóta 27(i)). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais formhór na rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht. Déileálar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thairfeadh ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nóta 12(i), Nóta 14(ii), Nóta 16(i)) ach ní áirítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt

mar iasacht ón mBanc Ceannais. Eascraíonn ioncam úis nó úschostas astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Déileálar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

(m) Soláthairtí

(i) Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 32). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní indibhidiúla).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc Ceannais, ar dháta an chláir chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhfófar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis (teagmhas caillteanais) agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

- (i) Rédhliteacht ó thaobh íocaíocht príomhshuime nó íocaíocht úis.
- (ii) Deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí.
- (iii) Tabhairt faoi shocrú um athstruchtúrú fiachais.
- (iv) Meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh.
- (v) Íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha.
- (vi) Dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhalaí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc Ceannais cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú go hindibhidiúil ar urrúis atá suntasach go hindibhidiúil, agus gur tharla lagú go hindibhidiúil nó le chéile ar urrúis nach bhfuil suntasach go hindibhidiúil. Má chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis arna measúnú go hindibhidiúil, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheasúnú le chéile i ndáil le lagú.

Urrúis arna measúnú go hindibhidiúil maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear cailteanas lagaithe nó a leantar de chailteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh cailteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chailteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir bunráta úis éifeachtaigh de chuid an urrúis.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús arna measúnú le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chailteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 4(iii), Nóta 32(ii)).

(ii) Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí airgeadais

Rinneadh réimse na soláthairtí i leith rioscaí ginearálta a leathnú in 2019 chun go gcuimseofar na rioscaí airgeadais go léir ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Roimhe sin, bhí sé teoranta do rioscaí a bhain le ráta malairte, ráta úis, creidmheas agus praghas an óir amháin. Sa chomhthéacs seo, sainítear na rioscaí airgeadais go léir mar rioscaí margaidh, leachtachta agus creidmheasa.

Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar an riosca seo, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithnítear scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 4(iii), Nóta 32(i)).

(iii) Soláthar um Athstruchtúrú

Is éard is athstruchtúrú ann clár arna bheartú agus arna rialú ag an mbainistíocht, ar clár é a athraíonn go bunúsach réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó ar an gcaoi ina seoltar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 4(iii), Nóta 32(v)).

(iv) Soláthar i leith Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Bheartas

Airgeadaíochta an Eurochórais

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir BCNanna na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain (Nóta 32(iv)).

(n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha

Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Cuntas:

- Lagú: (Nóta 1(j)(iii),(m)(i), Nóta 4(iii), Nóta 32(ii), Nóta 32(iv))
- Soláthairtí: (Nóta 32)
- Rátaí dímheasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 22)
- Luacháil ar an Scéim Pinsean le Sochar Sainithe: (Nóta 31)
- Luacháil ar an bPunann Speisialta: (Nóta 1 (j)(i), Nóta 17(ii)(a)(i)).
- Ioncam Tobhaigh (Nóta 40(i)).

(o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*. Féadfaidh an Banc Ceannais suas le 20% ar a mhéad den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhorghéas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 10, Nóta 30(i)).

(p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

Tomhas Tosaigh

Déantar réadmhaoín infheistíochta a aithint ar costas ag an tosach, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i “Sócmhainní eile” (Nóta 21(iv)).

Tomhas ina dhiaidh sin

Réadmhaoín infheistíochta a bhféadfar a luach cóir a thomhas go hiontaofa, deantar í a thomhas ar luach chóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoín infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana. Déantar laghdú ar luach cóir a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

Ioncam Cíosa

Tugtar cuntas i leith ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in Ioncam Úis (Nóta 2(viii)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

Nóta 2: Ioncam Úis

	2019 €000	2018 €000
Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	275,182	285,474
Urrúis – MÓM (ii)	264,468	331,702
Urrúis – CGA (iii)	244,409	278,995
Taiscí Rialtais (iv)	103,455	84,708
Taiscí Institiúidí Creidmheasa (iv)	91,704	84,403
Comhaontuithe Athcheannaigh (v)	8,223	9,366
CST (vi)	8,183	7,180
Ioncam Taisce (vii)	5,997	1,155
Ioncam Cíosa (viii)	1,583	1,583
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (v)	639	761
Eile (ix)	630	606
Ioncam Chiste Ranníocach SRT (x)	107	348
Oibríochtaí Margaidh Oscailte (xi)	-	4,585
Iomlán	1,004,580	1,090,866

- (i) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 17(i)):

Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

	2019 €000	2018 €000
PSPP	208,344	180,400
CMU	53,547	91,815
CCBC3	13,291	13,259
Iomlán	275,182	285,474

An t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2019, freagraíonn sé sin do leibhéal ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár agus do na torthaí coibhneasta ar na sócmhainní (Nóta 17(i)).

- (ii) Baineann an mhír seo le hioncam úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais in 2019.

B'ionann agus €246.4m an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú sa Phunann Speisialta (2018: €331.7m). Cuimsíonn an phunann urrús seo nótaí ráta chomhlúthaigh agus fuarthas í tar éis leachtú Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013. Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar an bPunann Speisialta do mheán-iarmhéideanna níos ísle de thoradh díolachán le linn na tréimhse (Nóta 17(ii)(a)).

Rinneadh ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis eile (seachas an phunann speisialta) i bpunann MÓM a aicmiú mar úschostas in 2018 (Nóta 3(vi)). Don bhliain 2019, tuilleadh ioncam úis ar phunanna MÓM mar gheall ar

éagsúlú níos mó i dtreo infheistíochtaí airgeadra eachtrannaigh trí phunann Dhollar Shingepór (SGD) a áireamh, mar aon le punann Dhollar SA (USD), punann Dhollar na hAstráile (AUD) agus punann Renminbi na Síne (CNY), ach fritháiríodh é seo go páirteach le torthaí diúltacha ar infheistíochtaí euro.

- (iii) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí arna n-aicmiú mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Tá laghdú tagtha ar an ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin mar gheall ar thorthaí athtinfheistíochta ní b'ísle (Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(b)).
- (iv) I mí an Mheithimh 2014, thug an BCE ráta diúltach isteach ar an tsaoráid taisce a bhaineann le taiscí áirithe arna sealbhú leis an mBanc Ceannais. I Meán Fómhair 2019, tháinig laghdú ar an ráta úis diúltach ar an tsaoráid taisce faoi 10 mbonnphointe ó -0.4% go dtí -0.5%. Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí Rialtais agus ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa a bhí comhionann le €103.5m (2018: €84.7m) agus €91.7m (2018: €84.4m) faoi seach. Leanann an Banc Ceannais d'ús a ghearradh ar na taiscí sin suas le tairseach chomhaontaithe de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 24, Nóta 26).⁶⁷

Taiscí Institiúidí Creidmheasa

	2019	2018
	€000	€000
Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta)	53,487	56,845
Saoráid Taisce	38,217	27,558
Iomlán	91,704	84,403

- (v) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ag an mBanc Ceannais le linn a chuid sócmhainní infheistíochta a bhainistiú. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann na t-ioncam arna ghineadh don difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh / praghsanna ceannaigh agus díola ina dhiaidh sin (Nóta 1(i), Nóta 12(i), Nóta 14(i), Nóta 16(i), Nóta 27(i)).
- (vi) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann sa CAI agus ar shealúchais CST na hÉireann (Nóta 12(ii)). Freagraíonn an méadú ar ús arna

⁶⁷Is é 0.00% an rata úis imeallaigh atá á úsáid faoi láthair ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

thuilleamh ar an sealúchas seo don mhéadú comhiomlán ar thorthaí foluiteacha ar chomhpháirteanna chiseán CST le linn 2019.

- (vii) Baineann ioncam taisce go príomha le hioncam arna thuilleamh ar thaiscí airgeadra eachtraigh.
- (viii) Baineann ioncam cíosa le fáltais ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer atá á ligean le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 21 (iv)).
- (ix) Faoi Eile, áirítear méid €0.5m a bhaineann le hioncam infheistíochta ar chonarthaí airgeadra eachtraigh (2018: €0.4m).
- (x) Baineann sé seo le hioncam ar Chiste Ranníocach na Scéime Rátháíochta Taiscí agus le Ciste Leagáide SRT (Nóta 30(ii)).
- (xi) B'ionann ioncam úis ar oibríochtaí margaidh oscailte in 2019 agus Nialas. Aithníodh úschostas le linn na tréimhse (Nóta 3(iii)).

Nóta 3: Úschostas

	2019 €000	2018 €000
Caiteachais Babhtála (i)	14,834	16,037
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	12,884	15,760
Oibríochtaí Margaidh Oscailte (iii)	8,206	-
Eile (iv)	2,856	457
Taiscí (v)	651	608
Comhaontuithe Athcheannaigh (ii)	80	10
Urrúis – MÓM (vi)	-	4,543
Iomlán	39,511	37,415

- (i) Tá an caiteachas níos ísle inchurtha do laghdú ginearálta ar rátaí úis chiseán foluiteach airgeadra a dhéanann suas an CST agus do laghdú 20% ar mhéid iomlán na gconarthaí airgeadra eachtraigh (Nóta 37(i)).
- (ii) Seasann na míreanna seo d'ús arna thabhtú ar idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann caiteachais arna nginiúint don difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh/ceannaigh agus an praghas díola ina dhiaidh sin. Tá an laghdú i gcomparáid le 2018 inchurtha do rátaí idirbheart níos ísle (Nóta 1(l), Nóta 12(i), Nóta 14(ii), Nóta 16(i), Nóta 27(i)).
- (iii) Cuimsíonn an mhír seo an glanchaiteachas ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais le linn 2019. In 2016, tugadh isteach an dara sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírthe Fadtéarmacha (OASFanna), dá ngairtear OASF-II.⁶⁸ Is ceann d'uirlisí neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta an BCE iad na hoibríochtaí seo. Bhí an méid airgid a d'fhéadfadh na bainc a fháil ar iasacht agus costas na hiasachtaíochta sin ag brath ar mhéid na n-iasachtaí a chuirfidís ar fáil don fhíorgheilleagar. Bhí an ráta úis ab infheidhme d'oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhír i mí an Mheithimh 2018 nuair a cuireadh ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (0%) chun feidhme ar iasachtú contrapháirtithe áirithe, agus nuair a cuireadh ráta na saoráide raise (-0.4%) chun feidhme ar iasachtú contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. Sula raibh an ráta ar an OASF ar eolas, bhí ús á ghearradh de réir ráta na saoráide taisce toisc gur cinneadh gur stuama déanamh amhlaidh. Aicmíodh an mhír seo mar ioncam úis in 2018 mar gheall ar an difríocht idir an méid a

⁶⁸ Seoladh an chéad sraith den OASF in 2014.

tabhaíodh de réir ráta na saoráide taisce agus an ráta iarbhír nuair a socraíodh é.

Is caiteachas é an mhír seo in 2019 a sheasann don ghlanchaiteachas ar iarmhéideanna OASFanna arna sealbhú ag an mBanc Ceannais le linn 2019.

Toisc gur fabhraíodh ús ar oibríochtaí OASF-II de réir ráta na saoráide taisce (-0.4%) sna blianta roimhe seo sular socraíodh an ráta iarbhír i mí an Mheithimh 2018 agus sula ndearnadh an fabhrú a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 2(xi), Nóta 15).

- (iv) Maidir leis an méadú ar úchostas eile, baineann sé go príomha le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochta €2.3m (Nóta 37(ii)).
- (v) Baineann sé seo le caiteachas úis is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taiscí (Nóta 16).
- (vi) Baineann an mhír seo le húsachostas ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Rinneadh é seo a thairfeadh mar ioncam úis in 2019 (Nóta 2(ii), Nóta 12(i)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(i), Nóta 17(ii)(a)).

Nóta 4: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

Glanghnóthachain arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais

	2019 €000	2018 €000
Cailteanais Praghaís Réadaithe ar Urrúis	1,740,136	2,255,229
- Punann Speisialta (i)	1,736,600	2,251,100
- Punann Beartais Airgeadaíochta (ii)	325	4,091
- Punann MÓM (iii)	3,211	38
Gnóthachain Réadaithe ar Rátaí Malairte (iii)	3,407	13
Iomlán	1,743,543	2,255,242

- (i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Ráta Comhlúthaigh (NRCanna) (Nóta 17(ii)(a)(i)).
- (ii) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin sócmhainní ón bpunann beartais airgeadaíochta. Cuirtear díolacháin i gcrích i ndáil leis an bpunann beartais airgeadaíochta, nuair is gá sin, chun comhlíonadh leanúnach laistigh den chreat teoranta a áirithiú (Nóta 17(i)).
- (iii) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar urrúis i bpunann MÓM seachas ar urrúis sa phunann speisialta (Nóta 17(ii)(a)).

- (iv) Léiríonn sé seo gnóthacháin réadaithe ráta malairte ar dhíolacháin sócmhainní i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais (Nóta 17(ii)(a)).

(ii) Díluachálacha Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

	2019 €000	2018 €000
Gluaiseacht in:		
Caillteanas Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (i)	(1,249)	(8,348)
Caillteanas Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis	(688)	(357)
Caillteanas Neamhréadaithe Praghais ar Chiste Cothromais (ii)	-	(21,165)
Iomlán	(1,937)	(29,870)

- (i) Baineann na caillteanas neamhréadaithe ar rátaí malairte go príomha le caillteanas neamhréadaithe ar chearta speisialta tarraingthe (CST) (Nóta 12(ii)(b)).
- (ii) Tháinig gnóthachan neamhréadaithe praghais chun cinn ar an gciste cothromais de thoradh praghsanna níos airde cothromais ar dháta an chláir chomhardaithe, i gcomparáid le caillteanas neamhréadaithe praghais in 2018. Rianaíonn an ciste cothromais Innéacs Domhanda an MSCI (Nóta 21(ii), Nóta 33).

(iii) Aistriú chuig Soláthairtí

	2019 €000	2018 €000
Scaoileadh Soláthair d'Urrúis (Nóta 32(ii))	50,000	70,000
Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 32(v))	(4,186)	(455)
Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais (Nóta 32(i))	(150,000)	(250,000)
Iomlán	(104,186)	(180,455)

Nóta 5: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

	2019 €000	2018 €000
Iasachtú Urrús	1,466	1,788
Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2	697	651
Táillí agus Muirir Seirbhíse	627	676
Iomlán	2,790	3,115

Nóta 6: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

	2019 €000	2018 €000
Scair de bhrabús BCE (i)	30,492	24,377
Díbhinn BIS (ii)	2,573	2,433
Iomlán	33,065	26,810

- (i) Léiríonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de bhrabús an BCE (Nóta 1(c)(v)).

Déantar soláthar riosca an BCE a chothabháil ag teorainn scairchaipiteal láníochta BCNanna an limistéir euro. I bhfianaise an choigeartaithe chúigbhliantúil ar an scála um shuibscríobh chuig caipitil an BCE amhail ar an 1 Eanáir 2019 agus i bhfianaise an laghdaithe dá bharr sin ar ualú BCNanna an Eurochórais i gcaipiteal suibscríofa an BCE (Nóta 1(c)(iii)), chinn an Chomhairle Rialaithe go scaoilfear €84m amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: Nialas) ó sholáthar an BCE i leith rioscaí airgeadais chun an teorainn a chomhlíonadh.

Íocadh €1,431m (2018: €1,191.4m) le BCNanna an Eurochórais an 21 Eanáir 2020 i gcomhréir lena scála caipitil Eurochórais mar dháileadh eatramhach ar bhrabúis an BCE don bhliain. B'ionann scair an Bhainc Ceannais sa soláthar seo agus €24.2m (2018: €19.6m) (Nóta 20(iii)). Maidir le dáileadh deireanach an bhrabúis do 2018 arna íoc i mí Feabhra 2019 agus arbh ionann é agus €6.3m, cuirtear i láthair é sna figiúirí do 2019 freisin (b'ionann agus €4.7 milliún an figiúr comhréireach do 2017, arna íoc in 2018).

- (ii) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 21(v), Nóta 35(i)).

Nóta 7: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2019 €000	2018 €000
Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i) Scaoileadh/(Cruthú) soláthair do Scair d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (ii) (Nóta 32(iv))	31,440	6,780
Úsáid soláthair do Scair d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (ii) (Nóta 32(iv))	1,182	(2,656)
	-	1,136
Iomlán	32,622	5,260

- (i) Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais, arbh ionann é agus €159.1m (2018: €182.9m), agus an méid a athdháileadh ar an mBanc Ceannais de €190.8m (2018: €201.3m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, mar aon le hús mar atá léirithe sa tábla thíos.

San fhigiúr d'athdháileadh ioncaim airgeadaíochta, áirítear coigeartú ar na glantorthaí do na blianta roimhe sin arbh ionann é agus €0.3m. Bhí an coigeartú seo i bhfad ní b'airde in 2018 (€11.6m) toisc gur socraíodh an ráta ar OASF-II agus mar gheall ar athbhreithniú ina

dhaidh sin ar ríomhanna ioncaim airgeadaíochta do na blianta 2016 agus 2017 (Nóta 1(c)(vi)).

	2019 €000	2018 €000
Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe	(159,098)	(182,861)
Ioncam airgeadaíochta athleithdháilte	190,801	201,276
Glanghlacadóir Ioncaim Airgeadaíochta	31,703	18,415
Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo	(263)	(11,635)
Iomlán (Nóta 20 (ii)).	31,440	6,780

- (ii) Cuimsíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de ghlantoradh an tsoláthair in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, ar soláthar é a bunaíodh i ndáil le hurrúis arna sealbhú ag BCN de chuid an Eurochórais ina phunann CSPP. Mar thoradh ar an tástáil bhliantúil lagaithe ar phunann CSPP, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an tsoláthair i leith rioscaí creidmheasa arna bhunú in 2018 agus chinn sí an soláthar seo a laghdú ó mhéid iomlán de €161.1m amhail ar an 31 Nollaig 2018 go dtí €89.4m amhail ar an 31 Nollaig 2019. B'ionann scair an Bhainc Ceannais sa soláthar seo agus €1.5m (2018: €2.7m). (Nóta 32 (iv)).

Nóta 8: Glanioncam Eile

	2019 €000	2018 €000
Glantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais (i)	154,576	140,007
Pionóis Airgeadaíochta na Rialála Airgeadais (ii)	30,262	7,440
Toradh Ionchais ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 31 (i))	13,600	13,100
Ioncam Eile na Rialála Airgeadais (Nóta 40)	5,475	5,008
Eile (iii)	5,406	2,426
Ús ar Dhliteanas na Scéime Pinsin (Nóta 31 (i))	(20,900)	(18,900)
Iomlán	188,419	149,081

- (i) I Nóta 40, tugtar comhdhéanamh Ghlantobhach Maoiniúcháin an Tionscail i leith Rialáil Airgeadais.
- (ii) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníochta leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis comhaontuithe socraíochta a chur i gcrích leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála. Déantar méid iomlán na bpionós sin arbh ionann é agus €30.3m in 2019 (2018: (€7.4m) a áireamh san Ioncam Barrachais is Iníochta leis an Stáitchiste (Nóta 10).
- (iii) Ioncam an Phríomh-Chláir Creidmheasa arb ionann é agus €3.2m (2018: Nialas) agus a áirítear in Eile, léiríonn sé táillí arna muirearú ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna) i leith tuarascálacha creidmheasa a eisíodh. Gearradh muirir ar iasachtóirí i leith fiosruithe ar an CCR ón 1 Iúil 2019 i leith (Nóta 21 (iii)).

Áirítear in Eile do 2018, glanioncam €0.4m a eascaíonn as athbhreithniú a rinne an Banc Ceannais ar chánacha indíreacha, ar athbhreithniú é a comhaontaíodh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Nóta 9: Caiteachais Iomlána

	Iomlán na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála*		An Mionta**		Iomlán	
	2019	2018	2019	2018	2019	2018
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Tuarastail/Liúntais (i)	145,656	131,525	776	477	146,432	132,002
ÁSPC	14,265	12,393	77	40	14,342	12,433
Pinsin (Nóta 31(i))	37,701	39,256	199	44	37,900	39,300
Caiteachais Foirne	197,622	183,174	1,052	561	198,674	183,735
Cumarsáid agus TF	35,704	36,093	28	10	35,732	36,103
Taisteal Gnó (ii)	2,512	3,080	5	7	2,517	3,087
Caiteachas Riaracháin Oifige	359	455	-	1	359	456
Táillí Gairmiúla (iii)	11,088	21,597	5	7	11,093	21,604
Taighde Seachtrach & Síntiús Chorparáideacha	2,707	2,569	3	3	2,710	2,572
Foilsitheoireacht & Caidreamh Poiblí	862	1,073	-	-	862	1,073
Íocaíochtaí & Táillí Bainistíochta Sócmhainní	6,614	7,272	9	14	6,623	7,286
Soláthairtí Airgeadra & Cothabháil Trealamh	134	333	37	17	171	350
Oiliúint, Oideachas & Comhdhálacha	3,138	3,342	-	-	3,138	3,342
Earcaíocht & Costais Eile Foirne (iv)	5,635	6,723	-	-	5,635	6,723
Bainistíocht & Cothabháil Saoráidí	7,100	6,724	-	1	7,100	6,725
Cíos & Fónais	4,694	4,816	-	-	4,694	4,816
Ilghnéitheach (v)	3,604	2,356	12	46	3,616	2,402
Caiteachais Oibriúcháin Eile	84,151	96,433	99	106	84,250	96,539
Dímheas	16,131	16,770	111	165	16,242	16,935
Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra (vi)	1,954	3,422	1,278	806	3,232	4,228
Caiteachais Iomlána	299,858	299,799	2,540	1,638	302,398	301,437

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 26 (ii)).

(i) I mí an Mheithimh 2015, cuireadh Beartas Liúntais ar an Láthair de chuid an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM) i bhfeidhm i ndáil le comhaltaí foirne a bhíonn ag obair ar an láthair in institiúidí creidmheasa, ar comhaltaí iad a chaitheann 65%-85% dá gcuid am oibre

ar chigireachtaí (ullmhú, gníomhú agus tuairisciú) faoi SAM. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas seo mar gheall ar chineál athraitheach na gcigireachtaí a dhéantar sa Bhanc Ceannais agus cuirfear Liúntas Cigireachtaí Stuamachta ina áit in 2020. B'ionann na costais a bhain leis an mbeartas seo agus €82,027 san iomlán (2018: €91,631). Aon chomhaltaí a fhaigheann an liúntas seo, beidh siad faoi réir gnáth-chánach.

Ní dearnadh aon íocaíochtaí i ndáil le dul in éag conarthaí ar théarma socraithe (2018: íocaíocht amháin arbh ionann san iomlán í agus €28,671). Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra, arbh ionann san iomlán iad agus €919, le duine amháin le linn na bliana, (2018: trí íocaíocht arbh ionann san iomlán iad agus €29,085).

Íocadh €34,500 san iomlán le beirt chomhaltaí foirne i ndáil le socraíochtaí (2018: íocaíocht ar bith). B'ionann agus €87,680 na costais dhlíthiúla a bhain leis na socraíochtaí sin.

Bhí €Nialas (2018: €7.2m) iníoctha leis an Roinn Airgeadais i leith an tobhaigh pinsin ó thuarastail comhaltaí foirne. An 1 Eanáir 2019, rinneadh an tobhach pinsin a chomhshó ina Ranníocaíocht Fhorlíontach Bhreise (ASC) a íoctar isteach sa Scéim anois mar ranníocaíocht mhíosúil bhreise ón bhfostaí.

Déantar anailís bhreise mar a leanas ar Chaiteachais Foirne:

Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)

	2019 €000	2018 €000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	146,396	131,944
Sochair foirceannadh fostaíochta	36	58
Pinsin	37,900	39,300
ÁSPC Fostóra	14,342	12,433
Iomlán	198,674	183,735
Líon Foirne (FTE) ar an 31 Nollaig	2,061	2,011

FTE - Coibhéis Lánaimseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirigh.

Déantar Tuarastail agus Liúntais Foirne a anailísiú mar a leanas:**Sochair Ghearrthéarmacha (lena n-áirítear an Mionta)**

	2019 €000	2018 €000
Bunphá	143,828	128,828
Ragobair	813	1,052
Liúntais	1,755	2,064
Iomlán	146,396	131,944

Áirítear sa Bhunphá fabhrú €6.9m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2018: €7.6m) (Nóta 30(v)).

Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2019

Ainm	2019	Tuarastal	2018	Tuarastal
Philip R. Lane Gobharnóir (a)	1 Eanáir - 31 Bealtaine	€139,433	1 Eanáir - 31 Nollaig	€270,501
Gabriel Makhoul Gobharnóir (a) Caiteachas Athlonnaithe	1 Meán Fómhair - 31 Nollaig	€95,597 €8,932	-	-
Sharon Donnery Gobharnóir Gníomhach	1 Meitheamh - 31 Lúnasa	€70,466		
An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais (a)	1 Eanáir - 31 Bealtaine & 1 Meán Fómhair - 31 Nollaig	€183,635	1 Eanáir - 31 Nollaig	€235,218
Ed Sibley An Leas-Ghobharnóir Rialáil Stiuamachta (a)	1 Eanáir - 31 Nollaig	€244,909	1 Eanáir - 31 Nollaig	€235,218

Táillí Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	2019	2018
Blanaid Clarke (Ar scor - 30 MF 2018)	-	Nialas (b) (c)
Alan Ahearne	Nialas (b) (c)	Nialas (b) (c)
Derek Moran	Nialas (b)	Nialas (b)
John Trethowan (Ceaptha- 11 MF 2018)	Nialas (b)	Nialas (b)
Des Geraghty (Ar scor - 30 MF 2019)	€11,202	€14,936
Michael Soden (Ar scor- 21 MF 2018)	-	€10,829
John FitzGerald	€14,936	€14,936
Patricia Byron	€14,936	€14,936
Niamh Moloney (Ceaptha - 11 MF 2018)	€14,936	€4,564

Caiteachais chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	Taisteal	Cóiríocht agus Cothú	Iomlán do 2019	Iomlán do 2018
Blanaid Clarke	Nialas	Nialas	Nialas	€19
Alan Ahearne	€360	Nialas	€360	€243
Derek Moran	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
John Trethowan	€546	€1,361	€1,907	€237
Des Geraghty	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Michael Soden	Nialas	Nialas	Nialas	€18
John FitzGerald	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Patricia Byron	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Niamh Moloney	€1,206	Nialas	€1,206	€471

- (a) Ní théann teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra Philip R. Lane, an Ghobharnóra Gabriel Makhlof, an Leas-Ghobharnóra Sharon Donnery, nó an Leas-Ghobharnóra Ed Sibley, thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 31).
- (b) I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', níor íocadh táillí leis an triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún (2018: ceathrar).
- (c) Mar gheall ar an tiomantas ama a bhíonn ag teastáil chun feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh, tá ceannach amach ama i bhfeidhm chun fostóirí lánaimseartha earnála poiblí de chuid comhalta amháin (2018: beirt chomhaltaí) a chúiteamh i leith costas arna dtabhú de thoradh a gcuid asláithreachta ar ghnó an Choimisiúin. Le linn 2019, níor tabhaíodh aon chaiteachas (2018: €11,202) i ndáil le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ach tabhaíodh caiteachas €17,443 (2018: €17,626) i ndáil le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (lena n-áirítear caiteachas taistil €2,507 in 2019 (2018: €2,690)).

Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta⁶⁹

	2019	2018
Tuarastal	€10,210,926	€9,360,536
Iomlán	€10,210,926	€9,360,536

⁶⁹ Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasaí Rannán agus níos airde agus áirítear comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 9 mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000⁷⁰

Bandaí Pá	2019	2018
	Líon Daoine	Líon Daoine
60,000-70,000	386	323
70,000-80,000	196	175
80,000-90,000	149	141
90,000-100,000	203	170
100,000-110,000	93	56
110,000-120,000	20	55
120,000-130,000	61	41
130,000-140,000	31	21
140,000-150,000	21	17
150,000-160,000	10	2
160,000-170,000	2	6
170,000-180,000	9	3
180,000-190,000	5	4
190,000+	4	5
Iomlán	1,190	1,019

⁷⁰ Ar na socair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire don fhoireann go léir, ar scéim í atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Rinneadh réamhíocaíochtaí arbh ionann san iomlán iad agus €27,250 (2018: €38,650) le Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus le hochtar Príomhphearsanra Bainistíochta (2018: Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus 12 Príomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2019, rinneadh na hairleacain go léir faoin scéim seo a aisíoc ina n-iomláine (2018: go léir aisíochta).

Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)

	2019 €000	2018 €000
Intíre		
Coimisiún	13	15
Foireann	263	515
Idirnáisiúnta		
Coimisiún	105	121
Foireann	2,136	2,436
Iomlán	2,517	3,087

(ii) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas:

Folaíonn an Coimisiún comhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon.

(iii) Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúcháirí is iníochta le Mazars agus leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus arbh ionann iad agus:

Táillí Iniúcháirí	2019 €000	2018 €000
Iniúchadh Cuntas Indibhidiúil	304	294
Mazars	155	155
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	149	139
Seirbhísí Rátháochta Eile	34	78
Mazars	34	78
Seirbhísí Neamhiniúcháireachta Eile	315	224
Mazars	315	224
Iomlán	653	596

Comhairleacht

Áirítear costais Comhairleachta €6.3m i dTáillí Gairmiúla agus déantar anailísiú orthu sa tábla seo a leanas (2018: €15.9m). Áirítear iarmhéid €1.6m (2018: €1.2m) in MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22).

	2019 €000	2018 €000
Feabhsú Gnó	2,390	8,863
Airgeadas	1,113	3,423
TF	1,199	1,995
Comhairle Dlí	1,719	2,225
Eile	141	157
Pinsin & AD	142	161
Áitribh	1,210	288
Iomlán	7,914	17,112
Costais Chaipitlithe Chomhairleachta	1,648	1,171
Costais Chomhairleachta muirearaithe ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála	6,266	15,941
Iomlán	7,914	17,112

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais dhlíthiúla i ndáil le himeachtaí dlí agus arbh ionann san iomlán iad agus €3.4m (2018: €4.2m).

Táillí Dlí

	2019 €000	2018 €000
Táillí dlí - imeachtaí dlí	3,378	4,217
Iomlán	3,378	4,217

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dhlíthiúla go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc Ceannais. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 14 gcás dlí ar leith (2018: 14).

D'íoc cuideachta árachais an Bhainc Ceannais €39,976 (2018: Nialas) i ndáil le costais dhlíthiúla agus socraíochtaí dlíthiúla.

(iv) In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.2m don bhliain 2019, arna anailísiú mar a leanas:

Caiteachas Fáilteachais	2019 €000	2018 €000
Fáilteachas Foirne	218	231
Fáilteachas Cliant	-	-
Iomlán	218	231

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe.

- (v) Áirítear in Ilghnéitheach, caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.1m (2018: €0.1m) a íocann an Banc Ceannais i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Bunaíodh an Priomh-Chlár Creidmheasa (CCR) ar an mbonn go ndéanfar na costais go léir a bhaineann leis a fháil ar ais trí tháillí arna ngearradh ar CIPanna. Áirítear costais foirne agus costais eile laistigh den aicme costais ábhartha do na costais sin. Áirítear na míreanna ábhartha eile go léir (lena n-áirítear leithdháileadh costas indéreach) i gCaiteachais Ilghnéitheacha, sa chaoi go ndéanfar na costais go léir arna dtabhú i ndáil le bunú, cothabháil agus oibriú an CCR, ar costais iad nach bhfuarthas ar ais go fóill trí ioncam táille, a léiriú i gcuntas sócmhainne an CCR (Nóta 8, Nóta 21). Leis an gcur chuige seo, áirithítear nach n-eascróidh aon bhrabús nó aon chaillteanas as oibriú an CCR.

- (vi) Baineann an caiteachas Amhábhar Airgeadra le táirgeadh Nótaí Bainc €2.0m (2018: €3.4m) agus Monaí €1.3m (2018: €0.8m). Baineann an laghdú ar chostas nótaí bainc le méid táirgeachta níos ísle in 2019 i gcomparáid le 2018. Baineann an méadú ar chostais monaí le hábhair do mhonaí inbhailithe arna gceannach chun cothrom 100 bliain Dháil Éireann a chomóradh.

Nóta 10: Ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tá ioncam barrachais €2,050.4m iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019 (2018: €2,384.8m) (Nóta 1(o), Nóta 30(i)).

Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste toisc go bhfuil an Banc Ceannais díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Nóta 11: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

	2019 €000	2019 Unsaí Míne d'Ór	2018 €000	2018 Unsaí Míne d'Ór
Ór agus Infhaighteachtaí Óir	262,114	193,571	216,947	193,537
Iomlán	262,114	193,571	216,947	193,537

In Ór agus infhaighteachtaí óir, cuimsítear stoic monaí arna sealbhú sa Bhanc Ceannais, mar aon le barraí óir arna sealbhú i mBanc Shasana. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2019 inchurtha, don chuid is mó, don athrú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2018 go dtí deireadh na bliana 2019 (Nóta 1 j(iv), Nóta 33).

Nóta 12: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí Iasmuigh den Limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Iarmhéideanna le Banc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (i)	3,079,574	2,591,217
Infhaighteachtaí ón CAI (ii)	1,819,308	1,778,848
Iomlán	4,898,882	4,370,065

(i) Iarmhéideanna le Banc agus le hInfheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

	2019 €000	2018 €000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a)	2,135,958	1,707,598
Iarmhéideanna le Banc	906,230	883,619
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (b)	37,386	-
Iomlán	3,079,574	2,591,217

- (a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí Iasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)(ii)).

Freagraíonn an méadú seo i gcomparáid le 2018 don infheistiú in urrúis SGD mar aon le méadú ar infheistiú i bpunann urrús USD mar chuid de phunanna airgeadra eachtraigh an Bhainc Ceannais le linn 2019.

- (b) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe

dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe.

Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach.

Próifíl Aibíochta

	2019 €000	2018 €000
0 - 3 mhí	1,504,471	1,513,839
3 mhí - 1 bliain	788,113	745,392
1 - 5 bliain	786,990	331,986
Iomlán	3,079,574	2,591,217

(ii) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2019 €000	2018 €000
Cuóta	4,262,064	4,188,621
Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais	(3,266,631)	(3,207,024)
Suíomh Cúlchiste sa CAI (a)	995,433	981,597
Sealúchais CST (b)	823,875	797,251
Iomlán	1,819,308	1,778,848

(a) Suíomh Cúlchiste sa CAI:

Seasann an tsócmhainn seo don difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig 2010, chuir Bord Gobharnóirí an CAI pacáiste d'athchóirithe i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar chuótaí.⁷¹ Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcothabháil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 77% (2018: 77%).

(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CST):

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhonn leachtacht

⁷¹ Mar thoradh air sin, méadóidh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3m ó CST 1,257.6m go dtí CST 3,449.9m an 19 Feabhra 2016.

idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (Dollar Mheiriceá, Steirling, Yen na Seapáine, Renminbi na Síne agus Euro) (Nóta 28).

Nóta 13: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i)	76,064	-
Iarmhéideanna le Bainc	950	31
Iomlán	77,014	31

Próifíl Aibíochta

	2019 €000	2018 €000
0 - 3 months	1,952	31
3 mhí - 1 bliain	1,885	-
1 - 5 bliain	73,177	-
Iomlán	77,014	31

- (i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)(ii)). Baineann iarmhéid dheireadh na bliana 2019 le bannaí USD agus AUD arna n-eisiúint ag cónaitheoirí an AE.

Nóta 14: Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Infheistíochtaí Slándála - CGA (i)	2,101,427	1,679,175
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	1,846,517	2,084,319
Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i)	191,627	426,953
Iarmhéideanna le Bainc	20,325	27,389
Iomlán	4,159,896	4,217,836

Próifíl Aibíochta

	2019 €000	2018 €000
0 - 3 mhí	1,911,134	2,305,349
3 mhí - 1 bliain	194,688	285,800
1 - 5 bliain	1,169,729	794,311
5 - 10 bliain	884,345	832,376
Iomlán	4,159,896	4,217,836

- (i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)(ii), Nóta 1(j)(iii)).
- (ii) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonrathie amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach. Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi “Ioncam úis” (Nóta 2(v)) agus faoi “Úschostas” (Nóta 3(ii)) agus tabhaítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

Nóta 15: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2019 €000	2018 €000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha <i>mar atá OASFanna</i>	2,032,720	3,023,000
Iomlán	2,032,720	3,023,000

Próifílí aibíocht OASFanna

	2019 €000	2018 €000
0 - 3 mhí	-	-
3 mhí - 1 bliain	1,523,000	-
1 - 5 bliain	509,720	3,023,000
Iomlán	2,032,720	3,023,000

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na hairleacain go léir urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras.⁷² Amhail ar an 31 Nollaig 2019, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €624.2bn (2018: €734.4bn), agus bhí €2.0bn den mhéid sin á shealbhú ag an mBanc Ceannais (2018: €3.0bn). De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanas ó iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa sa limistéar

⁷² Tá na comhthaobhachtaí formheasta liostaithe ar shuíomh gréasáin an BCE ar: <http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html>

euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. I gcás comhthaobhacht sonrath a bhféadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe BCE (Nóta 36).

Ní fhéadfaidh cailteanais teacht chun cinn ach amháin má theipeann ar an gcontrapháirtí agus mura leor aisghabháil na gcistí a fhaightear ó réiteach na comhthaobhachta arna soláthar ag an gcontrapháirtí.

Thug an Chomhairle Rialaithe sraith nua oibríochtaí OASF-II isteach i mí an Mhárta 2016. Tá tréimhse aibíochta ceithre bliana ag na hoibríochtaí sin, agus féadfar iad a aisíoc tar éis dhá bhliain. Bhí an ráta úis ab infheidhme d'oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhír i mí an Mheithimh 2018 nuair a cuireadh ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (0%) chun feidhme ar iasachtú contrapháirtithe áirithe, agus nuair a cuireadh ráta na saoráide taisce (-0.4%) chun feidhme ar iasachtú contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. Bhí ceithre dheis ag contrapháirtithe Eurochórais le linn 2019 chun iasachtaí OASF-II a aisíoc go luath. Seoladh na hoibríochtaí aisíocaíochta luaithe seo i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag.

I mí an Mhárta 2019, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe an tríú sraith d'oibríochtaí OASFanna, OASF-III. Cuimsíonn an tríú clár OASF, sraith de sheacht n-oibríocht athmhaoinithe spriocdhírthe fhadtéarmacha a ngabhann téarma aibíochta trí bliana le gach ceann díobh agus ar cuireadh tús leo i Meán Fómhair 2019 faoi réir minicíocht ráithiúil. Cosúil le OASF II, tá an ráta úis nasctha le pátrún iasachtaithe na mbanc rannpháirteach agus socrófar é tar éis dheireadh na tréimhse iasachtaithe incháilithe ó dheireadh mhí an Mhárta 2019 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2021. Dá mhéid na hiasachtaí a eisióinn na bainc rannpháirteacha chuig corparáidí neamhairgeadais agus chuig teaghlaigh (seachas iasachtaí chuig teaghlaigh do cheannach tí), is ea is tarraingtí a bheidh an ráta úis ar a gcuid iasachtaí OASF III, agus d'fhéadfadh sé bheith chomh híseal le meánráta úis na saoráide taisce (-0.5%) a bheidh i réim thar shaolré na hoibríochta.

Nóta 16: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Aibíochtaí níos lú ná aon bhliain amháin:		
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) larmhéideanna le Bainc	2,195,997	1,626,471
Iomlán	2,348,406	1,780,144

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe lena n-athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach. Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi “Ioncam úis” (Nóta 2(v)) agus faoi “Úschostas” (Nóta 3(ii)) agus fabhraítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

Nóta 17: Urrús in euro de chuid Cónaitheoirí sa Limistéar Euro

	2019 €000	2018 €000
Urrús arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	37,590,497	36,601,922
Urrús Eile (ii)	26,952,081	31,137,582
Iomlán	64,542,578	67,739,504

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann:

- (i) “Urrús arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta”, a tugadh isteach chun go léireofaí punann CBPP3 arna hainmniú in euro agus ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, an CMU ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, agus an PSPP ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2015.
- (ii) Folaíonn “Urrús Eile” urrús inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

(i) Urrús arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhain na haicmí urrús seo le héadálacha ag an mBanc Ceannais laistigh de raon feidhme CBPP3, agus le hurrús fiachais

phoiblí arna bhfáil laistigh de raon feidhme CMU agus le hurrús fiachais arna bhfáil laistigh de raon feidhme PSPP.^{73, 74, 75}

Déantar urrús arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena margadhluachanna (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa chuntas brabúis agus cailiteanais ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

	2019 €000	2019 €000	2018 €000	2018 €000
	Costas Amúchta	Margadhluach	Costas Amúchta	Margadhluach
Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3 (CCBC3)	4,016,411	4,073,934	4,094,636	4,127,928
Clár na Margáí Urrús (CMU)	767,126	834,812	1,634,173	1,747,011
Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) <i>mar atá</i>	32,806,960	34,833,418	30,873,113	31,158,308
<i>Earnáil Rialtais (Riosca Dílse)</i>	27,656,882	29,509,378	25,514,484	25,830,783
<i>Fornáisiúnta (Riosca Dílse)</i>	5,150,078	5,324,040	5,358,629	5,327,525
Iomlán	37,590,497	39,742,164	36,601,922	37,033,247

Próifíl Aibíochta

	2019 €000	2018 €000
	Costas Amúchta	Costas Amúchta
0 - 3 mhí	669,424	1,053,138
3 mhí - 1 bliain	3,502,255	409,835
1 - 5 bliain	13,165,711	13,944,088
5 - 10 bliain	10,192,737	12,112,115
10 - 15 bliain	5,537,327	5,045,021
>15 bliain	4,523,043	4,037,725
Iomlán	37,590,497	36,601,922

⁷³Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, Ich. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, Ich. 22.

⁷⁴Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margáí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

⁷⁵Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargáí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, Ich. 20.

Cuireadh deireadh le ceannacháin faoi CMU an 6 Meán Fómhair 2012.

Le linn 2019, lean an tEurochóras lena cheannacháin urrús agus le hathinfheistíochtaí faoin APP ina gcuimsítear CBPP3, ABSPP, PSPP agus Clár Ceannaigh na hEanála Corparáidí (CSPP).^{76,77,78,79}

An 13 Nollaig 2018, dhearbhaigh an Chomhairle Rialaithe go gcuirfeadh an tEurochóras deireadh le céim ceannacháin na nglansócmhainní faoin APP (PSPP, CBPP3, CSPP agus ABSPP) i mí na Nollag 2018.

Idir mí Eanáir 2019 agus mí Dheireadh Fómhair 2019, rinne an tEurochóras na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a tháinig in aibíocht agus a bhí á sealbhú i bunanna APP, a athinfheistiú go hiomlán. Bhí sé mar aidhm ag an gComhairle Rialaithe méid a glancheannachán carnach faoi gach ceann de chláir chomhpháirteacha an APP a chothabháil ag a gcuid leibhéal faoi seach amhail ag deireadh mhí na Nollag 2018.

I mí Mheán Fómhair 2019, chinn an Chomhairle Rialaithe go gcuirfí tús athuair le glancheannacháin faoin APP faoi réir €20 billiún in aghaidh na míosa ón 1 Samhain 2019. Dheimhnigh sí freisin go leanfadh na ceannacháin chomh fada agus ba ghá chun iarmhairt in-chomhfhoirmeach a cuid rátaí beartais a threisiú agus go dtiocfaidís chun críche sula n-ardódh sí príomhrátaí úis an BCE.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis arna sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chlár CMU, ABSPP, CBPP3 agus PSPP amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: Nialas).

I gcomhtéacs na tástála lagaithe arna déanamh ag deireadh mhí na Nollag 2018 ar urrúis arna gceannach ar fud an Eurochórais faoi chlár CSPP, d'aithin an Chomhairle Rialaithe táscaire lagaithe amháin a bhain le sealúchais urrúis, agus a tháinig chun cinn le linn 2018.

⁷⁶Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an EAPP ar shuíomh gréasáin an BCE <https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/omt/html/index.en.html>.

⁷⁷Cinneadh 2014/45 ón BCE an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe

⁷⁸Faoin gclár seo, féadfaidh an BCE agus na BCNanna urrúis arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla de chuid an limistéir euro, ag gníomhaireachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro, a cheannach.

⁷⁹Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach.

De réir Airteagal 32.4 den Reachta, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanas ó shealúchais urrús arna gceannach faoi chlár CSPP, dá dtiocfaidís chun cinn, a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil sa BCE ag an am. Mar thoradh ar an tástáil lagaithe a rinneadh ar an urrús thuasluaite, mheas an Chomhairle Rialaithe go raibh sé cuí maolán €161.1m a bhunú in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta le linn 2018 (Nóta 32 (iv)). In 2019, rinneadh ceann amháin de na bannaí lagaithe a raibh luach €167.0m ag gabháil leis a fhuascailt ina iomláine agus baineann cailteanas lagaithe do 2019 arbh ionann é agus €89.0m leis an dá bhanna a bhí fágtha.

B'ionann sealúchais chomhiomlána an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2019 agus €2,632.1bn, as a raibh €37.6bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2018: €2,651.3bn as a raibh €36.6bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix)):

Costas Amúchta	Bliain	CMU €000	CCBC1 €000	CCBC2 €000	CCBC3 €000	PSPP €000	ABSPP €000	CSPP €000	Iomlán €000
An tEurochóras	2019	47,908	1,760	2,911	263,612	2,102,927	28,435	184,505	2,632,058
	2018	73,138	4,309	4,024	262,201	2,102,048	27,511	178,050	2,651,281
Banc	2019	767	-	-	4,016	32,807	-	-	37,590
	2018	1,634	-	-	4,095	30,873	-	-	36,602

(ii) Urrúis Eile

	2019 €000	2018 €000
Infheistíochtaí Urrúis - MÓM (a)	16,665,455	20,802,946
Infheistíochtaí Slándála (CGA) - (b)	10,286,626	10,334,636
Iomlán	26,952,081	31,137,582

Próifíl Aibíochta

	2019 €000	2018 €000
0 - 3 mhí	944,006	856,937
3 mhí - 1 bhliain	2,538,802	2,136,489
1 - 5 bliain	6,956,250	8,029,249
5 - 10 bliain	2,250,639	2,406,991
10 - 15 bliain	-	-
>15 bliain	14,262,384	17,707,916
Iomlán	26,952,081	31,137,582

(a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

	Margadhluach Deiridh 2019 €000	Margadhluach Deiridh 2018 €000
Punann Speisialta (i)	14,262,384	17,707,916
Bannaí Eísithe ag an Rialtas	1,353,869	1,809,824
Billí Stáitchiste	800,087	924,106
Bannaí Eísithe ag Institiúidí Airgeadais	249,115	361,100
Iomlán	16,665,455	20,802,946

(i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas tar éis leachtú IBRC**Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna)**

In 2013, fuair an Banc Ceannais ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0bn mar chuid de mhalartú sócmhainní tar éis leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2019, dhíol an Banc Ceannais NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €3.0bn (2049 NRC €1.5bn agus 2051 NRC €1.5bn), rud a d'fhuascail gnóthachain €1.7bn (Nóta 4(i)). Ar bhonn carnach, tá NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €16.5bn diúscartha ag an mBanc Ceannais; tá sealúchais uile NRCanna 2038, 2043, 2045, 2047 agus 2049 diúscartha anois. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, rinneadh na NRCanna a bhí fágtha (€8.5bn ainmniúil) a luacháil ar €14.3bn (2018: €17.7bn), as ar eascair gnóthachan neamhréadaithe €5.7bn (2018: €6.2bn) (Nóta 33(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach in NRCanna ann, déanann an Banc Ceannais luach cóir na NRCanna a thomhas trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála arna sainaithint mar chinn atá caighdeánach sa tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

- Cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú.
- Cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuir toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Déanann an Banc Ceannais measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir

leis an gcleachtas is fearr. Chun críocha léiriúcháin, bheadh laghdú thart ar €0.8bn ar an luacháil dá mbeadh méadú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail phraghsála (2018: €0.9bn). Bheadh méadú thart ar €0.8bn ar an luacháil dá mbeadh laghdú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail phraghsála (2018: €1.0bn).

€000	LUACHANNA DE RÉIR NA LEABHAR			GLUISEACHTAÍ ATHLUACHÁLA				ACHOIMRE		
	2018 Iarmhéid Deiridh	Ceanna cháin	Díolacháin/Fuascailtí	2019 Iarmhéid Deiridh	2018 Iarmhéid Deiridh	Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt	Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe	Iarmhéid Deiridh 2019	Margadhluach Deiridh 2018	Margadhluach Deiridh 2019
Nótaí Ráta Chomhlúthaigh	11,534,000	-	(3,000,000)	8,534,000	6,173,916	(1,562,580)	1,117,048	5,728,384	17,707,916	14,262,384
Iomlán	11,534,000	-	(3,000,000)	8,534,000	6,173,916	(1,562,580)	1,117,048	5,728,384	17,707,916	14,262,384

Sa Tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc Ceannais punann NRCanna a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais freisin go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2019-2023 (€1.0bn in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2.0bn in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

(b) Infheistíocht Urrúis - CGA

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe mar aon le tréimhse aibíochta shocraithe agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)).

Nóta 18: Leas rannpháirteachais sa BCE

	2019 €000	2018 €000
Leas rannpháirteachais sa BCE	213,449	199,021
Iomlán	213,449	199,021

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal an BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana. Tháinig an coigeartú is déanaí in éifeacht an 1 Eanáir 2019.

Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa an ECB go dtí 1.1754% in 2019 (2018: 1.1607%) agus, dá bhrí sin, rinneadh leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE a mhéadú de €14.4m go dtí €213.4m

mar thoradh ar ranníocaíocht chaipitil bhreise arna haistriú chuig an BCE (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii)).

Nóta 19: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

	2019 €000	2018 €000
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	681,157	672,638
Iomlán	681,157	672,638

Seasann siad seo d'éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig an BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras.

Mar thoradh ar na coigeartuithe ar ualú scála caipitil an BCE an 1 Eanáir 2019, rinneadh coigeartú ar éileamh an Bhainc Ceannais i ndáil le sócmhainní cúlchistí eachtracha arna n-aistriú chuig an BCE. D'fhonn a scála caipitil méadaithe a léiriú, tháinig méadú €8.5m ar éileamh an Bhainc Ceannais arna ainmniú in euro go dtí €681.2m an 1 Eanáir 2019, ar éileamh é atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vii)).

B'ionann scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus 1.6883% (2018: 1.6489%).

Déantar na héilimh a ainmiú in euro de réir luacha arna shocrú tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú.

Nóta 20: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

	2019 €000	2018 €000
Iarmhéid (glan) TARGET2 (i)	35,365,028	14,290,401
Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (ii)	31,440	6,780
Scair de bhrabúis BCE (iii)	24,160	19,645
Iomlán	35,420,628	14,316,826

- (i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais don BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC agus arbh ionann iad agus €35.4bn ag deireadh na bliana 2019 (2018: €14.3bn) (Nóta 1(c)(ii)). Freagraíonn méadú €21.1bn ar shócmhainn TARGET2 do ghlan-insreabhadh euro isteach sa Stát trí chuntas TARGET2 an Bhainc Ceannais le linn na tréimhse. Rinneadh na

hinsreafaí sin a threorú trí chuntas taise an rialtais agus trí chuntais cúlchiste institiúidí creidmheasa Éireannacha.

Ag deireadh na bliana 2019, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh sa phróiseas iltaobhach glanluachála iad. Déantar an luach saothair i leith suíomhanna TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna eascirt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

- (ii) Léiríonn sé seo an t-ioncam airgeadaíochta is infhaighte de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 7(i)).
- (iii) De thoradh cinnidh ón gComhairle Rialaithe, b'ionann agus €1,430.9m an méid a bhí dlite do BCNanna an limistéir euro i ndáil le dáileadh eatramhach brabúis an BCE do 2019. Léiríonn sé seo scair an Bhainc de dháileadh eatramhach brabúis an BCE do 2019 (Nóta 1(c)(v) agus Nóta 2018 (i)). €19.6m) (Nóta 1(c)(v), Nóta 6(i)).

Nóta 21: Sócmhainní Eile

	2019 €000	2018 €000
Ioncam Úis Fabhráithe (i)	673,255	691,204
Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22)	432,986	214,269
- Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, Trealamh (Nóta 22(i))	411,476	194,603
- Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 22 (ii))	21,510	19,666
Ciste Cothromais (ii)	285,745	218,821
Eile (iii)	264,004	93,953
Maoin Infheistíochta (iv)	55,170	55,170
Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (v)	21,183	20,593
Réamhíocaíochtaí	4,207	3,675
Stoic Ábhar le haghaidh Táirgeadh Nótaí Bainc	2,914	4,553
Iomlán	1,739,464	1,302,238

- (i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhráithe arna thuilleamh ar na hurrúis.
- (ii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gciste cothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Rianaíonn an ciste cothromais Innéacs Domhanda an MSCI (Nóta 4(ii), Nóta 33). Bíonn an ciste á bhainistiú ag cuideachta bainistíochta sócmhainní thar ceann an

Bhainc Ceannais fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí.

- (iii) Folaíonn an mhír seo €166.9m (2018: Nialas) a bhaineann le hioncam dlite don Bhanc ó eintitis rialáilte tionscail a thoibheofar in 2020 (Nóta 40(i)).

Baineann €28.2m breise (2018: €19.4m) le hioncam úis fabhraithe ar chuntais rialtais.

Áirítear freisin méid €15.6m (2018: €14.3m) a sheasann d'ús fabhraithe ceannaithe, méid €14.7m (2018: Cailteanans €1.1m) i ndáil le gnóthachain neamhréadaithe ar chonarthaí malairte eachtraigh agus ús fabhraithe agus fáltais eile atá dlite don Bhanc Ceannais.

B'ionann an t-iarmhéid i gcuntas sócmhainne an CCR amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus €7.8m a sheasann do chostais an CCR atá fós le forchúiteamh trí tháillí arna muirearú ar CIPanna (Nóta 8(iii)).

Fuair an Banc Ceannais 3,325 scair faighte (0.25% de scairchaipiteal eisithe) in Europafi in 2017 ar costas €0.3m. Is cuideachta táirgthe páipéir slándála é Europafi atá ina fhochuideachta de Banque de France. Díoladh na scaireanna sin ar costas le linn 2019.

- (iv) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer. Baineann an Banc Ceannais úsáid pháirteach as an réadmhaoín seo, a bhfuil spás tráchtála agus miondíola inti, ina chuid oibríochtaí reatha. Tá an chuid eile di ar ligean nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte agus, dá bhrí sin, aithnítear an chuid seo mar réadmhaoín chónaithe. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoín infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

Le linn na bliana, leanadh den mhaoín infheistíochta a ligean le tríú páirtí. Tá téarma 16 bliana fágtha ar an léas seo agus tá clásáil scoir 10 mbliana ann. Foráiltear sa léas seo d'athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim.

Ba iad luachálaithe seachtracha, neamhspleácha réadmhaoine a chinn luach cóir na réadmhaoine infheistíochta, ar luachálaithe iad a raibh cáilíochtaí cuí, aitheanta, gairmiúla acu mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine a bhí á luacháil. Agus úsáid á baint as an tomhas cóir luacha, ní raibh aon athrú ar an luach in 2019. I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar aon ghnóthachan

neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo a bhreacadh sna cuntais athluachála (Nóta 1(p), Nóta 2(viii), Nóta 33).

Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo

	2019 €000	2018 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	1,583	1,583
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	6,332	6,332
Tar éis cúig bliana	16,398	17,981
Iomlán	24,313	25,896

- (v) Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair (2018: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €21.2m a gcoibhéis euro (2018: €20.6m) (Nóta 6(ii), Nóta 35(i)).

Nóta 22: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

	Áitribh		Gléasra & Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe & Daingneáin		Sócmhainní á dTógáil (c)		Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána	
	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000
Ar Costas – 1 Eanáir	163,708	163,708	79,221	80,057	14,673	14,389	7,498	8,106	15,408	15,621	4,311	2,925	284,819	284,806
Ceartú costais	(78)	-	(31)	-	(63)	-	-	-	-	-	-	-	(172)	-
Aistriú (c)	1,039	-	737	33	657	300	18	146	754	-	(3,298)	(479)	(93)	-
Eadálacha	-	-	-	-	-	-	-	29	-	-	230,355	1,865	230,355	1,894
Diúscairtí (a)	(825)	-	-	(869)	-	(16)	(577)	(783)	(43)	(213)	-	-	(1,445)	(1,881)
Ar Costas – 31 Nollaig	163,844	163,708	79,927	79,221	15,267	14,673	6,939	7,498	16,119	15,408	231,368	4,311	513,464	284,819
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	20,760	16,811	47,850	45,350	5,367	2,503	7,243	7,902	8,996	7,229	-	-	90,216	79,795
Dímheas don Bhliain (b)	3,938	3,949	3,311	3,369	3,121	2,864	82	124	1,974	1,980	-	-	12,426	12,286
Aistriú	-	-	-	-	(12)	-	-	-	-	-	-	-	(12)	-
Diúscairtí	(22)	-	-	(869)	-	-	(577)	(783)	(43)	(213)	-	-	(642)	(1,865)
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig	24,676	20,760	51,161	47,850	8,476	5,367	6,748	7,243	10,927	8,996	-	-	101,988	90,216
Glanluach leabhar amhail ar an 31 Nollaig	139,168	142,948	28,766	31,371	6,791	9,306	191	255	5,192	6,412	231,368	4,311	411,476	194,603

- (a) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, rinneadh trealamh agus troscán eile, feistis agus daingneáin a raibh costas stairiúil €0.6m ag baint leo agus arna ndímheas go hiomlán, a dhíscríobh in 2019 (2018: €1.9m). Ina theannta sin, diúscaíodh sócmhainn de spásanna páirceála ar Shráid na Toinne ar €0.8m (2018: Nialas) as ar eascair fáltais €0.7m agus aithnítear an cailiteanas ar an diúscairt seo sa Chuntas Brabúis agus Cailiteanais agus Leithghabhála faoi “Glanioncam Eile” (Nóta 8(iii)).

- (b) As an muirear iomlán dímheasa de €12.4m (2018: €12.3m), rinneadh €0.1 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2018: €0.2m).
- (c) Baineann Sócmhainní á dTógáil le caiteachas caipitil arna thabhu ar shócmhainní nach raibh fós in úsáid faoi dheireadh na bliana 2019. Baineann €228.5m le ceannach an fhoirgnimh Dublin Landings atá á thógáil faoi láthair. Seasann méid aistrithe €0.1m de shócmhainní dochta iomlána inláimhsithe do chrua-earraí ríomhaireachta a aistríodh chuig caiteachas oibríochtúil (Nóta 9) de réir beartais.
- (d) Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais, a luacháiltear ar €2.0m bunaithe ar luacháil 2016 (2018: €2.0m), nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

(ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta		Sócmhainní á dtógáil		Sócmhainní Dochta Doláimhsithe Iomlána	
	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000	2019 €000	2018 €000
Ar Costas - 1 Eanáir	42,174	40,808	12,838	5,326	55,012	46,134
Aistriú	4,459	1,321	(4,459)	(1,321)	-	-
Eadálacha	-	68	5,660	8,961	5,660	9,029
Diúscairtí	-	(23)	-	(128)	-	(151)
Ar Costas - 31 Nollaig	46,633	42,174	14,039	12,838	60,672	55,012
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	35,346	30,711	-	-	35,346	30,711
Dímheas don Bhliain	3,816	4,650	-	-	3,816	4,650
Diúscairtí	-	(15)	-	-	-	(15)
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig	39,162	35,346	-	-	39,162	35,346
Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig	7,471	6,828	14,039	12,838	21,510	19,666

Nóta 23: Nótaí bainc i gcúrsaíocht

	2019 €000	2018 €000
Líon iomlán nótaí bainc euro eisithe i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais	38,951,318	36,923,888
Dlíteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	(1,746,097)	(1,624,034)
Dlíteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil an BCE	(17,122,474)	(16,623,551)
Iomlán	20,082,747	18,676,303

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Déantar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí bainc.

Tháinig méadú 5.5% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc Ceannais in 2012 ó €36.9bn go dtí €39.0bn. Tháinig méadú 5.0% ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht san Eurochóras (2018: 5.2%) ón 1 January 2019 go dtí deireadh mhí na Nollag 2019. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €20.1bn i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana 2019, i gcomparáid le €18.7bn ag deireadh na bliana 2018. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €18.9bn (i gcomparáid le €18.2bn in 2018) faoi "Dlíteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1 (c)(iv), Nóta 29).

Nóta 24: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2019 €000	2018 €000
Cuntais Reatha (lena gclúdaítear córas na gúlchistí íosta) (i)	26,992,916	13,135,671
Saoráid Taisce (ii)	9,679,226	9,664,882
Iomlán	36,672,142	22,800,553

- (i) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíocht leachtachta. Íoctar ús ar na taiscí sin de réir ráta PA an BCE.

Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir 0% nó de réir ráta na saoráide taisce.

Thug an Chomhairle Rialaithe córas dhá leibhéal isteach, dar thús an 30 Deireadh Fómhair 2019, maidir le luach saothair cúlchistí, lena n-eisiatar cuid de shealúchais róleachtachta institiúidí creidmheasa ó luach saothair diúltach de réir an ráta is infheidhme ar an tsaoráid taisce. Tugtar luach saothair i leith na coda seo de réir an ráta bhliantúil 0%. Maidir le méid na sealúchas cúlchiste de bhreis ar cheanglais cúlchiste íosta a bhí eisiata ón ráta saoráide taisce ag deireadh na bliana 2019 - an leibhéal eisiata - cinneadh é mar iolra de 6 ar cheanglais cúlchiste íosta institiúide. Leantar de luach saothair a thabhairt i leith an leibhéil neamheisiata de shealúchais róleachtachta de réir 0% nó de réir ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle.

- (ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce.

Nóta 25: Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	955,997	719,471
Iomlán	955,997	719,471

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo agus baineann siad le hidirbhearta arna ndéanamh ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA (Nóta 2(v)).

Nóta 26: Dlíteanas do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Taiscí Rialtais Ghinearálta (i)	21,968,033	19,342,691
Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii)	2,768	4,377
Iomlán	21,970,801	19,347,068

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Folaíonn taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí iníochta ar éileamh arna sealbhú ag an mBanc Ceannais.
- (ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú don Chúlchiste Airgeadra. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí, agus de thoradh caiteachas, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g)). Nochtar na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí i Nóta 9. Déantar caiteachais a bhaineann le sochair scoir a nochtadh i Nóta 31. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

	2019 €000	2018 €000
Monaí arna n-eisiúint i gcúrsaíocht	9,572	7,585
Foirne Monaí Samplacha	1,500	546
Monaí Éireannacha tarraingthe siar	(132)	(212)
Fáltais ó Mhíotal Monaí a dhíol	-	188
Lúide Costais Oibríochtúla (Nóta 9)	(2,540)	(1,638)
Coigeartú Glan-Ranníocaíochtaí	-	522
Glanfháltais Eisiúintí Bonn	8,400	6,991
Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra (Nóta 31)	-	(6)
Aistriú chuig an Státchiste	(10,009)	(6,665)
Iarmhéid Tosaigh	4,377	4,057
Iarmhéid Deiridh	2,768	4,377

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais* 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €9.6m glaneisiúint monaí ón mBanc Ceannais in 2019 (2018: glaneisiúint €7.6m). Dá bhrí sin, ghin an glanbharrachas aistriú €10.0m a íocadh leis an Státchiste an 19 Nollaig 2019 (2018: d'íoc an Banc Ceannais €6.7m leis an Státchiste).

Nóta 27: Dlíteanas in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

	2019 €000	2018 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh (i)	1,846,517	2,084,319
Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta	45,508	496
Gníomhaireachtaí AE	505	504
Iomlán	1,892,530	2,085,319

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna.

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an dlíteanas don airgead tirim a fuarthas ó dhíol na n-urrús faoi chomhaontuithe lena n-athcheannach ar dháta sonraithe amach anseo. Déantar an t-airgead tirim a aithint mar dhlíteanas toisc go bhfuil oibleagáid chomhréireach ann chun é a thabhairt ar ais, lena n-áirítear ús fabhraithe mar dhlíteanas, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais. Déileáiltear leis an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus díola mar ghlanioncam úis a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis (Nóta 1(l)).

	2019 €000	2018 €000
Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag an CAI	956,791	942,453
Iomlán	956,791	942,453

Nóta 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

Is ionann é seo agus dlíteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfar go n-athrófar CSTanna an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháileadh CST (Nóta 12(ii)).

	2019 €000	2018 €000
Dlíteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil an BCE	17,122,474	16,623,551
Dlíteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	1,746,097	1,624,034
Iomlán	18,868,571	18,247,585

Nóta 29: Dlíteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

Cuimsíonn an mhír seo dlíteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc Ceannais agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), (c)(iii) agus (c)(iv), Nóta 23). Déantar an luach saothair i leith an dlíteanas sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

	2019 €000	2018 €000
Leithghabháil Brabúis & Caillteanas (i)	2,050,448	2,384,820
Ciste Ranníocach SRT (ii)	114,563	165,788
An Ciste Cúitimh Árachais (iii)	92,279	62,510
Eile	35,020	53,724
Fabhruithe Úis (iv)	27,878	19,510
Fabhruithe Eile (v)	23,432	24,686
An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (vi)	14	5
Iomlán	2,343,634	2,711,043

Nóta 30: Dlíteanas Eile

- (i) Léiríonn sé méid an Ioncaim Barrachais is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 1(o), Nóta 10).
- (ii) Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) (Rialacháin SRT), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach an SRT in 2016. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca. Bhí

ranníocaíochtaí 2019 iníochta trí bhíthin íocaíochtaí díreacha ó institiúidí creidmheasa chuig an gCiste.

Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, bainisteoidh agus riarfaidh an t-údarás ainmnithe (an Banc Ceannais) Ciste Ranníocach an SRT agus faoi Rialachán 18(2), infheisteoidh an t-údarás ainmnithe an Ciste ar mhodh atá sách éagsúlaithe agus lena ngabhann riosca íseal.

Gluaiseacht ar Chiste Ranníocach SRT	2019	2018
	€000	€000
Iarmhéid Tosaigh	165,788	154,276
Ranníocaíochtaí	112,746	106,927
Íocaíochtaí	(68)	(583)
Ús - íoc amach	(109)	(361)
Díbhínní (a)	10,206	55,521
Ranníocaíochtaí tugtha ar ais	-	8
Clár Nóta Stáitchiste GBCN (b)	(174,000)	(150,000)
Iarmhéid Deiridh	114,563	165,788

(a) Díbhínní arna n-eascairt as leachtú IBRC agus Chomhar Creidmheasa an Rois, rinneadh iad a aistriú chuig Ciste Ranníocach an SRT in 2019 mar a leagtar amach thíos:

Díbhínní	2019	2018
	€000	€000
IBRC	7,506	11,265
Comhar Creidmheasa an Rois	2,700	4,000
Comhar Creidmheasa an Rátha	-	40,256
Iomlán	10,206	55,521

(b) Rinneadh an t-airgead seo a thaisceadh leis an GBCN.

(iii) San Acht Árachais 1964, rinneadh socrú chun an Ciste Cúitimh Árachais a bhunú faoi chomhair dlíteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, chun deontas agus iasachtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag an Aire Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag árachóirí agus chun na gcríocha sin agus críocha eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Árachais 1909 go 1961.

I gcomhréir le halt 2(2) d'Acht 1964, déantar an Ciste a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó nó di tríd an gCuntasóir. San Acht Árachais (Leasú) 2018, rinneadh socrú maidir le riarachán an Chiste Cúitimh Árachais a aistriú chuig an mBanc Ceannais. Ghlac an Banc Ceannais

freagracht as riarachán an Chiste Cúitimh Árachais an 25 Lúnasa 2018. Ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil ar leith don Chiste dá ngairtear Tuarascáil maidir le Riaradh agus Gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais.

Seasann iarmhéid €92.3m (2018: €62.5m) do thaiscí leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste.

- (iv) Baineann an figiúr seo go príomha le caiteachas fabhraithe úis ar oibríochtaí OASF II (Nóta 15).
- (v) I bhFabhrúithe Eile, áirítear fabhrú €6.9m (2018: €7.6m) i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 9 (i)).
- (vi) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011*. Seasann iarmhéid €0.01m (2018: €0.01m) do thaiscí leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste.

Nóta 31: Sochair Scoir

Nochtann an Banc Ceannais an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhliantúil. Chuir achtúirí an Bhainc Ceannais, Lane Clark Peacock (LCP), an luacháil iomlán achtúireach dheireanach i gcrích amhail ar an 31 Nollaig 2016 d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Thug LCP tuarascáil achtúireach chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2019 d'fhonn ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

(i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais agus Leithghabhála/ar an gCúlchiste Airgeadra

	Brabús agus Cailteanas 2019 €000	Cúlchiste Airgeadra 2019 €000	Iomlán 2019 €000	Iomlán 2018 €000
Toradh Ionchais ar Shócmhainní	13,600	-	13,600	13,100
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	(20,900)	-	(20,900)	(18,900)
Costas Seirbhíse Reatha	(37,701)	(199)	(37,900)	(39,300)
Costas Iomlán Pinsin na Scéime le Sochar Sainithe	(45,001)	(199)	(45,200)	(45,100)

B'ionann agus €37.9m costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Cailteanais agus Leithghabhála in 2019 (2018: €39.3m)

agus tá sé bunaithe ar thiomhdí achtúireacha arna socrú ag tús gach bliana. Bhí an laghdú ar an muirear i gcomparáid le 2018 inchurtha go príomha don mhéadú ar an ráta lascaine ó 1.90% ar an 31 Nollaig 2017 go dtí 2.00% ar an 31 Nollaig 2018 agus don mhéadú leanúnach ar an líon foirne atá ag obair sa Bhanc Ceannais ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh agus ar comhaltaí de scéim CARE iad (Meántuilleamh Athluacháilte Gairme).

B'ionann an toradh ar an gciste in 2019 agus 12% (2018: -3.1%).

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, ní raibh aon bharrachas nár aithníodh roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó cailteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

(ii) Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsean

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000	2015 €000
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin	(291,921)	622	35,345	(177,207)	160,058
Gnóthachan/(cailteanas) ar shócmhainní an phlean	68,211	(34,533)	25,232	4,267	21,001
Iomlán	(223,710)	(33,911)	60,577	(172,940)	181,059

(iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000	2015 €000
Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv)	(1,393,987)	(1,043,408)	(993,442)	(971,598)	(750,095)
Luach cóir Shócmhainní an Phlean (v)	783,815	679,157	687,561	638,695	608,714
Dlíteanas Glanphinsin	(610,172)	(364,251)	(305,881)	(332,903)	(141,381)

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh “an aonaid réamh-mheasta”. Barrachas de dhliteanais na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000	2015 €000
Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime	(1,043,408)	(993,442)	(971,598)	(750,095)	(853,883)
Costas Seirbhíse Reatha	(37,900)	(39,300)	(45,100)	(30,900)	(44,299)
Pinsin Íoctha	14,691	14,519	12,314	11,908	13,109
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(13,843)	(6,632)	(5,631)	(4,979)	(4,379)

Aistrithe Faighte	(706)	(275)	(272)	(25)	(635)
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin Gnóthachan/(Caillteanas)	(20,900)	(18,900)	(18,500)	(20,300)	(20,066)
Achtúireach	(291,921)	622	35,345	(177,207)	160,058
Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime	(1,393,987)	(1,043,408)	(993,442)	(971,598)	(750,095)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000	2015 €000
Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)	679,157	687,561	638,695	608,714	567,945
Toradh Ionchais	13,600	13,100	12,100	16,400	13,280
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	68,211	(34,533)	25,232	4,267	21,002
Ranníocaíochtaí Fostóra	22,989	20,641	17,945	16,218	14,582
Ranníocaíochtaí Fostaithe	13,843	6,632	5,631	4,979	4,379
Pinsin Íoctha	(14,691)	(14,519)	(12,314)	(11,908)	(13,109)
Aistrithe Faighte	706	275	272	25	635
Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*	783,815	679,157	687,561	638,695	608,714

*Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá ar seilbh leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €2.1m an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €0.01m) agus €7.8m (2018: €4.3m) faoi seach.

(vi) Toimhdí Airgeadais

	2019 %	2018 %	2017 %	2016 %	2015 %
Ráta Lascaine	1.10	2.00	1.90	1.90	2.70
Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail Inphinsin	3.30	3.30	3.30	3.30	3.20
Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin	3.30	3.30	3.30	3.30	3.20
Ráta an Bhoilscithe ar Phraghsanna	1.90	1.90	1.90	1.90	1.80

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaine, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.7%/2.9% (2018: 2.6%/2.6%) ar dhliteanais na scéime.

	2019	2018
Básmhaireacht Réamhscoir	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)
Básmhaireacht larscoir	58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann)	58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann)
Liúntas d'fheabhsúithe amach anseo ar bhásmhaireacht Scoir	Dearfach Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Dearfach Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)
Scor ar fhorais drochshláinte Luathscor	Curtha san áireamh As an áireamh	Curtha san áireamh As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán atá pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach [?] 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach [?] 3 bliana níos sine ná a chéile
Ionchas Saoil Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Fireannach: 86.7 Baineannach: 89.1	Fireannach: 86.5 Baineannach: 88.9

Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

Is éard atá in ILT15 (fireann) & ILT15 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Ríomhtar na hionchais saoil trí úsáid a bhaint as na rátaí báis sna táblaí seo.

(vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Aicme	Dáileadh	
	Dáileadh	Fadtéarmach
	%	%
Bannaí	37.8	40.0
Airgead Tirim	1.7	-
Cothromas	43.4	40.0
Cistí ilsócmhainne (MAF)	8.6	10.0
Maoin	8.5	10.0
Iomlán	100.0	100.0

In 2014, d'fhorghas Coimisiún an Bhainc Ceannais an cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/MAF/maoin. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhain leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche í sa chéad leath de 2016. In 2018, d'athfhorghas an Coimisiún dáileadh fadtéarmach na sócmhainní agus d'fhorghas sé athdháileadh meántéarmach 5% ó chothromais go maoin. Déanfar an t-athdháileadh seo a chur chun feidhme faoi réir infhaighteachta laistigh den chiste roghnaithe maoin. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin arna sealbhú ag an mBanc Ceannais.

Nóta 32: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2019:

	Iarmhéid Tosaigh			Scaoilte chuig B&C	Iarmhéid Deiridh
	2019 €000	Cruthaithe €000	Úsáidte €000	€000	2019 €000
Soláthar do rioscaí airgeadais (i)	750,000	150,000	-	-	900,000
Soláthar d'Urrúis (ii)	50,000	-	-	(50,000)	-
Nótaí Bainc an Phuint Éireannaigh Neamhfhuascailte (iii)	5,419	-	(704)	-	4,715
Soláthar i leith na Scaire d'Urrúis Lagaithe Eurochórais (iv)	2,656	-	-	(1,182)	1,474
Soláthar um Athstruchtúrú (v)	27	4,186	(2,562)	-	1,651
Iomlán	808,102	154,186	(3,266)	(51,182)	907,840

- (i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais (Nóta 36). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sainaithníodh sa mheasúnú neamhchosaint a bhain le rioscaí rátaí úis agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí cailiteanas féideartha a bhain leis an riosca seo a chainníochtú. Cuireadh an anailís i gcrích bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na bliana 2019 agus toimhdíodh ráta socair de dhiúscairtí NRC. Sa tsamhail airgeadais, baineadh leas as cur chuige bunaithe ar chás ina n-úsáidtear líon mór conairí rátaí fíorathraitheacha. I bhfianaise staid reatha an Chláir Chomhardaithe, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina méadóidh rátaí úis go tapa sa mheántéarma, agus freagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Rinneadh an riosca a thomhas thar an meántéarma faoi threoir luach faoi riosca agus easnamh ionchais, agus rinneadh measúnú ar chailiteanas aon bhliain amháin mar aon

le caillteanais charnacha san anailís. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántéarma, d'fheidhmigh an lucht bainistíocht breithniúnas agus meastachán le linn dóibh an raon figiúirí arna dtáirgeadh ag an tsamhail airgeadais a mheasúnú agus chun soláthar iomchuí riosca a chinneadh.

Áirítear soláthar €900.0m sa ráiteas cuntas don bhliain 2019, agus freagraíonn sé do mhéadú €150.0m i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh don riosca céanna in 2018 (2018: €750.0m). Tá an méadú á spreagadh go príomha ag méadú ar shealúchais agus ar dhliteanais APP atá nasctha le rátaí beartais an BCE agus a bhfuil de thoradh air leibhéal méadaithe riosca ráta úis don Bhanc Ceannais.

- (ii) Tá an €50m eile a bhí á shealbhú faoin soláthar i leith urrús scaoilte ag an mBanc. Sna blianta roimhe seo, rinne an soláthar sin foráil i leith rioscaí a thig as na hurrúis arna sealbhú chun críocha beartas airgeadaíochta agus chun críocha infheistíochta. Tá scaoileadh na coda eile den soláthar seo inchurtha go príomha do mheasúnu ar riosca laghdaithe i gcomparáid le 2018. Na toimhdí atá mar bhonn taca leis an tuairim seo, tá siad suibichtúil agus tá siad bunaithe ar mheasúnú na bainistíochta i gcomhthéacs dálaí margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2019. (Nóta 1(c)(ix), Nóta 1(m), Nóta 4, Nóta 17(i)).
- (iii) Nótaí punt Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar á chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí punt (IEP). Fuasclaíodh €0.7m as an soláthar sin in 2019, rud a fhágann gurb é €4.7m an t-iarmhéid sa soláthar sin amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €5.4m) (Nóta 35(iii)).
- (iv) Cuimsíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais i nglantoradh an tsoláthair in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, ar soláthar é a bunaíodh i ndáil le hurrúis arna sealbhú ag BCN de chuid an Eurochórais ina phunann CSPP. Mar thoradh ar an tástáil bhliantúil lagaithe ar phunann CSPP, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an tsoláthair i leith rioscaí creidmheasa arna bhunú in 2018 agus chinn sí an soláthar seo a laghdú ó mhéid iomlán de €161.1m amhail ar an 31 Nollaig 2018 go dtí €89.4m amhail ar an 31 Nollaig 2019. B'ionann scair an Bhainc Ceannais sa soláthar seo agus €1.5m (2018: €2.7m).
- (v) Cruthaíodh soláthar um athstruchtúrú ragoibre in 2014 d'fhoireann riaracháin agus airgeadra. B'ionann an soláthar ag deireadh na bliana 2018 agus €0.03m. Le linn 2019, baineadh úsáid as €0.03m i

ndáil leis an soláthar seo, rud a d'fhág iarmhéid €Nialas amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Le linn na bliana, cruthaíodh agus úsáideadh ina iomláine soláthar €2.48m i ndáil le hiomarcaíocht éigeantach mar gheall ar an gcinneadh chun deireadh a chur le táirgeadh nótaí euro.

Comhaontaíodh téarmaí na scéime idir an Banc Ceannais agus na ceardchumainn ionadaíocha agus ní dheachaigh siad thar na téarmaí atá ar fáil san earnáil phoiblí.

Cruthaíodh soláthar breise de €1.65m in 2019 maidir le hinnealra priontála nach n-úsáidtear a thuilleadh de bharr na héiginnteachta a bhaineann le luach inréadaithe an innealra speisialaithe seo. Gheofar réidh leis an innealra le linn 2020 agus déanfar aon ioncam a ghinfeadh a scaoileadh chuig P&L.

Le linn na bliana, cruthaíodh agus úsáideadh soláthar um athstruchtúrú i ndáil le scor róil laistigh den struchtúr eagraíochta. Rinneadh íocaíocht théarfa €0.05m (bhí an íocaíocht seo i gcomhréir le téarmaí scéim bhunaithe shaorálach téarfa na seirbhíse poiblí).

Nóta 33: Cuntais Athluachála

	2019 €000	2018 €000	Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe €000
Urrúis (i)	5,738,275	6,180,759	(442,484)
Ór	214,080	168,954	45,126
Ciste Cothromais	67,032	-	67,032
Airgeadra Eachtrach	49,754	25,597	24,157
Maoin Infheistíochta (Nóta 21(iv))	9,622	9,622	-
Athluacháil MGT	21	245	(224)
Amhail ar an 31 Nollaig	6,078,784	6,385,177	(306,393)

- (i) Baineann an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana 2019 ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú ar ghnóthachain neamhréadaithe inchurtha do dhíolacháin NRCanna in 2019 arbh ionann a luach ainmniúil agus €3.0bn, arna fhritháireamh go páirteach le méadú ar phraghsanna NRC. (Nóta 1 (j)(i), Nóta 17(ii)(a)).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear vis-à-vis an euro do luachálacha dheireadh na bliana 2019:

Airgeadra	2019 Ráta	2018 Ráta
Dollar na hAstráile	1.5995	1.6220
Dollar Cheanada	1.4598	1.5605
Yuan Renminbi na Síne	7.8205	7.8751
Krone na Danmhairge	7.4715	7.4673
Yen na Seapáine	121.9400	125.8500
SDR	0.8104	0.8228
Dollar Shingepór	1.5111	N/B
Steirling	0.8508	0.8945
Krona na Sualainne	10.4468	10.2548
Franc na hEilvéise	1.0854	1.1269
Dollar SA	1.1234	1.1450
Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte	1,354.1040	1,120.9610

Nóta 34: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2017	30	3,835,138	351,648	4,186,816
Brabús coinnithe don bhliain	-	564,104	-	564,104
Athluacháil MGT	-	5	-	5
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	30	4,399,247	351,648	4,750,925

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	30	4,399,247	351,648	4,750,925
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	-	285,369	-	285,369
Athluacháil MGT	-	5	-	5
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	30	4,684,621	351,648	5,036,299

- (i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire é.

- (ii) Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €285.4m chuig an gcúlchiste ginearálta. Bheadh an tsuim sin comhdhéanta de €509.1m ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus de chaillteanas achtúireach €223.7m a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 31 (ii)).

Nóta 35: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

Dliteanais Theagmhasacha

(i) *An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta*

Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus tá gach ceann díobh sin láníochta go feadh 25%. Tá dliteanas teagmhasach ag an mBanc Ceannais i leith an iarmhéid (Nóta 6(ii), Nóta 21(v)).

(ii) *Sócmhainní Caipitil agus Cúl sócmhainní Eachtracha atá Geallta don BCE*

Faoi Reach CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúl sócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig an BCE (Nóta 18, Nóta 19).

(iii) *Nótaí Puint Éireannacha*

Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €224.4m fós amuigh (2018: €225.1m) a bhfuil soláthar €4.7m ag an mBanc ina leith (2018: €5.4m) (Nóta 32(iii)).

(iv) *Dlíthíocht*

Tá trí chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2018: dhá chás) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc Ceannais. Ní féidir eis-sreabhadh féideartha acmhainní eacnamaíocha a mheas go cruinn agus, dá bhrí sin, ní aithnítear aon soláthairtí dlíthiúla sna Ráitis Cuntas i leith na gcásanna sin (2018: Ceann ar bith).

Ceangaltais

(i) *Léasanna Oibriúcháin*

Ní dheachaigh an Banc Ceannais faoi aon léas oibriúcháin in 2019.

Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo

	2019 €000	2018 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	447	450
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	377	717
Tar éis cúig bliana	791	930
Iomlán	1,615	2,097
Íocaíochtaí Bliantúla Léasa	450	473

Nóta 36: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a ról reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an APP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, foláionn na rioscaí seo go minic rioscaí a bhaineann le creidmheas, ráta úis, leachtacht agus ráta malairte eachtraí.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainiú, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Is é Coiste Riosca an Choimisiúin, arna thacú leis an gCoiste Feidhmiúcháin um Rioscaí (RMC), agus an Mheitheal um Riosca Airgeadais (FRWG) a dhéanann maoirsiú ar ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais, rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeán agus beartais fhormheasta. Tá an RMC faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais).

Bíonn ceithre phríomhrannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margáí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann an BCE (lena n-áirítear sócmhainní a cheannach faoin EAPP), déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann Cúnamh Éigeandála Leachtachta ar fáil i gcás inar gá, cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun cúlchistí infheistíochta an Bhainc Ceannais a bhainistiú mar aon le scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta an BCE. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET2), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le

hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le punann infheistíochta féin an Bhainc Ceannais a bhainistiú mar aon le scair an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta an BCE. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasáíocht staid airgeadais agus agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD), mar an dara líne cosanta, atá freagrach as, *inter alia*, na beartais bainistíochta riosca a shainiú agus measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar leis na Rannáin eile. Sainíonn an Banc Ceannais creataí teorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí ar chomhthaobhacht, déanann faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus infheistíochta, agus déanann measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. I gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, bíonn fáil ag Ceannasaí ORD ar Chathaoirleach an Choiste ar bhonn rúnda, agus tá údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eistheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail an APP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha atá faofa ag an gCoimisiún agus atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil. Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí

beartais airgeadaíochta chun leachtacht agus creidmheas ionlae a sholáthar) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAE) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeáin chreidmheasa i leith na sócmhainní incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte cailteanas an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanas arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na BCNanna. I gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa, áfach, is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht ábhartha a iompróidh an riosca. Sa chás sin, déantar riosca a mhaolú tuilleadh trí mheasúnú tiomnaithe oibríochtúil agus dlíthiúil díchill chuí a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar na hiasachtaí foluiteacha agus ar an doiciméadacht ghaolmhar.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc Ceannais a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, cailteanas ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras i gClár na Margaí Urrús (CMU), i gClár Ceannais na hEarnála Corparáidí (CSPP), agus sa tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP3), i dteannta le cion áirithe de Chlár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP). Ar leithligh, tá sealúcháis an Bhainc Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoin PSPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse. Tá soláthar €1.5m curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais ina chuntais bhliantúla don bhliain 2019 mar thoradh ar lagú ar phunann CSPP de chuid an Eurochórais (Nóta 32).

Ag deireadh na bliana 2018, bhí soláthar €50m curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais i ndáil le neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhain le sócmhainní áirithe coinnithe go dtí aibíocht, tar éis measúnú ar lagú sócmhainní comhchoiteanna. Tá an €50m sin scaoilte anois mar thoradh ar riosca laghdaithe i gcomparáid le 2018 (Nóta 32).

Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca cailteanas ó athruithe díobhálacha i rátaí úis. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú don FRWG, don RMC agus Choiste Riosca an Choimisiúin.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis, baineann sí le híogaireacht luach shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Déanann an Banc Ceannais an neamhchosaint seo ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta a mhaolú trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de shócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LFR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc.

Ina theannta sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a phunann de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann (nótaí ráta chomhlúthaigh nó NRCanna) a fuarthas i ndiaidh leachtú GNBS (Nóta 17(a)(ii)). De bhreis air sin, níl punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis - folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta APP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a chláir chomhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir ionchasach rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoin APP, fad atá a dhliteannais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuíomhanna a chláir chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha ar rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach faoi Riosca agus Easnamh Ionchais, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus de shainiú neamhréir ionchasach rátaí úis, measann an Banc Ceannais gur den chríonnacht é a sholáthar i leith rioscaí airgeadais a mhéadú de €150 milliún go dtí €900m do 2019 (Nóta 32).

Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs a bhallaíochta sa limistéar euro agus an cur chuige dá bhrí sin maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, tá

formhór shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro. Déantar leithdháileadh straitéiseach chuig sealúchais sócmhainní ioncaim sheasta arna n-ainmniú in airgead eachtrach, ar bhonn fálaithe agus neamhfháilaithe araon, i gcomhthéacs punann infheistíochta agus bainistíocht chlár chomhardaithe an Bhainc Ceannais. Bunaíodh leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh na bliana 2019, bhí punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le méid beag óir ainmnithe i ndollair SA, bhí neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfháilaithe. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta freisin ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne in CSTanna an CAI. Bhí formhór na neamhchosanta seo á shealbhú ar bhonn fálaithe in 2019 (Nóta 12, Nóta 13, agus Nóta 28).

Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta infheistíochta nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun cailteanas a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdháileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a mhaolaíonn an neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealaithe mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar eisiúint a íosghrádú faoi bhun thairseach ghrád formheasta infheistíochta an Bhainc Ceannais.

Riosca Margaidh Eile

Ó 2018 i leith, tá punann cothromais á sealbhú ag an mBanc Ceannais a rianaíonn Innéacs Domhanda MSCI. Tá an infheistíocht seo faoi réir gluaiseachtaí ar phraghsanna cothromais (riosca praghais). Bainistítear an riosca praghais trí éagsúlú agus trí bhainistíocht éighníomhach a dhéanamh ar an bpunann faoin sainordú infheistíochta, agus déantar faireachán air ar bhonn rialta.

Nóta 37: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

(i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

	31 Nollaig 2019				31 Nollaig 2018			
	DKK €000	EUR €000	JPY €000	CST €000	DKK €000	EUR €000	JPY €000	CST €000
Ceannacháin Neamhaibithe	10,247	1,959,052	50,873	-	12,205	2,172,728	47,364	-
Díolacháin Neamhaibithe	(2,040,347)	(1,787)	(121,750,873)	(545,827)	(2,708,905)	(2,004)	(127,347,364)	(682,284)
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	(2,030,100)	1,957,265	(121,700,000)	(545,827)	(2,696,700)	2,170,724	(127,300,000)	(682,284)

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí in airgeadra eachtrach arna n-úsáid chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fháil.

Tá na conarthaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 1 Iúil 2020.

(ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

	2019 €000	2018 €000
Ceannacháin Neamhaibithe	1,204,455	800,000
Díolacháin Neamhaibithe	-	(80,000)
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	1,204,455	720,000

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fháil agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta.

Tá na todhchaíochtaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 31 Márta 2020.

Nóta 38: Páirtithe Gaolmhara

- (i) Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana anuas go dtí an 31 Nollaig 2019:

- seirbhísí baincéireachta a sholáthar lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a shealbhú (Nóta 26(ii))
- Monaí a sholáthar agus a eisiúint (Nóta 26(ii))
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

- (ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais leis na BCNanna eile agus leis an BCE. Is iad seo

a leanas na príomh-iarmhéideanna a bhaineann leis na BCNanna agus leis an BCE:

- Ioncam úis agus úschostas ar mhíreanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 3, Nóta 4, Nóta 5, Nóta 7, Nóta 15, Nóta 17, Nóta 24)
- Scair de bhrabúis an BCE (Nóta 6(i))
- Leas rannpháirteachais i gcaipiteal an BCE (Nóta 18)
- Éilimh atá coibhéseach le haistriú cúlchistí eachtracha chuig an BCE (Nóta 19)
- Iarmhéid TARGET2 (Nóta 20)
- Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 23, Nóta 29)
- Soláthairtí (Nóta 32).

(iii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir sa “Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí DAC” (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2019, rinne an Banc costais €0.8m a ghnóthú (2018: €0.7m). Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí iarmhéid €59,092 dlíte ó ICCL (2018: €57,201) (Nóta 21 (iii)). Bhí costais seirbhísí bainistithe arbh ionann iad agus €64,167 réamhíochta amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €64,167) (Nóta 21). Ullmhaíonn an ICCL a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.

(iv) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais 2018 a achtaíodh an 24 Iúil 2018. Bhí iarmhéid €92.3m (2018: €62.5m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2019 (Nóta 30(iii)).

(v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d'Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Bhí iarmhéid €0.01m (2018: €60.01m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2019 (Nóta 8, Nóta 30(iv)).

(vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a oibríonn bainistiú agus riaradh na scéime ar mhaithe le leas a chuid

fostaithe. I Nóta 31, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.

(vii) Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company, cuideachta a bhainistíonn na comhlímistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, ghearr an Banc Ceannais muirear arbh ionann san iomlán é agus €100 i leith leas léasachta de chomhlímistéir i limistéar forbartha níos leithne Dublin Landings (2018: €100) Tá an méid seo fós amuigh ag deireadh na bliana 2019 (Nóta 22(i)(c)).

(viii) Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Car Park Management) Designated Activity Company mar thoradh ar an mBanc Ceannais d'fháil fhoirgnimh Dublin Landings le linn na bliana (Nóta 22(i)(c)).

Nóta 39: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse

Tuairiscithe

(i) Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE

Chinn an Chomhairle Rialaithe an 23 Eanáir 2020 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2019 agus arbh ionann é agus €934.8m a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníochta. B'ionann scair an Bhainc Ceannais den dáileadh deiridh seo agus €15.8m, arna íoc an 21 Feabhra 2020, agus tabharfar cuntas ina leith sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2020.

(ii) Coigeartú ar scála caipitil an BCE tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach

Mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus, dá bharr sin, imeacht Bhanc Shasana as an CEBC an 31 Eanáir 2020, rinneadh na hualuithe arna sannadh do na BCNanna eile sa scála i ndáil le suibscríobh do chaipiteal an BCE a choigeartú le héifeacht ón 1 Feabhra 2020. Mhéadaigh scála caipitil na hÉireann ó 1.1754% go dtí 1.3772%.

Iarmhairt ar scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal an BCE

Bhí caipiteal suibscríofa an BCE gan athrú ag €10,825 milliún tar éis do Bhanc Shasana imeacht as an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Rinneadh scair Bhanc Shasana i gcaipiteal suibscríofa an BCE, arbh ionann í agus 14.3%, a athdháileadh ar bhainc cheannais náisiúnta (BCNanna) an limistéir euro agus ar na BCNanna eile nach bhfuil sa limistéar euro. Dá thoradh sin, tháinig méadú 0.2018% ar scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa an BCE.

Beidh caipiteal láníochta an BCE gan athrú freisin ag €7,659 milliún sa bhliain ina bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach i.e. in 2020, ó

tharla go gclúdóidh na BCNanna eile caipiteal láníochta Bhanc Shasana arb ionann é agus €58 milliún. Dá thoradh sin, aistreoidh an Banc Ceannais €1.2 milliún chuig an BCE in 2020.

Nóta 40: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

			2019 €000	2018 €000	
Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú	Ioncam Tobhaigh	Tobhaigh na bliana reatha Easnamh na bliana roimhe sin Easnamh na bliana reatha Ioncam Tobhaigh (i) Ioncam Tobhaigh larchurtha (ii) Ioncam Tobhaigh Iomlán	171,442 (16,482) - 154,960	127,136 (7,022) 16,482 136,596	
		A	154,960	140,927	
	Soláthairtí	Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíochta Tobhaigh Dhíscríofa Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta (iii) Muirear don Bhliain	1,826 (1,017) (1,193) (384)	1,612 (706) (1,826) (920)	
		B	(384)	(920)	
	Glanmhaoiniú Tionscail don Rialáil Airgeadais (Nóta 8(i))	C (A+B)	154,576	140,007	
	Ioncam Eile	Táillí Margaidh Urrús Tobhach Breise Maoirseachta Ilghnéitheach Ioncam Eile (Nóta 8)	2,630 2,824 21 5,475	2,720 2,267 21 5,008	
		D	5,475	5,008	
	Ioncam Iomlán	E (C+D)	160,051	145,015	
	Fóirdheontas	Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargáí Urrús Costais Rialála Airgeadais eile nár gnóthaíodh Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (iv)	9,359 35,069 44,428	10,163 57,892 68,055	
		F	44,428	68,055	
	Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (vi)	G (E+F)	204,479	213,070	
Costais Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	Caiteachais Dhíreacha	Tuarastail/Liúntais ÁSPC Soláthar Pinsin Caiteachais Foirne	77,012 7,656 12,312 96,980	68,140 6,529 20,437 95,106	
		H	96,980	95,106	
		Oiliúint & Comhdhálacha Taisteal Gnó Táillí Gairmiúla Neamhphá eile Cumarsáid & TF Saoráidí, Cíos, Dímhéas Caiteachais Oibríocháin Neamhphá	367 1,386 6,323 1,472 773 2,525 12,846	524 1,779 15,225 1,832 798 1,874 22,032	
		I	12,846	22,032	
		Caiteachais Dhíreacha Iomlána	J (H+I)	109,826	117,138
	Seirbhísí Tacaíochta	Áitribh & Saoráidí Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise Acmhainní Daonna Seirbhísí eile Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (v)	14,372 39,207 7,355 33,729 94,663	15,416 26,882 7,706 46,090 96,094	
		K	94,663	96,094	
	Soláthairtí	Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain	27	137	
	Ioncam Eile	Fáltais Ilghnéitheacha	(37)	(299)	
		L M	27 (37)	137 (299)	
Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	N (J+K+L+M)	204,479	213,070		

(i) Ioncam Tobhaigh

Seasann Ioncam Tobhaigh 2019 do mheastachán ar thobhaigh a bhilleálfar le linn 2020 bunaithe ar chostais iarbhír 2019 agus ar rátaí formheasta gnóthaithe. Seasann méideanna comparáideacha na bliana roimhe sin do mhéideanna sonrasctha 2018 (bunaithe ar chostais bhuiséadaithe 2018) arna gcoigeartú don bharrachas/easnamh, fad a sheasann 2019 d'ioncam tobhaigh measta bunaithe ar an gcostas rialála airgeadais is déanaí atá ar fáil do 2019. I dTuarascáil Bhliantúil 2020, beidh miondealú ar chostais deiridh na rialála airgeadais, na fóirdheontais agus na méideanna a bheidh le gnóthú do 2019 de réir gach aicme.

	Ioncam Fabhraithe 2019	Ioncam Tobhaigh 2018	Easnamh/ (Barrachas) 2017	Méid arna thobhach in 2018	2018 Easnamh/ (Barrachas)
	€000	A (C+D-B) €000	B €000	C €000	D €000
Institiúidí					
Creidmheasa		59,753	1,490	54,751	6,492
Gnóthais Árachais		35,002	2,133	35,647	1,488
Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe					
Fiachais		5,925	880	6,098	707
Gnólachtaí Urrús agus					
Infheistíochta		23,594	1,209	19,894	4,909
Cistí Infheistíochta		5,418	680	5,508	590
Comhair					
Chreidmheasa		1,665	-	1,665	-
Iasachtóirí Airgid		741	67	887	(79)
Comhlachtaí Formheasta Gairme		18	4	34	(12)
Bureaux de Change		4	7	11	-
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa					
Miondíola & Seirbhísithe Creidmheasa		2,601	333	1,371	1,563
Seirbhísí Íocaíochta & Institiúidí Ríomh-Airgid		1,875	219	1,270	824
Maoiniú Iomlán	154,960	136,596	7,022	127,136	16,482

Suas go dtí 2018, rinneadh ioncam buiséadaithe agus caiteachais bhuiséadaithe a chur i gcomparáid le hioncam agus caiteachais iarbhír ag deireadh na bliana, ar bhonn gach aicme ar leith, d'fhonn teacht ar an méid barrachais nó easnaimh a gnóthaíodh ón Tionscal. Déanfar easnaimh 2018 (€16.6m) a chur leis na méideanna a ghinfear ón Tionscal in 2019 fad a dhéanfar barrachas 2018 (€0.1m) a asbhaint.

(ii) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha

Ón 2015 go dtí 2018, rinneadh iarmhairt luaineacht pinsean a leathadh thar thréimhse rollach deich mbliana. Dá thoradh sin, aithníodh ioncam tobhaigh iarchurtha €17.9m thar an tréimhse sin. In 2019, d'athraigh an Banc Ceannais an modh inar tobhaíodh costais pinsean ó chostas seirbhíse leata reatha chuig bonn ranníocaíochta airgid. Meastar go ndéanfar an t-

iarmhéid gan íoc d'ioncam tobhaigh iarchurtha arb ionann é agus €17.9m a ghnóthú ón tionscal thar thimthriallacha tobhaigh 2020 go 2022 agus, ar an gcaoi sin, déanfar difear do thobhaigh sna blianta féilire 2021 go 2023.

(iii) Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlíthe laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus tuairiscítear mar thobhaigh gan íoc iad ó lá 29 ar aghaidh. Is é cuspóir an bheartais soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

(iv) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais

Le comhaontú an Aire Airgeadais, tá an cion ábhartha de chostais iomlána gníomhaíochtaí rialála airgeadais á íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc Ceannais iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú).

Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Déantar costas iomlán na ngníomhaíochtaí sin don Bhanc Ceannais a laghdú le táillí Margaidh Urrús a áirítear faoi Ioncam Eile. Áirítear costais mheasta eile €9.4m (2018: €10.2m) faoi Fhóirdheontas.

(v) Seirbhísí Tacaíochta

Faigheann na gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasáocht, iniúcháireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise laistigh den Bhanc Ceannais. Is ionann costas measta na seirbhísí sin sa bhliain reatha agus €94.7m (2018: €96.1m). Ríomhadh na costais seo trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta um leithdháileadh costas, ar modheolaíocht í a ndearna sainchomhairleoirí neamhspleácha seachtracha athbhreithniú uirthi roimhe seo. Tá leithdháileadh bunaithe ar chleachtas dea-aitheanta tionscail lena n-áirítear líon na bhfostaithe agus méadracht shonrach, de réir mar is cuí.

Nóta 41: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú chun go mbeadh sí comhsheasmhach le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

Nóta 42: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 19 Márta 2020.

INDEPENDENT AUDITORS' REPORT
TO THE COMMISSION OF
THE CENTRAL BANK OF IRELAND

Report on the audit of the Statement of Accounts

Opinion

We have audited the Statement of Accounts of the Central Bank of Ireland ('the Bank') for the year ended 31 December 2019, which comprise the Profit and Loss and Appropriation Account, the Balance Sheet and the related notes 1 to 42. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Guideline of the European Central Bank on the legal framework for the accounting and financial reporting in the European System of Central Banks ('the Guideline') and, where the Guideline is silent, FRS 102 The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland.

In our opinion the Statement of Accounts:

- gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Bank as at 31 December 2019, and of the Surplus Income Payable to the Exchequer for the year then ended; and
- has been properly prepared in accordance with the Guideline and where the Guideline is silent, FRS 102.

Basis for opinion

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (Ireland) (ISAs (Ireland)) and applicable law. Our responsibilities under those standards are described in the responsibilities of the auditors for the audit of the Statement of Accounts section of our report. We are independent of the Bank in accordance with ethical requirements that are relevant to our audit of financial statements in Ireland, including the Ethical Standard issued by the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority (IAASA), and we have fulfilled our other ethical responsibilities in accordance with these requirements.

We believe that the audit evidence we have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion.

Emphasis of matter – basis of accounting

We draw your attention to note 1 of the Statement of Accounts which describes the accounting principles and valuation methods applicable to the Bank some of which are specific to the European System of Central Banks. The Statement of Accounts are prepared for the purpose as described therein. As a result the Statement of Accounts of the Bank may not be suitable for another purpose.

Our opinion is not modified in respect of this matter.

INDEPENDENT AUDITORS' REPORT
TO THE COMMISSION OF
THE CENTRAL BANK OF IRELAND

Conclusions relating to going concern

We have nothing to report in respect of the following matters in relation to which ISAs (Ireland) require us to report to you where:

- the Commission Members' use of the going concern basis of accounting in the preparation of the Statement of Accounts is not appropriate: or
- the Commission Members have not disclosed in the Statement of Accounts any identified material uncertainties that may cast significant doubt about the Bank's ability to continue to adopt the going concern basis of accounting for a period of at least twelve months from the date when the Statement of Accounts are authorised for issue.

Other information

The Commission Members are responsible for the other information. The other information comprises the information included in the Statement of Accounts, other than the Profit and Loss Appropriation Account, the Balance Sheet, the related notes to the Accounts and our auditors' report thereon. Our opinion on the Statement of Accounts does not cover the other information and, except to the extent otherwise explicitly stated in our report, we do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with our audit of the Statement of Accounts, our responsibility is to read the other information and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the Statement of Accounts or our knowledge obtained in the audit, or otherwise appears to be materially misstated. If we identify such material inconsistencies or apparent material misstatements, we are required to determine whether there is a material misstatement in the Statement of Accounts or a material misstatement of the other information. If, based on the work we have performed, we conclude that there is a material misstatement of this other information, we are required to report that fact.

Respective responsibilities

Responsibilities of the Commission Members for the Statement of Accounts

As explained more fully in the Governance Statement and Commission Members' Report, the Commission is responsible for the preparation of the Statement of Accounts and for being satisfied that they give a true and fair view, and for such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of Statement of Accounts that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

INDEPENDENT AUDITORS' REPORT
TO THE COMMISSION OF
THE CENTRAL BANK OF IRELAND

Responsibilities of the auditors for the audit of the Statement of Accounts

Our objectives are to obtain reasonable assurance about whether the Statement of Accounts as a whole is free from material misstatement, whether due to fraud or error, and to issue an auditors' report that includes our opinion. Reasonable assurance is a high level of assurance but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with ISAs (Ireland) will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of this Statement of Accounts.

A further description of our responsibilities for the audit of the Statement of Accounts is located on the IAASA's website at: [http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsibilities for audit.pdf](http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf). This description forms part of our auditors' report.

The purpose of our audit work and to whom we owe our responsibilities

Our report is made solely to the Commission of the Bank as a body, in accordance with Article 27 of the Statute of the European Central Bank. Our audit work has been undertaken so that we might state to the Commission Members those matters we are required to state to them in an auditors' report and for no other purpose. To the fullest extent permitted by law, we do not accept or assume responsibility to anyone other than the Commission for our audit work, for this report, or for the opinions we have formed.

Patrick Gorry

for and on behalf of Mazars
Chartered Accountants & Statutory Audit Firm
Harcourt Centre, Block 3
Harcourt Road
Dublin 2

Date: 19 March 2020



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Central Bank of Ireland

Opinion on the statement of accounts

I have audited the statement of accounts of the Central Bank of Ireland for the year ended 31 December 2019 as required under the provisions of the Central Bank Act 1942 (as amended). The statement of accounts comprises

- the profit and loss and appropriation account
- the balance sheet
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the statement of accounts gives a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Central Bank of Ireland at 31 December 2019 and of its income and expenditure for 2019 in accordance with the financial reporting framework set out in note 1(b) of the notes to the accounts.

Basis of opinion

I conducted my audit of the statement of accounts in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Central Bank of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the statement of accounts, and on other matters

The Central Bank of Ireland has presented certain other information together with the statement of accounts. This comprises the annual report, the governance statement and Commission members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

19 March 2020

Appendix to the report

Responsibilities of Commission members

The governance statement and Commission members' report sets out the Commission members' responsibilities for

- the preparation of the statement of accounts in the form prescribed under section 32J(3) of the Central Bank Reform Act 2010
- ensuring that the statement of accounts gives a true and fair view
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of a statement of accounts that is free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under the provisions of the Central Bank Act 1942 (as amended) to audit the statement of accounts of the Central Bank of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the statement of accounts as a whole is free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of the statement of accounts.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the statement of accounts whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Central Bank of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty

exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the statement of accounts or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Central Bank of Ireland to cease to continue as a going concern.

- I evaluate the overall presentation, structure and content of the statement of accounts, including the disclosures, and whether the statement of accounts represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the statement of accounts

My opinion on the statement of accounts does not cover the other information presented with that statement, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the statement of accounts, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the statement of accounts or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the statement of accounts to be readily and properly audited, or
- the statement of accounts is not in agreement with the accounting records.

